

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2022



Comhairle Cathrach  
& Contae **Luimnigh**

**Limerick** City  
& County Council

ATLANTIC EDGE

**LIMERICK**  
EUROPEAN EMBRACE



# CLÁR ÁBHAIR

<b>BROLLACH COMHPHÁIRTEACH</b>	<b>4</b>
<b>COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH</b>	<b>6</b>
<b>COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE</b>	<b>10</b>
<b>IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE</b>	<b>16</b>
<b>FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA AGUS LIMISTÉIR THOGHCHÁIN</b>	<b>18</b>
<b>IMEACHTAÍ, BUAICPHOINTÍ AGUS FÁILTITHE CATHARTHA</b>	<b>22</b>
<b>SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA</b>	<b>36</b>
Cúrsaí Airgeadais TFC Acmhainní Daonna agus Feabhsú Gnó Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Custaiméara Margaíocht agus Cumarsáids Ionad Rialaithe Réigiúnach na Mumhan (MRCC)	
<b>IONAD NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH UM SHEIRBHÍSÍ COMHROINNTE</b>	<b>66</b>
Ionad Seirbhísí Comhroinnte Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta Bainistíocht Dramhaíola Réigiún an Deiscirt Dóiteán agus Éigeandáil Seirbhísí Uisce Foireann freagartha don Úcráin	
<b>FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS FIONTRAÍOCHT</b>	<b>78</b>
Trádáil agus Infheistíocht Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh Luimneach a Nuáil Pleanáil Chun Cinn Seirbhísí Digiteacha Luimneach Fiche Tríocha	



**POBAL, TURASÓIREACHT AGUS CULTÚR****94**

Forbairt Phobail Uirbeach agus Tuaithe

Turasóireacht

An Oifig Ealaíon

Áiseanna Réadmhaoine agus Pobail

Leabharlanna, Dánlann agus Músaem

**ATHGHINIÚINT****144**

Athghiniúint – Eacnamaíoch, Shóisialta agus Fhisiciúil

**TITHÍOCHT****154**

Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta

Tógáil agus Cothabháil Tithíochta ÚÁ

Straitéis agus Tógáil Tithíochta Neamh-ÚÁ

**IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT****172**

Straitéis Taistil agus Iompair

Taisteal Gníomhach

Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta

Bóithre, Trácht agus Glanadh

**PLEANÁIL, COMHSHAOL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE****200**

Comhfhorbairt Áite agus Réimse Poiblí

Forbairt Pleanála

Comhshaol, Áineas agus Athrú Aeráide

Nuálaíocht Uirbeach

Seirbhísí Tréidliachta

Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

**AGUISÍNÍ****244**

Comhdhálacha/Seimineáir ar fhreastail Comhaltaí orthu

Táscairí Feidhmíochta



# BROLLACH COMHPHÁIRTEACH



**An Comhairleoir Francis Foley**  
Méara Chathair agus Chontae  
Luimnigh



**Dr. Pat Daly**  
Príomhfheidhmeannach

Déantar machnamh i dTuarascáil Bhliantúil 2022 ar ghníomhaíochtaí agus ar éachtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rith na bliana. Ba bhliain dhúshlánach i gcónaí í don údarás áitiúil go háirithe nuair a bhreathnaítear uirthi i gcomhthéacs cogaidh san Eoraip agus an ghá atá le tacaíocht a thabhairt do na mílte duine easáitithe ón Úcráin i rith na bliana.

Ag tacú leis an bhfreagra sin, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh foireann nua chun freagairt don ghá le cóiríocht éigeandála dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Chuir Luimneach fáilte roimh níos mó ná 3,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach (BoTP) ón Úcráin ó thús mhí an Mhárta agus fuarthas lóistín ar fud na cathrach agus an chontae.

Leagann an tuarascáil béim freisin ar an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle i Luimneach thar gach gné den saol laethúil. Soláthraímid breis agus 600 seirbhís anois ó bhainistíocht imeachtaí a bhaineann le héigeandáil agus aimsir go gníomhaíochtaí infheistíochta agus forbartha. Tá soláthar tithíochta, scéimeanna móra bóithre, bonneagar rothaíochta agus coisithe agus tairiscintí turasóireachta feabhsaithe á seachadadh ag an gComhairle.

D'aontaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh buiséad comhardaithe do 2023 in ainneoin na ndúshlán a d'eascair as imeachtaí domhanda. Soláthraíonn an buiséad €1.25 billiún do leanúint de sheirbhísí uile na comhairle. Tá fócas soiléir aige ar ár spriocanna tithíochta a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide, dul i ngleic le tréigean agus folúntais agus leanúint lenár ndul chun cinn eacnamaíoch agus ag an am céanna tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil do na daoine is leochailí sa tsochaí trí tharscaoiltí agus scéimeanna deontais.



Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh de bheith ag obair go dlúth le Luimneach Fiche Tríocha (LTT) chun príomhshuíomhanna straitéiseacha a fhorbairt i Luimneach agus d'fhógair siad i gcomhpháirt le déanaí maoiniú de €80 milliún ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chun foirgneamh oifige One Opera Square a fhorbairt, mar chuid d'fhorbairt tráchtála chlaochlaithe ar an gCearnóg Opera i gcroílár Lár Chathair Luimnigh.

Aithníonn an chomhairle riachtanas an Stáit do thithíocht phoiblí agus an sprioc do Luimneach de 2,693 teach nua faoin mbliain 2026 faoi 'Tithíocht do Chách'. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dírithe ar mhéadú suntasach a dhéanamh ar sheachadadh na bhfoirgneamh nua agus ar ár spriocanna faoin bplean a bhaint amach.

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 1,506 iniúchadh ar láithreáin thréigthe in 2022 agus cuireadh tús le 54 Éadail Éigeantach faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Cuireadh tús leis an obair ar 31 réadmhaoin fholamh thréigthe a thabhairt ar ais chuig an stoc tithíochta faoi Athnuachan an Chláir Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP).

Rinne an chomhairle athchóiriú ar 51 aonad folamh faoin scéim VOIDS agus thug siad ar ais chuig an stoc tithíochta iad le ligean ar cíos.

Bunaíodh 268 tionóntacht ÍCT in 2022. Bhí 2,248 tionóntacht ÍCT gníomhach i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag deireadh mhí na Nollag.

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (LSMATS) i mí na Nollag 2022 a bheidh sé mar aidhm aici a bheith ina treochlár le haghaidh nascacht fheabhsaithe ar fud an limistéir cheannchathartha a chuimseoidh líonraí coisithe, rothaíochta, iarnróid, bus agus bóithre.

D'infheistigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €18 milliún i dtionscadail Taistil Ghníomhaigh. Tá bonneagar feabhsaithe rothaíochta agus coisithe ag cuidiú le háit a chruthú a mheallann daoine, poist agus gníomhaíocht ó ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin. Comhlíonfaidh an tAonad Taistil Ghníomhaigh an straitéis atá leagtha amach i Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (LSMATS) chun áit a chruthú inar féidir le daoine de gach aois taisteal go caoithiúil agus go sábháilte.

Fógraíodh réiteach iompair roghnaithe don tionscadal N/M20 Corcaigh go Luimneach i Márta 2022. Tá an tionscadal ag an gcéim deartha agus measúnaithe comhshaoil. Seachadfaidh sé 80km de bhóthar débhealaigh nua agus feabhsaithe chomh maith le bonneagar taistil gníomhach claochlaitheach.

Leanann gníomhaíocht turasóireachta dá fás i Luimneach. I mí Feabhra 2022, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Discover Limerick DAC, mar fhochuideachta faoi lánúinéireacht na Comhairle chun príomhnithe is díol spéise do thurasóirí a oibriú agus a fhorbairt a neartóidh Luimneach mar cheann scríbe agus a tharraingeoidh líon méadaithe cuairteoirí.

Aistríodh oibriú Chaisleán Rí Eoin ó Oidhreacht na Sionainne go Discover Limerick DAC in Aibreán 2022.

Lean líon na ndaoine a d'úsáid Glasbhealach athbheoite Luimnigh ag méadú in 2022 agus bhí 665,672 cuairt i rith na bliana. Tá an-tóir ar an mbealach siúlóide agus rothaíochta sárscéimhe 40km i measc teaghlach, turasóirí lae agus fiú comaitéirí ó d'oscail sé arís i mí Iúil 2021 tar éis infheistíocht €10m ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Chomh maith leis sin, d'fhill imeachtaí a mbíonn an-tóir orthu ar nós Fhéile Pádraig Luimnigh, Riverfest agus Nollaig i Luimneach ar shraideanna Luimnigh, tar éis dóibh a bheith curtha ar ceal in 2021.

Lean an Chomhairle in 2022 den úsáid is féidir a bhaint as a cuid acmhainní a bharrfheabhsú, de chumarsáid a fheabhsú agus d'fheabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí, ar chomhpháirtíocht, ar rannpháirtíocht na saoránach agus ar chuimsiú sóisialta ar fud na stiúrthóireachtaí go léir in 2022.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht lenár gComhaltaí Tofa, le muintir Luimnigh agus a geallsealbhóirí, tar éis í féin a lonnú mar eagraíocht réamhghníomhach chun freastal ar mhuintir Luimnigh.

Leanfaimid ar aghaidh ag léiriú gur eagraíocht athléimneach sinn, bródúil as cé muid agus tiomanta do shuíomh inmhaite, dinimiciúil le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Luimneach.





**An Comhairleoir  
Francis Foley**  
Méara Chathair agus  
Chontae Luimnigh



**An Comhairleoir  
Kieran O'Hanlon**  
Leas-Mhéara Chathair agus  
Chontae Luimnigh

# COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH



## CEANTAR CEANNCHATHARTHA LUIMNIGH

CEANTAR CEANNCHATHARTHA LUIMNIGH (ar a bhfuil na Toghcheantair Áitiúla i gCathair Luimnigh Thoir, i gCathair Luimnigh Thuaidh agus i gCathair Luimnigh Thiar) – 21 COMHALTA.

### Cathair Luimnigh Thoir - 7 Comhaltaí



An Clr. Seán Hartigan  
(CG)



An Clr. Sarah Kiely  
(FG)



An Clr. Michael Murphy  
(FG)



An Clr. Joe Pond  
(FF)



An Clr. Elena Secas  
(LO)



An Clr. Michael Sheahan  
(FG)



An Clr. Catherine Slattery  
(FF)

### Cathair Luimnigh Thuaidh - 7 Comhaltaí



An Clr. Sharon Benson  
(SF)



An Clr. Tom Collopy  
(SF)



An Clr. Frankie Daly  
(Neamhspleách)



An Clr. Sasa Novak Uí  
Chonchúir  
(DG)



An Clr. Kieran O'Hanlon  
(FF)



An Clr. Olivia O'Sullivan  
(FG)



An Clr. Conor Sheehan  
(LO)



### Iarthar Chathair Luimnigh – 7 Comhaltáí



An Clr. Daniel Butler  
(FG)



An Clr. James Collins  
(FF)



An Clr. Fergus Kilcoyne  
(Neamhspleách)



An Clr. Joe Leddin  
(LO)



An Clr. Dan McSweeney  
(FG)



Cllr. Elisa O'Donovan  
(SD)



An Clr. Abul Kalam Azad  
Talukder  
(FF)

### Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola – 6 Comhaltáí



An Clr. Bridie Collins  
(FF)



An Clr. Stephen Keary  
(FG)



An Clr. Emmett O'Brien  
(Neamhspleách)



An Clr. John O'Donoghue  
(Neamhspleách)



An Clr. Kevin Sheahan  
(FF)



An Clr. Adam Teskey  
(FG)



### Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg - 7 comhaltaí



An Clr. P.J. Carey  
(SF)



An Clr. Michael Donegan  
(FF)



An Clr. John Egan  
(FG)



An Clr. Gerald Mitchell  
(FG)



An Clr. Eddie Ryan  
(Neamhspleách)



An Clr. Martin Ryan  
(FF)



An Clr. Brigid Teeffy  
(Neamhspleách)

### Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua - 6 Comhaltaí



An Clr. Michael Collins  
(FF)



An Clr. Francis Foley  
(FF)



An Clr. Liam Galvin  
(FG)



An Clr. Tom Ruddle  
(FG)



An Clr. Jerome Scanlan  
(Neamhspleách)



An Clr. John Sheahan  
(FG)



# COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

## COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Tá 40 Comhalta ar an gComhairle – 21 Comhalta i gCeantar Ceannchathartha Luimnigh (ar a bhfuil na Toghcheartair Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Chathair Luimnigh Thuaidh agus Chathair Luimnigh Thiar) seisear Comhaltaí i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, seachtar Comhaltaí i Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus seisear Comhaltaí i gCeantar Bardasach an Chaisleáin Nua. Is gnách go mbíonn cruinnithe den Chomhairle lomlán ar an gceathrú Luan de gach dara mí, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill agus go fíorúil. Tháinig an Chomhairle lomlán le chéile 22 uair in 2022.

## CRUINNITHE CEANTAIR BHARDASAIGH

Teideal	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe
Ceantar Ceannchathartha Luimnigh	21	14
Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caolae	6	11
Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg	7	13
Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua	6	18

## SEISIÚIN EOLAIS / CEARDLANNA TOGHCHEANTAIR ÁITIÚLA

	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe
Cathair Luimnigh Thoir	7	11
Cathair Luimnigh Thuaidh	7	11
Cathair Luimnigh Thiar	7	11

## GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is Coiste de chuid na Comhairle é an Grúpa Beartais Chorporáidigh (CPG) ar a bhfuil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus is iad seo a leanas Cathaoirligh gach ceann de na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC):

- An Comhairleoir Francis Foley, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh
- An Comhairleoir Stephen Keary, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Bhaile agus Shóisialta
- An Comhairleoir Saša Novak Uí Chonchúir, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Taisteal agus Iompair
- An Comhairleoir Bridie Collins, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil
- An Comhairleoir Michael Donegan, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobail, Fóillíocht agus Cultúr
- An Comhairleoir Liam Galvin, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol

Nascann an CPG obair na SPCanna éagsúla, gníomhaíonn sé mar chineál comh-aireachta agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir seasaimh bheartais a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomláine, a choinníonn an t-údarás cinnteoireachta. Déanann an CPG monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an Údarais Áitiúil agus bíonn ról lárnach aige in ullmhú an bhuiséid. Tháinig an CPG le chéile 12 uair in 2022.

*\*Seasamh amhail ar 31/12/2022*



## COISTÍ NA COMHAIRLE

An Coiste um Beartais Straitéiseacha	Líon na gCruinnithe	Líon na gComhaltáí
Forbairt Bhaile agus Shóisialta	24	5
Taisteal agus Iompar	24	5
Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil	24	5
Pobail, Fóillíocht agus Cultúr	26	5
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol	24	5

Coistí Eile	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe
Cóiríocht don Lucht Siúil Coiste Comhairliúcháin	12	1
Coiste Uisce Tuaithe	18	3
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	7	6
Comhchoiste Póilíneachta	16	5
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	19	10

## COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

Cuimsíonn gach Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) Comhairleoirí tofa agus Ionadaithe Earnála, ag obair le chéile i bhfoirm daonlathas níos rannpháirtí, ag soláthar fócas beartais níos éifeachtaí ar na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí a dhéanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tacaíonn Stiúrthóir Seirbhíse le gach SPC ina chuid oibre. Cé go ndéanann gach SPC beartas a fhoirmliú agus a fhorbairt, is faoin gComhairle lomlán a bheidh na cinntí deiridh.

*\*Seasamh amhail ar 31/12/2022*

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE FORBAIRT BHAILE AGUS SHÓISIALTA

### Baill Thofa:

An Clr. Stephen Keary	LCCC Cathaoirleach
An Clr. Michael Murphy	LCCC
An Clr. Sarah Kiely	LCCC
An Clr. Fergus Kilcoyne	LCCC
An Clr. Tom Ruddle	LCCC
An Clr. Adam Teskey	LCCC
An Clr. Joe Leddin	LCCC
An Clr. Conor Sheehan	LCCC
An Clr. Seán Hartigan	LCCC
An Clr. Sharon Benson	LCCC
An Clr. Tom Collopy	LCCC
An Clr. James Collins	LCCC
An Clr. Michael Donegan	LCCC
An Clr. Brigid Teefy	LCCC
An Clr. Eddie Ryan	LCCC
An Clr. Catherine Slattery	LCCC

### Ionadaithe Earnála:

An tUasal P.J. O'Grady	Forbairt/Tógáil
Dee Ryan Uasal	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Mike McNamara	Ceardchumann
Tracy McElligott Uasal	Pobal/Deonach*
Anne Cronin Uasal	Pobal/Deonach*
An tUasal Patrick English	Pobal/Deonach*
Siobhán Reidy Uasal	Pobal/Deonach*
Úna Burns Uasal	Cuimsiú Sóisialta

*\*Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)*

Tá an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Bhaile agus Shóisialta (SPC) freagrach as polasaithe a bhaineann le tithíocht a fhoirmliú, monatóireacht a dhéanamh orthu, iad a athbhreithniú agus comhairle a chur ar an gComhairle dá réir.

Reáchtáladh cúig chruinniú den SPC maidir le Forbairt Bhaile agus Shóisialta in 2022. Rinneadh cur i láthair agus beartas a chur chun cinn ar na nithe seo a leanas:

- Plean Straitéise Tithíochta Míchumais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2022
- Cur i láthair ó Threshold ar a gcuid seirbhísí a chuireann comhairle neamhspleách, rúnda, saor in aisce ar fáil d'aon duine in Éirinn a bhfuil fadhbanna tionóntachta acu

- Cur i láthair ar “Seirbhísí Drugaí agus Alcóil i Réigiún an Mheán-Iarthair” ag ionadaí ó Fhóram Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Mheán-Iarthair
- Plean Gníomhaíochta an Mheán-Iarthair do Dhaoine gan Dídean 2022-2025
- Doiciméad Beartais do Dhaoine gan Dídean
- Straitéis Iompair Fhrithshóisialta
- Beartas Tithíochta Aon Ionadaí Amháin

## COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE TAISTEAL AGUS IOMPAR

### Baill Thofa:

An Clr. Saša Novak Uí Chonchúir	LCCC Cathaoirleach
An Clr. Elena Secas	LCCC
An Clr. Kieran O’Hanlon	LCCC
An Clr. Martin Ryan	LCCC
An Clr. Dan McSweeney	LCCC
An Clr. Joe Leddin	LCCC
An Clr. Elisa O’Donovan	LCCC
An Clr. Tom Collopy	LCCC
An Clr. Frankie Daly	LCCC
An Clr. Fergus Kilcoyne	LCCC
An Clr. Brigid Teefy	LCCC
An Clr. Daniel Butler	LCCC
An Clr. Gerald Mitchell	LCCC
An Clr. John Sheahan	LCCC
An Clr. Michael Sheahan	LCCC
An Clr. Francis Foley	LCCC

### Ionadaithe Earnála:

An tUasal Tim O’Brien	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
An tUasal Frank Heffernan	Comhshaol/Caomhnú*
An tUasal Pat McCarthy	Forbairt/Tógáil
An tUasal Diarmuid O’Shea	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Frank McDonnell	Ceardchumann
An tUasal Dean Lillis	Pobal/Deonach*
An tUasal Bruce Harper	Pobal/Deonach*
Maureen Browne Uasal	Cuimsiú Sóisialta*

\*Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Bhí cúig chruinniú ag an SPC maidir le Taisteal agus Iompar in 2022. Rinneadh cur i láthair agus beartas a chur chun cinn ar na nithe seo a leanas:

- Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (LSMATS)

- Bearta Bainistíochta Soghluaisteachta do Ghnó
- Seirbhís Gluaisteán Roinnte a Rialáil do Chathair Luimnigh
- Nuashonrú ar Thionscadail Taistil Ghníomhaigh
- Buntáistí Sláinte a eascraíonn as Cur i bhFeidhm Dromchla Bóthair Ísealtorainn
- Nuashonruithe ó Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta – Tionscadail Bhonneagar Iompair Éireann
- Teorainneacha Luais 30km Molta sa Chroícheantar Gnó
- Cur i láthair ar an Straitéis Feithiclí Leictreacha
- Páirceanna Rothar agus Smaointe Nuálacha chun Rothaíocht a éascú

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH, FIONTRAÍOCHT AGUS PLEANÁIL

### Elected Members:

An Clr. Bridie Collins	LCCC Cathaoirleach
An Clr. Eddie Ryan	LCCC
An Clr. James Collins	LCCC
An Clr. Joe Pond	LCCC
An Clr. Martin Ryan	LCCC
An Clr. Catherine Slattery	LCCC
An Clr. John O’Donoghue	LCCC
An Clr. Daniel Butler	LCCC
An Clr. John Egan	LCCC
An Clr. Liam Galvin	LCCC
An Clr. Stephen Keary	LCCC
An Clr. Michael Murphy	LCCC
An Clr. Olivia O’Sullivan	LCCC
An Clr. Jerome Scanlan	LCCC
An Clr. Emmett O’Brien	LCCC
An Clr. Saša Novak Uí Chonchúir	LCCC

### Ionadaithe Earnála:

An tUasal Aidan Gleeson	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Madeleine Lyes Uasal	Comhshaol/Caomhnú*
An tUasal Michael Joyce	Forbairt/Tógáil
An tUasal Seán Golden	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Diarmuid O’Shea	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Declan Hehir	Pobal/Deonach*
An tUasal Brian Thompson	Pobal/Deonach*
An tUasal Keith Enright	Cuimsiú Sóisialta*

\*Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)



Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil le chéile cúig huaire in 2022. Ba iad seo a leanas na príomhnihte a pléadh:

- Plean Forbartha 2022-2028 / Pleananna Ceantair Áitiúil
- Nuashonruithe ar Reachtaíocht Phleanála 2022 (Socruithe ar Fhorbairtí Straitéiseacha Tithíochta/ Forbairt Chónaithe ar Mhórsála (LRD).
- Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe
- Nuashonrú ar Ríomhphleanáil
- Tionscnamh Lár Bailte ar dTús
- Creatlach Cheantar Ché Artúir
- Clár Treochomharthaíochta
- Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Mheán-Iarthair
- Tascfhórsa Inbhear na Sionainne
- Calafort na Sionainne agus Fhainge

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE POBAIL, FÓILLÍOCHT AGUS CULTÚR

### Baill Thofa:

An Clr. Michael Donegan	LCCC Cathaoirleach
An Clr. Michael Collins	LCCC
An Clr. Kieran O'Hanlon	LCCC
An Clr. Francis Foley	LCCC
An Clr. Joe Pond	LCCC
An Clr. Kevin Sheahan	LCCC
An Clr. Sarah Kiely	LCCC
An Clr. Dan McSweeney	LCCC
An Clr. Gerald Mitchell	LCCC
An Clr. Olivia O'Sullivan	LCCC
An Clr. Tom Ruddle	LCCC
An Clr. Conor Sheehan	LCCC
An Clr. Elisa O'Donovan	LCCC
An Clr. P.J. Carey	LCCC
An Clr. Frankie Daly	LCCC
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder	LCCC

### Ionadaithe Earnála:

Louise Crowley Uasal	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Josephine Butler Uasal	Comhshaol/Caomhnú*
An tUasal Mike Ryan	Forbairt/Tógáil
Louise Donlon Uasal	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Pádraig Lohan	Pobal/Deonach*
An tUasal Pete Moles	Pobal/Deonach*
An tUasal Keith Pigott	Pobal/Deonach*
Mary Conlon Uasal	Pobal/Deonach*

Maura Meaney Uasal                      Cuimsiú Sóisialta\*  
Karen O'Donnell O'Connor Uasal      Cuimsiú Sóisialta\*

*\*Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)*

Tháinig an SPC maidir le Pobail, Fóillíocht agus Cultúr le chéile cúig huaire in 2022. Ba iad seo a leanas na príomhnihte a pléadh:

- Clár um Thithe Sláintiúla Aoisbháúla.
- Caisleán Rí Eoin/Discover Limerick, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe
- Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Luimnigh
- Seisiún eolais ar chás dídeanaithe ón Úcráin i Luimneach
- Leabharlann Shealadach do Chaladh an Treoigh/Áth an Choite
- Cathair agus Contae a Thacaíonn le hUathachas
- Daoine-Áit-Ardán: Plean Forbartha Leabharlann Luimnigh 2021-2025
- Suirbhé ar théarnamh earnáil na nEalaíon agus an Chultúir ó COVID-19
- Comhairle Na nÓg
- Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023-2027
- Láithreáin Thréigthe
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail Luimnigh
- Iniúchadh ar Áiseanna Pobail Cultúrtha agus Ealaíon i gCathair agus i gContae Luimnigh - Tuarascáil
- Straitéis Féilte agus Imeachtaí
- Clár For-rochtana Leabharlainne
- Pas Discover Limerick

Lean an Fochoiste Uathachais ag obair ar a phríomhchuspóir maidir le Luimneach a bheith ina láthair atá báil don uathachas.

Chríochnaigh an Fochoiste um thionchar Covid-19 ar an Rannóg Ealaíon agus Cultúir a chuid oibre ag deireadh 2022.

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT AERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT AGUS COMHSHAOL

### Baill Thofa:

An Clr. Liam Galvin	LCCC Cathaoirleach
An Clr. John Egan	LCCC
An Clr. Jerome Scanlan	LCCC

An Clr. John Sheahan	LCCC
An Clr. Michael Sheahan	LCCC
An Clr. Adam Teskey	LCCC
An Clr. Elena Secas	LCCC
An Clr. Bridie Collins	LCCC
An Clr. Michael Collins	LCCC
An Clr. Kevin Sheahan	LCCC
An Clr. Sharon Benson	LCCC
An Clr. P.J. Carey	LCCC
An Clr. John O'Donoghue	LCCC
An Clr. Emmett O'Brien	LCCC
An Clr. Seán Hartigan	LCCC
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder	LCCC

**Ionadaithe Earnála:**

An tUasal Martin Stapleton	Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
An tUasal Thomas Blackburn	Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
Michelle Hayes Uasal	Comhshaol/Caomhnú*
Ailish Ní Chofaigh Uasal	Comhshaol/Caomhnú*
Dee Ryan Uasal	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Seamus Hoyne	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Denis McAuliffe	Pobal/Deonach*
An tUasal Caillum Hedderman	Pobal/Deonach*

\*Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Bhí cúig chruinniú ag an SPC maidir le Gníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol i 2022.

Áirítear ar na príomhbheartais a breithníodh:

- Dréacht-Straitéis um Bonneagar Gorm Glas
- Dréachtstraitéis Crann
- Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2022-2025
- Dréachtphlean Bainistíochta Bhogaigh na nGort Thiar

## AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

An Clr. Stephen Keary	LCCC Cathaoirleach
An Clr. Brigid Teefy	LCCC
An Clr. Michael Collins	LCCC
An Clr. Joe Pond	LCCC
An tUasal Gordan Daly	LCCC
An tUasal Pádraig Casey	Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra
Anne Kavanagh Uasal	Comhpháirtíocht PAUL
An tUasal Shay Riordan	Acmhainní Iarthar Luimnigh

An tUasal Maurice O'Connell	Líonra
	Rannpháirtíochta
	Pobail
An tUasal David Tobin	Líonra
	Rannpháirtíochta
	Pobail
Linda Ledger Uasal	Líonra
	Rannpháirtíochta
	Pobail
An tUasal James Prior	Líonra
	Rannpháirtíochta
	Pobail
Leona O'Callaghan Uasal	Líonra
	Rannpháirtíochta
	Pobail
An tUasal George O'Callaghan	Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
An tUasal Diarmaid Fitzgerald	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Niamh Wallace Uasal	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
An tUasal Barry Murphy	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Fiona O'Grady Uasal	Seirbhís Óige Luimnigh
An tUasal Diarmuid O'Shea	Cumann Tráchtála Luimnigh

Bhí deich gcruinniú ag an LCDC in 2022 agus bhí sé an-ghníomhach i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Rinne an LCDC mairsiú ar chinntí agus rinne sé iad, nuair ba ghá, maidir leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), Clár LEADER an AE agus scéimeanna deontas éagsúla. Chomh maith leis na cláir thuas, cheadaigh an LCDC tionscadail faoin Scéim Feabhsaithe Pobail, Éire Shláintiúil, Deontais Fiontar Sóisialta agus d'fhorbair sé páipéir sheasaimh faoi cheanteidil éagsúla. Críochnaíodh athdháileadh na mbuiséad laistigh de théamaí Chlár LEADER an AE mar fhreagra ar riachtanais na hearnála pobail. Bhí cruinnithe foghrúpa ar siúl maidir le measúnú, monatóireacht agus pleanáil SICAP, cúrsaí oibriúcháin LEADER, Luimneach Sláintiúil agus measúnú ar iarratais ar scéimeanna deontais éagsúla faoin gClár Feabhsaithe Pobail. Rinne na comhaltaí Léiriú Suime (EOI) don Roinn Forbartha Pobail Tuaithe freisin chun céad Chlár LEADER 2023-2027 eile a sheachadadh.

## IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE

(*\*seasamh ar 31/12/2022*)

### AN COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN ÁITIÚIL UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

An Clr. Frankie Daly  
An Clr. Michael Sheahan  
An Clr. Michael Murphy  
An Clr. Michael Donegan

### AONTAS RIALTAS ÁITIÚIL NA HÉIREANN (AILG)

An Clr. Joe Leddin  
An Clr. Kieran O'Hanlon  
An Clr. Dan McSweeney

### TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT

An Clr. Frankie Daly  
An Clr. John Sheahan  
An Clr. Michael Collins

### IONTAOBHAI THE MHARGADH LUIMNIGH

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)  
An Clr. Olivia O'Sullivan (Cathaoirleach Cheantar Cathrach Luimnigh)  
An Clr. Saša Novak Uí Chonchúir  
An Clr. Fergus Kilcoyne  
An Clr. Elisa O'Donovan  
An Clr. Frankie Daly  
An Clr. James Collins  
An Clr. Kevin Sheahan  
An Clr. Catherine Slattery  
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder  
An Clr. Martin Ryan  
An Clr. Daniel Butler  
An Clr. Sarah Kiely  
An Clr. Dan McSweeney  
An Clr. Michael Sheahan  
An Clr. Michael Murphy  
An Clr. Gerald Mitchell  
An Clr. Conor Sheehan

### CUMANN LEABHARLANN NA HÉIREANN

An Clr. Jerome Scanlan

### IRISH PUBLIC BODIES INSURANCE CTR

An Clr. Martin Ryan

### CUMANN CHOMHALTAÍ NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

An Clr. John Sheahan

### ÚDARÁS RIALAITHE CHOLÁISTE NA HOLLSCOILE, CORCAIGH - OLLSCOIL NA HÉIREANN, CORCAIGH

Folamh

### ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL LUIMNIGH

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)  
An Clr. Olivia O'Sullivan (Cathaoirleach Cheantar Cathrach Luimnigh)

### IONTAOBHAS OIDHREACHTA ÁTH DARA TEORANTA

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)

### ACMHAINNÍ IARTHAR LUIMNIGH TEORANTA

An Clr. Elisa O'Donovan  
An Clr. Bridie Collins  
An Clr. Michael Collins  
An Clr. Tom Ruddle

### FORBAIRT BHEALACH EABHRA TEORANTA

An Clr. Michael Donegan  
An Clr. Gerald Mitchell

### COMHPHÁIRTÍOCHT PAUL

An Clr. Abul Kalam Azad Talukder  
Folamh  
Folamh

### LÍONRA CÚRAIM POBAIL TUAITHE (RCCN)

An Clr. Tom Ruddle  
An Clr. Francis Foley

### IONTAOBHAS IARSMALANN HUNT

An Clr. Olivia O'Sullivan  
An Clr. Kieran O'Hanlon

### FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE AN IARTHAIR

An Clr. John Sheahan  
An Clr. Frankie Daly  
An Clr. John Egan  
An Clr. Dan McSweeney  
An Clr. Seán Hartigan  
An Clr. Francis Foley  
An Clr. Kevin Sheahan



## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

An Clr. Francis Foley (Méara) (de bhrí oifige)  
An Clr. Emmett O'Brien  
An Clr. John O'Donoghue  
An Clr. Seán Hartigan  
An Clr. Tom Collopy  
An Clr. Conor Sheehan  
An Clr. James Collins  
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder  
An Clr. Stephen Keary  
An Clr. Adam Teskey  
An Clr. Kevin Sheahan  
An Clr. Bridie Collins  
An Clr. Martin Ryan  
An Clr. John Sheehan  
An Clr. Sarah Kiely  
An Clr. Michael Murphy

## BORD OSPIDÉAL NAOMH EOIN

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)  
An Clr. Kieran O'Hanlon

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH

An Clr. Tom Ruddle

## IONTAOBHAS CATHARTHA LUIMNIGH

An Clr. Bridie Collins

## BORD STIÚRTHÓIRÍ IONAD FIONTAR POBAIL MHAIGH ROIS TEORANTA

An Clr. Kieran O'Hanlon

## BORD BAINISTÍOCHTA CHUIDEACHTA FORBARTHA POBAIL NAOMH MAINCHÍN TEORANTA

An Clr. Olivia O'Sullivan

## BORD LUIMNEACH A NUÁIL

An Clr. James Collins  
An Clr. Olivia O'Sullivan  
An Clr. Eddie Ryan  
An Clr. Joe Leddin

## COISTE ÁITIÚIL FBM (FOCHOISTE LUIMNEACH A NUÁIL)

An Clr. Bridie Collins  
An Clr. Sarah Kiely  
An Clr. Fergus Kilcoyne

## FORBAIRT STRAITÉISEACH LUIMNEACH 2030 CGA

An Clr. John O'Donoghue  
An Clr. Daniel Butler  
An Clr. John Sheahan  
An Clr. James Collins

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LUIMNIGH AGUS AN CHLÁIR

An Clr. Brigid Teefy  
An Clr. Elena Secas  
An Clr. Liam Galvin  
An Clr. John Sheahan  
An Clr. Sarah Kiely  
An Clr. Kieran O'Hanlon  
An Clr. Michael Donegan

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

An Clr. Brigid Teefy  
An Clr. John Egan  
An Clr. John Sheahan

## COISTE MONATÓIREACHTA UISCE TUAITHE

An Clr. P.J. Carey  
An Clr. Eddie Ryan  
An Clr. Stephen Keary

## BELLTABLE – FOCHOISTE SPEISIALTA DEN BHORD

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)

## COISTE NA gCOMHALTAÍ TOFA CHOMÓRADH CÉAD BLIAIN

An Clr. Francis Foley (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)  
An Clr. John Sheahan  
An Clr. Michael Collins  
An Clr. Sharon Benson  
An Clr. Brigid Teefy  
An Clr. Elena Secas  
An Clr. Seán Hartigan  
An Clr. Elisa O'Donovan

# FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA

## CEANTAR CEANNCHATHARHA LUIMNIGH

Faomhadh Dréacht-Fhodhlíthe um Rialú ar Fhrúiliú Rothar ar an tSráid gan Stáisiún Nasctha 2022 de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le cur ar taispeáint go poiblí de réir cheanglais Alt 200(1) d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 arna leasú.

Glacadh le Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardsaigh 2022 do Cheantar Ceannchathartha Luimnigh.

Leithdháiltí a cheadú faoin Scéim Tionscnamh Pobail 2022.

Ceadú chun Cruinniú Cinn Bliana Cheantar Ceannchathartha Luimnigh a thionól ar 20 Meitheamh, tar éis an Chruinnithe Mhíosúil Cheannchathartha.

Glacadh le Dréacht-Fhodhlíthe um Rialú ar Fhrúiliú Rothar ar an tSráid gan Stáisiún Nasctha 2022 de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh de réir Alt 131A agus Sceideal 14A den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Cheantar Ceannchathartha Luimnigh a thoghadh.

Ceadú Chuid 8 le hAthchóiriú na Réadmhaoine Reatha ag Uimhreacha 82, 84 agus 86 Bóthar de hÍde, An Chloch Dhubh, Luimneach.

Ceadú Chuid 8 do Scéim Feabhsúcháin Timpeallán R510 Chrosaire Uí Choinn go dtí Raithean.

Ceadú Chuid 8 do Scéim Lána Rothaíochta Bhóthar an Athar Ruiséil.

Ceadú chun Plean Ceantair Áitiúil na bPurlán Theas 2021 – 2027 a chúlghairm de réir Alt 20(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Ceadú chun Plean Ceantair Áitiúil Chaladh an Treoigh 2019 – 2025 a chúlghairm de réir Alt 20(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Glacadh le Plean Buiséid 2023 do Cheantar Ceannchathartha Luimnigh de luach €628,000, agus lena n-áirítear an leasú chun an méid €65,000 a aistriú ó Thionscadail Speisialta – CMÁ go F04, Tionscnaimh Phobail agus an méid €150,000 ó Thionscadail Speisialta – Bonneagar ÚÁ agus €60,000 Tionscadail Speisialta Leithdháilte Ghinearálta Bhardsaigh (LGB)-Limistéir Cheannchathartha go D05 Forbairt Turasoireachta, Áineasa agus Taitneamhachtaí de réir Alt 102(4) d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Ceadú Chuid 8 le haghaidh Forbartha ag Ros Mór, Bóthar Chill Mocheallóg, R512, Luimneach.

Ceadú Chuid 8 d'Fhorbairt Árasán ag Cúinne na gCainteoirí, Bóthar Uí Chiara Íochtarach, Cathair Luimnigh.

Ceadú an t-eastát tithíochta ag Clós an Gheata Dheirg, Cathair Dháibhín, Luimneach a thógáil i gcúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Ceadú Chuid 8 do sholáthar 24 Aonad Tithíochta sa Bhearna Choill, Tobar Phádraig, Co. Luimnigh.

Ceadú Chuid 8 maidir le Scéim Taistil Ghníomhaigh OTS, Maoilis go dtí an Chathair.



## CEANTAR BARDASACH NA CEAPÁÍ MÓIRE-CHILL MOCHEALLÓG

Glacadh leis an bPlean Buiséid do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, ar shuim iomlán €295,000 lena n-áirítear:

Svc	Leithdháileadh Ginearálta Bardasach -2021	An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg Ceantar Bardasach
B04	Bóithre Áitiúla	130,000
D05	Forbairt Turasóireachta, Áineasa agus Taitneamhachtaí	10,000
F04	Tionscnaimh Phobail	10,000
	Tionscadail Speisialta – Bonneagar ÚÁ	100,000
	Tionscadail Speisialta CMÁ	45,000
<b>Iomlán</b>	<b>Leithdháileadh Ginearálta Bardasach</b>	<b>295,000</b>

Leithdháiltí a cheadú faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, faoin gCiste Forbartha, faoin Scéim Tionscnamh Pobail agus faoin Scéim Deontais Áiseanna Pobail 2022. Ainmníodh 37 tionscadal do Scéim Deontas Pobail LGB arbh fhiú €29,993.50 san iomlán iad.

Cheadaigh na Comhaltaí Tofa na hiarratais Chuid 8:

- Radharc Cillín, Cill Fhionáin, Co. Luimnigh
- Cuid 8, Stáisiún Dóiteáin na Ceapaí Móire
- Cuid 8, 2A agus 2B An tSráid Ard, Cill Fhionáin

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Glacadh le Sceideal Oibreacha 2022 do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg.

Cinneadh Toscaireachtaí a fháil uathu seo a leanas:

- Iontaobhas Abhainn na Máighe
- Grúpa Míchumais Céim ar Aghaidh, an tOspidéal

## CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA

Leithdháiltí faoi Leithdháileadh Ginearálta Bardasach 2022 a cheadú.

Ceadú an Chiste Forbartha, 2022.

Glacadh le Sceideal Oibreacha Cheantar Bardasach 2022 do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola.

Ceadú chun an Cruinniú Cinn Bliana a thionól ar an 28 Meitheamh, 2022.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola a thoghadh.

Ceadú Nós Imeachta Chuid 8 d'Uimh. 1 & 2 Ardán Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh.

Ceadú Scéim Ceansaithe Tráchtá N21 Chúil an Fhuaráin.

Glacadh leis an bPlean Buiséid do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023, ar shuim iomlán de €270,000 agus áirítear leis an leasú go ndéanfaí an leithdháileadh iomlán de €270,000 a leithdháileadh ar Sheirbhís D05 – Forbairt Turasóireachta, Áineasa agus Taitneamhachtaí, de réir Alt 102(4) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.

## CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA

Ceadú Sceideal Oibreacha Cheantar Bardasach 2022 do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Leithdháiltí a Cheadú faoin Scéim um an Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus Tionscnaimh Phobail 2022.

Leithdháiltí a Cheadú faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach (Tionscadail Speisialta) do thionscadail laistigh den Cheantar.

Glacadh leis an bPlean Buiséid do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2023 ar shuim €270,000 agus lena n-áirítear an leasú chun an méid €100,000 a bhogadh ó Thionscadail Speisialta – Bonneagar ÚÁ agus an tsuim €45,000 – Tionscadail Speisialta CMÁ go D05 Forbairt Turasóireachta, Áineasa agus Taitneamhachtaí, de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.





# IMEACHTAÍ, BUAICPHOINTÍ AGUS FÁILTITHE CATHARTHA









## SAOIRSE LUIMNIGH

Bronnadh Saoirse Luimnigh ar Vicky Phelan an 3 Feabhra i Seomra na Comhairle, Tuar an Daill mar aitheantas ar an gcinneadh spreagthach misniúil a scéal a insint agus as a bheith ina habhcóide ar son chearta na mban agus díriú ar an tábhacht a bhaineann le cúram sláinte ceart agus tráthúil do mhná, trí thacú le cearta agus dínit na ndaoine sin ag deireadh a saoil agus sa phróiseas ár sochaí a chlaochlú chun feabhais.





## IMEACHTAÍ



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler Fáiltiú Méara an 20 Eanáir, do Billy Barrett, mar aitheantas ar a sheirbhís thiomanta thar 40 bliain go deonach agus go proifisiúnta do chuid de na saoránaigh is leochailí i Luimneach. Sa ghrianghraf tá Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler agus Billy Barrett.



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler Fáiltiú Méara an 20 Eanáir, do Terry Byrne, mar aitheantas ar a seirbhís thiomanta thar 40 bliain go deonach agus go proifisiúnta do chuid de na saoránaigh is leochailí i Luimneach. Sa ghrianghraf tá Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler agus Terry Byrne.



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 20 Eanáir, do Michael J. Ryan, mar aitheantas ar an méid a rinne sé do Chosaint Shíbhialta Luimnigh agus a sheirbhís thiomanta di thar 60 bliain. Sa ghrianghraf tá Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler agus Michael J. Ryan.

## IMEACHTAÍ



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 14 Aibreán do Catherine Duffy, mar aitheantas ar a ceannaireacht den scoth i gcúrsaí gnó agus a tiomantas i Luimneach a chur chun cinn go heacnamaíoch. Vicki O'Toole, mar aitheantas ar a ceannaireacht den scoth i gcúrsaí gnó agus mar inspioráid d'fhiontrairthe nua i Luimneach. Laura Ryan, mar aitheantas ar a ceannaireacht agus í ag tabhairt aghaidh ar íomhá Luimnigh agus ag cruthú branda chun Luimneach a thiomáint go heacnamaíoch, go sóisialta agus go cultúrtha. Sa ghrianghraf tá Catherine Duffy, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Laura Ryan agus Vicki O'Toole.



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 9 Bealtaine do Liam Dillon, mar aitheantas ar a chuid oibre deonaí le Pobal Chathair Dháibhín thar 40 bliain. Michael Graham, mar aitheantas ar a sheirbhís thiomanta do Chlub CLG an Chlocháin thar 50 bliain. Declan Real, mar aitheantas ar a sheirbhís dheonach don earnáil óige agus pobail thar 35 bliain. Sa ghrianghraf tá Michael Graham, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Liam Dillon agus Declan Real.



## IMEACHTAÍ



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 18 Bealtaine, d'Fhoireann Haca Shinsearach na mBan de chuid na hInstitiúide Caitlicí, mar aitheantas ar ghnóthachtáil shuntasach Fhoireann Haca Shinsearach na mBan de chuid na hInstitiúide Caitlicí i gCorn Sinsir na mBan in 2022 a bhuachan. Ba é sin buaicphointe na bliana rathúla iontaí don haca san Institiúid.



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 2 Meitheamh do Paul Foley, mar aitheantas ar a cheannaireacht thiomanta agus phaiseanta i Luimneach níos fearr a chruthú go sóisialta, go cultúrtha agus sa spórt. Linda Ledger, mar aitheantas ar a ceannaireacht thiomanta ag tacú le pobail ar fud Luimnigh ag cabhrú le Luimneach níos cuimsithí a thógáil. Sa ghrianghraf tá an Comhairleoir Sarah Kiely, an Comhairleoir Dan McSweeney, Linda Ledger, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Paul Foley, an Comhairleoir Oliva O'Sullivan agus an Comhairleoir Fergus Kilcoyne.



## IMEACHTAÍ



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Fáiltiú Méara an 22 Meitheamh, do Munyaradzi Godknows Jonas, Denise Mwaka Chaila agus Mawuli MuRli Boevi mar aitheantas ar a bhfuil bainte amach acu sa cheol agus a gceannaireacht i Luimneach a athshainiú go cultúrtha agus go sóisialta.



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, Fáiltiú Méara an 18 Deireadh Fómhair, do Chosaint Shibhialta Luimnigh, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach acu maidir le cúnaimh a thabhairt le linn COVID-19 agus Ghéarchéim leanúnach na hÚcráine.



## IMEACHTAÍ



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, Fáiltiú Méara an 1 Nollaig do Tony Fitzgerald, mar aitheantas ar a shaol oibre le Club Sacair Ruaigirí Bhaile Uí Neachtain, Club Dornálaíochta Naomh Mainchín agus go leor eagraíochtaí spóirt agus pobail eile. Sa ghrianghraf tá Kevin Kiely, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, Tony Fitzgerald, Joan Fitzgerald agus Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon.



D'óstáil an Comhairleoir Francis Foley, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Fáiltiú Méara an 6 Nollaig do Ghiomnáisiam Comhraic Luimnigh, mar aitheantas ar a n-éachtaí iontacha ag Craobhchomórtais Chicdhornálaíochta an Domhain de chuid Chumann Cidhornaíochta an Domhain (WKA).



## IMEACHTAÍ



An Comhairleoir Francis Foley, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh tar éis a thofa ag Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a tionóladh an 7 Iúil.



Ciseáin Nollag - Grianghraf le linn dháileadh breis agus 300 ciseán Nollag ar theaghlaigh Luimnigh ag Margadh an Bhainne, Luimneach trí Chiste an Mhéara. Chuir Aonad NeighbourFood ag Margadh an Bhainne, Luimnigh 250 ciseán ar fáil agus chuir an Comharchumann Uirbeach 50 ceann eile leis. Laura Howes, Dorothy Hickey, Deirdre MacMahon, Óstach NeighbourFood agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, leis na ciseáin ag Margadh an Bhainne, Luimneach.



Chun 17ú Breithlá Chóirthrádáil Luimnigh a chomóradh, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley le healaíontóirí buaiteacha ó chomórtas na gCártaí Nollag, Aoife Velayati, Meánscoil Chnoc na Labhras agus Kate Hennessy, Scoil an Déin Cúisín, An Brú.



Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley agus an tUasal Bernardo Guanche Hernández, Ambasadóir Chúba ar chuairt ar Luimneach an 28 Deireadh Fómhair.



## IMEACHTAÍ



Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley ag bronnadh bláthanna ar Sharon Slater, cainteoir ag seoladh Láithreán Gréasáin Chácas Ban Luimnigh an 29 Meán Fómhair.



Cuairt ón Toscaireacht Talmhaíochta ó Hohenlohe an 7 Meán Fómhair. Bronnadh an Dr. Wolfgang Eiben, Ceannaire an Ghrúpa Talmhaíochta ó Hohenlohe ar Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an tUasal Sean Coughlan le linn chuairt thoscaireacht Hohenlohe ar Luimneach an 7 Meán Fómhair.



Cácas Ban Luimnigh ag seoladh an tsuímh gréasáin an 29 Meán Fómhair sa Cheanncheathrú Chorporáideach, Cé na gCeannaithe.



## IMEACHTAÍ



Grúpa Cairdis na hAilgéire - Grúpa Cairdis na hÉireann/ na hAilgéire Luimnigh (LIAF) - Searmanas Plandála Crann do sheoladh Fhorais Darach na hAilgéire ag Ollscoil Luimnigh an 27 Deireadh Fómhair. A Shoilse An tUasal Mohammed Belaoura, Ambasadóir Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, an tOllamh Kerstin Mey, Uachtarán OL agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley a rinne.



Crann Cuimhneacháin na Nollag Chlub Rothlach Luimnigh/Thuaisceart na Mumhan - Ag seoladh Chrann Nollag Cuimhneacháin Chlub Rothlach Luimnigh/ Thuaisceart na Mumhan ag acomhal Shráid Thomáis le Sráid Uí Chonaill, Luimneach. Cuireann Tionscadal Chrann Cuimhneacháin na Nollag spás poiblí ar fáil inar féidir le daoine cuimhneamh ar a ngaolta a fuair bás nó nach bhfuil in ann a bheith leo le haghaidh na Nollag nó orthu siúd atá ar iarraidh. Scríobhann daoine ainm duine atá gar dóibh ar ribín buí agus cuireann siad ar an gcrann é. Sa phictiúr: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley ag cur ribín buí ar an gCrann Cuimhneacháin le hUachtarán Chlub Rothlach Luimnigh/Thuaisceart na Mumhan, Pat Kearney.



Gradaim Reiligí Luimnigh - Ag oíche 13ú Gradaim Bhliantúla Reiligí Luimnigh a tionóladh an 23 Samhain, in Ionad na Mílaoise, Cathair Chinn Lis. Jim Supple, Helen McKeogh, John McKeogh, Mike O'Connell agus Mike Fitzgerald ó Reilig N. Neasán, Mungairit, ag fáil a ngradaim ó Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley agus Nuala Gallagher, Stiúrthóir ar Sheirbhísí, Pleanáil, Comhshaol agus Comhfhorbairt Áite, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis dóibh an duais iomlán sna Catagóirí Nua-Aimseartha agus Ceanntathartha a bhuanachan ag searmanas.

## IMEACHTAÍ

Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley ag oscailt Leabhar Comhbhróin do Vicky Phelan.





## GRADAIM RIALTAIS ÁITIÚIL

Ag Gradaim Chomhlachas Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2022, ghnóthaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trí ghradam. Tháinig na trí bhua sna catagóirí Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe, ag Cur Forbairt Eacnamaíochta Chun Cinn agus ag Feabhsú an Chomhshaoil Uirbigh.



Buaiteoir Inbhuanaitheachta na nGradam Rialtais Áitiúil

Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe - Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - Scéim Ceannaigh Incriminteach Tógála Nua. An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, Peter Burke TD; Jason Kenna, EirGrid; Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley; Helen Creed, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Ian Talbot, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.

## GRADAIM RIALTAIS ÁITIÚIL



Gradaim Rialtais Áitiúil Buaitheoir Glasbhealach Chaladh an Treoigh

An Timpeallacht Uirbeach a Fheabhsú - Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh.

An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, Peter Burke TD; Anne Marie O'Connor, Oifig an Rialálaí Pleanála; Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, Sean McGlynn, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Ian Talbot, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.



Buaitheoir Ghradam Rialtais Áitiúil an Mhoil Innill

Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn - Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - Líonra na Mol Innill.

An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, Peter Burke TD; Karen Ferris, Uisce Éireann; Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley; Mike Cantwell, Luimneach a Nuáil; Ian Talbot, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.



# SEIRBHÍŚÍ TACAÍOCHTA





rd agus sábháilteacht na gcustaiméirí, níl





# SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Léiríonn an Clár Comhardaithe a chuirtear i láthair go raibh Sócmhainní Seasta de €3,391M ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus €125.6M mar Obair Idir Lámha amhail an 31 Nollaig 2022.

B'ionann ioncam caipitil agus €212.9m in 2022, i gcomparáid le figiúr 2021 de €147.6m. B'ionann deontais agus 70% den ioncam caipitil iomlán in 2022.

B'ionann na céatadán bhailithe do Rátaí Tráchtála agus 92% (i gcomparáid le 88% in 2021) agus bhí na céatadán bhailithe le haghaidh lasachtaí Tithíochta agus Cíosanna Tithíochta faoi bhrú leanúnach.

## ATHBHREITHNIÚ AR CHAITEACHAS IONCAIM

B'ionann caiteachas ioncaim don bhliain agus €890,084,187 roimh aistrithe. B'ionann an t-aistriú chuig cúlchistí agus €14,942,313, rud a thugann figiúr caiteachais iomláin do 2022 de €905,026,500. Tá sonraí an chaiteachais bhreise thar an mbuiséad glactha ag leibhéal na Seirbhíse leagtha amach sa tuarascáil chuig an gComhairle faoi Alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014), a scaipfear ar an gComhairle. Ba é an t-ioncam iarbhir don bhliain ná €905,050,944 as a lean barrachas ioncaim do 2022 de €24,443. Nuair a chuirtear é sin leis an mbarrachas tosaigh de €907,878, tugtar barrachas carntha amhail an 31 Nollaig 2022 de €932,320.

Is é an párolla an costas is suntasaí i gcónaí agus costas párolla iomlán de €84,546,165 in 2022. Tá an t-athrú idir 2022 agus 2021 mar gheall go príomha ar an gcaiteachas oibriúcháin méadaithe ó ÍCT agus méaduithe ar chomhaontuithe pá náisiúnta. Leanfar ar aghaidh ag scrúdú na gcostas pá agus an líon foirne le linn 2023 chun coigilteas breise a aithint nuair is féidir.

Déantar achoimre ar an gcaiteachas de réir príomhréimse caiteachais mar seo a leanas:

	2022 €	% den Chaiteachas %	2021 €	% den Chaiteachas %
Párolla	84,546,165	9.3%	81,681,919	8.9%
Costais oibríochta	771,204,419	85.2%	783,601,953	85.8%
Costais riaracháin	18,445,131	2.0%	16,458,853	1.8%
Costais bhunaithe	3,830,621	0.4%	2,615,908	0.3%
Costais airgeadais	5,939,731	0.7%	5,096,915	0.6%
Ilghnéitheach	6,118,120	0.7%	2,663,814	0.3%
Aistrithe chuig cúlchistí	14,942,313	1.7%	21,187,545	2.3%
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>905,026,500</b>	<b>100%</b>	<b>913,306,908</b>	<b>100%</b>

## ATHBHREITHNIÚ IONCAIM

B'ionann ioncam na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain agus €905,050,944. B'ionann é sin agus laghdú €8,276,280 ar an ioncam iomlán in 2021 (€913,327,224). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhfhoinsí ioncaim:

	2022 €	%	2021 €	%
Deontais agus Fóirdheontais	610,647,095	67%	621,049,715	68%
Ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile	3,753,944	0%	3,380,574	0%
Earraí & Seirbhísí	209,245,034	23%	208,225,926	23%
	<b>823,646,072</b>	<b>91%</b>	<b>832,656,215</b>	<b>91%</b>
Cáin Mhaoine Áitiúil	19,952,508	2%	19,944,376	2%
Rátaí	58,989,310	7%	59,965,993	7%
Aistriú ó Chúlchistí	2,463,054	0.3%	760,640	0.1%
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>905,050,944</b>	<b>100%</b>	<b>913,327,224</b>	<b>100%</b>

Is í an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) an phríomhchúis leis an laghdú ar ioncam ó Earraí agus Seirbhísí. In 2022 freisin, is é an laghdú ar thacaíochtaí Covid-19 an Rialtais Láir an phríomhchúis leis an laghdú ar Dheontais agus ar Fhóirdheontais.

## ACHOIMRE

Is é an barrachas ioncaim do 2022 ná €24,443. Mar thoradh air sin, méadaítear an barrachas ioncaim carntha ag deireadh 2022 go €932,320 i gcomparáid le €907,878 ag deireadh 2021. Is léiriú an-dearfach é an barrachas carntha a choinneáil ar iarrachtaí na gComhaltaí Tofa agus na foirne chun staid airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhainistiú, agus léiríonn sé freisin iarrachtaí leanúnacha fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le luach ar airgead níos fearr a bhaint amach agus éifeachtúlachtaí foriomlána a mhéadú, rud atá ina bhunús tábhachtach don bhliain dheacair atá amach romhainn in 2023.



## RÁITEAS IONCAIM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Tugann an Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le chéile

Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse.

### Caiteachas de réir Rannán

	Ollchaiteachas 2022 €	Caiteachas Glan 2022 €	Ioncam 2022 €	Caiteachas Glan 2021 €
Tithíocht & Tógáil	744,163,552	744,424,545	(260,993)	(748,373)
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	47,952,895	28,743,402	19,209,493	18,567,202
Seirbhísí Uisce	14,300,928	14,228,104	72,824	(290,248)
Bainistíocht Forbartha	21,930,505	9,159,324	12,771,181	10,544,825
Seirbhísí Comhshaoil	34,469,890	9,689,591	24,780,299	23,516,918
Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí	14,482,472	1,335,464	13,147,008	12,200,719
Talmhaíocht, Bia agus Muir	1,107,248	453,188	654,061	543,374
Seirbhísí Ilghnéitheacha	11,676,697	15,612,455	(3,935,758)	(4,871,270)
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>890,084,187</b>	<b>823,646,072</b>		
<b>Glanchoistas na Rannán le maoiniú ó Rátaí &amp; Cáin Mhaoine Áitiúil</b>			<b>66,438,115</b>	59,463,148
Rátaí			58,989,310	59,965,993
Cáin Mhaoine Áitiúil			19,952,508	19,944,376
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain Roimh Aistrithe</b>			<b>12,503,703</b>	20,447,222
<b>Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí</b>			(12,479,260)	(20,426,907)
<b>Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>			<b>24,443</b>	20,315
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2022</b>			907,878	887,563
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2022</b>			<b>932,320</b>	907,878

## RÁITEAS FAOI SHEASAMH AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

	2022 €	2021 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Oibriúchán	824,805,516	787,790,197
Bonneagar	2,523,079,122	2,524,598,357
Cúrsaí Pobail	12,498,993	12,634,165
Neamhoibríochl	30,739,374	30,515,508
	<b>3,391,123,006</b>	3,355,538,227
<b>Obair idir Lámha agus Réamhchostais</b>	125,635,878	82,214,929
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	113,893,773	104,345,823
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Stoic	418,078	417,514
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	29,694,312	43,170,304
Infheistíochtaí Baint	171,084,130	130,441,060
Airgead tirim sa Bhanc	3,363,250	1,977,944
Airgead Tirim Faoi Bhealach	2,912	2,712
	<b>204,562,682</b>	176,009,534
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b>		
Rótharraingt Bhainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	77,028,522	75,873,833
Léasanna Airgeadais	-	-
	<b>77,028,522</b>	75,873,833
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>	<b>127,534,160</b>	100,135,701
<b>Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>		
Iasachtaí Iníoctha	158,517,804	143,609,328
Léasanna Airgeadais	0	0
Taisc inaisíoctha	5,228,846	4,458,928
Eile	36,396,684	19,082,899
	<b>200,143,334</b>	167,151,155
<b>Glansócmhainní</b>	<b>3,558,043,482</b>	3,475,083,524
<b>Arna léiriú ag</b>		
Cuntas Caipitlithe	3,391,123,006	3,355,538,227
Ioncam OIL	124,366,171	81,713,303
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	932,320	907,878
Cúlchistí Sonracha Eile	-	-
Iarmhéideanna Eile	41,621,984	36,924,115
<b>Cúlchistí Iomlána</b>	<b>3,558,043,482</b>	3,475,083,524



## TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Lean Rannóg TFC Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tacú le rannóga chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach i rith 2022. I dteannta leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla amhail monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht úsáideora agus deisce a sholáthar le linn 2022, tugadh faoi roinnt mórthionscadal.

Ba iad seo a leanas cuid de na tionscadail ar tugadh fúthu le linn 2022:-

### Cibearshlándaíl

Déanann cibearshlándaíl cur síos ar an disciplín atá tiomanta don fhaisnéis sin a chosaint agus ar na córais a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a phróiseáil nó a stóráil. Tagraíonn an tslándáil don chorpas teicneolaíochtaí, próiseas agus cleachtas atá deartha chun líonraí, feistí, cláir agus sonraí a chosaint ó ionsaí, damáiste nó rochtain neamhúdaráithe.

I dteannta le tionscnaimh a tugadh isteach le linn na mblianta roimhe seo, lean TFC ar aghaidh ag feabhsú Staidiúir Chibearshlándaíla na Comhairle trí na nithe seo a leanas:-

- **Brath agus Freagairt Bhreistithe Bhainistithe (XDR)**  
D'fhoilsigh an Chomhairle tairiscint (RFT) le haghaidh seirbhíse Braite agus Freagartha Breistithe Bainistithe Cibearshlándaíla (XDR) i Mí na Nollag 2021, an dáta deiridh chun freagraí a chur isteach an 19 Eanáir 2022. Tá an tseirbhís sin beo ó Aibreán 2022, agus cuireann sí na nithe seo a leanas ar fáil:
  - Brath ar bhagairtí cibir agus freagairt níos tapúla
  - Sonraí agus Córais na Comhairle cosanta níos fearr ar chibear-ionsaithe
  - Sár-shaineolas bagairtí, sárfhaisnéis agus sár-anailísíocht
  - Tacaíocht thiomnaithe SOC 24/7 agus am freagartha 15 nóiméad
- **Cleachtadh Cibearshlándaíla bairr boird**  
Le linn 2022, d'éascaigh cuideachta shlándála sheachtrach cleachtadh bairr boird, a shamhlaigh cibear-eachtra bogearraí éirice. Ghlac geallsealbhóirí ó roinnt rannóg páirt sa chleachtadh lena n-áirítear Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, Cumarsáid,

Acmhainní Daonna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT. Tionscnaíodh an Plean Teagmhais Cibearshlándaíla le linn an chleachtaidh..

Tá tuarascáil curtha le chéile ag an gcuideachta shlándála sheachtrach ar an gcleachtadh, déanfar athbhreithniú ar an tuarascáil sin go luath in 2023, agus cuirfear na moltaí i bhfeidhm. Déanfar nósanna imeachta agus beartais a nuashonrú de réir mar is gá, agus cuirfear na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm.

- **Oiliúint Feasachta\Feachtais fioscaireachta**

Tá go leor buntáistí ag baint le clár oiliúna feasachta slándála agus is féidir leis cosaint na Comhairle i gcoinne fioscaireachta agus ionsaithe haiceála eile a neartú.

Lean TFC ag tabhairt faoi “Fheachtais Mhíosúla Fioscaireachta” le linn 2022. Tá líon na mball foirne atá thíos leis na feachtais sin ag laghdú i gcónaí, rud a thabharfadh le fios go bhfuil feasacht na foirne ag méadú. Caithfidh baill foirne atá thíos leis na feachtais mhíosúla seo tabhairt faoi oiliúint idirghníomhach ar líne agus measúnú ar líne a dhéanamh. Díreann breis oiliúna ar athchiontóirí.

Chomh maith leis na bearta a luaitear thuas, leanann TFC de bheith ag cinntiú go ndéantar gach feiste a nuashonrú go tráthúil agus go ndéantar monatóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí bhonneagair na Comhairle.

### Athshlánú ó thubaiste

Leanadh le tástáil ar ghnéithe éagsúla den phlean Athshlánaithe ó Thubaiste le linn 2022 i bpáirt le hathshlánú tástála na bhfreastalaithe a dhéanann óstáil ar chórais SSC Íocaíochta Cúnamh Tithíochta (ÍCT). Ina measc bhí:

- 3 X Agresso (Bunachar Sonraí, Feidhmchlár, agus WEB).
- LC-SQL17-1 (Freastalaí Bunachar Sonraí Ascendas ÍCT).
- LC-APPS-8.
- Freastalaithe Rialaithe Plus Domain.

Bhí baint ag geallsealbhóirí ó SSC ÍCT, Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha agus TFC leis an bpróiseas. Tá athshlánú rathúil na bhfreastalaithe seo doiciméadaithe, rud a chinntíonn go bhfuil próiseas AóT Iántástáilte agus doiciméadaithe i bhfeidhm do na córais sin.

## Microsoft Exchange Ar Líne

Chríochnaigh TFC an próiseas chun ríomhphost a aistriú ó shuiteáil ar an áitreabh Microsoft Exchange 2013 le linn 2022. Cumraíodh an timpeallacht Ar Líne go hiomlán agus aistríodh 1,150 bosca poist.

Rinneadh timpeallacht ar an áitreabh 2013 a dhíchoimisiúnú nuair a cuireadh aistriú na mboscaí poist i gcrích.

## Córais Ghnó

D'oibrigh TFC lenár gcomhghleacaithe sna Seirbhísí Digiteacha chun na Córais Ghnó seo a leanas a chur i bhfeidhm.

- Cloch Mhíle Agresso 7.
- Ascendas WebPAY.
- Aighneachtaí ar Líne ePlan.
- CORE HR\Payroll Leagan 28.
- Córas Cláir Leasa Maoine (PIR).
- Córas Bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta.

## Deasc Sheirbhíse TFC

Dhéileáil an Deasc Sheirbhíse TFC le 15,672 ticéad le linn 2022, sin méadú 1,349 (9.4%) ar 2021. Is méadú suntasach é líon na dticéad le trí bliana anuas ar na blianta roimhe sin mar gheall ar chianobair.

Déanann an Deasc Sheirbhíse a dícheall freagra a thabhairt ar iarratais seirbhíse agus iad a réiteach ar bhealach tráthúil agus cúirtéiseach. Chomh maith le tacaíocht a sholáthar d'úsáideoirí déanann foireann na Deisce Cabhrach TFC tascanna eile mar a leagtar amach iad:-

- Ailt bunachair eolais a chruthú chun úsáideoirí a chumasú
- Teagmháil a dhéanamh le foirne TFC/Straitéise Digítí chun saincheisteanna a réiteach agus chun saincheisteanna a chosc amach anseo
- Úsáideoirí a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi athruithe/saincheisteanna
- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú maidir le soláthar seirbhísí agus cruae-earraí
- Eagrú agus cothabháil oifige agus trealaimh
- Tacaíocht Tionscadal TFC

## ACMHAINNÍ DAONNA

### Réamhrá

Tá lucht saothair spreagtha agus tiomanta atá feistithe chun na caighdeáin is fearr maidir le seachadadh seirbhíse a sholáthar ríthábhachtach chun spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhaint amach. In 2022, lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag cur raon leathan tacaíochtaí ar fáil don acmhainn is luachmhaire atá againn – ár bhfoireann.

### Bearta Cothromaíochta Oibre/Saoil

Bhí réimse beart cothromaíochta oibre/saoil ar fáil d'fhostaithe na Comhairle le linn 2022. Ina measc bhí Saoire Thuismitheora, Saoire Chúramóra, Roinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra, agus an rogha chun Sos Gairme a fháil. Fuarthas 297 Iarratas sa bhliain 2022.

### Oibriú Cumaisc

Léiríonn oibriú cumaisc san earnáil rialtais áitiúil cur i bhfeidhm bheartas an rialtais go n-aistríonn fostaithe san earnáil phoiblí go 20% cianobair. Tar éis Creat, Beartas agus Ceisteanna Coitianta Oibríthe Cumaisc Rialtais Áitiúil a eisiúint, cheadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Beartas um Oibriú Cumaisc bunaithe ar an gcreat náisiúnta. Tugadh isteach Oibriú Cumaisc i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an 25 Iúil. Ceadaíodh 515 iarratas ar Oibriú Cumaisc agus dáta tosaithe 2022 acu.

### Bearna Phá Inscne

Ag eascairt as achtú an Achta um Fhaisnéis ar Bhearnaí Pá Inscne 2021 agus foilsíú na Rialachán um an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá Inscne) ina dhiaidh sin – Bealtaine 2022, ceanglaíodh ar gach eagraíocht, (fostóirí ábhartha), a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a mBearna Phá Inscne in 2022. Rinneadh an tuairisciú trí shraith mhéadrachta a cuireadh ar fáil sna Rialacháin agus úsáid á baint as dáta sracfhéachana i mí an Mheithimh 2022. D'úsáid údarais áitiúla dáta sracfhéachana ón 30 Meitheamh 2022, arbh ionann é agus 12 mhí go siarghabhálach. Ina theannta sin, ceanglaíodh ar fhostóirí ábhartha na cúiseanna a bhí le difríochtaí sa Bhearna Phá Inscne a leagan amach agus na bearta (más ann dóibh) a bhí á nglacadh, nó á mbeartú, ag an bhfostóir chun na difríochtaí sin a dhíchur nó a laghdú.



Rinne na rialacháin foráil do thuarascálacha a fhoilsiú laistigh de shé mhí ón dáta sracfhéachana. Mar aon le hÚdarás Áitiúla eile, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a Tuarascáil i mí na Nollag 2022.

## COVID-19

Lean an galar Coróinvíreas (COVID-19) le tionchar mór a imirt ar fud an domhain, le linn 2022. Laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tabhairt cúnamh don fhoireann trí na bearta seo a leanas;

1. Filleadh ar an oifig agus cianobair a éascú, de réir mar a d'athraigh srianta de réir na Comhairle Sláinte Poiblí
2. Beartas agus Nós Imeachta COVID-19 a nuashonrú
3. Doiciméid Ceisteanna Coitianta a eisiúint de réir na Treorach Náisiúnta
4. Foirmeacha a sholáthar chun cabhrú le baill foirne leas a bhaint as saoire speisialta a bhaineann le COVID
5. Comhairle a sholáthar ar Fhilleadh ar an Obair
6. Foirm ar líne um Fhilleadh ar an Obair COVID-19, (i gcomhar le Ranna TFC, BIU agus Straitéise Digití)
7. Úsáid a bhaint as aip chumarsáide shoghluaiste na foirne agus na gcomhairleoirí "Council Connect" chun faisnéis a scaipeadh
8. Idirchaidreamh le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha chun cur chuige comhoibríoch a chruthú maidir le hoibriú le linn phaindéim COVID-19
9. Idirchaidreamh le Grúpa Comhairliúcháin COVID-19, ar a bhfuil ionadaithe oibríthe ceannais na gceardchumann agus an bhainistíocht shinsearach.
10. Rannpháirtíocht leis an bhFoireann Bainistíochta Géarchéime de réir mar is gá

## Core

Rinneadh Leagan 28 – Céim 2 Bainistíocht Daoine, (Riarachán Acmhainní Daonna a Aistriú ó BackOffice go Tairseach), a rolladh amach go náisiúnta chuig formhór na nÚdarás Áitiúil, lena n-áirítear Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in 2022 agus cuirfead tús leis an gcuid eile de na hÚdarás Áitiúla i Ráithe 1 2023.

Tá dul chun cinn déanta ar obair le MakoData ar chur i bhfeidhm na nDeaiseanna Anailísíochta Sonraí AD agus tá 21 ÚÁ beo leis an ardán anois. Leanfaidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) agus MakoData ar aghaidh iad sin a rolladh amach

chuig na hÚdarás Áitiúla eile agus cuirfidh siad tús freisin le hobair le Grúpa Stiúrtha Straitéise Daoine na hearnála agus leis an gCoiste um Chaighdeán Náisiúnta chun úsáid na ndeaiseanna a leabú tuilleadh ar fud na hearnála.

## Ionad Seirbhísí Comhroinnte MyPay – Aoisliúntas agus Párolla

Ó aistríodh feidhm aoisliúntais na Comhairle go MyPay i Lúnasa 2018, tá MyPay ag déileáil anois le formhór na bhfiosrúcháin ar aoisliúntas le tacaíocht ó Fhoireann Aoisliúntas na Comhairle. Leanann MyPay le feidhm an Phárolla a riaradh le tacaíocht ón bhFoireann Párolla sa Chomhairle.

## Aoisliúntas

Seachas Seimineáir Réamhscoir a sholáthar agus cuidiú le baill foirne le ceisteanna éagsúla, is iad seo a leanas na sonraí idirbheartaíochta don Fhoireann Aoisliúntas do 2022.

Fostaithe Nua	190
Lucht fágála	123
Aisiócaíochtaí	48
Dul ar scor	28
Sochair Choinnithe	3
Aisce na gComhaltaí	1
Aisce Comhraiceora Dóiteáin ar Áirithíocht	2
Pinsinéirí nach maireann/Pinsinéirí Cleithiúnacha	45
Pinsin Cleithiúnaí Nua	7
Deimhnithe Blianachta	995

## Párolla

Déanann an Rannóg Párolla maoirsiú ar íocaíocht tuarastail agus phá le baill foirne atá ann cheana féin agus ar íocaíocht pinsean le baill foirne ar scor. I rith 2022, chuir an t-aonad párolla na méaduithe pá infheidhme i bhfeidhm ar 1/2/22 agus 2/2/22. Ag deireadh 2022 bhí 1,476 fostaí íoctha tríd an bpárolla mar aon le 990 pinsinéir. Ba é an bille Párolla do 2022 ná €93.5 milliún.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Lean an Roinn Acmhainní Daonna, agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina iomláine, ag cothú caidreamh táirgiúil lenár gcomhghleacaithe sna ceardchumainn i rith 2022. Tharla an rannpháirtíocht sin trí chruinnithe ráithiúla den fhóram Comhpháirtíochta agus freisin trí chruinnithe foirmiúla rialta agus trí idirphlé leanúnach le ceardchumainn aonair.

## Earcaíocht

Leanann an Rannóg Earcaíochta ag cur le forbairt próiseas Pleanála Fórsa Saothair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag cinntiú go bhfuil an Chomhairle suite go maith chun freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta agus ar riachtanais seirbhíse ár saoránach.

Leanadh le hearcú ball foirne nua sa Chomhairle in 2022 agus reáchtáladh 63 comórtas san iomlán trí mheascán de mhodhanna ar líne agus duine le duine. Rinneadh 658 agallamh aonair le haghaidh post laistigh den Chomhairle in 2022.

I measc na bpróiseas earcaíochta mór bhí na próisis sin do Fhreastalaí Leabharlaine, Oibreoir Rialaithe Éigeandála, agus Maor Páirce. In 2022 freisin reáchtáladh comórtas nua amhail Suirbhéir Cainníochta Feidhmiúcháin agus Coimeádaí Cúnta Músaeim.

Bhí feachtais earcaíochta leanúnacha ar siúl in 2022 don fhoireann theicniúil, innealtóireachta, ailtireachta agus TFC go háirithe mar gheall ar na dúshláin atá le sárú san earnáil rialtais áitiúil agus na ról sin a líonadh.

Reáchtáladh agallaimh freisin do phoist amhail Oifigeach Riaracháin, Oifigeach Foirne Sinsearach, Oifigeach Foirne, Oifigeach Foirne Cúnta agus Oifigeach

Cléireachais le linn 2022 agus iarrthóirí gearrliostaithe ó na comórtas tosaigh a reáchtáladh an bhliain roimhe sin.

Tá ár Sceideal Earcaíochta á nuashonrú agus á leasú i gcónaí chun a chinntiú go dtacaíonn an eagraíocht leis na héilimh sheirbhíse a theastaíonn.

Dóibh siúd atá ag ullmhú iarratas, tá Físeáin Ullmhúcháin Agallaimh agus ár Leabhrán Ullmhúcháin Agallaimh ar fáil saor in aisce do chách, ar ár n-Ardán Foghlama agus Folláine ag <http://training.limerick.ie/>

## Foghlaim agus Folláine

D'eagraigh an tAonad Foghlama agus Folláine clár oiliúna agus ceardlann chun freastal ar riachtanais na bainistíochta agus na foirne araon ag eascairt as meascán d'iarratais a fuarthas tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), agus riachtanais oiliúna aitheanta na heagraíochta. Bhí an-éileamh ar oiliúint in 2022, agus í ar an gcéad bhliain tar éis Covid-19 ar cuireadh tús arís le roinnt oiliúna ar an láthair. Seachadadh an clár trí mheascán d'imeachtaí ar líne agus duine le duine, agus bhain breis is 1300 ball foirne leas as leibhéal éigin oiliúna i rith na bliana (féach an chéad leathanach eile).



Ainm an Chúrsa	Líon Lucht Freastail
MS7 Éilimh a Ardú	184
MS7 - Buiséid agus Táblaí Comhardaithe	110
Pleanáil Scoir	18
Teastas i mBainistíocht Sábháilteachta	1
Modúil Dramhaíola, Sligeach	2
Bainistiú Fiachais FR	4
Cúrsa ar Thithíocht Aoisbháúil & Réimse Poiblí	14
Bainistíocht Tionscadal	1
Oiliúint MAPA do mhaoir thráchta	8
Cúrsa Snámha Mara Níos Sábháilte	1
Oiliúint Tiománaí Orangeworks 4x4 CPC	11
Réamhrá don Chúrsa Tús Áite do Leanáí	1
Ceardlann Freagartha ar Shárú Sonraí	1
Cruinniú Mullaigh ar Éagsúlacht & Cuimsiú	1
Oiliúint Soláthair Ghlais (Gníomh aeráide)	82
Oiliúint Churadh-cheannaireachta	5
Cúrsaí Oiliúna Ros Cré - Timpeallacht Bóithre/Uisce	/ 48
Oiliúint Leibhéil Éagsúla Microsoft Excel agus Word	170
Ceardlanna Aireachais	40
Scribhneoireacht Tuairisce	10
Bainistíocht Ama	7
Cúrsaí Miontuairiscí	13
Cúrsa Bunúsach Ríomhaireachta	10
Oiliúint Ladrann	3
Ceadúnas Trucaile C - Ceachtanna & Tástáil	3
Sraith 0 - Bunchúrsa Soláthair Oibreacha Poiblí	59
Sraith 1 - Scileanna Tráchtála do Thionscadail Oibreacha Caipitil Poiblí	13
Scileanna Cur i Láthair	29
Scileanna Idirbheartaíochta	32
Oiliúint i Scileanna Cumarsáide	27
Microsoft Office SharePoint	16
Oiliúint sna Meáin Shóisialta	33

Ainm an Chúrsa	Líon Lucht Freastail
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	1
Cúrsa Adobe Photoshop	19
Oiliúint don Oiliúnoir	10
Bainistíocht Coinbhleachta	28
Feasacht ar Fhéinmharú Safetalk	17
PowerPoint	12
A-Z an Rialtais Áitiúil	61
Cathaoirleacht Cruinnithe Éifeachtacha	18
AutoCAD 3D	1
Cásanna agus Oiliúint Rólghníomhaíochta do Chleachtóirí Tithíochta	4
Oiliúint maidir le Dínit ag an Obair do Dhaoine Teagmhála	7
Cúrsa Rialaithe Foirgníochta CTF - Modúl 3 Sábháilteacht ó Dhóiteán	3
Oiliúint Iniúchta Inmheánaigh	4
Oiliúint ar Astuithe Gal Peitriiliam	5
Modúl 3 Eolaíocht Dobharcheantair	7
Oiliúint Bainistíochta Maoirseachta	15
Oibríochtaí Gléasra Cóireála Uisce	5
Innealtóireacht Bóithre IAT	4
PCSI - Innéacs um Ríocht Dromchla Pábhála - Tuath agus Cathair	1
Oiliúint Tógála Acmhainne do bhaill nua na bhFoirne Gníomhaíochta Aeráide	14
Cigireacht Innealtóireachta Droichead	4
Oiliúint Fótvoltachais Gréine	3
Teicnící Bailithe Fiachais	6
Dlí Fostaíochta - Smacht, Gearán agus Imscrúduithe san Ionad Oibre	1
Oiliúint ar Líne R-thairiscintí	75
Oiliúint ar Líne Feasachta Uathachais	23
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,305</b>

Leanadh leis an gclár oiliúna náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i mbliana agus chuir 82 ball foirne ceann amháin nó níos mó de na sé shnáithe i gcrích in 2022.

Seachadadh clár cuimsitheach ar Rialachas Airgeadais ar fud na heagraíochta. Tá an cúrsa ar líne sin, a forbraíodh go himheánach, déanta ag 827 ball foirne go dtí seo. Leanann an-tóir ar chúrsaí tosaigh an Fhorais Riaracháin sa Rialtas Áitiúil agus thug 61 ball foirne (iontrálaithe nua go príomha) faoi A-Z an Rialtais Áitiúil, agus 19 ag críochnú an chúrsa Teastas FR sa Rialtas Áitiúil. Tá 10 ball foirne eile ag tabhairt faoin Dioplóma sa Rialtas Áitiúil. Bhí spéis láidir sa rogha oideachais leanúnaigh freisin, agus fuair 15 ball foirne tacaíocht airgeadais chun staidéar breise a dhéanamh.

Seachadadh an oiliúint ionduchtaithe ar líne, atá á nuashonrú go leanúnach le faisnéis nua, do 167 iontrálaí nua in 2022. Leanadh air seo le roinnt laethanta oiliúna ionduchtúcháin ar an láthair. Ós rud é gurbh í an chéad bhliain tar éis Covid-19 imeachtaí den sórt sin a reáchtáil, tugadh cuireadh do gach ball foirne a tháinig isteach sa Chomhairle ó 2020 i leith a bheith i láthair. Bhí spéis láidir ann agus d'fhreastail 152 ball foirne ar na trí dháta oiliúna a cuireadh ar fáil.

## Folláine

Seachadadh raon cúrsaí agus tacaíochtaí i réimse na Sláinte agus na Folláine in 2022, lena n-áirítear:

Nuachtlitr Mhíosúil Folláine	12 eagrán
Cainteanna sláinte (*2)	65 lucht freastail
Oiliúint Feasachta Uathachais	25 lucht freastail
Ceardlanna aireachais (*7)	40 lucht freastail
Feasacht ar Fhéinmharú	17 lucht freastail
Cúrsaí Réamhscoir (*2)	18 lucht freastail
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	144 iarratas
Dearbháin Specsavers	70 eisithe

Cuireadh clár vacsaínithe Flú ar fáil i mbliana freisin don fhoireann atá ag obair i seirbhísí túslíne. Reáchtáladh sé chlinic i dtí ionad éagsúla, agus tugadh 392 vacsaín san iomlán.

## FEABHSÚ GNÓ

Is foireann iad an Roinn Feabhsúcháin Gnó a thiomáineann an cur chuige Feabhsúcháin Gnó agus a thacaíonn leis i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá tionscadail iolracha ar siúl laistigh den eagraíocht ag aon am ar leith a úsáideann ár gcur chuige 'Sainmhínigh, Tomhais, Anailísigh, Feabhsaigh, Rialaigh'. Cuireann an roinnt roinnt seirbhísí ar fáil lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar d'fhoireann a bhfuil deis feabhsúcháin aitheanta acu. Treoraímid iad tríd an gcur chuige, cabhraímid leo tacaíocht sonraí a bhailiú chun cinní eolasacha a dhéanamh deiseanna agus torthaí a lorg agus uirlisí cosúil le mapáil próisis agus léaráidí cúise agus éifeachta a úsáid chun scéal a bhfeabhsaithe a insint. Rinneadh cúig cinn déag de cheardlanna éagsúla oiliúna agus tacaíochta go cianda in 2022. De réir mar a fhorbraíonn an Roinn Feabhsúcháin Gnó, cuirtear níos mó béime ar fhianaise agus ar thomhas chun a chinntiú go mbíonn cinní eolasach.

In 2022 rinneadh dul chun cinn ar thionscadal Feabhsúcháin Gnó chun bogadh i dtreo oifig gan pháipéar. Déantar trí cinn déag d'fhoirmeacha foirne inmheánacha a phróiseáil anois trí shreabhadh oibre digitithe agus táthar ag súil go ndéanfar gach foirm foirne a phróiseáil go digiteach faoi dheireadh 2023. Mar thoradh ar an digitiú sin tá laghdú de bheagnach 10,000 píosa páipéir san eagraíocht. D'oibrigh an fhoireann Feabhsúcháin Gnó freisin chun íocaíochtaí a aistriú ar líne nuair a tugadh isteach <http://www.payments.limerick.ie> dár dtionóntaí íocaíochtaí Dóiteáin agus RAS agus Cíosa.

Go luath in 2020, thug an fhoireann Feabhsaithe Gnó aip fostaithe isteach ar a dtugtar 'Ceangail na Comhairle'. Le níos mó ná 600 ball foirne gan rochtain ar ríomhphost, thug an aip an deis dúinn fógraí fíor-ama a thabhairt don fhoireann ar fad ar an bhfaisnéis sláinte agus sábháilteachta ar fad, ar fhaisnéis beartais AD agus ar fhógraí folláine fostaithe. In 2021, bhuaigh an aip Foirne an gradam do Nuálaíocht sna gradaim Shármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil.

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an t-aon údarás áitiúil in Éirinn a bhfuil ár dtionscadail chaipitil go léir á mbainistiú trí chóras bainistíochta tionscadal néalbhunaithe Cora. Is bunsprioc inghnóthaithe de 'Tionscadal 18' é Cora, a bhfuil sé mar aidhm aige Creat



Bainistíochta Tionscadail a leabú i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá breis is 270 tionscadal á mbainistiú trí Cora anois. Comhtháthaíodh an córas le Agresso, ár gcóras bainistíochta airgeadais, ag cinntiú go ndéantar am, scóip agus airgead a rianú thar gach tionscadal. In 2020, chuireamar feidhmiúlacht bhreise le Cora chun ceadú digiteach a cheadú do gach socrú cóid poist agus coigeartú buiséid agus in 2022 cuireadh cumais tuairiscithe breise ar fáil dár bhfoireann bainistíochta chun trédhearcacht agus dea-rialachas a chinntiú ar gach tionscadal Caipitil.

Ag teacht lenár dtiomantas do rannpháirtíocht na saoránach, in 2022 baineadh úsáid leanúnach ar fud na comhairle as My Point, ár dtairseach rannpháirtíochta ar líne <https://mypoint.limerick.ie/>. Ligeann an tairseach dár saoránaigh a dtuairimí a nochtadh ar thionscadail atá á bhforbairt ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus in 2022 chonacthas breis is 60 comhairliúchán poiblí agus 13 suirbhé ar thacaigh Feabhsú Gnó leo tríd an tairseach sin.

Leanfaidh an Roinn Feabhsúcháin Gnó ar aghaidh ag obair leis na ranna go léir chun iniúchadh a dhéanamh ar gach ardán rannpháirtíochta féideartha chun léargas a thabhairt ní hamháin ar an méid a theastaíonn ónár saoránaigh ach freisin chun feidhmiú mar thomhas ar ár n-éifeachtacht. Leanann an roinn freisin ag éascú an ‘Líonra Idirchaidrimh Foirne’, ardán cumarsáide débhealaigh don fhoireann chun feabhsuithe gnó féideartha laistigh dá réimse a phlé. Soláthraíonn na líonraí deiseanna don fhoireann a dtuairimí a chur in iúl ar fheabhsuithe féideartha, labhairt le comhghleacaithe faoi dheiseanna athraithe ina ranna agus aiseolas a sholáthar ar dhréacht-tionscadail.

Léiríonn foireann tiomnaithe Feabhsúcháin Gnó tiomantas iomlán Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do sholáthar seirbhísí sofheagracha, éifeachtacha agus nuálaíocha agus leanfaimid orainn ag déanamh ár ndícheall chun an caighdeán is airde seirbhíse a sholáthar dár saoránaigh.

## AN ROINN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, RIALACHAIS AGUS SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Seirbhísí Custaiméara réimse leathan seirbhísí tacaíochta don Mhéara, do Chomhairleoirí, d’fhoireann agus do bhainistíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Maidir leis sin, is príomhról atá ag an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Seirbhísí Custaiméara ná Riarachán Cruinnithe do Chruinnithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, don Cheantar Ceannchathartha, agus don Chomhchoiste Póilíneachta chomh maith le Seisiúin Eolais Toghcheantair Áitiúil. Déileálann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Seirbhísí Custaiméara freisin le Cosaint Sonraí, Cartlanna, Sláinte agus Sábháilteacht, Bainistíocht Áiseanna, Soláthar, Seirbhísí Custaiméara, Clár na dToghthóirí agus Rialachas Corparáideach. Cuireann sí tacaíocht ar fáil freisin d’Oifig an Mhéara agus bainistíonn sé Caidrimh Nasctha/Chomhchathracha, Fáiltithe Cathartha agus Méara, an Plean Corparáideach, an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, Scéim na Gaeilge, Beartas um Chosaint Leanaí agus réimse leathan de sheirbhísí coimhdeacha a bhaineann le gnó na Comhairle.

### Fáiltithe Cathartha

Ní raibh fáiltithe cathartha ar siúl in 2022.

### Saoirse Luimnigh

Bronnadh Saoirse Luimnigh ar Vicky Phelan an 3 Feabhra, mar aitheantas ar a cinneadh spreagthach misniúil a scéal a insint agus as a bheith ina habhcóide ar son chearta na mban agus díriú ar an tábhacht a bhaineann le cúram sláinte ceart agus tráthúil do mhná, trí thacú le cearta agus dínit na ndaoine sin ag deireadh a saoil agus sa phróiseas ár sochaí a chlaochlú chun feabhais.

## Fáiltithe an Mhéara

Reáchtáladh na fáiltithe Méara seo a leanas in 2022:

**Billy Barrett**, mar aitheantas ar a sheirbhís thiomanta thar 40 bliain go deonach agus go gairmiúil do chuid de na saoránaigh is leochailí i Luimneach.

**Terry Byrne**, mar aitheantas ar a sheirbhís thiomanta thar 40 bliain go deonach agus go gairmiúil do chuid de na saoránaigh is leochailí i Luimneach.

**Michael J. Ryan**, mar aitheantas ar an méid a rinne sé do Chosaint Shíbhialta Luimnigh agus a sheirbhís thiomanta di thar 60 bliain.

**Catherine Duffy**, mar aitheantas ar a ceannaireacht den scoth i gcúrsaí gnó agus a tiomantas chun Luimneach a chur chun cinn go heacnamaíoch.

**Vicki O'Toole**, mar aitheantas ar a ceannaireacht den scoth i gcúrsaí gnó agus mar inspioráid d'fhiontraíthe nua i Luimneach.

**Laura Ryan**, mar aitheantas ar a ceannaireacht agus í ag tabhairt aghaidh ar íomhá Luimnigh agus ag cruthú branda chun Luimneach a thiomáint go heacnamaíoch, go sóisialta agus go cultúrtha.

**Liam Dillon**, mar aitheantas ar an obair dheonach a rinne sé do Phobal Chathair Dháibhín le breis agus 40 bliain.

**Michael Graham**, mar aitheantas ar a sheirbhís thiomanta do Chlub CLG an Chlocháin thar 50 bliain.

**Declan Real**, mar aitheantas ar a sheirbhís dheonach don earnáil óige agus pobail thar 35 bliain.

**Foireann Haca Shinsearach na mBan na hInstitiúide Caitlicí**, mar aitheantas ar éacht a rinne Fhoireann Haca Shinsearach na mBan na hInstitiúide Caitlicí i gCorn Sinsearach na mBan in 2022 a bhuachan. Ba é sin buaicphointe na bliana rathúla iontaí don haca san Institiúid.

**Paul Foley**, mar aitheantas ar a cheannaireacht thiomanta agus phaiseanta i Luimneach níos fearr a chruthú go sóisialta, go cultúrtha agus sa spórt.

**Linda Ledger**, mar aitheantas ar a ceannaireacht thiomanta ag tacú le pobail ar fud Luimnigh ag cabhrú le Luimneach níos cuimsithí a thógáil.

**Mawuli MuRli Boevi**, Denise Mwaka Chaila agus Munyaradzi Godknows Jonas mar aitheantas ar a n-éachtaí sa cheol agus a gceannaireacht maidir le Luimneach a athshainiú go cultúrtha agus go sóisialta.

**Cosaint Shíbhialta Luimnigh**, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach acu chun cabhrú le linn COVID-19 agus ghéarchéim leanúnach na hÚcráine.

**Tony Fitzgerald**, mar aitheantas ar a shaol oibre le Club Sacair Ruaigirí Bhaile Uí Neachtain, Club Dornálaíochta Naomh Mainchín agus go leor eagraíochtaí spóirt agus pobail eile.

**Giomnásiam Comhraic Luimnigh**, mar aitheantas ar a n-éachtaí iontacha ag Craobhchomórtais Chidhornaíochta an Domhain de chuid Chumann Cidhornaíochta an Domhain (WKA).

## Fáiltiú Cheantair Cheannchathartha

I mí na Bealtaine 2022, d'óstáil Cathaoirleach Cheantar Ceannchathartha Luimnigh, an Comhairleoir Catherine Slattery, Fáiltiú agus Bronnadh Scrolláil do dhaoine aonair/grúpaí mar aitheantas ar a nObair Dheonach nó ar a nÉachtaí Spóirt ina bpobal áitiúil sa Cheantar Ceannchathartha.



## Toscaireachtaí a Thastil Thar Lear

Thastil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler in éineacht leis an Stiúrthóir Seirbhíse agus Oifigeach Riaracháin, Trádála agus Infheistíochta, go Londain agus Manchain ó 14 – 17 Feabhra, chun dul i dteagmháil le Diaspóra Luimnigh sa dá chathair agus deiseanna a fhiosrú chun an nasc idir Luimneach agus muintir Luimnigh ar fud an domhain a neartú.

D'fhreastail na Comhairleoirí Liam Galvin, John Sheahan, Frankie Daly, Brigid Teefy, Catherine Slattery in éineacht leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Oifigeach Riaracháin, Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachais, ar Pharáid Bhliantúil Lá Fhéile Pádraig i Rockaway Beach, Queens, Nua Eabhrac ar 4 – 7 Márta. D'fhreastail an toscaireacht freisin ar Aifreann ar son na Síochána agus an Cheartais ag Séipéal Naomh Proinsias de Sales, Rockaway agus bhuaill siad freisin le hionadaithe ó CLG Luimnigh áit ar tugadh cur i láthair dóibh mar aitheantas ar a n-iarrachtaí chun an nasc le diaspóra Luimnigh a chothú agus a choinneáil agus chun deiseanna agus teagmhálacha eacnamaíocha féideartha a fhorbairt.

Bhí Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Tom Ruddle, i gceannas ar thoscaireacht ar a raibh na Comhairleoirí Michael Donegan, Kieran O'Hanlon, Olivia O'Sullivan, Dan McSweeney agus Joe Leddin agus, beirt Stiúrthóirí Seirbhíse agus Oifigeach Riaracháin, Trádáil agus Infheistíocht, ina dteannta, thastil siad go Nua-Eabhrac do Pharáid Lá Fhéile Pádraig ón 14 - 18 Márta. Ghlac baill den toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí le linn a gcuaire agus é mar aidhm acu Luimneach a chur chun cinn, caidrimh ghnó níos doimhne a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh le pobal diaspóra Luimnigh.

Thug Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, in éineacht leis an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Trádáil agus Infheistíocht, cuairt ar Londain chun Paráid Londan Lá Fhéile Pádraig a threorú ar iarratas ó Chumann na nDeoraithe Éireannacha i Londain 11-20 Márta. D'fhreastail siad freisin ar bhricfeasta Lá Fhéile Pádraig arna óstáil ag na Deoraithe Éireannacha agus ar lón in Ambasáid na hÉireann i Londain arna óstáil ag an Taoiseach, an tUasal Micheál Martin. Chuir an

cuairt seo ar Londain leis an gcuaire níos luaithe ar Londain chun cuairt a thabhairt ar an Diaspóra sa RA a raibh sé mar aidhm aige na nasc le muintir Luimnigh atá ina gcónaí/ag obair sa RA a dhoimhniú.

Thastil siad freisin go Greenville, Carolina Theas, chun cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú Dhomhanda Ortec Inc a thóg agus a d'oscail a gcéad áis thar lear sa Chaisleán Nua. Bhuaill an Méara freisin le hionadaithe ó Chumann Forbartha Cheantar Greenville chun faisnéis a mhalartú agus chun réimsí comhleasa a phlé.

Thastil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, ansin go Savannah, Georgia agus bhuaill sé leis na Comhairleoirí Michael Collins, Azad Talukder, Martin Ryan, Sarah Kiely, Conor Sheehan, Emmet O'Brien, Adam Teskey agus Stiúrthóir Seirbhíse agus Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí Custaiméirí, agus d'fhreastail sé ar an 197ú Paráid Bhliantúil Lá Fhéile Pádraig atá ar cheann de na Paráidí Lá Fhéile Pádraig is mó ar domhan. Deis iontach a bhí sa chuairt chun leanúint leis na nasc eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha idir Savannah agus Luimneach. Eagraíodh roinnt cruinnithe le príomhpháirtithe Savannah agus cruthaíodh nasc thábhachtacha le Comhaltaí agus le Feidhmeannaigh Chathair Savannah, Cumann Forbartha Eacnamaíochta Savannah agus an Lárionad Trádála Domhanda i Savannah.

Thastil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, go Londain chun freastal ar an imeacht 'Luimneach go Londain' a chomóradh turas sé lá long oidhreacht an Ilen ó Dhuganna Luimnigh go Duga Naomh Cairtriona, Londain 3 - 5 Márta 2023.

Thastil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, in éineacht leis an Stiúrthóir Gníomhach Seirbhíse agus Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Trádáil agus Infheistíocht, go Austin agus Santa Clara, SAM, 8 – 11 Meitheamh, tar éis cuireadh a fháil ó Mhéara Austin agus Méara Santa Clara. Ghlac an toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí le linn na cuairte leis an gcuspóir Luimneach a chur chun cinn, caidrimh ghnó níos doimhne a fhorbairt, nasc chomhchathrach a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh le pobal diaspóra Luimnigh. Bhuaill an toscaireacht le Grúpaí Gnó agus Diaspóra na

hÉireann, Méara Austin, an GFT, Fiontraíocht Éireann agus an tArd-Chonsal, an Rúnaí Cúnta Stáit agus foireann Fhoirgneamh Chaiteatól Stáit Texas, Cumann na gComhcathracha Austin, Cuibhreas Oideachais Idirnáisiúnta Texas, na Buachaillí Bó Ceilteacha, GFT in Mountain View, California agus thug siad cuairt ar Capital Factory Austin agus Fiontraíocht Éireann, San Francisco.

Thaistil an Comhairleoir Francis Foley, Méara nua Chathair agus Chontae Luimnigh, in éineacht le Bainisteoir Clár an AE, go Perugia, an Iodáil, 20 – 23 Iúil, chun freastal ar chruinniú deiridh Thionscadal Faigh Do Mhórgacht URBACT III ina bhfuil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina comhpháirtí rannpháirteach. Ghlac an toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí in éineacht leis an gcruinniú féin agus é mar chuspóir acu béim a chur ar an obair atá déanta ag Luimneach sa tionscadal sin, na dea-chaidrimh a forbraíodh leis na cathracha comhpháirtíochta eile sa tionscadal a dhoimhniú, deiseanna comhoibrithe tionscadail amach anseo a fhiosrú agus na cleachtais is fearr a roinnt maidir le cultúr, turasóireacht, cathracha cliste agus fiontraíocht.

Thaistil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, in éineacht leis an Stiúrthóir Seirbhíse agus Oifigeach Riaracháin, An Roinn Feabhsúcháin Gnó, go hAmstardam 8 – 11 Deireadh Fómhair, chun freastal ar Bloomberg CityLab 2022. Cruinniú mullaigh cathracha domhanda é CityLab arna eagrú ag Daonchairdeas Bloomberg i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Aspen a thugann Méaraí domhanda le chéile mar aon le nuálaithe cathrach mór le rá, ceannairí gnó agus saineolaithe uirbeacha chun réitigh inmhacasamhlaithe ar shaincheisteanna práinneacha a phlé agus a aimsiú. Ghlac an toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí leis an gcuspóir béim a chur ar Luimneach agus nuálaíocht i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe tionscadail amach anseo, comhroinnt agus foghlaim ón gcleachtas is fearr i gcathracha eile agus caidrimh agus teagmhálacha a fhorbairt ó Údaráis Áitiúla i cathracha ar fud an domhain.

Thaistil Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O’Hanlon in éineacht leis na Comhairleoirí Olivia O’Sullivan, Cathaoirleach an Cheantair Cheannchathartha, Sarah Kiely, Michael

Sheahan, Sasa Novak, Sean Hartigan, in éineacht le triúr Innealtóirí Sinsearacha Feidhmiúcháin agus Innealtóir Sinsearach go Utrecht, an Ísiltír, 16 go 19 Deireadh Fómhair, tar éis aiseolas dearfach a fháil ó údaráis áitiúla eile ar na coincheapa a bhí in úsáid maidir leis an ngréasán rothaíochta laistigh de Utrecht. Ghlac an toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí agus é mar chuspóir acu béim a leagan ar an gcaoi is féidir an líonra rothaíochta laistigh de Utrecht a chur i gcomparáid le ceann Luimnigh, doimhneacht an eolais maidir le rothaíocht a dhoimhniú, deiseanna comhoibrithe tionscadail amach anseo a fhiosrú agus dea-chleachtais a roinnt.

D’fhreastail Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, in éineacht le Ceann na Seirbhísí Digiteacha agus Chláir an AE agus Bainisteoir Clár, Seirbhísí Digiteacha, ar Chomhdháil Dhomhanda Cathracha Cliste 2022 in Barcelona ar an 14 – 18 Samhain. Bhí sé sin ar cheann de na himeachtaí Cathracha Cliste is mó ar domhan a mheall ionadaithe ó gach cearn den domhan. Bhuail an toscaireacht le toscairí ó raon leathan cuideachtaí a oibríonn i réimsí an athraithe aeráide, na soghluaisteachta, na n-ardán sonraí, an bhainistithe tráchta, na bainistíochta sluaite mar aon le héagsúlacht soláthraithe taithí réaltachta méadaithe agus fíorúla. Bhuail an toscaireacht freisin le roinnt cuideachtaí a sholáthraíonn réitigh dhigiteacha dhéitheicneolaíochta agus ardáin dhigiteacha a d’fhéadfadh a bheith ríthábhachtach chun spriocanna laghdaithe carbóin na Comhairle a thomhas agus a bhainistiú. Chruthaíodh trí fhreastal ar an gComhdháil Dhomhanda Cathracha Cliste roinnt nasc agus deiseanna suntasacha nua do Chathair agus Chontae Luimnigh agus nasc le ceannairí tionscail agus cathrach a bhfuil dúshláin chomhchosúla le sárú acu i Luimneach.



## Comhchoiste Póilíneachta

Tionóladh cúig chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta in 2022. Tugann na cruinnithe deis do chomhoibriú idir An Garda Síochána, ionadaithe poiblí agus baill den phobal. I measc cuid de na hábhair a pléadh tá:

- Staitisticí Coireachta ó Anailísí Sinsearach Faisnéise
- Comhairliúchán ar Scéimeanna CCTV Pobail de réir Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005
- Imeaglú a bhaineann le drugaí
- Tuarascáil Bhliantúil 2021 an Chomhchoiste Póilíneachta
- Athchóiriú ar Shamhail Fheidhmeach Oibriúcháin an Gharda Síochána
- Timpistí tráchta bóthair laistigh de Rannán Luimnigh agus pleannanna coiscithe
- Straitéis Bhuirgléireachta agus Tráchta i bhfeidhm thar thréimhse na Nollag
- Ceiliúradh Céad Bliain an Gharda Síochána
- Straitéis Iompair Fhrithshóisialta
- Plean Póilíneachta Rannán an Gharda Síochána 2023
- Oibríocht Croí
- Oibríocht Rothar
- Teagmhais d'iompar coiriúil tromchúiseach agus gníomhaíocht fhrithshóisialta i Ráth Caola

## Clár na dToghthóirí

Is éard atá i gClár na dToghthóirí ná liosta de na daoine go léir os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu i gCathair agus i gContae Luimnigh atá i dteideal vótáil i dtoghcháin don Dáil, do Pharlaimint na hEorpa, Toghcháin Uachtaránachta, Toghcháin Áitiúla agus Reifrinn. I mí Dheireadh Fómhair, rinneadh nuachóiriú ar Chlár na dToghthóirí agus athraíodh é chun bheith ina chlár rollta beo leanúnach. Is féidir le daoine clárú ar líne anois nó foirmeacha páipéir a íoslódáil lena gcomhlánú.

In 2022 bhí dhá Dháilcheantar i Luimneach.

Ba iad seo a leanas na toghcheantair agus líon na suíochán Dála i ngach ceann díobh:

- Cathair Luimnigh 4 Suíochán
- Contae Luimnigh 3 Suíochán

Amhail an 31 Nollaig bhí 139,311 Toghthóir Uachtaránachta agus 146,583 toghthóir Rialtais Áitiúil ar Chlár Rollach na dToghthóirí 2022. Tá an Toghthóireacht Rialtais Áitiúil briste síos mar seo a leanas idir na sé Thoghcheantar Áitiúil:

• Áth Dara-Ráth Caola	23,171
• An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	27,777
• Cathair Luimnigh Thoir	25,304
• Cathair Luimnigh Thuaidh	25,496
• Cathair Luimnigh Thiar	22,639
• An Caisleán Nua	22,196

## An tAonad Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta

Tá foireann oiliúna thiomnaithe ag Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach as clár cuimsitheach oiliúna a dhreachtú agus a chur i bhfeidhm. Aithníodh riachtanais oiliúna do 2022 tríd an gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (CBFF) agus tugadh tosaíocht d'oiliúint sláinte agus sábháilteachta le haghaidh róil ar leith. Aithníodh riachtanais oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta freisin trí mheasúnuithe riosca a rinne bainisteoirí. Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, cuirtear oiliúint ar fáil go himheánach nuair is féidir ag baint úsáid as oiliúnoirí inmheánacha. Faightear oiliúnoirí seachtracha trí úsáid a bhaint as luachanna iomaíochta, lena n-áirítear oiliúnoirí a bhuaigh tairiscintí tríd an Ionad Oiliúna Réigiúnach i Ros Cré. Nuair a cuireadh deireadh le srianta Covid-19 go luath in 2022, cuireadh clár iomlán oiliúna ar fáil ina raibh aghaidh á tabhairt ar riaráiste a tharla de bharr srianta Covid-19.

Féach thíos liosta oiliúna a d'eagraigh an tAonad Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2022:

Cúrsaí	Líon Lucht Freastail
Rothaí Scrábacha	74
Láimhseáil Aispeiste	19
Bruachaire	36
Seirbhísí Faoi Thalamh a Aimsiú CSCS	8
Síniú, Soilsiú, Cosaint CSCS	25
Síniú, Soilsiú, Cosaint (Nuashonrú) CSCS	9
Dumpálaí Láithreáin CSCS	3
Láimhseálaí Teileascópach CSCS	13
Tarracóir CSCS	1
Sábh slabhrach	4
Spásanna Teoranta – Meánriosca	9
Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla (CPC) - Tíomáint	133
Ag Déileáil le hlompar lonsaitheach agus Foréigneach	111
Freagra Garchabhrach	27
Athnuachan Freagra Garchabhrach	15
Garchabhair Bhunúsach	16
Maor Dóiteáin	83
Bainisteoir Dóiteáin	11
Lomaire faiche agus Ciumhaisire	2
Láimhsíú	487
Rollóir Marcaíochta	29
Úsáid Shábháilte Lotnaidicídí	12
Pas Sábháilte	201
Gortuithe Géara agus Guaiseacha Bitheolaíochta	2
Ag obair ag Airde	11
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,341</b>



## Lá Náisiúnta Cuimhneacháin

D'óstáil an Chomhairle Searmanas Lae Cuimhneacháin ar an Domhnach, 10 Iúil chun ómós a thabhairt do gach fear agus bean Éireannach a fuair bás i gcogaí roimhe seo nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe. Ba é seo an deichiú bliain a reáchtáladh an searmanas ag Cé na gCeannaithe. Rinne an 12ú Cathlán Coisithe, Dún an tSáirséalaigh, an Garda Onóra agus tugadh onóracha míleata nuair a ardaíodh an Bhratach Náisiúnta ar lánchrann. Rinne ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach, ó Eaglais na hÉireann, ón gComhphobal Giúdach agus ó na Caecair an comóradh ilchreidmheach, ag a raibh Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley i gceannas.

Ba iad Cór 'The Curraghgower Singers' atá lonnaithe i Luimneach a chuir an ceol ar fáil don ócáid faoi stiúir an Chór-Mháistir, an tUasal Timothy Schinnick, in éineacht le Bulger, Don Phelan, an píobaire uilleann, Michael O'Connell agus an drumadóir, Sadhbh Ryan.



## Seisiún Seisiún eolais Toghcheantair Áitiúil don Cheantar Ceannchathartha

Is iondúil go mbíonn Seisiún Eolais Toghcheantair Áitiúil chun saincheistanna oibriúcháin a bhaineann le Cathair Luimnigh Thoir, Thuaidh agus Thiar a phlé ar an gcéad Mháirt agus Céadaoin de gach mí ach amháin i mí Lúnasa. Reáchtáladh 33 Seisiún Eolais iomlán in 2022.

## Seirbhís Urnaí na Nollag

Reáchtáladh Seirbhís Urnaí na Nollag i Halla Istabra, an Cheanncheathrú Chorpáraideach, Cé na gCeannaithe ar an 22 Nollaig agus ghlac Comhairleoirí agus baill foirne páirt ann.

## Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil

Éilíonn Alt 134 (a) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú, ar an bPríomhfheidhmeannach Plean Seachadta Seirbhíse a ullmhú gach bliain a shainaithníonn na príomhsheirbhísí atá le soláthar ag an gComhairle don phobal tar éis glacadh lena Buiséad Bliantúil. Leagann an Plean Seachadta Seirbhíse amach an clár oibre do gach Stiúirthóireacht bunaithe ar an mbuiséad glactha.

Ghlac na Comhaltaí Tofa ag a gCruinniú Comhairle i mí an Mháirt le Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2022 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Scaipeadh an t-athbhreithniú ar Phlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2021 ar na Comhaltaí mar chuid de Phlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2022.

## Scéim na Gaeilge 2019-2022

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go soláthrófar aon seirbhís nach bhfuil á sholáthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh lena dara Scéim Gaeilge do 2019 – 2022 ar an 1 Feabhra 2019 agus tá sí tiomanta do gach gné dá Scéim Gaeilge a sheachadadh. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh treoraithe ag an bprionsabal gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar réimse fachtóirí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le cur chuige

réamhghníomhach maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge, leibhéal an éilimh ar na seirbhísí sin:

- Na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas na Comhairle chun an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó a rochtain chun na seirbhísí sin a sholáthar.

Bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Grúpa Oibre Gaeilge tras-rannach a tháinig le chéile roinnt uaireanta chun gealltanais Scéim Gaeilge na Comhairle a chur chun cinn.

Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i mí na Nollag 2021 chun cur leis an dul chun cinn atá déanta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus chun soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tiomanta do riachtanais na reachtaíochta a chomhlíonadh agus thosaigh siad ag déanamh monatóireachta ar Fhógraíocht Ghaeilge in 2022.

## Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara

Áiríodh leis an gcaiteachas ar shiamsaíocht agus ar speansais ghaolmhara costais a bhain le Searmanas Shaoirse Luimnigh, Fáiltithe, scrollaí d'fhaighteoirí ag fáiltithe, costais lónadóireachta a bhain leis na bronntanais chéanna agus le bronntanais chorpáraideacha.

## Méara a Thoghtar go Díreach do Luimneach

Cheadaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bille Rialtais Áitiúil (Méara a Thoghtar go Díreach ag a bhfuil Feidhmeanna Feidhmiúcháin i gCathair agus i gContae Luimnigh) 2021 agus foilsíodh é in Aibreán 2021. Tar éis don Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht a Thuarascáil ar Ghrinnscrúdú Réamhreachtúil ar an Scéim Ghinearálta a fhoilsiú i mí na Samhna 2021, tá moltaí thuarascáil an Choiste á mbreithniú.

Thug an tAire O'Brien le fios do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go bhfuil dul chun cinn seasta á dhéanamh ar dhréachtú an Bhille chasta sin agus go bhfuil foilsíú an Bhille aitheanta mar thosaíocht ag an Roinn a luaithe is indéanta. Socróidh an Rialtas tráth na dtoghchán do mhéara i Luimneach a luaithe a achtófar an reachtaíocht.

### Sláinte agus Sábháilteacht

Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an dualgas atá uirthi sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus aon duine a bhféadfaí tionchar a bheith air as ár ngníomhaíochtaí oibre a chosaint chomh fada agus is féidir.

Tá córas bainistíochta sábháilteachta ag an gComhairle atá bunaithe ar an tsamhail feabhsúcháin leanúnach. Soláthraíonn Roinn Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle treoir agus tacaíocht, chomh maith le monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sláinte agus sábháilteachta ar fad.

Baintear feabhas leanúnach ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta amach trí chlár oibre bliantúil a aithint agus a chur i bhfeidhm. Gach bliain tugtar faoi thascanna breise ar chúiseanna mar iniúchadh, cigireacht, athrú ar an reachtaíocht.

Seo thíos tábla tascanna ar tugadh fúthu in 2022

Bunús Taisc	Uimhir	Dúnta	Oscailte
Clár Oibre	10	09	1
Tasc Breise	17	15	2
<b>Iomlán</b>	<b>27</b>	<b>24</b>	<b>3</b>

### Carlanna

I gcomhréir le hAlt 80 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, déanann Seirbhís Chartlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh soláthar do chaomhnú thaifid chartlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus rochtain orthu. Baineann na bailiúcháin chartlainne le feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus na comhlachtaí a tháinig roimpi. Áirítear sa bhailiúchán Leabhair Miontuairiscí, taifid airgeadais agus Orduithe an Bhainisteora a léiríonn riarachán áitiúil. Áiríonn an bailiúchán, tabhartais de bhailiúcháin thábhachtacha a bhaineann le Luimneach ó fhoinsí príobháideacha lena n-áirítear Páipéir De Vere na Cora agus an Comhlachas Tráchtála.

Fuair ceathrar oibríthe deonacha gradam 10 mBliana Seirbhíse agus bronnadh gradam 30 Bliain Seirbhíse ar bheirt oibríthe deonacha.

### Sábháilteacht Uisce

Bhí gardaí tarrthála fostaithe ag an gComhairle do dheireadh seachtaine Shaoire Bainc an Mheithimh agus ó mhí Iúil go tús mhí Mheán Fómhair ag Cé an Ghleanna agus Cé Choill Tíre. Bhí na gardaí tarrthála gnóthach arís i mbliana nuair a tháinig go leor cuairteoirí chuig na Céanna dá snámh laethúil agus seachtain sábháilteachta uisce á reáchtáil ag an gcoiste ceantair áitiúil.

Le héagsúlacht mheasctha aimsire i rith míonna an tsamhraidh, bhí snámh fós ar siúl. Reáchtáladh an snámh tras-abhann bliantúil ón gClár go dtí Cé an Ghleanna i mbliana in éineacht le Trí-atlan an Ghleanna, ar éirigh thar barr leo. Táthar ag súil go mbeidh líon níos mó ag an Trí-atlan an bhliain seo chugainn agus trí-atlan na bliana seo ag teacht salach ar thrí-atlain eile ar fud na tíre. Tá úsáid leanúnach á baint as an sleamhnán nua le

haghaidh gníomhaíochtaí bádóireachta, le go leor úsáideoirí uisce ag tabhairt aghaidh ar an inbhear ar chláir thonnmharcaíochta agus i mbáid bheaga.

Bhí an tseid nua a fuair an Chomhairle ag Cé an Ghleanna fíor-luachmhar chun trealamh garda tarrthála a stóráil i dtimpeallacht thirim agus shlán le linn shéasúr an tsamhraidh.

Leanadh ar aghaidh le hathsholáthar baoithe tarrthála mar ba ghá i Luimneach le cúnamh ón Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus ó ghrúpaí deonacha áitiúla agus foireann na Comhairle.



## SEIRBHÍSÍ UISCE

Bunaithe in 2013 mar fhóntas náisiúnta uisce na hÉireann, tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt ar fud na hÉireann. Aistríodh an fhreagracht reachtúil as bonneagar uisce agus fuíolluisce a oibriú agus as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sheachadadh chuig Uisce Éireann ar achtú Acht um Sheirbhísí Uisce 2013.

Chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Comhaontuithe Seirbhíse (S.L.A.) le hUisce Éireann. Sainmhíonann an S.L.A. an caidreamh idir an Chomhairle agus Uisce Éireann agus tá sé i bhfeidhm ó Eanáir 2014. Tá Uisce Éireann freagrach do dhá chomhlacht rialála – An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), arb é an rialtóir eacnamaíoch don tionscal uisce é, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) arb é an rialtóir comhshaoil é. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fós freagrach as an gclár uisce tuaithe agus leagtar amach thíos gníomhaíocht sa réimse sin.

### An Clár Uisce Tuaithe 2021

Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Comhshaoil an clár maoinithe trí bliana, ‘Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019 -2021’ isteach in 2019. Rinneadh an maoiniú don chlár sin a bhriseadh síos i sé chuid nó ‘Bearta’;

- Beart 1 - Cosaint Foinse
- Beart 2 - Comhlíonadh Sláinte Poiblí
- Beart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce
- Beart 4 - Grúpscéimeanna Uisce Nua
- Beart 5 - Scéimeanna a Aistriú go dtí an Earnáil Phoiblí
- Beart 6 - Naisc Phobail

Is é an leithdháileadh maoinithe iomlán do Chontae Luimnigh don chlár sin ná €1,483,998 scaipthe thar 15 Ghrúpscéim Uisce (GWS). Eisíodh na leithdháiltí don Chlár Ilbhliantúil i mí na Samhna 2019, mar sin cuireadh tús le hobair ar na tionscadail éagsúla laistigh den chlár in 2021. Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail:

#### GWS Iarthar Luimnigh (Cróch, Cill Íde, An Cheapach agus Greanach)

##### GWS Iarthar Luimnigh (Comhcheangailte)

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - suiteáil Limistéir Méadair Ceantair (DMA) agus Logálaithe Bulcmhéadair le nasc ar ais chuig Maoirseacht, Rialú agus Fáil Sonraí (SCADA) ar fud GWS Iarthar Luimnigh. Suiteáladh roinnt Logálaithe Bulcmhéadair agus tá os cionn 50% den obair nasctha don chóras SCADA i bhfeidhm anois.

##### GWS Luimnigh Thiar (Cróch)

Faoi Bheart 2 - Comhlíonadh Sláinte Poiblí - beidh gá le huasghráduithe gléasra i gCróch chun aghaidh a thabhairt ar cheist na níostráití.

##### Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi

Chaomhnú Uisce - síneadh 940m ar fhad an phríomhphíobáin chun freastal ar fhorbairt bhreise suímh ar thaobh Bhaile an Gharraí de Chróch. Chríochnaíodh na hoibreacha sin in 2022.

##### GWS Iarthar Luimnigh (Cill Íde)

Faoi Bheart 2 - Comhlíonadh Sláinte Poiblí - suiteáil monatóirí moirtiúlachta, monatóirí UVT agus suiteáil UV ag dhá fhoinsé. Chríochnaíodh suiteáil na gcóras UV nua in 2021 agus cuireann siad cumais mhonatóireachta UVT ar fáil. Suiteáladh monatóirí moirtiúlachta ar fud na scéime in 2022.

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - suiteáladh méadair shreafa aonair chun monatóireacht a dhéanamh ar an ráta astarraingthe ó Thobar Shanaghan agus ó Thobar Sléibhe Bhaile an Locha. Chríochnaíodh na hoibreacha sin go luath in 2022.

##### GWS Iarthar Luimnigh (An Cheapach)

Faoi Bheart 2 - Comhlíonadh Sláinte Poiblí - monatóireacht leanúnach UVT ag an bhfoinsé chun oibriú UV reatha a dhearbhu. Chríochnaíodh suiteáil an chórais UV nua in 2021 agus tá cumas monatóireachta UVT á chur ar fáil aige.

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - uasghrádú 300m de phríomhphíobán 25mm go dtí trastomhas 100mm. Tréigeadh an tionscadal sin toisc nár leanadh na rialacha soláthair cearta. Déanfar an scéim a mheas lena cur san áireamh in aghneacht do MARWP 2022-2024.

### **GWS Loch Goir**

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - séalú alt agus athsheoladh codanna nua den phríomhphíobán uisce chun iontaofacht seirbhíse sa todhchaí a chinntiú. Rinneadh na hoibreacha sin go déanach in 2021.

### **GWS Bhaile na Móna**

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - críochnaíodh suiteáil méadar sreafa agus comhlaí sciúrtha feadh an líonra in 2022.

### **GWS na Bearna-Ghleann Darach**

Faoi Bheart 1 - Cosaint Foinse - suiteáil fál imlíne timpeall na dtoibreacha agus an ghléasra ghaolmhair agus séalú na n-alt ina dtagann na fáinní coincréite ar líneáil na dtoibreacha fíorusce le chéile chun cosaint phríomha a chinntiú don screamhuisce. Críochnaíodh na hoibreacha sin i lár 2022.

Faoi Bheart 3 - Feabhsú Scéimeanna faoi Chaomhnú Uisce - suiteáil Sreamhmhéadar agus sconna samplála do na toibreacha uisce fuaráin chun cainníochtú a dhéanamh ar sceitheadh ó na fuaráin. Críochnaíodh an obair sin i lár 2022.

### **GWS na Ceathrún Airde Thiar**

Faoi Bheart 5 - Scéimeanna a Aistriú go dtí an Earnáil Phoiblí - rinneadh oibreacha breise uasghrádaithe don GWS a sholáthraítear go poiblí chun Tógáil i gCúram ag Uisce Éireann a éascú. Tá aighneacht á hullmhú do thógáil i gcúram na scéime go luath in 2023.

### **Fóirdheontas i leith Costais Oibriúcháin na nGrúpscéimeanna Uisce**

Soláthraíonn an deontas fóirdheontais oibriúcháin cúnaimh do ghrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce le haghaidh úsáid tí. Tá grúpscéimeanna uisce i dteideal fóirdheontas bliantúil agus réamh-fhóirdheontas a éileamh gach bliain. Phróiseáil an Chomhairle iocaíochtaí fóirdheontais chun cabhrú le costais oibriúcháin arbh fhiú €1,510,883.00 iad chuig 35 Grúpscéim Uisce in 2022.

### **Deontais Toibreacha Príobháideacha**

Phróiseáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 110 deontas ar luach €433, 139.67 in 2022.

Is é cuspóir an deontais cabhrú le sealbhóirí tí uisce óil inólta ar ardchaighdeán a sholáthar dá dtithe.

Deontais iníoctha faoi na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnaimh Airgeadais), 2016. Tá an scéim ar fáil chun cabhrú le húnéirí áitribh atá nasctha le soláthar uisce tí leis na costais a bhaineann le píopaí luaidhe nó feistis ghaolmhara a athsholáthar laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an áitribh, mar atá sainmhínithe san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007. Ní mór don iarratasóir áitiú san áitreabh lena mbaineann mar a p(h)ríomháit chónaithe príobháideach. Phróiseáil an Chomhairle deontas amháin dar luach €2,468.63 in 2022.

## Foireann freagartha don Úcráin

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh foireann nua ar bun in 2022 chun freagairt don ghá atá le lóistín éigeandála dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Chuir Luimneach fáilte roimh níos mó ná 3,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach (BoTP) ón Úcráin ó thús mhí an Márta le lóistín foinsithe do chóiríocht shealadach il-áitíochta ar son na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) ar fud na cathrach agus an chontae. Mar chuid den réiteach cóiríochta sin, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas;

- Oibríodh dhá ionad scíthe éigeandála (Naomh Lelia, Cill Íde agus iar-clochár sa Cheapach Mhór)
- Rinne sí réitigh chóiríochta oiriúnacha a aimsiú don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Tugadh tacaíocht d'oibreoírí príobháideacha na n-ionad cóiríochta chun dul i ngleic le riachtanais na gcónaitheoirí nua i Luimneach agus freagairt dóibh
- Tacaíodh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun réitigh chóiríochta a shainnithint, a shocrú, a aistriú agus tacú leo do Thairbhíthe de Chosaint Shealadach
- Tacaíodh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a trí thionscadail athchóirithe a scrúdú agus a mholadh lena mbreithniú faoin Tionscadal Athchóirithe Éigeandála (an Úcráin) chomh maith le suíomhanna oiriúnacha le haghaidh Tithe Mearthógtha féideartha
- Oibríodh leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun éascú a dhéanamh ar úsáid chóiríochta geallta Chrois Dhearg na hÉireann i Luimneach. Bhí 278 óstach i Luimneach faoi mhí na Samhna 2022
- Seoladh an Tionscnamh Tairg Réadmhaoín i Luimneach chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil réadmhaoín fholamh acu chun teach a thairiscint do Thairbhíthe de Chosaint Shealadach agus dá bharr sin tairgtear breis is 20 áit chónaithe le húsáid in 2023
- Oibríodh leis an bhFóram Pobail chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí timfhillte ar fáil do na cónaitheoirí nua i Luimneach
- Chuir sí fáilte roimh Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach na hÚcráine go hÉirinn, Larysa Gerasko go Luimneach agus buaileadh le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Oifigigh na Comhairle, baill an Fhórait Pobail agus cónaitheoirí Naomh Lelia an 21 Meitheamh
- Lorgaíodh agus fuarthas maoiniú Taistil Ghníomhaigh chun Mol Rothar Luimnigh a bhunú mar áis chun rothair dheonaithe a fháil, iad a dheisiú agus a bhronnadh ar theifigh a bheidh le feidhmiú ag Doras agus Comhpháirtíocht PAUL le cúnamh ó lontaobhas Cathartha Luimnigh agus Cosaint Shíbhialta Luimnigh. Fuair an Mol a chéad tabhartas de 19 rothar aisghafa ón nGarda Síochána, a deisíodh agus a deonaíodh go léir.



**FORBAIRT  
EACNAMAÍOCH  
AGUS  
FIONTRAÍOCHT**







# FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS FIONTRAÍOCHT

Sa scéal faoi athbheochan eacnamaíoch leanúnach Luimnigh, ba bhliain í 2022 inar labhair na torthaí ar a son féin. Níos mó ná 3,000 post nua cruthaíte agus infheistíocht de €705m níos airde ná riamh ag cuideachtaí lena n-áirítear Eli Lilly, Analog Devices, Johnson & Johnson, Kneat Solutions agus STATS Perform. Thacaigh ár nOifig Fiontair Áitiúil le 305 gnó dúchasach i Luimneach le Deontais Féidearthachta, Prímeála agus Leathnaithe Gnó agus tacaíochtaí oiliúna ardchaighdeáin.

Tá an Stiúrtóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta, atá freagrach as cur chun cinn agus forbairt Luimnigh, chun tosaigh maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar phríomhthionscadail agus spás ceannródaíoch a chur chun cinn chun tuilleadh infheistíocht isteach a mhealladh, lena n-áirítear críochnú an Ionaid Comhoibrithe Innill. Cuirfidh an áis úrscóthach sin dlús le nuálaíocht i Luimneach trí thimpeallacht thacúil a sholáthar chun leibhéil níos airde comhoibrithe a éascú agus a spreagadh idir cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus Gnólachtaí Nuathionscanta i gcoirlár ár gcathrach. Leanadh lenár n-athbheochan i lár na cathrach nuair a cuireadh críoch leis an tionscadal díonta geimhridh itheacháin lasmuigh ar Rae Bedford agus Sráid Thomáis agus rinneadh dul chun cinn breise ar athfhorbairt Shráid Uí Chonaill.

Mar rud nua eile, ghlac Baill Thofa na comhairle cónasctha leis an gcéad Phlean Forbartha comhdhlúite do Chathair agus Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh. Áirítear i bPlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 Straitéis Airde Tógála don Chathair, Straitéis Tithíochta do Luimneach, doiciméad athbhreithnithe Phlean Spáis agus Eacnamaíoch Luimnigh 2030 agus Comhstraitéis Mhiondíola do Luimneach agus do cheantar Ceannchathartha Luimnigh agus na Sionainne.

I mí Aibreáin, d'fhógair an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar TD, ballraíocht Thascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne. Déanfaidh Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na

Sionainne measúnú ar láidreachtaí straitéiseacha agus buntáistí comparáideacha Inbhear na Sionainne agus measfaidh sé deiseanna eacnamaíocha féideartha don cheantar. Tá an poitéinseal ag Luimneach a bheith ina Mol Fuinnimh Ghlais agus ina “Gheata Digiteach” san iarthar chun na hEorpa. Lean nasc Luimnigh lena Dhiaspóra in 2022 le Scoil Fómhair tionscnaimh Rose Fitzgerald Kennedy sa Bhrú. Rinne an t-imeacht uathúil sin ceiliúradh ar theaghlach Mhic Gearailt a chuaigh ar imirce ón mBrú chun saol nua a chruthú sna Stáit Aontaithe agus sa deireadh an oifig is airde ar domhan a bhaint amach.

## TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT

Tá sé de chúram ar an Aonad Trádála agus Infheistíochta tacú le hiarrachtaí GFT Éireann, Fhiontraíocht Éireann, gníomhaireachtaí stáit eile agus an lucht gnó, a chinntiú go bhfuil Luimneach suite chun infheistíocht agus cruthú post a mhealladh agus a éascú don chathair agus don chontae agus go bhfuil an t-éiceachóras cuí chuige sin aige. Oibríonn an Fhoireann Trádála agus Infheistíochta go dlúth le gnónna reatha i Luimneach chun cabhrú leo fostaíocht a chothabháil agus/nó a mhéadú. Tá an fhoireann freagrach freisin as an gciste forbartha a bhainistiú, as taighde a dhéanamh agus as tuarascálacha a thiomsú ar fhorbairtí tionscail agus ar phríomhthreochtaí in infheistíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc bhuaicphointí 2022 bhí:

- Fógairíodh 2,808 post nua agus gheall cuideachtaí lena n-áirítear Eli Lilly, Analog Devices, Johnson & Johnson, Kneat Solutions agus STATS Perform an líon is airde riamh d'infheistíochtaí €705m, cruthaíodh 376 post breise trí thacaíocht LEO do ghnólachtaí beaga.
- Críochnaíodh an tionscadal bia lasmuigh atá Aimsirdhíonach ar Rae Bedford agus Sráid Thomáis ar chostas €750,000
- Luimneach a chuimsiú sa Chlár Píolótach Náisiúnta um Gheilleagar Oíche. I measc na dtacaíochtaí faoin gclár sin beidh sainchomhairleoirí geilleagair oíche chun cabhrú lenár gcathair a athnuachan ‘tar éis thitim na hoíche’.





Bia Allamuigh ar Shráid Thomáis

- Osclaíodh seacht ngnó nua miondíola agus fáilteachais i gCathair Luimnigh
- Lean Coiste Stiúrtha lár na cathrach ar a raibh Trádálaithe, an Cumann Tráchtála, Oifigigh na Comhairle agus na Gardaí ag teacht le chéile le linn 2022 chun línte tacaíochta agus cumarsáide a choinneáil idir na geallsealbhóirí laistigh den chathair.
- I mí Feabhra, thaistil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler go Londain ar chuireadh ó Chumann Deoraithe Luimnigh. Ba é cuspóir an turais ceangal a dhéanamh le diaspóra Luimnigh agus aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh ag Cumann Luimnigh chun spórt agus cultúr Luimnigh a cheiliúradh sa RA.
- I mí an Mheithimh, thaistil an Méara Butler go Austin Texas, ar chuireadh ón Méara Pro-Tem Alison Alter agus ó choiste Idirnáisiúnta Comhchathracha Austin. Ba é cuspóir na cuairte tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh atá leagtha amach i Meabhrán Tuisceana 2019 a síníodh idir Luimneach agus Austin, a neartóidh naisc idir ár ndá chathair sa réimse gnó, oideachais agus cultúir.
- Féile Géanna Fiáine Lá Bastille Luimnigh agus Tionscadal Fhilleadh Abhaile an tSáirséalaigh an 14 Iúil. Déantar Imeacht na nGéanna Fiáine agus an ceangal atá ann le fada idir Luimneach agus an Fhrainc a cheiliúradh trí Fhéile Géanna Fiáine Lá Bastille Luimnigh. Corpraíodh Tionscadal Fhilleadh

Abhaile an tSáirséalaigh mar chuid d'imeacht na bliana seo. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin iarsmaí Phádraig Sáirséal, a chreidtear a bheith curtha sa Bheilg, a aimsiú agus iad a thabhairt ar ais go hÉirinn. Dhá chathair sa Bheilg iad Huy agus Landen inar bhfacthas Pádraig Sáirséal beo go deireanach agus a gcreidtear é a bheith curtha iontu. D'fháiltigh Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, go foirmiúil roimh Mhéara Chathair Huy agus Méara Chathair Landen go Luimneach ag searmanas fáiltithe i gCé na gCeannaithe. Bhí Ambasadóir na Beilge chun na hÉireann, Karen Van Vlierberge i láthair freisin agus comhaontaíodh idir na triúr Méaraí leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadal Fhilleadh Abhaile an tSáirséalaigh agus an caidreamh agus naisc idir ár gcathracha a neartú tuilleadh.



Sa phictiúr ag Féile na nGéanna Fiáine Lá Bastille Luimnigh, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, Gino Debroux, Méara Chathair Landen, agus Eric Dosogne, Méara Chathair Huy

### **Rannpháirtíocht an Diaspóra**

Leanadh ar aghaidh le tionscadal rannpháirtíochta diaspóra Luimnigh Dhomhanda Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, lena mhisean an nasc idir Luimneach agus a diaspóra a bheochan agus a chur ar aghaidh. Tá an tábhacht a bhaineann le leas a bhaint as caidreamh comhthairbheach idir pobail i Luimneach agus an líonra Diaspóra Domhanda lárnach do thionscadal Luimnigh Dhomhanda.

In 2022 rinneadh dhá chleachtadh phiólótacha inar thacaigh an chomhairle le pobail i Luimneach lena gceangal lena líonra Diaspóra.

### **Scoil Fómhair Rose Fitzgerald Kennedy - An Brú**

Ceiliúradh deiridh seachtaine a bhí san imeacht seo ar théama an Diaspóra ar mhuintir Mhic Gearailt a chuaigh ar imirce ón mBrú chun saol nua a chruthú sna SA agus sa deireadh an oifig is airde ar domhan a bhaint amach. Thug an fhéile trí lá ómós do Rose, máthair John F. Kennedy agus iar-Uachtarán na Stát Aontaithe, agus a triúr seantuismitheoirí a d'fhág an Brú sa bhliain 1850. Rinneadh machnamh ar na heachtraí a tharla ar an áit dúchais a d'fhág muintir Mhic Gearailt in 1850 agus d'inis siad scéal an Bhrú agus a dhiaspóra, san am atá thart, faoi láthair agus sa toadhcháil.

### **Féile Áth na Fuinseoige - Cill Íde**

Ba chuireadh é Féile Áth na Fuinseoige do phobal agus diaspóra Chill Íde páirt a ghlacadh in athaontú deiridh seachtaine, go pearsanta nó ar líne, ag ceiliúradh na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta áitiúla. Bhí formáid na hócáide sin ar aon dul leis an tionscadal Éire a Chruinniú in 2013. Ba í aidhm an tionscnaimh ná pobal Chill Íde a nascadh le líonra Domhanda Luimnigh.







## OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Bhí bliain ghnóthach eile ag an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) tar éis 112 cúrsa oiliúna éagsúla a réachtáil le 1,578 rannpháirtí. Fuair 77 gnó Dearbháin Trádála Ar Líne agus rinneadh breis agus 200 tasc meantóireachta aonair i réimse leathan disciplíní. Tá LEO Luimnigh ar cheann de na LEOnna is rathúla go náisiúnta maidir leis an gclár LEAN for Micro a chur chun cinn. In 2022, chuaigh 31 gnó i ngleic le próisis LEAN chun a ngnólachtaí a dhéanamh níos iomaíche. Tá tóir ag Gnálachtaí Luimnigh ar thacaíochtaí Green for Micro, Digi Start agus TAME agus tá 21 meánscoil ag glacadh páirt inár gclár Fiontraíochta Mac Léinn.

Tá tacaíochtaí airgeadais díreacha d'fhorbairt fiontraíochta mar cuid mhór den obair a dhéanann LEO Luimnigh. In 2022, tacaímid le breis agus 40 gnó trí Chistiú Féidearthachta, Prímeála, Leathnaithe Gnó agus T&F Lúfair agus in 2022, chruthaigh cuideachtaí deontaschúnta 376 post nua bhreise i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Ceann de bhuaicphointí na bliana a bheith in ann an tUasal David McWilliams a óstáil le haghaidh seisiún eolais bricfeasta san Ionad Comhoibríthe Innill nuathógtha. D'fhreastail breis agus 150 duine ar an imeacht luath seo ar maidin agus bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach. Buaicphointe eile ab ea an fógra a thug an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUasal Leo Varadkar TD le déanaí, go bhfuil ról an LEO le leathnú an bhliain seo chugainn chun gnólachtaí déantúsaíochta a fhostaíonn idir 10 agus 50 fostaí agus nach cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann iad cheana féin a chuimsiú. Tá sé sin á lorg againn le tamall anuas agus tá fáilte mhór roimhe.

- 376 post nua cruthaithe in 2022
- 9ú bliain d'fhás post bliain ar bhliain
- 305 gnó bheaga san iomlán a fhostaíonn 1,815 duine le tacaíocht ó LEO Luimnigh

Léiríonn figiúirí Shuirbhé Fostaíochta 2022 gur thug LEO Luimnigh tacaíocht airgeadais do 305 gnóthas beag ina bpunann ar fud na cathrach agus an chontae, tá 1,815 duine fostaithe ag na comhlachtaí sin, glanmhéadú 177 post in aon bhliain amháin.

Fógraíodh na figiúirí náisiúnta iomlána do na hOifigí Fiontair Áitiúla ar fud na tíre agus tacaíonn na LEOnna anois le 37,863 post thar 7,221 comhlachtaí. In 2022 chruthaigh comhlachtaí cliant LEO 7,870 post nua le glanfhiúir cruthaithe post de 3,447. Bhí sé sin suas 10% go náisiúnta ar 2021. As na poist a cruthaíodh, bhí 84% taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath.

### Plean Fiontair Réigiúnach an Iarthair Láir (REP)

Sheol an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUasal Leo Varadkar TD, Plean nua Fiontar Réigiúnach an Iarthair Láir go dtí 2024 an 18 Feabhra san Aonach. Ba é sin an chéad cheann de naoi bplean fiontraíochta réigiúnacha nua a seoladh ó shin ar fud na tíre.

Áiríonn an plean nua tionscadail agus tionscnaimh chomhoibríochta ar fud na dtíre chontae san Iarthair Láir (an Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann), agus is iad údaráis áitiúla an réigiúin na geallsealbhóirí agus lucht tacaíochta.

Cuimsíonn na cúig phríomhchuspóir straitéiseacha seo a leanas an plean nua, le gníomhartha scoite forbartha do gach ceann acu:

1. **Cumasaigh an nuálaíocht chun an tIarthair Láir a dhéanamh ina príomhréigiún digiteach** - áirítear leis an gcuspóir sin gníomhartha trasna téamaí mar ard-déantúsaíocht, soghluaisteacht sa todhchaí, teicneolaíocht spóirt, scannán, ionaid sonraí, cúram sláinte agus oideachas nuálaíoch.
2. **Déan príomh-réigiún inbhuanaitheachta / ísealcharbóin d'Iarthair Láir na hÉireann** - áirítear leis an gcuspóir sin gníomhartha trasna téamaí mar Bhithgheilleagar, fuinneamh in-athnuaite agus inbhuanaitheacht sa timpeallacht thógtha.
3. **Forbairt Fiontraíochta a Chumasú i mBailte Réigiúnacha / Ceantar Tuaithe** - áirítear leis an gcuspóir sin gníomhaíochtaí mar fhorbairt líonra de r-Mhoil ardchaighdeáin, forbairt mol bia, cleachtadh mapála teasa scileanna, agus digitíú na hearnála turasoíreachta.

- 4. Tionscnaimh chun tacú le FBM, Gnólachtaí Nuathionscanta agus Micreaghnó** - áirítear sa chuspóir sin gníomhaíochtaí amhail forbairt braislaí tionscail, printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a chur chun cinn, oiliúint bhainistíochta agus airgeadais, iarrachtaí chun HPSUnna a fhorbairt, srl.
- 5. Tacú le Fiontraíocht Shóisialta agus Tionscnaimh Cruthaithe Post do cheantair ard difhostaíochta** - áirítear leis an gcuspóir sin gníomhartha ar nós straitéis post nasctha a fhorbairt agus a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht i Spotaí Dubha Luimnigh agus fás leanúnach ar fhiontair shóisialta chun dul chun cinn inbhuanaithe a bhaint amach i dtreo comhionannas fostaíochta. Áirítear leis an gcuspóir sin freisin cur chuige spriocdhírthe a fhorbairt do spotaí dubha aonair lena n-áirítear mol cruthaitheachta ag Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta Luimnigh (LEDP).

Seachadfar tionscnaimh Oideachais, Oiliúna agus Scileanna chun tacú le gach ceann de na cuspóirí, agus é mar sprioc fhoriomlán leanúint ar aghaidh ag tógáil acmhainneacht réigiúnach trí láidreachtaí agus deiseanna réigiúnacha a ghíaráil. Déirigh go han-mhaith le réigiún an Iarthair Láir maidir le maoiniú a fháil le haghaidh indéantachta agus prímeáil tionscadal nua i nglanna le déanaí.

- Maoiníodh cúig thionscadal nua san Iarthair Láir sa Scéim Aistrithe Fiontar Réigiúnach ag deireadh 2021 (as iomlán náisiúnta de 27).
- I mí Iúil 2022, maoiníodh naoi dtionscadal nua san Iarthair Láir sa Scéim um Nuálaíocht agus Measúnú Scoipe Fiontar Réigiúnach (as iomlán náisiúnta de 47). I measc bhuaicphointí tionscadail an Iarthair Láir tá:
  - Mol Nuálaíochta Eolaíocht na Beatha do Luimneach
  - Éiceachóras Bia an Iarthair Láir a Mhapáil
  - Mol Fiontar Bia a fhorbairt i mBaile Thiobraid Árann
  - Feidhmeanna Ladrann Fadraoin
  - Ionad Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe
  - Modheolaíocht measúnaithe tionchair le haghaidh Freagracht Shóisialta Chorpáraideach
  - Ionad T&F Paisinéirí Vertiport ag Campas Soghluaisteachta na Todhchaí in Éirinn
  - Ionad Tionscal Cruthaitheach agus Nuálach Ilfheidhmeach ag LEDP

Tá maoiniú chun tacú leis na pleananna fiontraíochta réigiúnacha nua faighte trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF). Go náisiúnta tá suas le €180 milliún á chur ar fáil go dtí 2027 chun tionscadail agus gníomhaíochtaí fiontraíochta nua a fhorbairt go náisiúnta. Táthar ag súil go n-osclofar an chéad ghlaio ar mhaoiniú chun tacú le hoibreacha caipítíl agus cláir go déanach in 2022/go luath in 2023.

#### **Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne**

Ar an 21 Aibreán d'fhógair an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar TD, ballraíocht Thascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne. Tá an tascfhórsa faoi chathaoirleacht Barry O'Sullivan (J&J roimhe seo agus Ball reatha Bhord an GFT), agus déanfaidh sé measúnú ar láidreachtaí straitéiseacha agus buntáistí comparáideacha Inbhear na Sionainne agus measfaidh sé deiseanna eacnamaíochta féideartha don cheantar.

Thug clár fairsing rannpháirtíochta geallsealbhoirí le chéile ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil, tionscail, taighde agus an tsaoil acadúil, agus an phobail áitiúil chun na deiseanna, na dúshláin agus an uailmhian don todhchaí do réigiún Inbhear na Sionainne a mheas.

Áiríodh leis an gclár comhairliúchán dhá chomhairliúchán phoiblí a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta thar ceann an Tascfhórsa. Fuarthas dhá aighneacht is daichead ón earnáil fuinnimh, ón rialtas áitiúil, ó ghrúpaí pobail áitiúla, ó chomhlachtaí comhshaoil, ón saol acadúil, agus ón bpobal. Tacaíonn na haighneachtaí seo go ginearálta leis na deiseanna forbartha atá á scrúdú ag an Tascfhórsa, le béim ar leith ar fhuinneamh, turasóireacht, agus tionchair chomhshaoil na forbartha eacnamaíochta amach anseo.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tacú le hobair an tascfhórsa agus ag soláthar ionchur agus léargais chun na moltaí a mhúnlú. Tá Páraic Rattigan, Bainisteoir Cláir do Phlean Fiontair Réigiúnach an Iarthair Láir páirteach i rúnaíocht an tascfhórsa, ag tacú le foireann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ina theannta sin, tá nuashonruithe dul chun cinn curtha i láthair chuig an gcomhairle iomlán agus an CBS Forbartha Eacnamaíochta, Fiontar agus Pleanála.

Soláthróidh an tascfhórsa tuarascáil ina sonrú na gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh chun poist a chruthú agus chun infheistíocht a chinntiú feadh an inbhir agus ina chomharsanacht. Cuirfear Tuarascáil an Tascfhórsa faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go luath in 2023. Déanfaidh an Rialtas í a mheas ina dhiaidh sin.

## LUIMNEACH A NUÁIL

Tá obair thógála críochnaithe ar an Ionad Comhoibrithe Innill. Féachann an t-ionad comhoibrithe sin leis na buntáistí agus na láidreachtaí a uasmhéadú a eascraíonn as comhoibriú agus comhshuíomh saineolais teicneolaíochta suaite chun tacú le gach leibhéal de ghníomhaíocht teicneolaíochta réigiúnach san Iarthair Láir. Trí chomhairliúchán le comhpháirtithe tionscail sainaithníodh go mbainfidh cumas nuálaíoch an réigiúin leas as an tsaoráid thiomanta sin a spreagfaidh comhoibriú idir cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus Gnólachtaí Nuathionscanta chun comhoibriú ar fhadhbanna comhroinnte; chun réitigh a fhiosrú, a imscrúdú, a fhorbairt agus nuáil a dhéanamh le chéile.

### Comhoibriú Innill Tionscadail an Ionaid

#### Clár meantóireachta nua-thionscanta bogearraí:

- Le bliain anuas bhí 744 fiontraí againn i dteagmháil leis an gclár, bhí 60 cruinniú againn le páirtithe leasmhara agus tá 36 duine ag gabháil don chlár faoi láthair

#### Bua an Tionscadail Idirlín Rudaí:

- Chomhoibrigh an tIonad Comhoibrithe Innill le hOllscoil Luimnigh agus le cuideachtaí Teicneolaíochta i Luimneach chun maoiniú de €307k a fháil don réigiún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun réiteach nuálaíoch a fhorbairt le haghaidh teicneolaíocht talmhaíochta

do mhargaí atá ag teacht chun cinn. Díriodh an smaoineamh ar réiteach idirlín rudaí a fhorbairt chun ligean d'fheirmeoirí cinní níos eolasaí a dhéanamh bunaithe ar shonraí atá ar fáil maidir le haimsir, fás barr atá níos inbhuanaithe.

#### Tionscadail Reatha:

- Réiteach Bainistíochta Sócmhainní don ULHG, ag baint leas as teicneolaíocht 'cumarsáide gar don réimse'. Is comhoibriú é sin idir na heagraíochtaí sin atá á dtiomáint ag an Ionad Comhoibrithe. Is é an cuspóir ná tascanna bainistíochta leapacha a dhigitiú, rud a spreagfaidh éifeachtúlachtaí agus táirgiúlacht níos fearr ar fud ghrúpa an Ospidéil
- Tionscadal comhoibrithe bonneagair idir Cuideachtaí Ilnáisiúnta agus FBM a sholáthraíonn ardán slán aontaithe do bhainistiú sonraí agus barrfheabhsú sonraí dá gcustaiméirí.
- Tionscadal Ladrann um Chúram Sláinte a athraíonn seachadadh táirgí cúraim sláinte idir Dochtúirí Ginearálta agus na hOspidéil. Soláthróidh an tionscadal straitéis níos inbhuanaithe do sheachadadh táirgí cúraim sláinte a spreagfaidh torthaí níos fearr do shaoránaigh. Is comhoibriú é sin idir comhlacht ladrann SAM, Róbataic Ollscoil Luimnigh, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus an tIonad Comhoibrithe Innill, atá i gceannas ar an tionscadal.

#### Comhoibriú Comhpháirtithe Teicneolaíochta:

- Comhaontais a fhorbairt le príomhchuideachtaí Teicneolaíochta chun tacú le forbairt agus fás an Ionaid Comhoibrithe Innill. Ina measc sin tá Dell, Microsoft, Amazon, Google agus a n-ardáin Cloud, Analytics. Chomhoibrigh muid freisin le comhpháirtithe Dogpatch Labs agus Portershed chun tacú le fiontraíocht (m.sh. máistir-ranganna do ghnólachtaí nuathionscanta, treochtaí tionscail).

#### Moil Innill

- Bhuaigh Moil Innill Gradaim Chomhlachas Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2022 do – Ghradam um Fhorbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn – Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Fuarthas maoiniú de €408,250 trí chiste na Mol Nasctha, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun seacht Mol ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh a uasghrádú. Na seacht Mol atá i gceist ná Spark Hub, Roxboro; Aonaid Bhia Bhrú Rí;



Ionad Fiontar Chromadh; An Club Bád, Luimneach; An Pailliún, Áth Dara; An Clós, An Caisleán Nua; Inneall, Luimneach. Ba é sin an maoiniú iomlán contae is airde a leithdháileadh ar fud na tíre

- Bronnadh Maoiniú Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte de €50,000 ar Líonra na Mol Innill in 2022. Is é cuspóir an deontais sin margaíocht a dhéanamh ar na r-Mhoil sa líonra Mol Innill, deiseanna cianoibre a chur chun cinn agus an líonra mol a fhás ar fud an réigiúin.
- R-Mhol Mhainistir na Féile - a d'oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries Uasal, T.D agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler go hoifigiúil an 8 Aibreán. D'fhreastail breis is 50 toscaire ar an seoladh oifigiúil. Bhí an mol ar oscailt don phobal le bualadh isteach agus amharc air ar feadh an lae agus na hoibreacha críochnaithe a fheiceáil.
- Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries, T.D. líonra na Mol Innill go hoifigiúil an 8 Aibreán. Tá 19 Mol i líonra na Mol Innill a théann trasna Luimnigh, Thiobraid Árann agus Chiarraí Thuaidh
- Táimid ag obair le Connected Hubs.ie chun feasacht Mol a mhéadú ar fud na tíre le hÚinéirí Moil / Bailí Líonra Bainisteoirí ag bualadh le chéile go míosúil



An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries Uasal, T.D agus Agnes Relihan Uasal, Moil Innill ag seoladh áise i Mainistir na Féile.

- D'oibrigh LEO Luimnigh agus Moil Innill le chéile chun ceardlanna/oiliúint a réachtáil i Moil ar fud an Chontae
- Seoladh Feachtas Fáiltiú roimh na hÚcránaigh ó Ghnó Luimnigh
- Ghlac líonra na mol innill páirt sa scéim Dearbhán Mol Nasctha Céim 1 agus ag leanúint ar aghaidh le leithdháileadh Chéim 2 de Dhearbháin Mhoil trí Connected hubs.ie
- Iarratas rathúil Mol Innill chun páirt a ghlacadh i dtionscadal píolótach AEC Digiteach le Moil Nasctha agus DRCD
- Moil innill roghnaithe mar cheann de shé phríomhimeacht ar fud na tíre ar an gCéad Lá Digiteach
- Príomh-gheallsealbhoir in "TIDE Atlantach - Ag tiomáint fás inbhuanaithe sa tionscal dearaidh i réigiún an Atlantaigh"
- Oibríodh le r-Mhol Chaisleán Uí Chonaill agus trádálaithe baile chun "Caith an Nollaig seo i gCaisleán Uí Chonaill" a chur chun cinn mar chuid de Chlár Digiteach AEC

## Scannán i Luimneach

Is í Scannán i Luimneach an oifig scannán don Iarthar Láir agus oibríonn sé chun léiriúcháin a mhealladh chuig an réigiún agus chun tacú leo chomh maith le cuideachtaí agus tionscadaí léiriúcháin scannán áitiúil agus foireann a fhorbairt. Cabhraíonn Scannán i Luimneach le léiriúcháin ag teacht isteach le cuardach suímh, le foireann áitiúil a fhostú, iarratais Alt 481 agus tacaíocht áiseanna agus bonneagair.

- Ba bhliain ghnóthach í 2022 maidir le scannánú go háitiúil le roinnt léiriúchán mór teilifíse lena n-áirítear; Foundation - Séasúr 2 ag Troy Studios, Smother séasúr 3 sa Chlár, Hidden Assets i Luimneach agus sa Chlár, agus Vikings ag scannánú i dTiobraid Árann.
- Léiríodh roinnt fadscannán sa réigiún freisin lena n-áirítear The Pope's Exorcist i Luimneach, Double Blind i Ráth Caola, Woken agus The Gates i Luimneach agus sa Chlár.

## Acadamh Criú Scannán agus Teilifíse

I mbliana, sheolamar ár n-Acadamh Criú Scannán agus Teilifíse chun oiliúint a chur ar na céadta criú áitiúil nua agus bronnadh maoiniú de €300,000 ar Scannán i Luimneach i dtreo cláir oiliúna nua. Tá maoiniú don dara bliain den Acadamh ag an leibhéal céanna deimhnithe anois. I measc na gcúrsaí a réachtálfar in 2022 tá;

Déanamh prapaí, Próistéitic do Scannán, Déantús Múnlaí do Scannán & Teilifís, Cúrsa i Scileanna Suímh, Scileanna Reicí Suímh d'oiliúnaithe, Cúrsa Sábháilteachta Arm Tine, Próistéitic Ghnúise, Sceidealú Draíochta Scannán, Gruagaireacht agus Bearbóireacht le haghaidh Scannán agus Teilifíse agus Oibreacha Veicteora.

Toscaireacht Fhíorúil chuig Féile SXSW in Texas Lean Luimneach a Nuáil trí Ionad Comhoibríthe Innill agus Scannán Luimnigh agus Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh lena gcaidreamh le Féile SXSW in Austin, Texas ag tacú le Toscairí Teicneolaíochta agus Scannán a bheith páirteach i dtoscaireacht fhíorúil ag imeacht na bliana seo.

### **Gearrscannáin Innill**

Chríochnaigh ár scéim oiliúna agus léiriúcháin gearrscannán i gcomhpháirtíocht leis na comhairlí i Luimneach, i dTiobraid Árann agus sa Chlár, agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir clár ocht mí agus rinneadh sé ghearrscannán a scannánú. Léirigh na scannáin dhá ghradam idirnáisiúnta go dtí seo (Gearrscannán is fearr ag Féile Scannán Bhéal Feirste le haghaidh Sour Milk agus Scannán Coiméide is Fearr ag Féile Discover London le haghaidh First Date. Tá Bliain 2 den tionscnamh ar siúl anois.

### **Faisnéis Innill**

Chríochnaigh ár scéim oiliúna agus léiriúcháin scannán Faisnéise i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus Féile Sheffield Doc clár sé mhí agus rinneadh trí ghearrscannán agus rinneadh iad a thaispeáint ag féilte go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### **Féile Scannán Charraig Aonair, Corcaigh**

Thug Scannán i Luimneach toscaireacht de 15 léiritheoir ón gclár Táirgthe Chruthaithigh chuig Féile Charraig Aonair i gCorcaigh ar feadh trí lá d'imeachtaí tionscail agus deiseanna líonraithe. Ba é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a mhaoinigh an turas mar chuid den chlár Táirgthe Chruthaithigh.

### **Focus London**

Rinne an Bainisteoir Scannán Réigiúnach Paul C. Ryan agus Bainisteoir Acadamh Criú Rachael Power ionadaíocht do Scannán i Luimneach ag Focus London, seó trádála bliantúil do choimisiúin scannán chun bualadh le léiritheoirí chun suíomhanna scannán a mhargaí.

## **PLEANÁIL CHUN CINN**

Tá an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn freagrach as taighde, ullmhú agus táirgeadh doiciméad beartais pleanála agus as pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, infrastruchtúir, eacnamaíochta agus comhshaoil sa Chathair agus sa Chontae. Tá an fhreagracht as an bhfeidhm Oidhreacht a chomhordú agus a bheith rannpháirteach in obair Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ar an rannóg sin freisin.

### **Plean Forbartha**

Tar éis níos mó ná dhá bhliain de chomhairliúchán poiblí fairsing agus rannpháirtíocht leis an bpobal, le comhlachtaí forordaithe agus le geallsealbhóirí ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le céad Phlean Comhdhlúite Forbartha Luimnigh 2022-2028 ag Cruinniú Speisialta ar an 17 Meitheamh. Tháinig an Plean i bhfeidhm ar an 29 Iúil cé is moite de shé shuíomh a bhí faoi réir Treorach ón Aire. Eisíodh an Treoir Aireachta dheiridh i mí na Samhna agus rinneadh nuashonrú ar an bplean de réir mar ba ghá. Cuimsíonn an plean roinnt doiciméid straitéiseacha lena n-áirítear Straitéis Airde Tógála don Chathair, Straitéis Tithíochta do Luimneach, doiciméad athbheithnithe Phlean Spásúil agus Eacnamaíoch Luimnigh 2030 agus Comhstraitéis Mhiondíola do Luimneach agus limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus na Sionainne.

### **Pleananna Ceantair Áitiúil**

Cuireadh tús le hobair ar ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúil do na bailte Ráth Caola, Cathair Chinn Lis, Caisleán Uí Chonaill agus Mainistir na Féile. Bhí taighde, anailís agus comhairliúchán suntasach le Baill Thofa, geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gceist leis an obair. Chuimsigh an obair freisin dréachtphleananna a ullmhú mar aon le tuarascálacha Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, Measúnachta Cuí agus Measúnachta Riosca Tuilte.

## Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe

Ullmhaíodh Dréacht-Léarscáileanna ina leagtar amach an talamh a mheastar a bheith faoi raon feidhme na Cánach Talún Cónaithe Críosaithe (RZLT) le haghaidh 16 lonnaíocht agus cuireadh ar taispeánt go poiblí iad an 1 Samhain. I measc na lonnaíochtaí bhí Cathair agus Bruachbhailte Luimnigh, Mainistir na Féile, Áth Dara, Baile an Gharraí, An Brú, Cathair Chinn Lis, An Cheapach Mhór, Caisleán Uí Chonaill, An Dún, Cill Fhionnain, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua, Pailís Ghréine, Pailís Chaonraí agus Tobar Phádraig. Is é cuspóir na cánach talamh forbartha cónaithe-criosaithe agus seirbhísithe a chur i bhfeidhm.

## Scéim Ranníocaíochta

Críochnaigh ullmhúchán Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2022 – 2026 agus na Comhaltaí Tofa ag glacadh leis an scéim i mí Eanáir.

## Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh

Tá Luimneach ar cheann de na 10 nÚdarás Áitiúla a bhfuil ról lárnach acu i dtionscnamh AEC, atá dírithe ar infheistíocht a mhealladh, tacaíocht a thabhairt do chruthú post agus caighdeán maireachtála a fheabhsú do na daoine a bhfuil cónaí orthu ann. Leanann an rannóg um Pleanáil Chun Cinn de bheith ag ionadaíocht don Chomhairle ar an Tascfhórsa Chonaire Eacnamaíochta an Atlantaigh.

## Monatóireacht

Tá an rannóg freagrach as monatóireacht eacnamaíochta leanúnach lena n-airítear: monatóireacht mhíosúil ar an scéim ranníocaíochta, monatóireacht mhíosúil ar dhíolacháin tí agus tráchtála / cíosanna / tosaithe agus líon agus cineál na n-iarratas pleanála.

## Oidhreacht

Chuir an rannóg cúnamh ar fáil do roinnt grúpaí chun iarratais a dhéanamh faoi scéim deontas Pobail na Comhairle Oidhreachta agus scéimeanna eile ar nós an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, deontas Foirgneamh Oidhreachta Feirme agus scéim Maoirseachta Oidhreachta.

## SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

- I rith na bliana, ceanglaíodh sé cinn déag de Phointí Naisc Leathanbhanda (BCP) a ceadaíodh do Luimneach. Tá na suíomhanna BCPanna sin i mbailte tuaithe nach bhfuil seirbhís leathanbhanda tráchtála ar ardchaighdeán ar fáil go héasca, agus ina bhfuil ceangal leathanbhanda 150Mbps socraithe ag an gComhairle i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI) mar réiteach eatramhach mar chuid de leathadh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.
- Fuair an fhoireann Seirbhísí Digiteacha Storm Technologies chun tús a chur leis an measúnú luath-chéime ar aip SugarCRM a aistriú go réiteach CRM néalbhunaithe nua-aimseartha a chabhróidh le cás, oibríochtaí ceada agus deontais na Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a nua-chóiriú. Meastar go mbeidh an tionscadal sin críochnaithe faoi Ráithe 4 2023.
- Le linn 2022, rinneadh uasghrádú ar gach aip dhigiteach mhór (mar shampla, iHouse, iPlan, iDocs, iReg) go dtí a leaganacha is déanaí chun feidhmiúlacht nua a thabhairt do na haipeanna, ach chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí slándála atá ar eolas chomh maith.
- I mí na Nollag, cuireadh an tairseach ríomhphleanála náisiúnta nua i bhfeidhm i Luimneach.
- Níor tharla aon bhristeacha neamhbheartaithe ar ardán Limerick.ie in 2022, agus seachadadh 100% aga fónaimh don láithreán gréasáin.
- In 2022 lean úsáid na tairsí “My Limerick” ar Limerick.ie de bheith ag fás. Tá os cionn 15,000 cás logáilte tríd an tairseach ó bunaíodh é in 2017. Tá os cionn 11,000 úsáideoir cláraithe le haghaidh na tairsí ag MyLimerick anois.

## CCTV

- I ndiaidh foilsithe tuarascála deiridh an Choimisinéara Cosanta Sonraí (DPC) maidir le hoibriú agus úsáid CCTV Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, cuireadh de chúram ar Sheirbhísí Digiteacha an iarracht a stiúradh chun na torthaí a leigheas. D'iarr an DPC go gcuirfí gach iarracht feabhsúcháin i gcrích laistigh de 120 lá ó dháta foilsithe na tuarascála deiridh.
- I gcomhar le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le hionadaithe ó



Thithíocht agus Athghiniúint, agus baill shinsearacha den Gharda Síochána, d'éirigh le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh torthaí uile na tuarascála deiridh ar an gcinneadh a leigheas.

- Le linn iniúchta leantaigh i mí Iúil, cinneadh go raibh Luimneach i gcomhréir lena nOibleagáidí Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR).

## Tionscadail AE

- In 2022, thug Foireann Chláir an AE tacaíocht do Mhúsaem Hunt, chun a chumasú do chuairt fhoireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus do sheoladh an Taispeántais Muintearais. Bhí an seoladh ar siúl in Ardeaglais Naomh Muire agus craoladh ar líne é do phobal leathan chomh maith.



Sa phictiúr i dTeach an Mhairnéalaigh i Luimneach, bhí Cormac Murphy, Ceann Oifige Grúpa EIB d'Éirinn, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler agus an Coimeádaí, Delphine Munro, Ceann Ealaíon agus Cultúir in Institiúid EIB.

### +CityxChange

- Bhuail baill thionscadal +CityxChange le Ciarán Cuffe, Comhalta de Pharlaimint na hEorpa, ag Saotharlann Nuálaíochta na Saoránach ar Shráid an tSáirséalaigh, Luimneach. Cuireadh dul chun cinn i láthair maidir le rannpháirtíocht an phobail, leis an leathchúpla digiteach de Luimneach, leis an tSaotharlann féin, agus leis na dúshláin a bhaineann leis an tionscadal a bheidh ann amach anseo. Bhí an t-aiseolas maidir leis an tionscadal spreagúil agus bhí an plé an-úsáideach chun díriú ar dheiseanna a bheidh ann amach anseo a d'fhéadfadh teacht chun cinn san fhadtéarma ó reachtaíocht atá á plé faoi láthair i bParlaimint na hEorpa
- I mí Dheireadh Fómhair, bhí Comhshiompóisiam Ollscoil Luimnigh agus Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar siúl i Saotharlann

Nuálaíochta na Saoránach Luimnigh. Díriodh ar thrí théama sa siompóisiam:

- Bauhaus Nua na hEorpa – “Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach go ndéanaimid dícharbónú, tá an bealach ina ndéanaimid é tábhachtach freisin”.
- +CityxChange – Scéal Luimnigh faoin aistriú aeráid-neodrach. Scrúdaíonn an tionscadal Positive City Exchange (+CityxChange) forbairt cur chuige struchtúrtha i leith cathracha a dhícharbónú.
- Comhoibriú Cathrach agus Misean na gCathracha Neodrach ó Thaobh na hAeráide de in Éirinn - Phléigh an painéal dearcthaí an chomhoibríthe cathrach san aistriú chuig aeráid-neodracht le ranníocaíochtaí ó Thomas Osdoba atá i gceannas ar Chuibhreannas na gCathracha Glan-Nialasacha, comhordaitheoir Ardán Misin Chathracha an AE, Julio Lumbrosos ó CitiES2030 na Spáinne, agus daoine eile.

### • ‘INTEgreat’

Is gníomh trasnáisiúnta é an tionscadal €1.6m, trí bliana sin, maidir le tearmann, imirce agus lánpháirtíocht, atá faoi stiúir Ballafon Società Cooperativa Sociale san Iodáil. Tugann Clár Píolótach Luimnigh, atá faoi stiúir Doras Luimnigh le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, €263,000 breise don chathair agus don chontae. Tá sé mar aidhm ag an gcomhoibriú an straitéis agus an t-éiceachóras um chomhtháthú a dhéanamh níos láidre d'imircigh agus lucht iarrtha tearmainn (mná, fir, teaghlach, LADTA+) san Eoraip.

### • PACTE Plus

Tá tionscadal PACTE+ nasctha le cuspóirí Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh do Spórt, eadhon infheistíochtaí sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp (ar an leibhéal áitiúil) agus na huailmhianta chun Gníomhaíocht Choirp a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Is é an cuspóir tosaíochta atá ag an tionscadal ná cathracha a spreagadh chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, d'fhonn folláine aonair agus chomhchoiteann a fheabhsú. Cuirfidh Clár Píolótach Luimnigh leis an rath ar Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh i gcoincheap na gCathracha Gníomhacha, i gcomhréir le samhail GAPP (Plean Gníomhaíochta Domhanda um Ghníomhaíocht Choirp).

### • Bealaí ‘GoGreen’

Ar an 7 Feabhra, bhí an dara Ceardlann Dúshláin Bealaí GoGreen ar siúl ar líne. Eagraíodh na ceardlanna

sin ag an bhFoireann Comhshaoil agus éascaíodh iad ag Connect the Dots, chun dul i gcomhairle le cónaitheoirí Chaladh an Treoigh maidir leis an gcaoi ar mhaith leo tionscadal Bhealaí GoGreen a chur i bhfeidhm ar an nGlasbhealach. Bhí slua maith ann agus beidh ceardlann siúlóide ar siúl ina dhiaidh sin.

San iomlán, cuireadh ceithre cheardlann i gcrích in 2022 le grúpaí leasa pobail áitiúil - ag comhoibriú chun réitigh an nádúir a dheardh agus a sholáthar a dhéanann an glasbhealach 'glas'. Ba réiteach amháin é láthair súgartha nádúrtha a chruthú agus úsáid a bhaint as gnéithe agus ábhair atá ar fáil ar an láthair. Osclaíodh an limistéar súgartha nádúrtha go hoifigiúil do Cheardlann Dúlra i mí Iúil. I ndiaidh aiseolas a fháil ón bpobal, tá síneadh á chur leis an láthair súgartha nádúrtha agus tá sé le bheith críochnaithe go luath san earrach. Cuirfear an dearadh iomlán i bhfeidhm i rith 2023.

I mí na Samhna, leis [an gCoill Bheag](#) (coillearnach bheag), reáchtáladh an chéad cheardlann phobail chun coill bheag a chur feadh an Ghlasbhealaigh i gCaladh an Treoigh. Tá suíomh na coille bige in aice leis an nGaelscoil ar an nGlasbhealach.

## FORBAIRT STRAITÉISEACH FICHE TRÍOCHA LUIMNIGH DAC (CUIDEACHTA GNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE)

### Cearnóg Opera

Beidh Cearnóg Opera i Lár Cathrach Luimnigh claochlaitheach don chathair agus don réigiún. Forbrófar Cearnóg Opera thar thréimhse sé bliana. Tá an tionscadal faoi lán seoil, agus críochnaíodh oibreacha cumasúcháin agus scartála i mbliana in 2022, roimh thógáil Íoslach agus One Opera a bheidh ag tosú in 2023.

In 2022, i dteannta na n-oibreacha cumasúcháin agus scartála, críochnaíodh cobhsú na bhfoirgneamh Seoirseach ag 8 agus 9 Sráid Rutland, ba iad sin an dá cheann eile den 14 a bhí á gcaomhnú ar an láthair.

Roghnaíodh tairgeoir ab fhearr don Íoslach agus Cearnóg One Opera, agus aontaíodh suim thairisceana. Bronnfar an Conradh ar fhorghnas an Bhoird Fiche Tríocha Luimnigh (LTT) agus an struchtúir maoinithe go luath san athbhliain.



Plean Oscailte do thaobh istigh na Leabharlainne



Plean Oscailte ón Aer



Plean Oscailte Pláis

Dhear comhairleoir Brandála agus Margadóir LTT na grafaicí do Chéim a Dó de mhórchlár fógraíochta na Cearnóige Opera agus tá comhoibriú san áireamh le Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh OTS agus le comhairleoir brandála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh M&C Saatchi.

Roghnaigh painéal roghnúcháin neamhspleách an saothar ealaíne do Chearnóg Opera. Beidh an saothar ealaíne laistigh den réimse poiblí i gcroílár na forbartha.

Chuir an LTT leasú pleanála faoi bhráid na gComhaltai Tofa an 3 Samhain. Cuireadh réamharratais faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) an 11 Samhain, bhí clár faisnéise poiblí ar taispeánt ar feadh tréimhse ceithre seachtaine i dtír ionad mar aon le straitéis ghníomhach meán sóisialta. Reáchtáladh dhá Imeacht Comhairliúcháin Poiblí ag na Gairdíní Idirnáisiúnta agus Halla an Chontae, Tuar an Daill mar chuid den phróiseas. Cuirfear an t-iarratas iomlán, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) faoi bhráid ABP ar an deimhniú a fháil, a mheastar a bheidh i mí Eanáir 2023. Meastar go mbeidh an cinneadh críochnaitheach ag ABP thart ar Iúil 2023 nó roimhe sin ionas gur féidir tréimhse athbheithnithe sé mhí a dhéanamh.

### Ceathrú Cois Abhann Cleeves

Is deis í Ceathrú Cois Abhann Cleeves a bhí ag fanacht le tarlú i Luimneach le breis agus deich mbliana. D'fhéadfadh an suíomh athfhorbraíochta 10 n-acra sin ar bhruacha thuaidh na Sionainne i lár chathair Luimnigh a bheith ar cheann de na forbairtí neamhspleácha san athbheochan atá ag teacht le chéile i Luimneach. Glacfaidh Ceathrú Cois Abhann Cleeves leis an gcathair idirnáisiúnta nua-aimseartha, an coincheap 'One Planet Living', lena cumas scéime úsáide measctha de lóistín cultúrtha, oideachais, tráchtála agus cónaithe a bheith ann in éineacht le réimse poiblí cois abhann nua do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chun taitneamh a bhaint as agus a cóngarach do lár na cathrach féin.

Léiríodh acmhainneacht na láithreach ag tiomantas €34.5 m faoin gCiste Forbartha um Athbheochan Uirbeach (URDF) - rud suntasach do thionscadal a bhfuil tábhacht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ag baint leis. Tháinig an Fhoireann Deartha ar ais le chéile in 2022 agus tá Máistirphlean láithreach á chur chun cinn acu, atá le críochnú i Ráithe 1 2023.

Cuireadh Straitéis Chomhairliúcháin i bhfeidhm chun rannpháirtíocht chuimsitheach a chinntiú le páirtithe leasmhara spriocdhírthe agus leis an bpobal araon. Reáchtáladh seisiún eolais poiblí do Cheathrú Cois Abhann Cleeves i bhFoigineamh an Mhuilinn Lín an 13 Nollaig. Reáchtáladh an t-imeacht chun nuashonrú eastramhach a thabhairt ar an tionscadal roimh chomhairliúcháin poiblí foirmiúil a bheidh ar siúl i mí an Mhárta 2023.

Le linn 2022 d'úsáid roinnt gnólachtaí láthair Ceathrú Cois Abhann Cleeves lena n-áirítear Sorcas Fossetts i mí Mheán Fómhair, The Scare Factory i mí Dheireadh Fómhair, agus Team Hope do Achainí Bhliantúil Bhoscaí Bróg na Nollag. D'éisigh Noel Hogan, ó The Cranberries, an físeán ceoil dá ghrúpa The Puro do 'Law of Return'. Taifeadadh an físeán ceoil i bhFoigineamh an Mhuilinn Lín ag Ceathrú Cois Abhann Cleeves.

### Gairdíní Idirnáisiúnta

Leanann Gairdíní Idirnáisiúnta ar aghaidh leis an tagarmharc a shocrú do lóistín oifige i Luimneach. Bhain beirt thionóntaí nua leas as an spás agus beidh sé ina fhoigineamh ilúsáideoirí anois. Forbraíodh lógó branda le haghaidh 'an Taisce' ag Gairdíní Idirnáisiúnta chun cabhrú an spás a chur chun cinn do chruinnithe agus d'áirithintí imeachtaí. Tá Seomra Boird na Taisce ar fáil anois le haghaidh áirithintí corparáideacha, is féidir iarratais a chur isteach chuig [gardens@limerick2030.ie](mailto:gardens@limerick2030.ie) nó 061-517430.

### Mungairit

In 2021 tugadh cead pleanála ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle i Mungairit do 252 Aonad Cónaithe, mar aon le hIonad Pobail agus Naíolann. Cuirfidh an láthair, atá suite níos lú ná deich nóiméad ó lár na cathrach, go mór le margadh cónaithe Luimnigh, rud a chuirfidh le forbairtí príobháideacha agus poiblí eile sa chathair. Go dtí go mbeidh toradh ar phróiseas Athbheithnithe Bhreithiúnaigh, táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gcéad chéim den tionscadal a sholáthar in 2023. Cuirfidh Luimneach Fíche Tríocha seirbhísí bainistíochta tionscadail ar fáil don tionscadal sin.



## Léirithe Spéise

Cuireann Luimneach Fiche Tríocha seirbhísí Bainistíochta Tionscadail ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an Tionscadal Léirithe Spéise, ina bhfuil trí shuíomh, eadhon Coirnéal na gCainteoirí, Bóthar Nua Sparr Thuamhan agus Baile Uí Dhroighneáin a chuirfidh leis an tairiscint chónaithe do Luimneach.

## Coirnéal na gCainteoirí

Tá an láithreán athfhorbraíochta 0.14 heicteár suite i gceantar i lár na cathrach in aice le Páirc na nDaoine, agus laistigh de chóngracht do stáisiún bus agus traenach Cholbaird. Cuireadh iarratas pleanála Chuid VIII ar 36 aonad cónaithe isteach i mí Mheán Fómhair agus deonáíodh é ag cruinniú den Dúiche Chathrach ar an 21 Samhain. Cuirfear tús leis an bhforbairt a sholáthar in 2023.

## An Bóthar Nua, Sparr Thuamhan

Is féidir dul isteach ar an láithreán 0.69 heicteár athfhorbraíochta ó Bhóthar Nua, Sparr Thuamhan agus tá an tSionainn ar an taobh thoir thuaidh den láithreán. Cuireadh iarratas pleanála isteach ar 47 aonad cónaithe agus ar pháirc bithéagsúlachta chomh maith, an 30 Nollaig.

## Baile Uí Dhroighneáin

Tá an láithreán úrnua 7.56 heicteár suite thart ar 4.2km ar an taobh thiar thuaidh de lár cathrach Luimnigh taobh le teorainn thuaidh Bhaile Uí Dhroighneáin agus beidh sé ar thaobh le Bóthar nua Dáileacháin an Tuaiscirt, a sholáthróidh carrbhealach 2.2km ar stíl uirbeach idir Timpeallán Cuanach agus Bóthar Chnoc an Lisín. Tá an láithreán, atá suite mórthimpeall Chathair Luimnigh atá ar áireamh i bPlean Forbartha Luimnigh 2022 – 2028. Tá an láithreán críosaithe mar Úsáid Mheasctha, leis an bpríomhchuspóir: Foráil a dhéanamh maidir le meascán d'úsáidí tráchtála comhoiriúnacha agus cónaithe.

Tá cuibhreannas forbartha Clúid, Whitebox agus UPMC i mbun comhairliúcháin réamhphleanála le Rannóg Pleanála LCCC chun thart ar 120 aonad cónaithe a sholáthar, mar aon leis an ospidéal UPMC agus an áis cúraim sláinte.

Bíonn Luimneach Fiche Tríocha DAC i gcónaí ag féachaint ar dheiseanna do Luimneach lena n-athchruthaítear agus lena gcumasaítear forbairt agus infheistíocht eacnamaíoch chun an réigiún a chur in áit réamhghníomhach don todhchaí agus chun caighdeán maireachtála a fheabhsú dá shaoránaigh go léir. Tá sé mar aidhm ag Luimneach Fiche Tríocha DAC chun leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag dul i gcomhpháirtíocht le forbróirí eile, chomh maith le gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta chun láithreáin straitéiseacha a athrú go hiomlán.

# POBAL, TURASÓIREACHT AGUS CULTÚR









# POBAL, TURASÓIREACHT AGUS CULTÚR

## FORBAIRT PHOBAIL UIRBEACH AGUS TUAITHE

Tá an Rannóg Forbartha Pobail Uirbigh agus Tuaithe (URCD) freagrach as struchtúir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) a oibriú. Tá an Rannóg freagrach as ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), ar an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus ar an Straitéis Forbartha Tuaithe lena n-áirítear Clár LEADER an AE agus clár athnuachana agus forbartha tuaithe agus pobail eile. Is é ceann de threoirphrionsabail na Roinne ná tacaíocht a thabhairt do phobail agus grúpaí deonacha agus pobail áitiúla ar fud Luimnigh chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí, ar shruthanna maoinithe agus ar chlár ar bhealach comhordaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpobal áitiúil. Tá an Coiste um Beartais Straitéiseacha agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil lárnach i bhforbairt beartas agus páipéar seasaimh ar leith, a chuireann bonn eolais faoi threoir straitéiseach na Comhairle mar aon le teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla. Tá an Rannóg Forbartha Pobail Uirbigh agus Tuaithe freagrach as ullmhú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna uileghabhálacha i bhforbairt pobail agus eacnamaíochta áitiúil.

### Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

I mí na Samhna 2021, d'eisigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) Treoirlínte maidir le Pleananna Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúla nua (LECP) a ullmhú ar fud an stáit don tréimhse 2022-2028. Is pleananna reachtúla iad na LECPanna do limistéar údaráis áitiúil. Ní mór do chuspóirí agus spriocanna an LECP a bheith comhsheasmhach le pleananna réigiúnacha agus náisiúnta ar leibhéal níos airde – leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, Éire 2040 agus leis an bPlean Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt (2021) - agus le Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028. Tá dhá phríomhghné ag an

LECP – Plean Pobail agus Plean Eacnamaíochta agus an Plean Pobail faoi stiúir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Plean Eacnamaíochta faoi stiúir an Choiste um Beartais Straitéiseacha Eacnamaíochta. Tá URCD i gceannas ar ullmhú an LECP i gcomhar leis an Stiúirthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta, Réamhphleanála. Le linn 2022, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Comhairleach LECP ilpháirtithe leasmhara atá ag feidhmiú chun ullmhú an Plean a threorú. Ullmhaíodh Dréacht-Ráiteas Socheacnamaíoch lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch ar Luimneach, dréacht-Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe. Cuirfear tús le próiseas comhairliúcháin poiblí ar an dréacht i mí Eanáir 2023 agus táthar ag súil go mbeidh an LECP nua faofa ag an gComhairle i bhFómhar 2023.

### Iníúchadh ar Áiseanna Ealaíon Cultúrtha agus Pobail

In 2022, d'fhoilsigh an URCD iníúchadh ar fhoirgnimh phobail agus ar áiseanna ealaíon cultúrtha agus pobail ar fud an chontae agus na cathrach. Bhí suirbhé ar na háiseanna atá oscailte d'úsáid pobail ghinearálta atá ar eolas i gceist leis sin. Áirítear leo sin áiseanna pobail, scoileanna agus clubanna spóirt le haghaidh cuspóir sonrach atá ar fáil do phobail agus d'ionaid ealaíon agus chultúrtha. Tuairiscítear torthaí an tsuirbhé chun anailís a sholáthar ar shaincheisteanna lena n-áirítear aois agus féinmheasúnú ar bhail na bhfoirgneamh, fuinneamh-éifeachtúlacht, gníomhaíochtaí a réachtáil, soláthar foirne agus obair dheonach agus giniúint ioncaim / fiontraíochta. Tá an tuarascáil ar fáil ar líne.

## Rannpháirtíocht an Phobail

Is é rannpháirtíocht le pobail an bhunchloch lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí go héifeachtach ón Rannóg Forbartha Pobail Uirbigh agus Tuaithe agus lean an rannpháirtíocht sin ar aghaidh in 2022. Bhí ról ríthábhachtach ag an bhFoireann in 2022 chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí tacaíochta do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Tá rannpháirtíocht láidir an phobail fós ann mar thoradh ar úsáid na teicneolaíochta ar líne agus ar thacaíocht do phobail chun dul in oiriúint don teicneolaíocht sin. Lean an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chomh maith le cláir faoi Ranna Rialtais eile, ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do phobail. Tá rannpháirtíocht an phobail le gach pobal ríthábhachtach maidir le tacaíochtaí agus tionscadail a sholáthar.

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)

Bhí naoi gcruinniú ag Rúnaíocht PPN i rith na bliana agus tionóladh dhá chruinniú iomlánacha. Reáchtáladh dhá bhabhta toghcháin d'ionadaithe PPN chun suíochán a fháil sa Chomhairle agus sna coistí eile in 2022 agus tá gach suíochán PPN ar Choistí seachtracha líonta anois. Tá 185 ball PPN ar fud na gCeantar Bardasach anois agus aontaíodh Meabhráin Tuisceana idir an Chomhairle agus PPN Luimnigh.

I ndiaidh an tAthbhreithniú Struchtúrach ar an PPN a fhoilsiú i mí na Mhárta, d'oibrigh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh (LPPN) leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar roinnt comhairliúcháin maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme atá beartaithe. D'oibrigh an PPN leis an Roinn freisin maidir le feidhmiú céimneach an Fheachtais Cumarsáide PPN a rolladh amach. Áiríodh leis sin comhairliúcháin fairsing maidir le hathruithe lógó chun a chinntiú go mbeidh coiteann físeach Náisiúnta aontaithe i bhfeidhm sula seolfar an feachtas san Athbhliain.

Rinneadh píosa Taighde chun Straitéis um Chuimsiú grúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu a fhorbairt (chun ballraíocht an Cholúin um Chuimsiú Sóisialta a mhéadú) chomh maith le Straitéis Chumarsáide a fhorbairt lena cur i bhfeidhm sa bhliain atá le teacht.

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil bhliantúil roimhe seo in 2022 agus ullmhaíodh agus roinneadh é leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), lena

hábhar san áireamh i dtuarascáil bhliantúil náisiúnta PPN, a d'fhoilsigh an DRCD i mí na Nollag 2022. Lean Nascgrúpaí PPN ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'ionadaithe PPN ar na coistí éagsúla trí bheith ag teacht le chéile roimh chruinnithe coiste chun ábhair a bhaineann lena gcoistí faoi seach a phlé agus aiseolas a thabhairt ar na cruinnithe roimhe sin. D'óstáil PPN Luimnigh in éineacht le LCCC agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ceann de na ceardlanna um Chomhrá Aeráide Pobail a bhí mar chuid den chomhrá pobail náisiúnta ar an bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide. Foilsíodh tuarascáil a d'eascair as na ceardlanna i mí na Samhna 2022.

## Príomhchláir agus Sruthanna Maoinithe

### An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)

Rinne an LCDC maoirseacht ar sholáthar an chláir SICAP agus cheadaigh sé íocaíochtaí leis na trí Chuideachta Forbartha Áitiúla atá ar conradh chun an clár a sholáthar i Luimneach – Comhpháirtíocht PAUL sa chathair/í Luimneach uirbeach, Acmhainní Iarthar Luimnigh in iarthar Luimnigh agus Forbairt Bhealach Eabhra in oirthear Luimnigh. Ba é €2,598,398 buiséad an chláir in 2022, méadú i gcomparáid le 2021. Ba é €2,389,664 bunbhuiséad SICAP agus cuireadh €208,734 breise ar fáil do thacaíochtaí agus do sheirbhísí atá dírithe ar theifigh ón Úcráin, atá lonnaithe i Luimneach. Soláthraíonn gníomhaíochtaí um Chuimsiú Sóisialta faoi SICAP faoi dhá sprioc:

**Sprioc a hAon:** Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail áitiúla

**Sprioc a Dó:** Tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair atá faoi eisiáim sóisialta nó atá i mbaol eisiáim sóisialta chun cáilíocht na beatha agus na folláine a fheabhsú agus chun rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

In 2022, lean na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla lena gcláir a chur in oiriúint do riachtanais fhormhór na ngrúpaí atá eisiata. Bunaithe ar ráiteas na dtosaíochtaí a comhaontaíodh do chlár 2022 agus 2023, ba iad na príomhghrúpaí le haghaidh tacaíochta ná daoine sa chóras Soláthair Dhirigh nó ag fágáil an chórais (sa chlár uirbeach SICAP), daoine óga a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, an Lucht Siúil / Romaigh, daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine scothaosta atá ina gcónaí faoin tuath (sna cláir SICAP thuaithe). In

2022, bhí ról lárnach ag na cuideachtaí Forbartha Áitiúla maidir le fóraim folimistéir a chomhordú - sa chathair, in oirthear agus in iarthar Luimnigh - chun freastal ar riachtanais dídeanaithe ón Úcráin. Comhoibríonn na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla le comhpháirtithe eile san earnáil dheonach agus reachtúil chun dul i dteagmháil le daoine agus do theaghlaigh is mó atá i mbaol eisiamh sóisialta nó faoi eisiamh sóisialta agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus chun cabhrú leo rochtain a fháil ar réimse leathan seirbhísí. Thug an tAire Forbartha Pobail agus Carthanas, an tUasal Joe O'Brien, TD, cuairt ar Luimneach i mí Dheireadh Fómhair agus cruinnithe á reáchtáil aige in áiteanna

éagsúla sa chathair agus faoin tuath i Luimneach. Bhuail an tAire leis an gComhairle, leis na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, le grúpaí pobail agus deonacha áitiúla agus leis an Lucht Siúil chun oibriú SICAP a fheiceáil, ar an talamh, agus chun plé a dhéanamh ar na riachtanais a dtugtar aghaidh orthu sa chlár.



An tAire Forbartha Pobail agus Carthanas, An tUasal Joe O'Brien, T.D., le Líonra Lucht Siúil Luimnigh ag Mol Southill



## Clár LEADER an AE

Rinneadh dul chun cinn ar sholáthar Chlár LEADER an AE (€14.097 milliún) in 2022 agus rinneadh iarratais ó ghrúpaí éagsúla pobail agus sainleasa a mheas. Chríochnaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), mar an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) do Chlár LEADER leithdháileadh iomlán Bhuiséad Chlár LEADER 2014-2021. In 2022, cheadaigh an LCDC 33 Tionscadal ar luach €1,801,944.82

## Cuairt na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail ar Luimneach

Tháinig an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, TD, go Luimneach an 8 Aibreán chun cuairt a thabhairt ar roinnt tionscadal arna maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi Chlár LEADER an AE, faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe. Chaith an tAire Humphreys seal ag bualadh le baill an phobail agus ag oscailt na dtionscadal seo a leanas go hoifigiúil:



Oscailt Oifigiúil Shiopa Pobail agus Caifé Roots, Chill Míde



Oscailt Oifigiúil Pháirc Phobail Dhrom Collachair



Mol Ghlasbhealach Luimnigh ag RRDF Ardach (Cat 2) 2021



Oscailt Oifigiúil Ríomh-Mhol Innill Mhainistir na Féile



Oscailt Oifigiúil AstroTurf Chuideachta Spórtúil agus Áineasa Ardach



### Scéim Bonneagair Áineasa Faoin Aer (ORIS)

Rinneadh foráil i Scéim um Bonneagair Áineasa Faoin Aer 2022 maidir le bonneagar áineasa lasmuigh nua agus reatha a fhorbairt i gceantair thuaithe, ag cur leis an tiomantas faoi “Ár dTodhchaí Tuaithe”. Tacaíonn an infheistíocht sin i mbonneagar le fás i dturasóireacht eachtraíochta lasmuigh áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Soláthraítear maoiniú ag an Scéim do dheisiú, d’fhorbairt nó do chur chun cinn agus do mhargaíocht ar scála beag maidir le bonneagar atá ann cheana, oibreacha uasghrádaithe meánscála/mórscála agus forbairtí nua conaire nó áise chomh maith le Beart Forbartha Tionscadail chun foráil a dhéanamh do na costais forbartha do thionscadail mhórscála straitéiseacha. In 2022, maoiníodh cúig thionscadal lena n-áirítear €55,848 le haghaidh tionscadal i dTír Bhealach Eabhra agus sa Ghallbhaile (Mainistir an Mhúir), €200,000 i gCill Mocheallóg (Páirc Cois Abhann) agus leithdháileadh €100,000 ar dhá bheart forbartha tionscadail san Fhaing (Siúlóid Chnoc na Séadchomharthaí) agus Siúlbealach Loch Goir.



Roimhe seo – Siúlán Cois Abhann Chromadh ORIS 2021 a cuireadh i gcrích in 2022



I ndiaidh sin – Siúlóid Cois Abhann Chromadh ORIS 2021 a cuireadh i gcrích in 2022



Roimhe seo – Siúlán Cois Abhann Chromadh ORIS 2021 a cuireadh i gcrích in 2022



I ndiaidh sin - Siúlóid Cois Abhann Chromadh ORIS 2021 a cuireadh i gcrích in 2022



## Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

I mí an Mheithimh 2022, fógraíodh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le roinnt leasuithe ar an Scéim i ndiaidh sheoladh Ár dTodhchaí Tuaithe agus ina dhiaidh sin an Beartas Lár Bailte ar dTús. Rinne an Scéim 2022 cur síos ar infheistíocht mhéadaithe, amach go dtí 2025 faoi Ár dTodhchaí Tuaithe, i mbonneagar cianoibre chun deis a thabhairt do dhaoine leanúint orthu ag maireachtáil i bpobail tuaithe agus a n-uailmhianta gairme á leanúint ag an am céanna. Tugadh infheistíocht leanúnach faoi deara chomh maith chun tacú le maireachtáil i lár an bhaile, lena n-áirithiú infheistíocht tras-rialtais chun tacú le bailte agus sráidbhailte tuaithe mar mhoil ghníomhaíochta sóisialta agus eacnamaíochta. Leag Scéim 2022 béim faoi leith arís ar thionscadail a chuir foirgnimh agus láithreáin fholmha agus thréigthe in úsáid arís mar spásanna ilchuspóra.

Fuair trí thionscadal sna háiteanna seo a leanas maoiniú in 2022 – Ardach €250,000, an Brú €250,000 agus Baile Hiobaird €495,229.

Tugadh Beart Fáltais Foirgneamh nua isteach in 2022. Bronnadh maoiniú deontais €400,000 i leith Theach an Pharóiste, An Fheothanach agus iarfoirgneamh Bhanc na hÉireann, Ráth Caola. Forbrófar an réadmhaoin ag an bhFeothanach ina ionad acmhainní pobail agus déanfar r-mhol agus áis phobail ilchuspóireach as an iarbanc i Ráth Caola.

Bronnadh maoiniú deontais €91,000 faoin mBeart Forbartha Tionscadail Bailte agus Sráidbhailte.

Tá an dá thionscadal suite in Áth an tSléibhe (€50,000) agus i gCromadh (€41,000).

Lean an Beart Feabhsaithe ar Shráid-Dreach ar aghaidh in 2022 agus sráidbhailte Fhainge ag fáil maoiniú suas le €100,000. Tá oibreacha faoi Bheart Feabhsaithe ar Shráid-Dreach 2022 le cur i gcrích le linn Ráithe 3 2023.

Cuireadh roinnt tionscadal, a fuair maoiniú faoi Scéimeanna i mblianta roimhe seo, i gcrích in 2022 chomh maith, lena n-áirítear tionscadal Ionaid Léirmhíniúcháin an Ghleanna, tionscadal Limistéar Fiadhúlra Pobail Chill Tíle agus tionscadal Meal Bhaile an Gharraí a athshamhlú.



Tionscadal Ionad Léirmhíniúcháin an Ghleanna de chuid Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019 agus 2020



Oscailt Oifigiúil Ionad Léirmhíniúcháin an Ghleanna an 27 Lúnasa 2022



Roimhe seo – Tionscadal Limistéar Fiadhúlra Pobail Chill Tíle na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019



I ndiaidh sin - Tionscadal Limistéar Fiadhúlra Pobail Chill Tíle na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019





Oscailt Oifigiúil Limistéar Fiadhúlra Pobail Chill Tíle an 30 Iúil 2022

Tugadh síneadh ama do na tionscadail atá fágtha le haghaidh 2019 agus 2020 in Eas Géitine agus Ráth Caola faoi seach agus tá siad le bheith críochnaithe faoi dheireadh Ráithe 2 2023. Tá tionscadail 2021 i dTobar Phádraig, i gCearnóg Eas Géitine Thiar, Dún agus Brú Rí ar fad idir lámha agus ar an mbóthar ceart le bheith críochnaithe in Ráithe 3 2023.

## CLÁR

### (Ceantair Laga Ard-Riachtanais)

Is clár infheistíochta spriocdhírthe é CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) do cheantair thuaithe a sholáthraíonn maoiniú do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair thuaithe a d'fhulaing na leibhéil is airde maidir le meath an daonra.

Cuireadh cúig thionscadal a ceadáíodh faoi Scéim 2021 i bhfeidhm le linn 2022. Bhí trí thionscadal um Bearta Sábháilteachta Pobail/Scoileanna, Naíolann Phobail Chúil Fhraoigh / Áis Iarscoile a raibh cosán á chur isteach taobh amuigh den scoil, chomh maith le comharthaí bóthair agus oibreacha eile; deontas do Scoil Náisiúnta Úlla chun limistéar súgartha inrochtana/ilchéadfach a chruthú do gach páiste, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu agus cosán, soilsiú agus oibreacha eile do Chlub Sacair Fhíonaí. Faoin mBeart Cuibhreach/Gairdíní Pobail, bronnadh deontas ar Phobal Maireachtála Inbhuanaithe Thuar na Fola chun limistéar de thalamh gharbh i lár an tsráidbhaile a athrú ina ghairdín pobail bríomhar. Mhaoinigh an Beart Nuálaíochta Fuaráin Uisce gan tadhall a chur isteach i limistéir CLÁR ar leith i gcúig shuíomh.

I mblíana, mhéadaigh an Roinn Forbartha Thuaithe agus Pobail maoiniú d'os cionn 25% mar aitheantas ar

thábhacht an chláir do chuid de na ceantair thuaithe is iargúlta atá againn. Bronnadh €353,289 san iomlán ar aon tionscadal déag i Luimneach, is iad sin: Bunscoil Náisiúnta Bhaile Mháirtín, Club Sacair Chnoc Uí Choileáin; CLG an Ghleanna Rua; CLG Áth an tSléibhe; Bailte Slachtmhara Chill Tíle; Club Camógaíochta agus CLG Theampall an Ghleanntáin; Club CLG Úlla; Grúpa Forbartha Cheann Tóchair le haghaidh oibreacha deisiúcháin ar charrchlós Shráidbhaile Áth na bhFuinseog; Comhairle Pobail Thuar na Fola; Comhairle Pobail Chill Fhíonaí agus Forbairt an Ghleanna CTR.

### Ciste Gníomhaíochtaí Pobail

In 2022, fuair an LCDC €305,884.00 faoin gCiste Gníomhaíochtaí Pobail a sholáthraíonn maoiniú do ghrúpaí pobail chun tacú le grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Ba é cuspóir na scéime sin ná cabhrú le grúpaí/le heagraíochtaí le deontais i dtreo a gcostas reatha neamhphá agus deontais i dtreo deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha ar a n-áiseanna agus trealamh a cheannach. Tugadh cúnaimh do 146 grúpa i Luimneach faoin scéim sin.

### Cláir Gradam

Chomhordaigh an Roinn grúpaí pobail agus thug siad tacaíocht dóibh chun dul isteach i gcláir gradam náisiúnta a thugann aitheantas d'iarraichtaí agus caighdeán na ngníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus ar phobal sóisialta agus ar bhuntáistí eacnamaíochta dá bpobail áitiúla agus iad sin a thaispeáint.

### Mórtas Ceantair

Is comórtas uile-oileáin é Mórtas Ceantair atá á reáchtáil ag Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus Comhoibriú Éireann a reáchtáiltear in éineacht le húdarais áitiúla thuaidh agus theas. Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas an méid a dhéanann pobail don tsochaí a aithint agus a cheiliúradh chomh maith le cuimsiú, meas agus feasacht a spreagadh do gach gné den tsochaí. Tá méid éachtach bainte amach ag Luimneach sa chomórtas sin. In 2022, sa Dara hÁit bhí Comharchumann Forbartha Loch Goir faoi Thurasóireacht Phobail agus Luimneach a Tharraingt (a bhfuil sraith múrphictiúr i spásanna uirbeacha timpeall na cathrach i gceist leis) faoin Tionscnamh Áiteanna Cruthaitheacha. Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ceithre thionscadal isteach i gcomórtas Mhórtas



Gairdín Pobail, Ionad Fiontair Pobail Mhainchín Chill Liaile Sparr Thuamhan

Ceantair 2022. Is iad seo a leanas na tionscadail: Club na mBan Áth Dara 2020; Comhairle Pobail an Ghleanna Rua Bhaile Uí Argáin; Ionad Fiontair Pobail Mhainchín Chill Liaile/Sparr Thuamhan agus Ionad Óige an Chinn Thiar, Bhéal Átha na Cora an Bhaile Thiar.

Táthar ag súil le torthaí an chomórtais sin i mí Eanáir 2023, agus beidh Searmanas Bronnta ar siúl ar an 21 Eanáir.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

### Éire Shláintiúil/Luimneach Sláintiúil

Lean an clár Éire Shláintiúil/Luimneach Sláintiúil ar aghaidh le tacaíochtaí folláine agus sláinte a sholáthar le linn 2022. Nuair a cuireadh deireadh le srianta COVID-19, tugadh deis chun dul chun cinn na dtionscadal a chur i bhfeidhm. Áiríodh leo sin Clár Bia Sláintiúil Déanta Éasca a sheachadadh i Luimneach trí Chomhpháirtíocht Bhia Luimnigh, comhpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara d'eagraíochtaí deonacha agus pobail agus reachtúla á bainistiú ag comhpháirtíocht PAUL. Faigheann Comhpháirtíocht Bhia Luimnigh maoiniú ó Luimneach Sláintiúil, ó na Slánaitheoraigh agus ó Phobail Shláintiúla Sláintecare FSS agus díreann go príomha ar fheasacht a spreagadh, rochtain a fheabhsú agus soláthar roghanna bia sláintiúla a mhéadú dá spriocphobail i gCathair agus i gContae Luimnigh. Nascann Comhpháirtíocht Bhia Luimnigh le



Seachadadh Bia Sláintiúil Déanta Éasca



Seachadadh Bia Sláintiúil Déanta Éasca Sheirbhís Óige Luimnigh

Scoil na Sláinte Comhghuailithe in Ollscoil Luimnigh agus tá tacaíocht á tabhairt ag an gcomhpháirtíocht do bheirt mhac léinn MSc faoi láthair agus meastóireacht á déanamh acu ar an gclár.





Cur i láthair Dheimhniúchán Teagascóra Bia Sláintiúil Déanta Éasca

Thug Luimneach Sláintiúil, i gcomhar le Comhpháirtíocht Bhia Luimnigh, tacaíocht d'obair imeascha le pobail imirceacha ag úsáid bia mar uirlis rannpháirtíochta le linn 2022. Chomhoibrigh sé chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chláir agus Luimnigh, le Grúpa Imeascha Luimnigh agus le Doras i gcomórtas Bearbaiciú Fhéile na hAbhann. Mar chuid d'Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil i Luimneach, tugadh tacaíocht do bhall de phobal na hIndia i Luimneach chun “ceardlann chócaireachta le spíosraí” a sholáthar. Chuaigh Comhpháirtíocht Bhia Luimnigh i ngleic freisin leis an gClár Frithbhochtaineachta Óige i Luimneach, ABC Start Right, ar thionscadal chun fáil amach conas is féidir ‘do Leanbh a thosú ar Sholaid’ a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais teaghlach faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear teaghlach imirceacha agus dóibh siúd a gcónaíonn i dtíocht idirthréimhseach gan mórán rochtana, nó gan rochtain ar bith, ar áiseanna cócaireachta.



Comórtas Bearbaiciú River Fest

Thacaigh Luimneach Sláintiúil le cistin phobail a bhunú i lár na cathrach in Ionad Pobail Tait, Sráid an Tiarna Éadbhard. Fuair pleanáil, forbairt agus suiteáil na cistine i gcomhar leis an gComhairle maoiniú ó Éire Shláintiúil agus ó Phobail Shláintiúla Sláintecare. Seoladh an chistin phobail i mí na Nollag 2022. Tá an chistin oscailte anois d'eagraíochtaí pobail chun ranganna Bia Sláintiúil Déanta Éasca agus ceardlanna ábhartha eile a reáchtáil.

Tugadh tacaíocht d'imeachtaí eile ag Comhpháirtíocht Bhia Luimnigh lena n-áirítear: Lá Tionscnaimh Bia Pobail na Ceapaí Móire, Club Óige Luimnigh is Aclaí arna eagrú ag Seirbhís Óige an Chinn Thiar Bhéal Átha na Cora an Bhaile Thiar agus Lá Pobail Sláintiúil Chromadh a tionóladh in Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chromadh.

Sholáthair an Clár Oideachais Sláinte Sóisialta (SHEP) trí chlár a fuair tacaíocht ó Éire Shláintiúil/Luimneach Sláintiúil le linn 2022. Tá an clár SHEP seanbhunaithe i Luimneach agus mar thoradh ar mhaoiniú Éire Shláintiúil, leathnaíodh an clár. Tá sé mar aidhm ag an gclár sláinte agus folláine atá níos fearr a bhaint amach dár bpobail trí thacaíochtaí faoi stiúir an phobail a sholáthar i bhfoirm abhcóideachta, comhairleoireachta, tacaíochtaí eagraíochta pobail agus cur chuige idirghníomhaireachta feabhsaithe ag an leibhéal áitiúil.

Thacaigh Éire Shláintiúil leis an tionscnamh Coillearnach don Fholláine i gcomhar le Meabhairshláinte Éireann, le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus le FSS. Bhí siúlóidí dírithe ar thacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte éagsúla acu agus bhíodh siad ar siúl maidin Dé hAoine idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2022 i bPáirc Fhaoise na Cora.



## Clár Pobal Sláintiúil SláinteCare

Chomhoibrigh an Chomhairle leis an Roinn Sláinte, leis an FSS agus le gníomhaireachtaí pobail, chun Clár Pobal Sláintiúil Sláintecare a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag an gclár náisiúnta nua sin sláinte agus folláine daoine a chónaíonn i gceantair ard-díothachta a fheabhsú. Sheol an tAire Stáit Sláinte Poiblí, Folláine agus Straitéise Náisiúnta Drugaí, an tUasal Frank Feighan, TD, an clár i Mol Southill agus labhair Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, leis an lucht féachana ar an lá. Is é príomhról na Comhairle sa chlár sin tionscnaimh a fhorbairt i limistéir dhíothachta ainmnithe a fheabhsaíonn an timpeallacht mhaireachtála agus a mbíonn sláinte agus folláine níos fearr do chónaitheoirí mar thoradh orthu. D'fhéadfadh feabhsuithe agus úsáid dhearfach spásanna oscailte, limistéir súgartha nádúrtha, garraíodóireacht agus gairneoireacht, rochtain ar sheirbhísí feabhsaithe, agus tionscnaimh folláine eile a bheith san áireamh sna tionscadail. Ceapadh Oifigeach Forbartha Áitiúil do Phobail Shláintiúla de chuid na Comhairle chun an Clár a sholáthar. Tá an cur chuige iomlánaíoch idir-rannach, idirghníomhaireachta á sholáthar trí chomhpháirtíocht le pobail agus le réimse comhpháirtithe, ag obair le chéile chun tacaíochtaí comhtháite agus tiomanta a sholáthar chun feabhsuithe buana a thógáil ar fud na bpobal is mó a bhfuil gá acu leo. Faigheann an obair sin tacaíocht ó Chiste Feabhsúcháin Pobail Sláintecare agus tá tús curtha le trí thionscadal agus forbrófar tionscnaimh nua in 2023.

## Scéim Phíolótach Ganntanais Míostraithe

Ceadaiódh €10,000 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun Scéim Phíolótach Ganntanais Míostraithe a sholáthar in 2022. Tacaíonn an tionscnamh an-dearfach sin le cailíní sna déaga agus mná ar ioncam íseal mar chuid den chlár Sláinte agus Folláine. Tá an tionscadal á sholáthar go rathúil i seacht n-ionad a bhfuil leibhéal arda díothachta ann i gcomhar le Comhpháirtíocht PAUL agus a gcomhpháirtithe SICAP. Cuireadh táirgí agus dáileoirí míostraithe ar fáil don phobal ginearálta sna ceantair in áiteanna éagsúla, lena n-áirítear Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid Phobail agus ionaid phobalbhunaithe ina mbíonn go leor daoine ann.

## Tacú le hUathachas Luimnigh

Bhunaigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobail, Fóillíocht agus Cultúr grúpa oibre in 2021 chun machnamh a dhéanamh ar cad a d'fhéadfadh an Chomhairle mar eagraíocht a dhéanamh chun níos mó a dhéanamh ar son uathachais. Bunaithe ar thorthaí an Ghrúpa Oibre, rinne an Chomhairle iarratas rathúil ar mhaoiniú chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. I measc na ngníomhartha atá le maoiniú leis an deontas tá: oiliúint agus múscailt feasachta ar uathachas don fhoireann údaráis áitiúil agus do ghrúpaí pobail agus deonacha áitiúla agus do leasanna eile. Cuireadh tús le hoiliúint na foirne údaráis áitiúla in 2022 agus leathnófar é sin laistigh den eagraíocht agus chuig leasanna eile in 2023. Is é an cuspóir ná oibriú i dtreo cathrach agus contae atá báúil le huathachas i Luimneach.

## Fóram Freagartha Pobail na hÚcráine

I mí an Mhárta 2022, cuireadh struchtúir i bhfeidhm chun soláthar tacaíochtaí do dhaoine easáitithe ón Úcráin a éascú agus i mí an Mhárta bunaíodh Fóram Freagartha Pobail Úcránach Luimnigh. Is é ról an Fhóraithe comhordú na seirbhísí tacaíochta a éascú agus freagra faoi theoir phobail a chomhordú maidir le soláthar cúnaimh d'Úcránaigh easáitithe i Luimneach. Tá ballraíocht ag an bhFóram, faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Dr. Pat Daly, de bhreis agus 22 eagraíocht ar fud na n-earnálacha deonacha, pobail, príobháideacha agus stáit. Chinntigh an fóram go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil ar bhealach comhordaithe agus tugtar aghaidh ar bhearnaí aitheanta i soláthar seirbhíse nuair is féidir.



Pictiúr d'Fhóram Freagartha Pobail na hÚcráine anseo: Ceardlann agus Cruinniú Fhóram Freagartha na hÚcráine Luimnigh - Óstán na Trá 7 Nollaig 2022

## Tionscadal INTEgreat an AE

Tionscadal INTEgreat an AE arna gcomhchistiú ag Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht an AE. Thosaigh INTEgreat i mí Eanáir 2022 agus tá fad 36 mí aige. Is é atá i gceist leis ná rannpháirtíocht de seacht gcomhpháirtí a bhfuil scileanna comhlántacha trasnaí acu ó chúig thír Eorpacha: Is iad an Chipir, an Ghréig, Éire, an Iodáil agus an Spáinn, a léirítear réimse coinníollacha geografacha agus soch-chultúrtha.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal straitéis agus éiceachóras comhtháthaithe níos láidre a chur le chéile d'imirce agus don lucht iarrtha tearmainn (mná, fir, teaghlaigh, LADTA+) san Eoraip tríd na nithe seo a leanas:

- Anailís a dhéanamh ar na comhthéacsanna áitiúla: Creat Nuálach Straitéise um Chomhtháthú (ISF) a fhorbairt
- Cúig phíolóta a chur chun feidhme sna cúig thír chomhpháirtíochta - an Iodáil, an Spáinn, an Ghréig, an Chipir agus Éire - chun tástáil a dhéanamh ar an gcreat
- Modheolaíocht a fhorbairt chun tionchar na bpíolótaí a mheas agus ábhair/cleachtais a chruthú ar féidir iad a úsáid ar bhonn níos forleithne
- Torthaí a scaipeadh trí ardáin ghréasán-bhunaithe agus tríd na meáin shóisialta

Bhí an chéad ocht mí d'INTEgreat tiomanta d'anailís litríochta agus beartais sna cúig thír. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag obair in éineacht lenár gcomhpháirtí áitiúil Doras faoi láthair maidir le gníomhaíochtaí píolóta Luimnigh a chur i bhfeidhm a mhairfidh 18 mí. Ceadóidh na píolótaí tástáil a dhéanamh ar an gCreat Straitéise Comhtháthaithe i gCeantar Uirbeach Luimnigh trí shraith gníomhaíochtaí i gceithre phríomhréimse: cúram sláinte, fostaíocht, comhtháthú sóisialta, acmhainní a neartú agus oiliúint imirceach agus saoránach áitiúil aron.



Cruinniú Tionscadail INTEgreat in Varese, an Iodáil 17

## Lá na hAfraice

Thacaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le ceiliúradh Lá na hAfraice i Mí na Bealtaine agus bhí Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, ina phríomhchainteoir ann. Reáchtáladh imeacht Lá na hAfraice i ngairdíní Mhúsaem Hunt agus i measc na siamsaíochta bhí léirithe stáitse, sampláil bhia na hAfraice agus, den chéad uair riamh, bhí timpeallán do pháistí i measc siamsaíochta na bpáistí agus taispeántas d'fheistis na hAfraice.

## Comhairle Na nÓg

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag tacú le Comhairle na nÓg in 2022. D'fhill Comhairle na nÓg ar chruinnithe pearsanta i rith na bliana agus d'oibrigh sí i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla ar na téamaí a roghnaigh siad maidir le feasacht LADTA+ agus comhionannas inscne.

Reáchtáladh an chéad imeacht pearsanta le trí bliana i mí Dheireadh Fómhair. Tionóladh an Chomhdháil Óige in Halla Istabraiq, Cé na gCeannaithe, a d'oscail Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley, imeacht thar a bheith rathúil a bhí ann a thug deis dár ndaoine óga a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na dúshláin agus na deiseanna atá rompu agus conas is fearr is féidir linn ár bpobail a fheabhsú agus a athrú.



Andrew Purcell agus Christine Houghton, Comhairle na nÓg Luimnigh le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley ag an gComhdháil Óige

Sheol Comhairle na nÓg Luimnigh trí cinn dá dtionscadail ag deireadh 2022. Forbraíodh na tionscadail chun feasacht a spreagadh maidir le féiniúlacht inscne, comhionannas agus eispéiris an phobail LADTA+. Faoi stiúir daoine óga, áiríodh leis na trí thionscadal saith

físeán gearr oideachais dátheangach a chuirfidh eolas agus tacaíocht ar fáil do dhaoine maidir le téarmaíocht LADTA+ a thuiscint; clár faisnéise a dhéanann ceiliúradh ar phobal LADTA+ Luimnigh agus ceardlann idirghníomhach do dhaoine óga agus do mhúinteoirí ar théama na féiniúlachta inscne agus na tuisceana inscne.

In 2022, rinne Comhairle na nÓg cur i láthair do na baill thofa ag cruinniú den Chomhairle agus rinne sí cur i láthair do bhaill an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobal, Cultúr agus Turasóireacht.

### Foghlaim ar Feadh an tSaoil Luimnigh

Is fóram comhpháirtíochta é Grúpa Stiúrtha Foghlama Luimnigh a thugann líonraí agus comhpháirtíochtaí eanála le chéile agus atá tiomanta do chultúr foghlama a chruthú i Luimneach. Tá sé comhdhéanta de chomhpháirtithe reachtúla, forbartha áitiúla, gnó, pobail agus deonacha. Is é príomhról Foghlaim Luimnigh luach na foghlama a chur chun cinn i Luimneach, thar gach céim den saolré, chun faisnéis a roinnt a chuireann le foghlaim eagraíochtúil na mball agus na gcomhpháirtithe, agus chun tacú le líonraí agus grúpaí eanála ina n-iarrachtaí pobail a mhealladh in eispéiris foghlama dhearfacha. Seoladh 12ú Féile Bhliantúil Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh i Leabharlann Chill Mocheallóg i mí na Bealtaine. Ba réamhtheachtaí é an t-imeacht do sheachtain imeachtaí ar éirigh go han-mhaith leo ón 23 go dtí an 29 Bealtaine. Mar théama na bliana seo 'Foghlaim Rud Nua in 2022', bhí réimse imeachtaí ar siúl idir Ealaín, Chócaireacht, Fhorbairt na Luath-Óige, Chlinicí Folláine agus Sheisiúin Bhlaiseadh Teanga.

### Aoisbhá Luimnigh

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag tacú le Clár Aoisbhá Luimnigh i rith 2022. Cuireadh tús le hobair in 2022 ar Straitéis nua Aoisbhá Luimnigh 2023-2027 agus ceapadh Comhairleoirí chun taighde a dhéanamh agus chun an straitéis a chur le chéile. Cuireadh tús le comhairliúchán trí ghrúpaí fócais agus suirbhéanna in 2022 agus cuirfean an Straitéis nua i gcrích in 2023.

Leanadh leis an gClár um Thithe Aoisbháúla in 2022 agus bhain os cionn 400 duine leas as an tseirbhís. Tá sé mar aidhm ag an gclár um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla chun a chur ar a gcumas do dhaoine aosta



Rannpháirtithe Grúpa Fócais in Ionad na Mílaoise, Cathair Chinn Lis i mí Dheireadh Fómhair 2022



Catherine Bowes Kelly, Bainisteoir Chlár Aoisbhá Luimnigh le Paddy Hyland, Leas-Chathaoirleach OPC, Anne Rizzo, Bainisteoir an Chláir Réigiúnaigh, Jillian Robinson, Comhordaitheoir na dTithe Aoisáisiúla, Kathleen O'Meara ó Chomhairleoirí Mo Flynn ag Lá Oscailte Aoisbhá Luimnigh.

“Aosú in Áit” ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh le bheith ina gcónaí ina dtithe nó i dteach atá níos oiriúnaí dá riachtanais chun maireachtáil le braistint neamhspleáchais agus chun dul isteach go cúram cónaithe fadtéarmach roimh am a sheachaint.

Tionóladh Coinbhinsiún Chomhairle Náisiúnta na nDaoine Scothaosta i mí na Bealtaine sa Mhí agus d'fhreastail baill d'Feidhmeannacht Seandaoine Luimnigh ar an imeacht. Reáchtáladh na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gaisce Aoisbhá i mí Dheireadh Fómhair i gCaisleán Dhrom Ólainn. Bhuaiigh Aerfort na Sionainne agus Aerfort Iarthar Éireann an Chnoic, gradam faoin gCatagóir Iompair. Bhí Aoisbhá Luimnigh mar chuid d'iontráil Aerfort na Sionainne. Tionóladh an chéad chruinniú de Chomhaontas athstruchtúraithe, leathnaithe Aoisbháúil Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair. Is grúpa traseanála ar leibhéal sinsearach é an Comhaontas Aoisbháúil a dhéanann





Comhaltaí Tofa Chomhairle na nDaoine Scothaosta in éineacht le baill foirne ó Aoisbhá Luimnigh

a bhallghníomhaireachtaí an chomhpháirtíocht straitéiseach uileghabhálach chun réadú dár dara Straitéis Aoisbháúil a fhorbairt agus a mhaoirsiú.

Bhí Lá Oscailte Aoisbháúil ar siúl i mí na Samhna in Óstán Woodlands in Áth Dara. Bhí os cionn 130 duine i láthair agus 13 thaispeántóir ar an lá, inar áiríodh An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Leabharlainne agus an tSeirbhís Dóiteáin.

Is iad Feidhmeannacht na Seandaoine guth na Seandaoine i Luimneach, agus bhí a gCruinniú Ginearálta Bliantúil acu i mí na Samhna le seisear comhaltaí reatha fágtha ar an gcoiste agus ceapadh seisear comhaltaí nua as ainmniúcháin a cuireadh chun cinn ag an Lá Oscailte bliantúil.

### Aon Mhilliún Réalta

Cuireadh an tionscadal Aon Mhilliún Réalta, tionscnamh chun deireadh a chur le foréigean baile os comhair Chaisleán Iarla Dheasumhan, An Caisleán Nua i mí na Samhna 2022. Seoladh réalta 12 through le 12 through, agus na mílte réalta curtha isteach ag an bpobal ceangailte leis an bhfocal HOPE corpraithe ar fud na réaltaí. Is é cuspóir an tionscadail dlúthpháirtíocht a léiriú leo siúd a bhfuil tionchar ag foréigean baile orthu.



Baill de Choiste Aon Mhilliún Réalta ag seoladh na Réalta ag an gCaisleán sa Chaisleán Nua

### Scéim Marcála Réadmhaoine

Bhí imeachtaí Marcála Réadmhaoine ar siúl i rith na bliana. Thug Gardaí Pobail ó Shráid Anraí faoi roinnt imeachtaí marcála maoine ar Champas Ollscoil Luimnigh agus marcáladh os cionn 600 mír de mhaoín phearsanta. Lean Grúpaí Pobail ar aghaidh ag plé le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus leis an nGarda Síochána chun earraí maoine a mharcáil chun gadaíocht earraí luachmhara a laghdú, rud atá cruthaithe.

### Scéim na mBéilí Scoile

Leanadh le Clár na mBéilí Scoile (Scéim Bonnóige agus Bainne) in 2022 leis an tseirbhís a sholáthar do 10 scoil DEIS, thart ar 1,500 leanbh.

## FEASACHT CHOMHSHAOIL

### Bailte Slachtmhara Náisiúnta

In 2022, i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, tháinig moltóirí ar ais chun cuairteanna ar an láthair a thabhairt ar na 51 iontrálaí as Luimneach sa chomórtas. Bronnadh bonn óir ar Bhailte Slachtmhara Áth Dara agus boinn chré-umha ar Chathair Luimnigh agus ar an gCaisleán Nua sa chomórtas náisiúnta. Ba iad Gradaim Chontae Luimnigh; 1ú Áth Dara, 2ú Ard Pádraig, 3ú Caisleán Uí Chonaill agus An Gallbhaile. Bronnadh an Gradam Iarrachta ar Bhailte Slachtmhara Áth an tSléibhe.

### ag Díriú ar Ór

Bhí Áth Dara sa chéad áit i gCatagóir na mBailte Slachtmhara i gComórtas Luimnigh ag Díriú ar Ór, urraithe ag Fondúireacht Charthanachta JP McManus. Bhí iad seo a leanas rathúil chomh maith, Caisleán Uí Chonaill sa 2ú háit, Eas Géitine sa 3ú háit, Tobar Phádraig sa 4ú háit agus Cill Míde sa 5ú háit.

Tugadh ardmholadh do ghrúpaí ó Dhún, ón Ospidéal, ón gCaisleán Nua, ó Áth an tSléibhe agus ó Chill Tíle. I gCatagóir Luimneach faoi Bhláth, ba iad Cill Tíle a bhuaigh mar príomhbhuaiiteoir, Cill Fhionáin sa 2ú háit agus Garraí na Deirce sa 3ú háit. Tugadh ardmholadh do Bhaile an Gharraí agus d'Áth Leathan. I gcatagóir na nEastát Cónaithe, bronnadh an chéad duais ar Chumann Áitritheoirí Shruthán na Cluana, an Corrbhaile agus bronnadh an dara háit ar Choiste Eastát na Ceapaí Móire. Tugadh ardmholadh do Radharc Chaladh an Treoigh, Garraí Eoin, Páirc Monaleen agus Cumainn Áitritheoirí Woodhaven i gCatagóir na nEastát Cónaithe.



Gradaim ag Díriú ar Ór Luimnigh agus an bronnadh ar na mbuaitheoirí.

Bronnadh an Gradam ag Díriú ar Ór Athúsáide a dhéanann ceiliúradh ar an Mí Náisiúnta Athúsáide ar an Siopa Athúsáide Carthanais, Gateway to Education. Bronnadh gradam ar Bhailte Slachtmhara Chaisleán Uí Chonaill as an Scairdeán Uisce athchóirithe.

### Glantachán Fhoireann Luimnigh (TLC7)

Maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, is comhoibriú uathúil é TLC le pobail, gníomhaireachtaí poiblí agus comhpháirtithe príobháideacha ó thaobh tionscnamh comhshaoil ar fud an chontae. Cuireann nádúr comhoibríoch TLC, le páirtithe leasmhara lena n-áirítear saoránaigh Luimnigh, na Scoileanna Náisiúnta ar fud an chontae, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara Chiste Carthanachta McManus agus an tUasal Binman, spriocanna comhshaoil inbhuanaithe agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn maidir leis an gcomhshaoil, go háirithe i scoileanna.

Go dtí seo, tá na figiúirí rannpháirtíochta foriomlána gar



Seoladh TLC7 ag an Mainistir, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

do mharc 122,000 agus áirítear leo oibríthe deonacha ó gach gné den saol lena n-áirítear scoileanna, coláistí, eagraíochtaí spóirt agus/nó clubanna, grúpaí pobail, grúpaí cónaithe, gnólachtaí, carthanais, tithe altranais agus daoine aitheanta áitiúla. I measc na gcomhpháirtithe oifigiúla sna meáin tá Limerick Leader, Limerick Post, Live 95, I Love Limerick agus ELive.

Ghlac os cionn 21,000 oibrí deonach páirt in TLC7 ó 596 grúpa pobail ar fud na Cathrach agus an Chontae ar Aoine an Chéasta. Chuir Glantachán Fhoireann Luimnigh go mór leis an leibhéal áitiúil ar an talamh le roinnt Spriocanna Inbhuanaithe na NA mar seo a leanas; (11) Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe - Spreagann sé idéil chaomhnóir an chomhshaoil atá riachtanach do





Oibríthe deonacha agus páirt á glacadh acu in TLC7

chathracha, bailte, sráidbhailte agus pobail inbhuanaithe ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. (12) Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach - Cuireann sé an smaoineamh a bheith freagrach as an méid a cheannaíonn tú agus as an mbruscar/dramhaíl a ghintear uaidh chun cinn. (13) Gníomhú ar son na hAeráide, - Is gníomh faoi ghníomhú ar son na haeráide é dramhaíl agus bruscar a bhainistiú go héifeachtach. (15) Saol ar an Talamh, - Ag tabhairt aire dár saol ar an talamh – ag bainistiú thionchar an bhruscair agus na dramhaíola.

### Dramhaíl a Chosc

Bhí roinnt tionscnamh ann faoi Dhramhaíl a Chosc lena n-áirítear tionscadal scairdeáin uisce athchóirithe agus buidéal in-athúsáidte a chur chun cinn i Scoil Náisiúnta Chaisleán Uí Chonaill.



Méara Daniel Butler le Leanáí ag Scoil Náisiúnta Chaisleán Uí Chonaill

Reáchtáladh Ceardlann nuálach i dtaca le síolta a bhaint i nGairdín Pobail Mhúsaem Hunt i gcomhar le Cumann Sábhála Síolta Éireann chomh maith. D'fhreastail líon maith ar Chúrsaí Garraíodóireachta Inbhuanaithe rathúla i nGairdín Pobail Mhúsaem

Hunt agus in Ionad Dheasumhan sa Chaisleán Nua. Reáchtáladh tionscnaimh Athchúrsála um Chur Amú Bia i rith na bliana ag Seó Luimnigh, oifigí éagsúla de chuid na Comhairle. Dáileadh os cionn 1,000 fearas athchúrsála cuir amú bia thar na trí imeacht. Rinneadh ceiliúradh ar an gcéad seachtain náisiúnta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG) a cheiliúradh le cupáin in-athúsáidte a chur chun cinn don phobal i gcoitinne agus don fhoireann i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Oifigí Thuar an Daill agus Ché na gCeannaithe.

Tionóladh comhdháil náisiúnta ar “Conas is féidir le hÚdaráis Áitiúla dul i ngleic leis an Éigeandáil Bhithéagsúlachta” in Óstán na Trá, Luimneach chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tseachtain náisiúnta um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

### Scoileanna Glasa agus feachtais eile

Ghlac os cionn 60 múinteoir ó scoileanna ar fud Luimnigh páirt i Seimineár Bliantúil ar líne um Scoileanna Glasa de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Rinne fiche scoil athnuachan ar a mbratach thar réimse téamaí lena n-áirítear fuinneamh, uisce, taisteal, bithéagsúlacht agus saoránacht domhanda. Tá 161 scoil san iomlán cláraithe do chlár na Scoileanna Glasa anois. Seoladh an tionscnamh PickerPals i Scoil Náisiúnta Thobar Phádraig.

Tugadh faoi fheachtas Feasachta in aghaidh Salachair Madra chomh maith le feachtas Frithdhumpála in 2022, inar áiríodh feachtais dhigiteacha, agus fógraí raidió áitiúla. Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh lena ballraíocht ar leibhéal cré-umha de ‘Ná Fág aon Rian’ agus reáchtáil an Chomhairle ceardlanna i gcomhar leis an líonra leabharlann. Ghlac an Chomhairle páirt freisin i bhFeachtas Náisiúnta um Bhruscar Guma Coganta IBEC.

### Cóirthrádáil

Sheol Bailte Slachtmhara an Chaisleáin Nua agus Áth Dara a n-aidhm chun a bheith mar Bhailte Cóirthrádála chun Coicís na Cóirthrádála a cheiliúradh. I mí na Samhna, rinne Cathair Luimnigh ceiliúradh ar an 17ú bliain mar Chathair Chóirthrádála le fillleadh Chomórtas Chártaí Nollag na Scoileanna.



## TURASÓIREACHT Ghlasbhealach Luimnigh

In 2022, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh le hoibriú agus le forbairt Ghlasbhealach Luimnigh. Faoi Mhí na Bealtaine, bhí 500,000 cuairt ar Ghlasbhealach Luimnigh, an bealach siúil agus rothaíochta 40km dea-radhairc easbhóthair ó athosclaíodh é i mí Iúil 2021, tar éis infheistíocht €10 milliún ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Is léiriú é sin ar an tóir atá air i measc an phobail agus na gcuariteoirí áitiúla. Tá siúlóirí, reathaithe, rothaithe agus daoine de gach cumas ag baint taitneamh as an nGlasbhealach, rud atá faoi bhláth ó cuireadh an chéad chéim dá athfhorbairt uailmhianach i gcrích an samhradh seo caite. In 2022, taifeadh 665,672 cuairt san iomlán ar an nGlasbhealach.



Tugann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys T.D., cuairt ar Shnóidóireacht Crann in Ardach ar Ghlasbhealach Luimnigh

Ceapadh JBA Consulting mar chomhairleoirí chun plean bithéagsúlachta a ullmhú d'fhad iomlán Ghlasbhealach Luimnigh arb ionann é agus céad staidéar cuimsitheach ar Ghlasbhealach in Éirinn. Cuirfear tús le suirbhéireacht agus mapáil speiceas agus gnáthóg i Mí an Mheithimh 2023.

I mí Iúil, thosaigh seirbhís bus tointeála nua ag feidhmiú feadh an Ghlasbhealaigh, seacht lá na seachtaine i rith mhíonna an tsamhraidh. Cuireadh fáilte leis an gcur leis an ngréasán áiseanna do chuariteoirí den chéad scoth atá i bhfeidhm cheana féin feadh an bhealaigh dea-radhairc siúlóide agus rothaíochta easbhóthair 40km.

Tá roinnt comhlachtaí rothar ar cíós ag feidhmiú feadh an bhealaigh agus tá an bus tointeála laethúil ar fáil do gach úsáideoir Ghlasbhealach Luimnigh.

Ba iad Comhlacht Bia 8020 na hiarratasóirí ar éirigh leo trucail bhia agus dí a sholáthar ag Mol an Ghlasbhealaigh in Ardach agus trádáil a thosú ó mhí Iúil. Sholáthair sé sin seirbhís a bhfuil an-tóir uirthi do chuariteoirí Ghlasbhealach Luimnigh go háirithe le linn shéasúr an tsamhraidh.



Taitneamh á bhaint as Ghlasbhealach Luimnigh

### Imeachtaí a bhíonn ar siúl ar Ghlasbhealach Luimnigh

Bhí roinnt imeachtaí ar siúl ar Ghlasbhealach Luimnigh i rith 2022 lena n-áirítear an méid seo a leanas;

Ar an 14 Feabhra, d'óstáil an Chomhairle turas tuisceana do Ghrúpa Thairseach Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar Ghlasbhealach Luimnigh le breis agus 20 páirtí leasmhar fáilteachais agus turasóireachta ag rothaíocht ón mBearna go Ráth Caola.

D'óstáil Fáilte Éireann turas tuisceana ar Ghlasbhealach Luimnigh ar an 30 Márta le breis agus 15 oibritheoir turais idirnáisiúnta ó gach cearn den Eoraip ag rothaíocht ón gCaisleán Nua go dtí an Bhearna.

Chríochnaigh Rás Tailteann cuid neamhiomaíoch de Chéim 3 ar an 17 Meitheamh. Bhí 22 foireann baile, 12 foireann Idirnáisiúnta agus 170 marcach san iomlán sa rás, a rothaigh ar an gcuid ón gCaisleán Nua go hArdach sular chuir siad tús ceart leis an rás.

Áiríodh iad seo a leanas sna hImeachtaí Náisiúnta agus Áitiúla eile:

- Lá Lus an Chromchinn
- Seachtain na Rothar
- Aistear Bróid GOSHH
- Oíche Shamhna ag MOL na Bearna
- Lá Taispeántais um Rothair do

- Dhaoine faoi Mhíchumas
- Siúlóid Urraithe ag Club Camógaíochta Áth Dara
- Rothaíocht Charthanachta Chlub Turasóireachta Eas Géitine

## Áiseanna agus Saoráidí an Ghlasbhealaigh

Chomh maith le tionscadail agus páirceáil do charranna na dtithe stáisiúin, tá clár oibre á chur chun cinn ag an gComhairle d'áiseanna agus do shaoráidí do gach úsáideoir glasbhealaigh. Áiríodh leo sin áiteanna picnice, suíocháin/seastáin rothar go tráthrialta, limistéir shúgartha do leanaí beaga, pointí luchtaithe do rothair leictreonacha, pointí deisiúcháin do rothair agus pointí uisce. Bronnadh maoiniú do na hoibreacha sin faoin Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer (ORIS).

## Margaíocht agus Cur Chun Cinn an Ghlasbhealaigh

In 2022, chuir an Chomhairle comhairleoirí ar fáil chun bheith i gceannas ar fheachtas náisiúnta comhtháite cumarsáide agus margaíochta chun an áis nua sin a sheoladh. Ba iad príomhghnéithe de chuspóirí an fheachtais margaíochta agus cumarsáide ná feachtas ar Ghlasbhealach Luimnigh a spreagadh mar áis turasóireachta cheanáin go háitiúil agus go náisiúnta agus chun próifíl Ghlasbhealach Luimnigh a ardú i measc príomhpháirtithe leasmhara.

Áiríodh leis an bhfeachtas le linn 2022:

- Grianghrafadóireacht shéasúrach thar barr feadh an Ghlasbhealaigh, a bhí mar ghné lárnach d'fheachtas margaíochta agus bolscaireachta
- Bróisiúr ar líne agus clóite
- Clár fógraí agus láithreacht lompair lena n-áirítear fógraíocht laistigh den Stáisiún Traenach, den Aerfort, ar Naisc Bhus agus ar Stadanna Bus agus ar mhórbhealaí isteach agus amach as Luimneach
- Suíomh gréasáin tiomnaithe nua mar chuid de [limerick.ie/greenway](http://limerick.ie/greenway)
- Forbraíodh comharthaíocht agus léirmhíniú agus cuireadh i bhfeidhm iad feadh an bhealaigh iomláin a sholáthraíonn eolas cinn scríbe agus stairiúil do chuariteoirí
- Turais taithíochta d'iriseoirí ón Irish Independent, Irish Examiner, Irish Star, Irish Times, Newstalk agus RTÉ.ie, ag obair le gnólachtaí áitiúla lena n-áirítear seirbhísí fruilithe rothar agus tointeála, óstáin teaghlaigh, siopaí aite, músaeim shuimiúla

agus an chuid is fearr de bhia Iarthar Luimnigh chun eispéiris bharántúla a chruthú a léirigh na fíordhaoine agus na fíorscéalta feadh an Ghlasbhealaigh. D'óstáil Glasbhealach Luimnigh iomaitheoirí ó Rothaíocht Éireann agus ó Rós Thrá Lí

- Cuireadh Glasbhealach Luimnigh san áireamh sna 40 rud is fearr le déanamh i Luimneach agus bhí sé in ocht gcuardach Google as naoi gcinn ar an gcéad leathanach cuardaigh Google
- Áiríodh ar Chlúdach na Meán 14 phíosa d'Ailt Clúdaigh Meán Tuillte Náisiúnta, 32 píosa de Chlúdach Meán Tuillte Réigiúnach agus naoi bpíosa d'Ailt Clúdaigh Meán Tuillte ar fud fhoilseacháin na bpáirtithe leasmhara a n-aimsíodh sé mhíilliún duine mar thoradh orthu. Áiríodh leis na foilseacháin sin Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner chomh maith le Limerick Post agus Limerick Leader go háitiúil
- Bhí Glasbhealach Luimnigh i dTreoir Luimnigh agus i gClár Cluichí CLG chomh maith le Clár an Chluiche Ceannais Iomána
- Sroicheadh Ardán na Meán Sóisialta do 2022
  - Clúdach an Leathanaigh Facebook: 505,787
  - Cuairteanna ar phróifíl Facebook: 10,988
  - Rannpháirtíochtaí Facebook: 806 rannpháirtíochtaí postála uathúla (tráchtanna, freagraí, rannata)
  - 'Is maith liom' nua ar leathanach Facebook: 1,912 (Iomlán nua 8,692)
  - Amhairc ar fhíseáin Facebook: 1,084,133
  - Sroicheadh leathanach Instagram: 34,431
  - Cuairteanna ar phróifíl Instagram: 2,934
  - Leantóirí nua ar leathanach Instagram: 693 (Iomlán nua 4,714)
  - Amhairc ar fhíseáin Instagram: 989,339

## Clár Forbartha Cinn Scríbe

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí agus Acmhainní Iarthar Luimnigh ag obair le comhairleoirí ceaptha in 2022 ar chlár forbartha cinn scríbe le grúpaí pobail agus gnólachtaí feadh an bhealaigh. Cuireadh tús leis an gclár le ceardlanna comhairliúcháin pobail fóirúla mionsonraithe agus iarrtar ar thacaíocht a thabhairt d'fhás gnó agus do dheiseanna nua a bhaint amach do phobail agus don gheilleagar feadh Ghlasbhealach Luimnigh agus go dtí Glasbhealach Ríocht Chiarraí.

## Forbairt Turasóireachta

In 2022, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh le cuspóirí Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh – Plean Gníomhaíochta a chomhlíonadh.

## Straitéis um Chathair Thairsí SAF a chur i bhFeidhm i gcomhar le Fáilte Éireann

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag obair le Fáilte Éireann chun maoiniú a ghíaráil do scéimeanna ar nós na Scéime Deontais Féilte Rannpháirtíochta, agus chun cuspóirí um Thairseach agus Réigiún Shlí an Atlantaigh Fhiáin a sholáthar.

Bhí branda agus straitéis eispéireas na gcuariteoirí do Chathair Luimnigh mar Chathair Thairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin (SAF) ina dhara bliain in 2022. Díreann sa straitéis cúig bliana Cathair Luimnigh a athrú ina ceann scríbe láidir do chuariteoirí agus ina bunáit maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin a fhiosrú. Cuirtear an cur chuige comhoibríoch ilpháirtithe leasmhara sin i bhfeidhm ar Thurasóireacht chun acmhainneacht fhúirseach Luimnigh le bheith ina cheann scríbe turasóireachta uirbí idirnáisiúnta a bhaint amach.

Mar chuid de na príomhghníomhaíochtaí i Straitéis um Chathair Thairsí SAF do Luimneach, rinne an Fhoireann Forbartha Turasóireachta na nithe seo a leanas:

- Forbairt ar Phas nua Discover Limerick do chuariteoirí chuig Luimneach. Soláthraíonn an pas a mhaoinítear i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann rochtain ar lascaire ar phríomhghníomhaíochtaí i Luimneach agus faigheann sé tacaíocht ó fheachtas margáíochta lena n-áirítear Bróisiúr nua Discover Limerick agus Léarscáileanna do Chuariteoirí, a ndearnadh tástáil orthu in 2022 roimh rolladh amach iomlán an bhliain seo chugainn
- I gcomhpháirtíocht le hUiscebhealaí Éireann, chuir an fhoireann staidéar féidearthachta chun cinn chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir rochtain ar an abhainn i dtimpeallacht na cathrach a uasmhéadú. Tá an tionscnamh sin ar cheann de roinnt gníomhartha atá ag díriú ar leas a bhaint as acmhainneacht shuíomh Luimnigh ar an tSionainn. Cuireadh an tuarascáil sin i gcrích den chuid is mó in 2022
- Forbairt Bhranda Shráid San Nioclás agus Oileán an Rí: In 2022, d'oibrigh an fhoireann Forbartha Turasóireachta le baill de Ghrúpa Thairseach SAF chun athbhrandáil a dhéanamh ar cheantair

Oileán an Rí agus Shráid San Nioclás sa chathair do thurasóireacht. Reáchtáladh sraith ceardlann agus forbraíodh ainm branda agus coincheap. Rinneadh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara pobail ina bhfuair na príomhchoincheapa aiseolas maith. Leanfar leis an obair sin in 2023 nuair a dhearfad agus seolfar an branda in éineacht le plean forfheidhmithe i gcomhar leis an bpobal áitiúil, Grúpa Thairseach SAF agus Athghiniúint LCCC.

- Mar thoradh orainn a bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe sa Mhargáíocht agus Cumarsáid chun feachtas turasóireachta samhraidh a rolladh amach maidir le saoire sa bhaile agus trí obair le gnólachtaí áitiúla, bhí Glasbhealach Luimnigh mar phríomhtháirge cinn scríbe chun cuairteoirí baile a tharraingt go cathair agus contae Luimnigh.

## Sraith Fhéile na nÉireannach Domhanda



Global Irish Festival Series: Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Ms. Catherine Martin, TD, Minister of State for Overseas Development Aid and Diaspora, Mr. Colm Brophy, TD, Ms. Ciara Sugrue, Fáilte Ireland and Mr. Tim O'Connor.

Tá sé mar aidhm ag Sraith Fhéile na nÉireannach Domhanda, tionscnamh ó Fáilte Éireann agus ón Roinne Gnóthaí Eachtracha, leas a bhaint as naisc dhiaspóra ar mhaithe le turasóireacht áitiúil agus phobail. Sheol an tAire Stáit um Chúnadh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, an tUasal Colm Brophy, TD, Sraith Fhéile na nÉireannach Domhanda go hoifigiúil go hidirnáisiúnta ag Ard-Chonsalacht na hÉireann i Nua-Eabhrac an 20 Aibreán. I measc na ndaoine a bhí i láthair ag an imeacht bhí ionadaithe ó; Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cumainn Chontae, Tionscnóirí Turais, Grúpaí Gael-Mheiriceánacha, Aer Lingus agus na príomh-mheáin.



Bhí sé mar aidhm ag tionscnamh comhpháirteach idir Fáilte Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Sraith Féile Dhomhanda na hÉireann, an diaspóra a spreagadh chun fillleadh abhaile agus cuairt a thabhairt ar Éirinn agus maoiniú agus tacaíocht a sholáthar, trí Údarás Áitiúla, d'imeachtaí a bhaineann leas as líonraí diaspóra idirnáisiúnta le tacaíocht ó Thurasóireacht Éireann. Seoladh Sraith Féile Dhomhanda na hÉireann den chéad uair in 2018. I mbliana, tháinig an tsraith ar ais i bhfeidhm i ndiaidh bearna dhá bhliain mar gheall ar an bpaindéim agus arís eile, tugadh tacaíocht do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Luimneach Domhanda le hinfheistíocht €30,000. Theastaigh ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sraith féilte agus imeachtaí a bhaineann leis an diaspóra a fhorbairt i rith mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair, mar thogra turasóireachta tiomanta do Luimneach. Bhí páirt ag an údarás áitiúil sna féilte seo a leanas:

- Féile Scannán Idirnáisiúnta Richard Harris: Féile chultúrtha idirnáisiúnta, a dhéanann ceiliúradh ar thallann uathúil Richard Harris, sa chathair inar rugadh agus tógadh é. Tá sé mar aidhm ag an bhféile saothar diaspóra na hÉireann a thaispeáint ag an bhféile agus spreagtar dóibh siúd de bhunadh na hÉireann fillleadh abhaile lena saothar a thaispeáint
- Sraith Cultúir agus Bia Bhaile na Muice: Féile bia thiomanta a dhéanann ceiliúradh ar chultúr agus oidhreacht bia Luimnigh agus atá bunaithe ar stair thionscail bagúin cháiliúil Luimnigh
- Féile Ceoil Áth na bhFuinseog/Chill Íde: Féile phobail arna eagrú ag pobal Chill Íde a dhéanann ceiliúradh ar a naisc leis an diaspóra
- Scoil Fómhair Rose Fitzgerald Kennedy, an Brú: Imeacht pobail arna eagrú ag pobal an Bhrú a dhéanann ceiliúradh ar a naisc le muintir Fitzgerald agus Kennedy.

## Loch Goir

### Buaicphointí

- Clúdach náisiúnta mar gheall ar fhionnachtain na healaíne meigilití
- Tionscadal siúlbealaigh a chur chun cinn
- Folachán éanbhreathnóireachta & tionscnaimh comhshaoil a chur chun cinn
- Seirbhísí nua do chuariteoirí forbartha
- Dhá ghradam náisiúnta
- Béim ar eispéiris chultúrtha ar mhaithe leis an réigiún

### Láthair a bhuaigh gradaim

- Creidiúnú don Chéad Láthair Oidhreacht Glaise do Luimneach
- Gradam Mórtas Ceantair sa Chatagóir Turasóireachta
- Gradam nua na Brataí Glaise do 2022/2023
- Creidiúnú Ionaid Oideachais SFI
- Ionad Creidiúnaithe na hÉireann Ná Fág aon Rian

### Tionscnaimh Mhargaíochta



Searmanas Creidiúnaithe Láithreach Oidhreacht Glaise ag Loch Goir

- Beidh sé le feiceáil ar chláir RTÉ lena n-áirítear Food Truck Favourites le Paul Fynn, clúdach Keys to My Life agus USA TV Travel Show (chomh maith le hathchraoladh d'eipeasóid den chlár Loch Goir Nationwide agus Seó Taistil Kathryn Thomas)
- Seoladh geansaí nua ag iománaithe Luimnigh le O'Neills Sports
- Clúdach leanúnach thar nuachtán áitiúil, an raidió agus gné-ailt náisiúnta san Irish Independent agus san Irish Times
- Forbairt campaí lae an dúlra de réir gníomhaíochtaí agus fáilte a chur roimh pháistí áitiúla agus 25 bunscoil
- Togadh an chuid is mó den ghrianghraif

de chomhartha fáilte nua Loch Goir agus roinneadh an t-íomha sin níos mó ná aon íomha eile thar na meán sóisialta

- Ealaín Mheigiliteach a chur chun cinn ag Ciorcal Cloiche na Gráinsí
- Gníomhaíochtaí bunaithe ar ghníomhaíocht uisce a leathnú le hIonad Oideachais Faoin Aer Chionn tSáile (KOEC) agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB)
- Dílseacht branda a fhorbairt trí dhíol nua ar éadaí Loch Goir. Dhíol na hearraí ar fad ar thrí ócáid éagsúla i mbliana
- Obair le Giniúint Ceoil Luimnigh agus an Chláir chun campaí samhraidh do leanaí maidir le hamhráin a chumadh a sholáthar
- Tháinig méadú 26% ar líon na meán sóisialta thar na n-ardán ar fad

#### Tionscnaimh Turasóireachta

- Turais siúlóide
- Turais rothaíochta
- Turais chomhshaoil
- Gníomhaíochtaí uisce
- Turais stairiúla & seandálaíochta
- Turais eispéiris ceangailte le soláthraithe áitiúla
- Tabhair cuairt ar an ionad léirmhínitheach agus ar an gclós súgartha
- Eispéiris folláine
- Ceardlanna oideachais
- Conairí gearra
- Láthair do shaineolaithe caife
- Ionad Cuairteoirí, Both agus Clós Súgartha, páirc agus áiseanna

#### Tionscnaimh Phobail

- Obair a dhéanamh le húinéirí talún agus le baill den phobal chun caidrimh a fhorbairt agus tionscnaimh áitiúla a sholáthar.
- Reáchtáladh imeachtaí siúlóide i rith na bliana chun an leas is fearr is féidir a bhaint as nasc nua Slí Na Sláinte ó Loch Goir go dtí an Bhrú.
- Cuirtear fáilte ag féile an fhómhair roimh 3,000 duine chuig an gceantar le haghaidh scéalaíochta, margaí, imeachtaí cainteoirí agus níos mó.
- Cuirtear gníomhaíochtaí uisce samhraidh ar fáil do shaoránaigh Luimnigh agus do chuariteoirí idirnáisiúnta.
- Grúpa éanbhreathnaithe a bunaíodh le hoiliúint a sholáthar ag Bird Watch Ireland.

- Turais páirce phobail chuig láithreacha den chineál céanna arna eagrú.
- Cuireadh fáilte roimh 400 teaghlach ag imeacht na Nollag
- Cuairteanna ó Ionad Carebright, an Brú agus scoileanna áitiúla ar fud Luimnigh ina dtagann daoine agus pobail de gach aois le chéile

#### Feabhsúcháin Leanúnacha

- Seirbhísí do chuariteoirí a fháil ar ais i ndiaidh dhúnadh éigeantach na paindéime i mí Eanáir
- Líonra turasóireachta Loch Goir a fhorbairt, lena n-áirítear soláthraithe áitiúla
- Láthair folacháin éanbhreathnóireachta a cheannach. Ceadú an mhaoinithe
- Grúpa éanbhreathnaithe a chruthú ag díriú ar chaomhnú
- Athdhromchla a chur ar cheantair carrchlóis le tacaíocht ó Chomhairleoirí áitiúla
- Feabhsúcháin na páirce i ndiaidh an Fheighlí Tailte Rory O'Connor a cheapadh ag an gComhairle
- Leathnú ar eispéireas indíolta a sholáthar do gach cuairteoir go Luimneach
- Sáraíonn Loch Goir sna meán shóisialta
- Tionscadal siúlhbhealaigh Loch Goir a chur chun cinn
- Feabhsúcháin bhreise ar chaidrimh le húinéirí talún
- Seastáin nua do rothair
- Stáisiún nua d'uisce a athlíonadh
- Ráillí láimhe nua
- Comharthaíocht nua do chonair na gcrann
- Cur chuige nua do phlandaí a chur
- Conair nua d'óstán na mbeach
- Limistéir nua ina cuireadh athdhromchla ar charrchlóis
- Dearadh nua ar cheantair pháirce

### Straitéis Tairisí Turasóireachta Iarthar Luimnigh

Cuireadh tuarascáil féidearthachta agus roghanna i gcrích in 2020 d'Fhoirgnimh agus do shuíomh Fullers Folly d'fhonn eispéireas turasóireachta ar scála a fhorbairt. Ceapadh comhairleoirí in 2022 chun doiciméid tairisceana a fhorbairt chun foireann ildisciplíneach faoi stiúir ailtire a cheapadh chun na roghanna atá leagtha amach sa tuarascáil seo a fhorbairt agus ceapadh an fhoireann seo.

## Comhdháil, Tairiscint a dhéanamh ar Imeachtaí agus ar Chorn Ryder

Lean an Fhoireann Forbartha Turasóireachta ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe agus le réimse de pháirtithe leasmhara earnála chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na n-imeachtaí idirnáisiúnta ar scála i Luimneach. Bhí athrú suntasach ar earnáil na n-imeachtaí in 2022, agus tá comhairle, abhcóideacht agus tacaíocht á soláthar ag an bhfoireann do phleanálaithe imeachtaí agus iad ag teacht ar ais ó Covid-19 chuig imeachtaí i bpearsa.

Bhunaigh an tOifigeach Turasóireachta grúpa oibre chomh maith le Biúró Comhdhála agus Spóirt Réigiún na Sionainne Fáilte Éireann, Foireann WAW Fháilte Éireann agus UL chun leanúint ar aghaidh le Luimneach a chur i láthair mar thairiscint ardchaighdeán chun imeachtaí comhdhála agus spóirt a óstáil. Faoi chathaoirleacht Oifigeach Turasóireachta na Comhairle, d'éirigh leis an ngrúpa trí Imeacht Spóirt Craobhchomórtais a bhaint amach chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh do Luimneach:

- Crosógáíocht Dhomhanda
- Ultimate Frisbee
- Ultimate Strong Man



Curaidh Dhomhanda na Crosógáíochta in Luimneach

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag pleanáil agus ag ullmhú go straitéiseach don Chorn Ryder, a bheidh ar siúl i Mainéar Áth Dara in 2027. Bhunaigh an Chomhairle struchtúr inmheánach bainistíochta straitéisí le haghaidh maoirseachta agus comhoibríthe ar fud na heagraíochta do sholáthar an imeachta. Tá ionadaíocht ag Luimneach ar an ngrúpa oibre náisiúnta chun an imeacht a sholáthar agus in 2022, freastalaíodh ar roinnt cruinnithe chun clár oibre a shocrú ag teannadh ar 2027. Thug toscaireacht cuairt

ar Luimneach i mí Iúil freisin chun na hacmhainne agus na deise is féidir a thapú trí óstáil an imeachta seo a thuiscint. Gheall an Chomhairle soláthar maoinithe chomh maith, chun forbairt de roinnt staidéir thábhachtaigh agus cásanna gnó a éascú, ionas gur féidir leis an gComhairle iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt don imeacht seo atá suntasach go hidirnáisiúnta.

## Sruthanna Maoinithe ar Scála Níos Mó do Phobail Áitiúla

D'éirigh leis an Roinn Turasóireachta maidir le hiarratas ar dheontas €250,000 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2022. Déanfar athfhorbairt ar fhoirgneamh ar an bPríomhshráid, Ardach, a fuair an Chomhairle, atá tréigthe faoi láthair agus atá folamh le breis agus deich mbliana anuas. Cuirfidh athfhorbairt agus feistiú páirteach an fhoirgnimh ar chumas oibrítheora tríú páirtí an foirgneamh a léasú chun úsáid nua turasóireachta agus miondíola a sholáthar sa sráidbhaile. Tabharfaidh sé seo foirgneamh atá as úsáid ar ais don shaol in Ardach, agus tá cumas ann tús áite agus beocht nua a chruthú i lár an tsráidbhaile. Is é an úsáid atá beartaithe ná asraon miondíola agus caifé. Neartóidh an úsáid nua seo in Ardach Glasbhealach Luimnigh tuilleadh chomh maith le tacaíocht a thabhairt dó mar chatalaíoch d'fhorbairt tuaithe agus mar cheann scríbe do chuairoteoirí.

## Bealach Inbhear na Sionainne

Tá an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht an Iarthair Luimnigh agus lenár gcomhghleacaithe i gContae an Chláir, ag obair le comhairleoirí ceaptha chun Clár Forbartha Ceann Scríbe Bhealach Inbhear na Sionainne a sholáthar. Is cuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin é an bealach tiomána seo atá suntasach go réigiúnach feadh an inbhear, agus nascann sé le Cathair Luimnigh, le Ciarraí Thuaidh agus le cladaí theas an Chláir atá san áireamh sa lúb freisin, rud a chuireann le hainmniú nua Luimnigh mar Chathair Tairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Sheol an tAire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Patrick O'Donovan, TD, Láithreán Gréasáin Shlí Inbhear na Sionainne ar an 30 Bealtaine i gCill Díoma. Mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Acmhainní Iarthar Luimnigh agus Cuideachta Forbartha



an Chláir, is toradh é an láithreán gréasáin ar Chlár Forbartha Ceann Scríbe a reáchtáiltear do na pobail áitiúla feadh an bhealaigh. Is tiomáint lúbtha iontach 207km é Slí Inbhear na Sionainne agus ceann scríbe cois abhann gan mhilleadh díreach amach ó Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Ceantar iontach áilleachta, seo an áit a shruthaíonn an abhainn is faide in Éirinn, an tSionainn, isteach in uiscí fiáine an Aigéin Atlantaigh. Nascann sé muintir an Chláir ó thuaidh agus Luimneach agus Ciarraí ó dheas. Mar thoradh ar an gClár Ceann Scríbe, tá roinnt comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe i measc earnáil an fháilteachais agus na turasóireachta feadh an bhealaigh chun eispéiris turasóireachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chuariteoirí. Féach ar [www.shannonestuaryway.ie](http://www.shannonestuaryway.ie) le haghaidh tuilleadh eolais.

## Bealach Eabhra

In 2022, ghlac Réigiún Bhealach Eabhra páirt i gCroílár Ceilte na hÉireann, cuireadh tús le hobair ar aistriú an réigiúin turasóireachta seo chuig Branda Fháilte Éireann i mí Lúnasa, dréachtaíodh plean straitéiseach forfheidhmithe i gcomhar le Fáilte Éireann, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Fáilte Bhealach Eabhra agus Príomhpháirtithe Leasmhara, le ceardlanna arna n-éascú ag Repucon. Is é Fáilte Bhealach Eabhra a bheidh i gceannas ar an mbranda nua a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Fháilte Éireann agus ón gComhairle. Is í Gné Uathúil Dhíolacháin an Bhranda ná Turasóireacht Athghiniúnach agus Pleanáil Gníomhaithe ar son na hAeráide agus tá gnólachtaí agus gníomhaíochtaí áitiúla rithábhachtach chun próisis nua agus turasóireacht a chur i bhfeidhm a léiríonn prionsabail de ghníomhú inbhuanaithe agus de ghníomhú ar son na haeráide.

Seoladh Aip Treorach Nua um Chonairí Bhealach Eabhra ag Conairí Rothair Shléibhe Bhealach Eabhra ar an 5 Bealtaine. Soláthraíonn an Aip faisnéis luachmhar d'úsáideoirí conaire chun eispéireas foriomlán na gcuariteoirí a fheabhsú ar bhealach inrochtana.

## Discover Limerick DAC

Bunaíodh Discover Limerick DAC mar chuideachta ar lánúinéireacht ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun príomhghníomhaíochtaí turasóireachta a oibriú agus a fhorbairt i Luimneach a neartóidh Luimneach mar cheann scríbe agus a tharraingeoidh líon méadaithe cuairteoirí. Tá soláthar na dtáirgí turasóireachta breise riachtanach chun ár n-uailmhian a aithint agus beidh ról lárnach ag Discover Limerick DAC.

Is féidir leis an DAC a chuspóirí a bhaint amach ar roinnt bealaí;

- Trí ghníomhaíochtaí atá ann faoi láthair a ghlacadh m.sh. Caisleán Luimnigh, a aistríodh an 4 Aibreán
- Trí na gníomhaíochtaí atá ar úinéireacht ag an gComhairle ach atá ar léas faoi láthair a bhainistiú m.sh. Ionad Oidhreachta Áth Dara
- Trí ghníomhaíochtaí nua a fhorbairt e.g. Mol Turasóireachta an Iarthair Luimnigh, An Caisleán Nua Thiar

Is iad cuspóirí iomlána an DAC ná tairiscint turasóireachta fheabhsaithe a sholáthar i Luimneach, na gníomhaíochtaí seo a bhainistiú go héifeachtach agus brabús a ghiniúint don Chomhairle. Beidh fócas tráchtála ag an gcomhlacht agus beidh sé á threorú ag bord a bhfuil saeolas aige ar na gníomhaíochtaí do chuariteoirí ar scála.

Ar an 4 Aibreán, d'aistrigh na hoibríochtaí gnó agus foireann Chaisleán Luimnigh ar fad ó Oidhreachta na Sionainne go dtí Discover Limerick DAC. Is é Caisleán Luimnigh an chéad ghníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme Discover Luimnigh. D'aistrigh an 14 ball foirne, a d'oibrigh roimhe seo sa chaisleán d'Oidhreachta na Sionainne agus a chuir go mór lena rath, go Discover Limerick gan aon athrú ar a dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Ceapadh ceathrar Comhaltaí Tofa de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Bhord Discover Limerick DAC agus d'fhreastail siad ar a gcéad chruinniú boird ar an 24 Meitheamh. I measc na mball tofa tá na Comhairleoirí Bridie Collins, Olivia O'Sullivan, Catherine Slattery agus Frankie Daly. Shínigh Discover Limerick DAC Príomhranna Comhaontaithe le hIonad Oidhreachta Áth Dara chun tús a chur leis an bpróiseas aistrithe chuig an DAC.



Caisleán Luimnigh

## Tionscadal RRDF – Músaem Bád Eitilte Fhainge

Rinneadh iarratas rathúil ar an gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (RRDF) in 2021 le leithdháileadh de mhaoiniú deontais €1,500,000 chun Músaem Eitilte agus Muirí Bhád Fhainge agus an Mol Digiteach a athchruthú agus a leathnú, a cuireadh chun cinn le linn 2022. Tarraingíodh anuas an leithdháileadh €1.5M go hiomlán in 2022. Cruthófar coimpléasc ilfheidhmeach ag an tionscadal seo, lena n-áirítear Mol Digiteach, a athbheofaídh an chuid thiar den sráidbhaile Fhainge. Athróidh sé an Músaem ó thaitneamhacht turasóireachta réigiúnach agus spás pobail go táirge turasóireachta atá dírithe go hidirnáisiúnta ar Shlí Inbhear na Sionainne, rud a thabharfaidh buntáistí suntasacha socheacnamaíocha agus a chuirfidh le líon na ngníomhaíochtaí turasóireachta faoi dhíon i Luimneach. Tá an tionscadal maoinithe freisin le deontas €1.75 milliún ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus acmhainní an Mhúsaem.

## AN OIFIG EALAÍON

Leagtar fíis agus uaillmhian shoiléir do Luimneach amach i gCreat Straitéise Cultúrtha Luimnigh 2016-2030 atá glactha.

### Tuarascáil ar Thaighde ar thionchar Covid-19 ar Earnáil na nEalaíon agus an Chultúir i Luimneach

Arna coimisiúnú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chuid d'achóimre an Fhochoiste Beartais Straitéisigh Pobail, Fóillíochta agus Cultúir ar thionchar COVID-19 ar Earnáil na nEalaíon agus an Chultúir. Sholáthair GM Innovations Meastóireacht Taighde chun tacaíocht a thabhairt don Fhochoiste Ealaíon agus Cultúir agus eolas a thabhairt do cheapadh beartais agus téarnamh na hearnála a mheastar trí thuarascáil fhianaise-bhunaithe a chur ar fáil le moltaí ar bheartas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a sholáthar sa réimse seo.

### Éire Ildánach

Is tionscnamh cúig bliana uile-rialtas é Éire Ildánach, ó 2017 go 2022, a chuireann an cultúr agus an chruthaitheacht i gcróilár an bheartais phoiblí. Leagtar amach i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2018 – 2022 sé thosaíocht straitéiseacha do Luimneach:

- (i) Cruthaitheoirí atá le Teacht: leanaí agus daoine óga;
- (ii) Intinní Cruthaitheacha: Ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh;
- (iii) Tús Cruthaitheach: Nuálaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a spreagadh;
- (iv) Daoine, Áiteanna, Líonraí: Ár mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach áitiúil a fheabhsú;
- (v) Scáileáin Chruthaitheacha: Fócas ar scannán agus códú;
- (vi) Saoránaigh Chruthaitheacha: Cultúr á gcruthú agus á bhfáil ag daoine ar leac a ndoras.

### Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2023-2027

Fostaíodh Comhghleacaithe Ceannairí Ealaíon chun tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Comhairliúchán, Taighde agus Scríbhneoireacht na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027, mar chuid d'fhorbairt an chláir Éire Ildánach 2023-2027.

Glao ar dheontas ag Éire Ildánach  
Déanta i Luimneach 2022  
In 2022, an séú bliain den Chlár, fuair an Fhoireann  
Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle  
Cathrach agus Contae Luimnigh seo a leanas:

<b>Bhunchistiú Deontais</b>	<b>€145,161</b>
<b>Cruinniú na nÓg</b>	<b>€30,000</b>
<b>Cruthaitheacht ag Scothaosta</b>	<b>€50,000</b>
<b>Tionscadail Straitéiseacha agus Oidhreacht</b>	<b>€45,000</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>€270,161</b>

### Clár um Bhunchistiú Deontais

In 2022, uaslódáladh 53 tionscadal ar  
thairseach Éire Ildánach. Áirítear le rogha:

### Deontais Déanta i Luimneach

Tairgeadh deontais déanta i Luimneach mar chuid de  
Chlár Éire Ildánach Luimnigh chun gníomhaíochtaí a  
bhí ar siúl in 2022 a sholáthar a thugann tacaíocht do  
Cholún 2 den Chlár Éire Ildánach, chun cruthaitheacht  
i nGach Pobal a chumasú. Tá Ceithre Ghné sa scéim  
deontais seo; Gné 1. Intinní Cruthaitheacha: Cleachtóirí  
cruthaitheacha a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt  
 dóibh, Gné 2. Saoránaigh Chruthaitheacha: Cultúr á  
gcruthú agus á bhfáil ag daoine ar leac a ndoras, Gné 3.  
Daoine, Áiteanna, Líonraí: Ár mbonneagar cultúrtha agus  
cruthaitheach áitiúil a fheabhsú – Díriú ar Oidhreacht  
agus Gné 4. Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha agus  
Cultúrtha agus Folláine. Moladh aon iarratas déag  
ar dheontais Éire Ildánach Déanta i Luimneach ar  
mhaoiniú, agus bronnadh €42,200 san iomlán ar réimse  
éagsúil tionscadal agus imeachtaí ar ardchaighdeán.

### an Nollaig Idirnáisiúnta i Luimneach

Bhí an Nollaig Idirnáisiúnta i Luimneach ar siúl ar  
an 11 Nollaig, arna eagrú ag Oifig Ealaíon Luimnigh,  
i gcomhpháirtíocht le Músaem Hunt, le tacaíocht  
ó Éire Ildánach. Ceiliúradh ar thraidisiúin na Nollag  
agus ar thraidisiúin gheimhridh neamh-Nollag lenár  
bpobail idirnáisiúnta i Luimneach. Bhí ceol agus  
damhsa ó Mheicsiceo agus ón India, ceardlann  
maisíúcháin Mheicsiceo do leanaí, briseadh piñata,  
amhránaíocht carúil Polannach, cur i láthair agus  
taispeántais d'earraí cultúrtha. Bhí freastal maith ar  
an ócáid agus tá súil againn go mbeidh sé mar chuid  
d'fhéilire bliantúil na Nollag in imeachtaí Luimnigh.



An Nollaig Idirnáisiúnta i Luimneach

### Óige

I measc na dtionscadal a thacaíonn le huailmhianta  
an Phlean Óige Ildánach a d'fhoilsigh Éire Ildánach,  
tá Cruthaitheoirí atá le Teacht agus Scannánóirí  
Luimnigh atá le Teacht Chun Cinn (ELF).

### Cruinniú na nÓg 2022

Bhí lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do  
dhaoine óga, Cruinniú na nÓg, ar siúl ar an 11 Meitheamh.  
Cuireadh fáilte roimh leanaí agus roimh dhaoine óga  
páirt a ghlacadh i réimse imeachtaí agus ceardlanna  
soláthartha ag an Oifig Ealaíon, i gcomhpháirtíocht  
le Fresh Film. Bhí na himeachtaí ar fad saor in aisce,  
leanbh-lárnach agus bunaithe ar ghníomhaíocht.



Cruinniú na nÓg 2022



## Seo í Ealaín

Reáchtáladh Seo í Ealaín, comórtas ealaíne do dhaoine óga arna eagrú ag RTÉ agus Clár Éire Ildánach, i gcomhar le Cruinniú na nÓg agus roghnaíodh rogha saothar. Agus ceiliúradh á dhéanamh ar amharc-ealaín déanta ag daoine óga, chuir 'Seo í Ealaín' fáilte roimh ealaíontóirí óga de gach cumas, 18 mbliana d'aois agus níos óige chun píosa ealaíne nua a chruthú ina n-aonar nó i ngrúpaí a thaispeánfar i ngailearaí ealaíne ar líne.

Ag Cruinniú na nÓg i mbliana bhí comhpháirtíochtaí le Seirbhís Óige Chathair agus Chontae Luimnigh, Foróige an Chaisleáin Nua Thiar, an Chomhpháirtíocht Óige Chruthaitheacht Áitiúil Young Beirs Gathering, Seirbhísí Óige an Oirthir Luimnigh, Dóchas Mid-West, Scannánóirí Luimnigh atá ag Teacht Chun Cinn agus Bord Oideachais agus Oilíúna an Chláir agus Luimnigh. Chomh maith le páirt a ghlacadh i gceardlanna ar an lá, ghlac na grúpaí seo páirt i gceardlanna i bpearsa sna seachtainí roimh Chruinniú na nÓg agus bhí siad dírithe ar ghrúpaí a raibh deacrachtaí acu chun bualadh le daoine eile mar gheall ar na srianta.

## Maoiniú breise-do Cheoltóirí ar Ghlaio-Dhualgas (Céim 2) - Cruthaitheacht ag Scothaosta 2022

Fuair Luimneach deontas €50,000 mar phríomhpháirtí do Cheoltóirí ar Ghlaio-Dhualgas (Céim 2). Soláthraítear an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtí Ealaíne Ceoil agus Sláinte Éireann, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le Comhairlí Contae an Chláir agus Thiobraid Árann. Tugann sé seo ceoltóirí atá oilte go gairmiúil chun obair a dhéanamh i suíomhanna cúraim sláinte i Réigiún Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir, chun deiseanna maidir le ceol a ghiniúint a cheangal le cónaitheoirí agus le foireann cúraim sláinte i dTithe Altranais agus in Ospidéal Phobail.

Maoiniú Breise a Sholáthar do Thionscadail Oidhreacht agus Straitéiseacha  
Sholáthair Éire Ildánach maoiniú breise €45,000 d'fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in 2022 do thionscnaimh an tionscadail Oidhreacht agus Straitéiseacha:

1. An pobal cruthaitheach a dhaingniú i gceantar stairiúil Luimnigh.
2. An timpeallacht chruthaitheach a shaibhriú laistigh d'áis nua úrscothach Phríosún na mBan.
3. 100 Bean as Luimneach
4. Ceartas Aisig-Taighde agus Forbartha



Ceoltóirí ar Ghlaio-Dhualgas ag Ospidéal San Camillus





## Maoiniú agus Glaonna Oscailte

Cuireadh deiseanna maoinithe i bhfeidhm trí shraith Glaonna Oscailte, a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair, chleachtóirí cruthaitheacha agus ghrúpaí a eagraíonn agus a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon a sholáthar aidhmeanna Straitéis Chultúrtha Luimnigh.

- Deontais faoin Acht Ealaíon - Bhí 39 iarratas ar mhaoiniú. D'éirigh le 31 acu, le leithdháileadh iomlán de €20,000.
- Scéim Deontais Sparánachtaí na nEalaíon Aonair - Bhí 21 iarratas ar mhaoiniú. D'éirigh le seacht gcinn acu, le leithdháileadh iomlán de €20,000.
- Sparánacht Ceoil Dolores O'Riordan - Bhí 10 n-iarratas ar mhaoiniú. Bronnadh an sparánacht €4,000 ar Steven Tynan.
- Sparánachtaí Amharclannaíochta Luimnigh. Rinneadh 10 n-iarratas ar mhaoiniú, agus bronnadh leithdháileadh iomlán de €19,930 ar cheithre Sparánacht. Ba iad Liam McCarthy, Joanne Ryan, Mike Finn agus Aniela Nowak na hiarrthóirí ar éirigh leo.
- Scéim Mhaoinithe na bhFéilte agus na nImeachtaí 2022/2023 - Bhí 41 iarratas ar mhaoiniú. Ainmníodh 31 iarratasóir do chistiú comhlántach €205,750.
- An Ciste Straitéiseach - Eisíodh 63 litir tacaíochta ag tairiscint 10% den dheontas a eisíodh. Go dtí seo, d'éirigh le 18 iarratas, ag gearáil os cionn €400,000 ón gComhairle Ealaíon agus ó chomhlachtaí maoinithe náisiúnta eile d'ealaíontóirí i Luimneach.
- Scéim Sparánachta Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie - Bronnadh trí Sparánacht Tyrone Guthrie in 2022, le haghaidh 2023.

## Scéim Gearrscannáin Innill

Tacaíonn an Scéim Gearrscannáin Innill le scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí scannán atá ag teacht chun cinn agus nua ó gach cearn de Luimneach, an Clár agus Tiobraid Árann. Is comhpháirtíocht í an scéim seo idir Oifigí Ealaíon i Luimneach, sa Chlár agus i dTiobraid Árann, Luimneach a Nuáil/ Scannán i Luimneach agus Luimneach agus Bord Oideachais agus Oilíuna an Chláir. Is é €20,000 an infheistíocht iomlán ó Oifig Ealaíon Luimnigh.

I measc na ndeiseanna eile d'fhorbairt ghairmiúil ealaíne bhí:

### Clár Meantóireachta Náisiúnta Focail Éireann 2022

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le Focail Éireann, deis do scríbhneoir as Luimneach clár meantóireachta struchtúrtha a sholáthar. In 2022, tugadh tacaíocht do bheirt faoi oiliúint ar éirigh leo don chlár Meantóireachta Náisiúnta Focail Éireann, Luke Brennan agus Sarah Togher.

### Sparánachtaí Scoile Samhraidh

In 2022, bronnadh dhá sparánacht chun freastal ar Scoil Samhraidh Chumann Drámaíochta na hÉireann, bronnadh dhá sparánacht de chuid Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Blas de Cheol Traidisiúnta agus Damhsa agus bronnadh dhá Sparánacht Scoil Samhraidh Mheitheal.

### Cónaitheachtaí Abhann, An Chomhairle Ealaíon, Cuireadh chun Comhoibrithe

Is tionscnamh comhoibríoch é seo faoi stiúir Oifig Ealaíon Luimnigh agus an ceannasaí ealaíne Ormston House, i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon an Chabháin, Oifig Ealaíon an Chláir agus Oifig Ealaíon Thiobraid Árann. Díronn na Cónaitheachtaí Abhann ar rannpháirtíocht ardchaighdeán idir ealaíontóirí agus pobail, ag iniúchadh téamaí a spreag Abhainn na Sionainne leis an ealaíontóir idirnáisiúnta as Meicsiceo Tania Candiani ag tabhairt faoi chónaitheacht Luimnigh i nGlin, sa samhradh.

### ARDÁN 31

Is deis náisiúnta í ARDÁN 31 d'ealaíontóirí a gcuid cleachtais a fhorbairt agus smaointe nua a thriail maidir le comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana, áit a dhéanamh agus a gcuid saothair a roinnt. Fuair Joanne Ryan, ealaíontóir amharclainne, drámadóir agus taibheoir a bhfuil gradaim buaite aici agus atá lonnaithe i Luimneach, sparánacht Luimnigh.

### Ealaíontóirí radharcacha Éireann (VAI), Forbairt Ghairmiúil

Tá trí Oifig Ealaíon an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann ag obair i gcomhpháirtíocht chun sraith chomhroinnte oilíuna VAI a thabhairt d'ealaíontóirí. Soláthraíodh é seo go príomha ar líne, nó trí fhoghlaim chumaisc. Bhí an chéad Chaifé Amharc-ealaíontóra ar siúl i mí Mheán Fómhair, ag tabhairt



Na hEalaíona i Réigiún an Mheán-Iarthair isteach inar chuir Oifigigh Ealaíon gach Údarás Áitiúil i láthair.

### **Oiliúint sna hEalaíona agus Míchumas Éireann**

Sholáthair Oifig Ealaíon Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le hEalaíona agus Míchumas Éireann, Oiliúint Chomhionannais Míchumais dírithe ar na hEalaíona a bhí ar siúl i mí Aibreáin ag Ceanncheathrú Chorpáraideach, Cé na gCeannaithe. Soláthraíonn Na hEalaíona agus Míchumas Éireann oiliúint chomhionannais mhíchumais (DET) atá curtha in oiriúint go sonrach do riachtanais na n-eagraíochtaí ealaíon ar mian leo ealaíontóirí agus lucht féachana faoi mhíchumas a chur san áireamh sa mhéid a dhéanann siad. Chlúdaigh an bunchlár ábhair ar nós: bealaí chun smaoinemh ar mhíchumas, smaoinemh ar fhocail, smaoinemh ar rochtain, smaoinemh ar na healaíona agus míchumas, cumarsáid agus rannpháirtíocht. Tá DET rannpháirteach agus dinimiciúil agus cuireann sé míchumais go daingean i gcomhthéacs an chomhionannais agus na gceart.

### **Cónaitheacht Shliabh Luachra**

In 2022, lean an tionscadal ar aghaidh le ceiliúradh & caomhnú na hoidhreacht ceoil, na turasóireachta cultúrtha agus cruthaitheacha i gceantar Shliabh Luachra chun cinn agus spreagadh rannpháirtíochta.

### **Leabhar Filíochta Stony Déardaoín**

Tá Leabhar Stony Déardaoín ar cheann de na hirisleabhair liteartha is faide ar siúl in Éirinn. Tá sé maoinithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Chuir Annemarie Ní Churreáin, file as Dún na nGall atá ina hEalaíontóir den Chéad Ghluin Eile de chuid na Comhairle Ealaíon agus Gradam Markievicz, an 44ú Eagrán, Uimh.18 sa tSraith Nua in eagar. As céad agus 61 aighneacht, roghnaíodh 84 acu le cur san áireamh. Seoladh Leabhar Filíochta Stony Déardaoín Uimhir 18 ar an 13 Nollaig ag an Belltable, Luimneach. Mar chuid den seoladh bhí ceadail filíochta ón leabhar agus léiriú leis an bhfidléir traidisiúnta Mairéad O' Donnell.

## **Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta-Tionscadail Eorpacha**

### **Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta Tionscadail Eorpacha**

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag glacadh páirte i dtionscadail arna maoiniú ag Eoraip Cruthaitheach mar chomhpháirtí comhlach ar Shaotharlanna agus Léirithe Libertalia. Feiceann Libertalia bunú comhpháirtíochta nua idir trí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa san am atá caite agus amach anseo, cathair iarrthóra ECoC, Buirg Cultúir agus dhá eagraíocht chultúrtha. Lean saotharlanna ar aghaidh in 2022 le ceardlanna agus léiriú de 'Born by the River' beo sruthaithe ó Learpholl, Iúil.

### **Scéim Léirithe Beo Áitiúil**

Sholáthair an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú €286,000 don Scéim Léirithe Beo Áitiúil III agus IV do 2022. Tugadh tacaíocht do dhaoine cruthaitheacha trí chlár cultúrtha feabhsaithe, lena n-áirítear Féile Ceoldrámaíochta Luimnigh, imeachtaí feabhsaithe Oíche Shamhna i Luimneach le Samhain, Féile Hallowe'en Luimnigh le hAmharclann Shráid Lumen agus Twisted Tales ó ensemble na Ceardlainne Ceoldrámaíochta.

### **Féile Ceoldrámaíochta Luimnigh**

Tionóladh Féile Ceoldrámaíochta Luimnigh, "Ceoldráma do Gach Duine", ón 20 Bealtaine, ag tosú le hOíche Buifé Ceoldrámaíochta ag Caifé Greenyard le David Howes agus Jean Wallace, ar an 21 Bealtaine, "Conair Ceoldrámaíochta" ag Caisleán Luimnigh, Cearnóg Ceoldrámaíochta, Sráid Thomáis agus Páirc an Phobail, Ceardlann Aoisbháúil in Ardeaglais Naomh Muire ar an 24 Bealtaine agus ag críochnú le hOíche Ceoldrámaíochta in Ardeaglais Naomh Muire ar an 28 Bealtaine.

## Punann Maoine Cultúrtha

### Scéim Árasáin na nEalaíontóirí Cónaithe Luimnigh, 1-2 Cearnóg Eoin

Glao oscailte ar Árasáin na nEalaíontóirí, 1-2 Cearnóg Eoin: Bhí árasán amháin ar fáil go luath in 2023 agus fógraíodh glao oscailte.

### Árasáin Ealaíontóirí Gearrthéarmacha, 1-2 Cearnóg Eoin, Luimneach

Cuirtear dhá árasán stiúideo ar fáil lena n-úsáid go gearrthéarmach, mar acmhainn d'eagraíochtaí cultúrtha agus ealaíon a sholáthraíonn gníomhaíochtaí cultúrtha do Luimneach.

### Stiúideonna na nEalaíontóirí, Sráid Shéamais, Cathair Luimnigh

Is spás inacmhainne é Stiúideonna na nEalaíontóirí, Sráid Shéamais do dhaoine chun saothar a chruthú agus tugann sé deis d'ealaíontóirí leanúint orthu ag maireachtáil agus ag obair i Luimneach, trí spreagadh a thabhairt d'obair laistigh den chomhthéacs uirbeach. Bhí Stiúideo Amháin sa choimpléasc ar fáil ag deireadh 2022. Rinneadh cúig iarratas ar an nglao oscailte agus tháinig an painéal le chéile i mí na Nollag.

## Féilte agus Imeachtaí

### Forbairt Straitéise Féilte agus Imeachtaí do Luimneach 2020-2030

Bhí forbairt straitéise d'fhéilte agus d'imeachtaí i Luimneach ar siúl le linn 2022.

### Scéim Deontais na bhFéilte agus na nImeachtaí 2022

Sholáthair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tuilleadh infheistíochta straitéisí i bhFéilte agus Imeachtaí in 2022, trí ghlaos oscailte iomaíoch, ar shuim €205,750. Áiríodh le ciste na bliana seo ranníocaíocht €21,750 i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann. Fuarthas aon iarratas amháin is daichead le praghas iarrata iomlán de €532,790.32. Ainmníodh aon iarratasóir amháin is tríocha do chistiú comhlántach €205,750.

## Féilte Cathartha

### Féile Naomh Pádraig

Nuair a maolaíodh srianta an Rialtais ar an 23 Eanáir, bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in ann a fhógairt gur tháinig an spraoi agus an chraic a bhain le Féile Naomh Pádraig Luimnigh ar ais ar shráideanna na cathrach tar éis a bheith imithe

ar feadh dhá bhliain mar gheall ar COVID. Ba iad Muintearas agus Féiniúlacht téama na bliana seo, smaointe a raibh go leor daoine ag smaoineamh agus déanamh plé orthu le linn an dá bhliain de shrianta éigeantacha. Chomh maith leis sin, rinneadh comóradh 100 bliain ar Shaorstát Éireann agus ar chomóradh 50 bliain na hÉireann ag dul isteach sa CEE (an tAontas Eorpach anois) i mbliana. Mar chuid d'Fhéile Pádraig Luimnigh bhí Paráid thraidisiúnta Lá Fhéile Pádraig ar an 17 Márta agus bhí Craobhchomórtas Idirnáisiúnta Bannaí Luimnigh ar siúl ar an 20 Márta 2022.

Meastar go raibh 50,000 duine ar shráideanna Luimnigh chun fáilte a chur roimh an gcéad Pharáid Lá Fhéile Pádraig Luimnigh i dtrí bliana. Bhí an ghrian ag soilsiú anuas ar an gconair 1.6km trí lár na cathrach agus ghlac 52 grúpa páirt sa pharáid. Faoi stiúir sheaimpíní iomána na hÉireann mar Cheann Feadhna, chuir Bainisteoir Luimnigh John Kiely, agus na hiománaithe Peter Casey agus Barry Murphy taispeántas an corn Liam Mhic Cárthaigh i láthair le tacaíocht ó níos mó ná 150 lucht tacaíochta CLG ó chlubanna ar fud Luimnigh.

Tháinig na healaíontóirí radharcacha Buí Bolg, Scoil Drámaíochta Spotlight, Artastic, agus Hit Machine Drummers le chéile le bannaí, grúpaí pobail agus spóirt i gceiliúradh de dhathanna, cheol agus sheónna agus de théama an Mhuintearais agus na Féiniúlachta.

Rinneadh comóradh ar chruachás na milliún Úcránach a bhí buailte ag an gcogadh nuair a d'éitil bratach na hÚcráine taobh le taobh le bratach na hÉireann agus iad á dtabhairt anuas an bealach. Léiríodh tacaíocht chroíúil ó na sluaite agus iad ag tabhairt babhta bualadh bos agus iompraíodh an bhratach trí lár na cathrach. Mar gheall ar limistéar speisialta atá oiriúnach d'uathachas, ina raibh áit suíocháin, marquee clúdaithe agus seomra na gcéadfaí, bhí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna céadfacha acu in ann taitneamh a bhaint as an bparáid.

Seo a leanas na buaiteoirí sa pharáid:

- An Léiriú Foriomlán is Fearr – Scoil Uí Nuallain, Scoil Rince na hÉireann
- Feidhmíocht Chruthaitheach is Fearr - Red Hot Mommas
- An Grúpa Óige is Fearr – Sionainn RFC
- An Léiriú Ceoil is Fearr – Redemptorists Lárionad Ceoil



Lá Fhéile Pádraig i Luimneach

### Craobhchomórtais Idirnáisiúnta na mBannaí

D'fhill Craobhchomórtais Idirnáisiúnta Pharáid Bhannaí Luimnigh ar shráideanna na cathrach i ndiaidh dhá bhliain mar gheall ar COVID-19. Ghlac fiche Banna páirt sa pharáid a bhí ar siúl ar an 20 Márta.

### Féile na hAbhann

Ba é Luimneach an áit le bheith ann ag deireadh seachtaine Shaoire Bainc na Bealtaine agus bhain níos mó ná 120,000 duine taitneamh as an bhféile is mó sa chathair, Féile na hAbhann. Idir tinte ealaíne, ziplíne mhisniúil, BBQ álainn, turas a dhéanamh ar long chabhlaigh, agus spiorad sráidbhaile Fhéile na hAbhann, nó a bheith le Fidget Feet ag biongó ag Sráidbhaile Fhéile na hAbhann, bhí rud éigin do gach duine. Chomh maith leis sin, i meascán Féile na hAbhann bhí an Regeneron Great Limerick Run agus go leor imeachtaí eile, rud a léiríú gurb é Luimneach an áit le bheith ann ag deireadh seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine!



Féile na hAbhann 2022

### ECO Showboat

I mí na Bealtaine, sheol ealaíontóirí de chuid School of Looking Anne Cleary agus Denis Connolly an turas Eco Showboat ó Mhúsaem Hunt i Luimneach, turas ceithre mhí suas go hInis Ceithleann ar an Mayfly, an chéad bhád leictreach gréine chun an turas seo a dhéanamh.



Eco Showboat

### Teach!

Seó tiomáin-isteach lán le siamsaíocht ó thús go deireadh, sheinn 20 ealaíontóir Fidget Feet in éineacht le baill den phobal áitiúil chun TEACH! a sholáthar, amharclann díolta amach, sorcas, biongó extravaganza i Ráschúrsa Luimnigh thar Saoire Bainc na Bealtaine. Cuireadh chun Comhoibríthe, tionscadal arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon le hOifig Ealaíon an Chláir mar cheannaire, Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe, bhí siompóisiam ar Rannpháirtíocht an Phobail agus ar Éagsúlacht



ag deireadh an tionscadail agus obair á chruthú in Ollscoil Luimnigh, an 27 Bealtaine. Rinne an tOifigeach Ealaíon cur i láthair ar fhoghlaim agus ar fhorbairtí ón tionscadal roimhe seo Bingo Wings and Teach!

## Oíche Chultúir Luimnigh / Oíche Chultúir

Bhí Oíche Chultúir ar siúl i gCathair agus i gContae Luimnigh ar an 23 Meán Fómhair. Bhí beagnach 60 imeacht cultúrtha saor in aisce ar siúl ar fud na cathrach agus an chontae. Bhí an oíche cláraithe i moil agus réimse gníomhaíochtaí a chruthú. Ó léirithe atá oiriúnach do theaghlaigh le Fidget Feet i Margadh na bPrátaí, chun ceol leictreonach áitiúil agus náisiúnta a thaispeáint i gCaisleán Luimnigh, bhí ceardlanna priontála cyanotype, léirithe damhsa, léirithe scannáin, ceoldráma, cainteanna, siúlóidí, turais agus ealaín sráide ar siúl an oíche, rudaí a chur le hoíche thaitneamhach do gach duine.

I gcroílár an chláir i gCaisleán Luimnigh bhí ceolchoirm bheo ina raibh ceol leictreonaigh náisiúnta agus áitiúil den chéad scoth le R Kitt, Paddy Mulcahy, Fedah agus Rumi. Cuireadh an ócáid seo le chéile i gcomhar le Caisleán Luimnigh, Féile SIONNA, Imeachtaí TOT agus Oíche Chultúir Déanach. Fuarthas maoiniú breise €20,000 ón gComhairle Ealaíon don cheolchoirm mhór bheo seo. D'óstáil The Belltable Féile Snagcheoil ina bhforhalla ó 10:15pm- déanach ag ócáid eile déanach san oíche.

Rinne Fidget Feet dhá sheó Dé hAoine agus dhá cheann Dé Sathair i Margadh na bPrátaí. D'fhill a léiriú Handful of Dreams ó chamchuart i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe le déanaí. Bhain na teaghlaigh an-sult as an léiriú aeróige faoin aer saor in aisce!



Oíche Chultúir Luimnigh – Fidget Feet

Bhí go leor gníomhaíochtaí ar siúl chomh maith i Músaem Hunt, Damhsa Luimnigh agus sa Mhargadh Baine. Bhí Músaem Hunt mar óstach d'oíche fhuaimne agus fhíse le taispeántas róбатаice agus craoladh beo de Classic Drive le Lorcan Murray. Sa Mhargadh Baine, sheol Grúpa Bia Luimnigh a Sraith Cultúir agus Bia Bhaile na Muice le taispeántas dá Muc Ollmhór agus i ndiaidh tar éis gur máirseáladh tríd an mbaile í chomh maith lena snámháin muc teaghlaigh a coimisiúnaíodh le déanaí. Chomh maith leis sin, d'óstáil siad ceol beo agus feirm peataireachta do leanaí agus do theaghlaigh. Léirigh Damhsa Luimnigh réimse ealaíona óige le Tobi Omoteso, Limerick Youth Dance, Rachel Sheil agus Fresh Film ag glacadh páirte in oíche hip-hop, damhsa sráide, agus scannán óige.

Fuair an Oíche Chultúir tacaíocht ón gClár Rannpháirtíochta Saoránach Cultúrtha le breis agus cúig oibrí deonach is fiche.



Oíche Chultúir Luimnigh i gCaisleán Luimnigh - Sionna

## Clár Rannpháirtíochta Saoránach Cultúrtha

Cuireadh tús arís leis an gClár Rannpháirtíochta Saoránach Cultúrtha a thacaíonn le héagsúlacht chultúrtha agus comhionannas trí rannpháirtíocht oibrithe deonacha.

## An Nollaig i Luimneach

Le féilire féile lán le himeachtaí spraoi teaghlaigh, aontaí sráide le háilleachtaí séasúracha áitiúla, soilse a raibh ag glioscarnach agus réimse ceol agus craic san amharclann i ndiaidh thitim na hoíche, bhí Luimneach ag glioscarnach ag an Nollaig i mbliana! Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an Nollaig i Luimneach agus ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud a bhaineann leis an Nollaig lena n-áirítear sceideal siamsaíochta spraiúil, i mí na Samhna. Bhí Cathair Luimnigh mar cheann scríbe do mhuintir na

tithíochta, scartáil riachtanach, nuashonrú tithíochta, áiseanna pobail agus réimse poiblí. Tá idir €3 mhilliún agus €4 mhilliún in aghaidh na bliana ar fáil d'athnuachan eacnamaíoch agus shóisialta tríd an gCiste Idirghabhála Eacnamaíochta agus Sóisialta. Críochnófar an gealltanais maoinithe reatha in 2023.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le fíis fhoriomlán an LRFIP a bhaint amach. Mar sin féin, ní mór a aithint freisin nach féidir cur chun feidhme na físe foriomlán LRFIP sin a bhaint amach laistigh de ghnáth-thréimhse de 5, 10, nó 15 bliana mar gheall ar nádúr struchtúrach domhain na bochtaineachta agus an suaitheadh sóisialta atá sna ceantair sin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach féidir le cuid mhór den fhorbairt fisiciúil beartaithe san LRFIP a dhéanamh i dtréimhse 10 mbliana agus go raibh tionchar diúltach ag an bPaidéim Covid-19 ar chuid den chlár a bhí beartaithe laistigh den tréimhse 10 mbliana.

I mí na Samhna, ceapadh KPMG chun Nuashonrú Stádais Athnuachana Luimnigh 2023 - 2030 a sholáthar. Is é cuspóir an Nuashonrú Stádais LRFIP 2023 - 2030 ná rochtain a fháil ar staid fhoriomlán reatha na bpobal Athnuachana trí mheasúnú fianaise-bhunaithe ar na paraiméadair fisiciúla, shóisialta agus eacnamaíochta san LRFIP, agus moltaí a dhéanamh maidir le treo straitéiseach an Chláir amach anseo. Cuireadh tús leis an obair ar an Nuashonrú Stádais i mí na Samhna agus tá grúpaí fócais agus ceardlanna dearaidh beartaithe d'Eanáir 2023. Tá sé beartaithe go gcríochnófar dréacht-tuarascáil ag deireadh an Earraigh 2023 i ndiaidh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha.



## EACNAMAÍOCH

Tá an straitéis forbartha geilleagraí d'athnuachan dírithe ar roinnt príomhchuspóirí a sholáthar. Airítear leo;


- fás an chumais áitiúil a chinntiú trí oiliúint earnála agus deiseanna fostaíochta dírithe a sholáthar;
- cultúr de nuálaíocht shóisialta agus d'fhiontar sóisialta a chothú sna réimsí chomh maith le clár idirghabhála cathartha agus eacnamaíche a chruthú chun fiontair phobail agus bheaga a fhás, a tacú agus a tharraingt; agus,
- infheistíocht isteach i gCathair Luimnigh agus sna réimsí Athnuachana a tharraingt ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha a spreagann gníomhaíocht eacnamaíoch bhreise.

Tá roinnt bealaí fostaíochta ann do chónaitheoirí i gceantair athnuachana. Mar shampla, tacaíonn Athnuachan le poist a chruthú trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt fiontar pobail agus sóisialta tríd an gCiste Idirghabhála Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESIF) ar nós caiféanna pobail agus béilí ar rothaí.

Tacaíonn ESIF le cláir a fhreastalaíonn ar dhaoine dífhostaithe chun iad a athcheangal le hoideachas, chun a n-infhostaitheacht a mhéadú agus chun cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh sa mhargadh saothair. Tá béim go háirithe ar aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht i measc na n-óg sna réimsí athnuachana.

Mar shampla, tá CSIE i gcomhpháirtíocht anois le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) ar dhá thionscadal atá ag soláthar torthaí i réimse na gconairí chun fostaíochta:

- An infheistíocht i bhforbairt Chláir Oiliúna san Ionad Oibre ag Cuideacht Forbartha Mhaigh Rois in éineacht leis an LCETB
- Bunaíodh an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (HETC) an Róistigh mar thionscadal comhpháirteach idir Athnuachan agus LCETB.



Cláir Réamhphrintiseachta

### For-rochtain ar an gClár Fostaíochta

D'oibrigh Tionscnamh For-rochtana ar Fhostaíocht, faoi stiúir an Chomhordaitheora Post laistigh den Stiúirthóireacht Athnuachana, le foireann tionscadail páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS) agus Comhpháirtíocht PAUL.

Rinne an Fhoireann Tionscadail obair shuntasach chun bunachar sonraí a fhorbairt de na rannpháirtithe a raibh baint acu leis an bpróiseas. Leanadh le comhoibriú leathan le comhpháirtithe pobail i rith 2022 sna pobail athnuachana. Bíonn an Clár For-rochtana ar Fhostaíocht i dteagmháil go díreach le fostóirí agus le comhpháirtithe oiliúna chun forbairt scileanna ag daoine a chur le poist, ag cruthú deiseanna do chónaitheoirí na limistéar athnuachana. Bunaíodh naisc le comhlachtaí tógála agus ilnáisiúnta áitiúla chun conairí chun fostaíochta a leagan amach.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe:

- Bacainní ar fhostaíocht a aithint agus a laghdú e.g. oideachas, oiliúint, scileanna scríbhneoireachta CV, easpa iompair, andúil, easpa ceadúnais tiomána, rochtain ar chúram leanaí, rochtain ar chuntas bainc/seoladh ríomhphoist/uimhir PSP, easpa muiníne;
- Oiliúint faoi stiúir an tionscail a chur i bhfeidhm trí LCETB agus cláir faoi stiúir fostóirí ag Acadamh Óige Mhaigh Rois agus Tógáil Chathair Luimnigh faoi láthair; agus,
- Teagmháil dhíreach le fostóirí chun deiseanna fostaíochta a aithint e.g. tógáil, déantúsaíocht, fáilteachas, cúram sláinte, glanadh, lóistíocht agus fórsaí cosanta.

Reachtáladh Aonach Post i ngach ceann de na pobail Athnuachana a thugann deis do dhaoine áitiúla teagmháil dhíreach a dhéanamh le fostóirí agus soláthraithe oiliúna. D'éirigh go hiontach leis na hAonaigh Phoist le haiseolas dearfach ón lucht freastail agus ó na fostóirí araon. Ghlac os cionn 25 fostóir/gníomhaireacht éagsúil páirt san aonach post ar fud na gceithre réimse.

In 2022, d'oibrigh meantóirí le 110 rannpháirtí ina bhfuair 60 rannpháirtí fostaíocht agus/nó thug siad faoi bhreiseoideachas agus oiliúint. D'éirigh leis an líon suntasach rannpháirtithe fostaíocht a fháil nó breiseoideachas agus oiliúint a thosú mar thoradh ar na tacaíochtaí soláthartha ag na Meantóirí Pobail ar fáil atá ina bpríomhghné den Chlár For-rochtana ar Fhostaíocht.

Leantar leis an obair ar an tionscnamh seo agus is féidir aon fhiosrúcháin a sheoladh chuig [outreachtoemployment@limerick.ie](mailto:outreachtoemployment@limerick.ie)



Aonach Post Southill ag Mol Southill

## SÓISIALTA

Faoi Phlean Cur Chun Feidhme Chreat Athnuachana Luimnigh (LRFIP), tá an Ciste Idirghabhála Sóisialta agus Eacnamaíche (CSIE) mar bhonn faoi phríomhchuspóirí an LRFIP ach tá sé mar aidhm aige freisin na bearnaí leis an ngnáthphobal a laghdú trí rochtain ar dheiseanna a fheabhsú do chónaitheoirí na limistéar athnuachana, chomh maith le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí ar fud na hearnála deonacha/pobail agus reachtúla.

Tá CSIE bliantúil oscailte do gach eagraíocht dheonach agus phobail chomh maith le comhlachtaí poiblí a oibríonn sna limistéir athnuachana nó a fheastalaíonn ar chónaitheoirí athnuachana a bhí ann roimhe seo agus atá ann faoi láthair. Roghnaíonn fochoistí téama-bhunaithe tionscadail a chomhlíonann cuspóirí an LRFIP agus cuirtear faoi bhráid an Ghrúpa Monatóireachta Comhairleach Straitéisigh Áitiúil (LSAMG) iad lena gceadú. Déanann painéal fíoraithe neamhspleách athbhreithniú ar an bpróiseas, sula gcuirtear liosta na ndéontaithe isteach le ceadú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. In 2022, coinníodh leithdháileadh maoinithe d'eagraíochtaí pobail cosmhuintire. Cé go bhfuil méideanna réasúnta beag maoinithe i gceist, is iondúil go mbíonn na tionscadail seo faoi stiúir oibríthe deonacha agus tá siad le feiceáil sna pobail athnuachana áitiúla agus tá an-mheas ag daoine orthu.





An Corn Domhanda do Dhaoine gan Dídean Street League faoi bhun 18 5 an taobh, Imreoirí ó Mhaigh Rois United F.C.

In 2022, fuair breis agus 80 eagraíocht atá ag obair sna Pobail Athghiniúna borradh suntasach le leithdháileadh €3.63 milliún ar 127 tionscadal. Choinnigh croíghrúpa tionscadal a thacaíonn leis an óige agus le teaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu a maoiniú in 2022 freisin. Tá siad seo tábhachtach chun an daonra sin a chobhsú, iad a nascadh le seirbhísí príomhshrutha agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Feidhmíonn an chuid is mó de na tionscadail seo anois ar bhonn atreoruithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus/nó oibríonn siad i gcomhar le comhlachtaí reachtúla eile agus tá siad á gcómhaoiniú acu. Lean an Fhoireann Athnuachana ar aghaidh ag plé leis an ngrúpa tionscadal cuimsithe shóisialta seo chun nascacht mhaith a chur chun cinn le tionscnaimh forbartha eacnamaíche agus áit a bhfuil scóip ann, chun iad siúd a bhfuil cumas acu a spreagadh i ndeiseanna oiliúna agus fostaíochta.

Coinníodh deontais do scoileanna agus do sheirbhísí eile oideachais agus foghlama freisin. Léiríonn an fhianaise go bhfuil tacaíocht bhreise i gcláir a sholáthraítear i scoileanna nó i seirbhísí lasmuigh den scoil (cláir iarscoile, campaí samhraidh, seirbhísí teiripeacha a sholáthraítear do leanaí i scoileanna) ag cur le torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach do leanaí i gceantair athnuachana/ ó chúlraí sóisialta faoi mhíbhuntáiste. I measc na dtorthaí seo tá gnóthachtáil oideachais níos fearr, tinreamh scoile feabhsaithe, coinneáil níos fearr san oideachas dara leibhéal agus iompar feabhsaithe.



Oibrithe Deonacha Glantacháin in Southill

Tá tionscadail infhostaitheachta agus oibre, oiliúint scileanna agus rochtain ar fhostaíocht do chónaitheoirí limistéar athnuachana fós ina n-ardtosaíocht. Tá nasc láidir leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) thar a bheith tábhachtach chun inbhuanaitheacht na dtionscnamh seo a chur chun cinn.

Leanann an Comhordaitheoir Um Athghiniúint Shóisialta ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag obair le páirtithe leasmhara maidir leis an méid seo a leanas:

- tionchar agus éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha atá ann cheana arna gcistiú tríd an gCiste Idirghabhála Eacnamaíche agus Sóisialta i réimsí athnuachana;
- príomhathbhreithnithe inláimhsithe nó idirghabhálacha nua a shainithint atá ag teastáil chun na torthaí a fheabhsú do theaghlaigh a bhfuil na riachtanais is airde agus is casta acu; agus,
- cur chun feidhme na moltaí sin a fhorbairt agus a mhaoirsiú.



Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Francis Foley ag tabhairt cuairte ar Ionad Óige an Chinn Thiar ag Ionad Pobail Mhuire Lourdes



## FISICIÚIL

Cuimsíonn an colún um athnuachan fhisiciúil

- Tithíocht athsholáthair;
- Uasghráduithe teirmeacha;
- Athchóirithe;
- Scartáil Straitéiseach;
- Bonneagar pobail a sholáthar;
- Bainistíocht Comhshaoil; agus,
- Nascacht nua agus feabhsaithe ó thaobh bóithre, cosáin, bealaí rothaíochta de.

### Tithíocht

I gcomhréir leis an LRFIP, áitítear an riachtanas tithíochta sóisialta a bhaineann go sonrach leis na limistéir Athnuachana i dtaca le trí athróg shonracha:

- Riachtanas tithíochta athsholáthair: Tagraíonn riachtanas tithíochta athsholáthair do riachtanais lóistín bhreise a chruthú chun scartáil phleanáilte a chumasú;
- Riachtanas plódaithe: Tagraíonn sé seo do riachtanais bhreise cóiríochta atá riachtanach chun cásanna plódaithe laistigh de thithe aonair roghnaithe a réiteach de réir an Liosta Feithimh do Thithíocht; agus,

- Riachtanas tithíochta a thabhairt ar ais: Tagraíonn sé seo do riachtanais chóiríochta bhreise atá riachtanach chun fillleadh iarchónaitheoirí athnuachana ar a bpobal bunaidh a éascú (faoi réir iarratais tithíochta a bheith cláraithe ar liosta feithimh tithíochta an Údaráis Áitiúil).

In 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le soláthar na tithíochta athsholáthair agus cuireadh tús le 134 teach cónaithe atá á dtógáil anois agus tá 80 aonad eile á gcur chun cinn tríd an gcéim réamhthógála.

Conarthaí tithíochta a bronnadh / á dtógáil in 2022:

- Páirc Chliona Céim 3 (18 aonad), Maigh Rois - tógáil ar siúl.
- Páirc an Teampaill Céim 2 (37 aonad), Páirc Dhonnchaidh Uí Mháille, Southill - tógáil ar siúl.
- Páirc Dhál gCais / Páirc Mhic Cosgair (57 aonad), Maigh Rois - tógáil ar siúl.
- Sráid na gCaorach / Sráid Áth Longfoirt (8 aonad), Oileán an Rí - tógáil ar siúl.

Ilna theannta sin, chuir Iontaobhas Peter McVerry tús arís le tógáil an 14 aonad atá críochnaithe go páirteach i bPáirc Delmege, Maigh Rois. Agus iad críochnaithe, is léiriú é ar an gcéad chéim den 38



Forbairt Tithíochta Dál gCais-Mic Cosgair Maigh Rois CG



Radharc ón aer Forbairt Tithíochta Dhál gCais-Mic Cosgair Mhaigh Rois



Páirc Chlóna Céim 3 Forbairt Tithíochta Mhaigh Rois le críochnú ag deireadh an Earraigh 2023



Páirc Chlóna Céim Forbairt Tithíochta Mhaigh Rois Tásach



Páirc an Teampaill Céim 2 Forbairt Tithíochta Southill le críochnú go luath in 2024

aonad forbartha tithíochta atá roinnte idir Maigh Rois agus Southill. Tá an próiseas tairisceana do na 24 aonad eile beagnach i gcrích agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil sa chéad ráithe de 2023.

Tionscadail tithíochta ag an gcéim réamhthógála 2022:

- Forbairt Tithíochta Úlloird (27 aonad), Oileán an Rí – tá doiciméadacht tairisceana don phríomhforbairt á n-ullmhú agus táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn ar an gconradh tochailte seandálaíochta tríd an gcéad leath de 2023.
- Páirc Chlóna Céim 4 (20 aonad), Maigh Rois - rinne an Roinn Athnuachana aighneacht agus fuair sí Faomhadh Chéim a hAon do Pháirc Clóna Céim 4. Tá soláthar Foirne Deartha Comhtháite ar siúl le Cuid 8 le dul chun cinn tríd an gcéad leath de 2023.
- Limistéar Athnuachana Tréigthe Limistéir 1 (9 n-aonad) – rinne an Roinn Athnuachana aighneacht agus fuair sí Faomhadh Chéim 1-3 do Limistéir Athnuachana Tréigthe 1. Táthar ag súil go ndéanfar ullmhúchán de dhoiciméadacht tairisceana agus ceapachán conraitheoirí gaolmhara a chur chun cinn tríd an gcéad leath de 2023.

## Uasghráduithe Teirmeacha

Is é cuspóir an LRFIP ná go gcoinnítear gach aonad tithíochta atá ar áitiú leis na ceithre limistéar athnuachana chuig Rátáil Fuinnimh Foirgnimh grád C. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtreo an chuid eile de Chlár Uasghráduithe Teirmeach LRFIP a chur i gcrích in 2022 mar atá leagtha amach thíos:

Conarthaí Uasghráduithe Theirmigh a bhronnadh / á dtógáil in 2022:

- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 122, Páirc Mhuire (19 Aonad) – tógáil beagnach críochnaithe.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 124, Páirc Mhuire (19 Aonad) – tógáil beagnach críochnaithe.

Conarthaí Uasghráduithe Theirmigh i ndearadh in 2022:

- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 121, Maigh Rois (47 Aonad) – Ceadáíodh do chéim na tógála ach tairgthe arís i ndiaidh an tairiscint mholta a tharraingt siar.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 121A, Maigh Rois (18 Aonad) - Ceadáíodh do chéim na tógála.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 123, Southill (53 Aonad) – Ceadáíodh do chéim na tógála ach tairgthe arís i ndiaidh an tairiscint mholta a tharraingt siar.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 125A, Páirc Mhuire (26 Aonad) – Ag fanacht ar cheadú chun conradh a bhronnadh.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 126, Southill (50 Aonad) – Ceadáíodh do chéim na tógála.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 127, Béal Átha na Cora Weston (12 Aonad) – Ag fanacht ar cheadú chun conradh a bhronnadh.
- Conradh Uasghráduithe Teirmeach Uimh. 128/128, Páirc Mhuire (25 Aonad) – Ag fanacht ar cheadú chun conradh a bhronnadh.

- Conradh Uasghrádaithe Teirmeach Uimh. 130, Maigh Rois (51 Aonad) – Cuireadh tús le suirbhé agus próisis scóipe.

### Scartáil Straitéiseach

Lean an Stiúrthóireacht ar aghaidh le clár scartála straitéisí chun forbairt tithíochta nua, spásanna pobail nua, ceangail nua agus réiteach tréigthe a éascú. Rinneadh 41 scartáil straitéiseach i limistéir athnuachana in 2022 de réir thábla 1.1 thíos:

Limistéar	Scartáil lomlán Southill
Southill	19
Maigh Rois	14
Béal Átha na Cora Weston	6
Páirc Mhuire	2

Tábla 1.1: Scartáil straitéiseach i limistéir athnuachana 2022



Suíomh Arm na Gallmhóna Southill i ndiaidh scartála

### Bonneagar Sóisialta agus Pobail

Leanadh ar aghaidh le pobail a fheabhsú trí thionscadail bhonneagair phobail a sholáthar, lena n-áirítear:

- **Oibreacha Uasghrádaithe, Mol Southill** - Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe tógála i Ráithe 2 2022 agus tá siad le críochnú i Ráithe 1 2023.
- **Clós Súgartha Ceantair, Southill** - Fuair Athnuachan, le tacaíocht ó phobal Southill, Faomhadh Céim a hAon ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do chlós súgartha ceantair ar Bhóthar Radharc Dharacha an Chaisleáin soir ó Shéipéal an Teaghlaigh Naofa. Ceapadh foireann deartha le comhairliúchán pobail, dearadh agus doiciméadacht pheanála Chuid 8 mar ullmhúchán.



An tAire Joe O'Brien ag tabhairt cuairte ar Mhol Southill

- **Ionad Pobail Mhuire Lourdes** - I ndiaidh comhairliúcháin le pobal Bhéal Átha na Cora Weston/na Cloiche Duibhe, tá an Fhoireann Athnuachana ag ullmhú treoir tionscadail d'athchóiriú Ionad Pobail Mhuire Lourdes.
- **Ionad Pobail Oileán an Rí** - Bunaíodh Grúpa Oibre chun Ionad Pobail Oileán an Rí a chur chun cinn le hionadaíocht ag bail ón bpobal, ó phríomhpháirtithe leasmhara agus ón Stiúrthóireacht Athnuachana. Bunaíodh paraiméadair ghearra an tionscadail, le tacaíocht ón nGrúpa Oibre agus ón gCoiste Athnuachana. Táthar ag súil go gcuirfeadh an coimeád páirteach beartaithe den ionad pobail atá ann faoi láthair agus an tógáil nua a ghabhann leis ar shuíomh reatha an ionaid phobail faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i Ráithe 1 2023.

Thacaigh an Roinn Athnuachana le haighneacht rathúil faoi Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta 2022 a d'éascaigh suirbhé ar choinníoll a ullmhú ar an bhfostruchtúr brící atá ann faoi láthair, straitéis chaomhnaithe ghaolmhar agus doiciméadacht tairisceana chun an fostruchtúr brící a athchóiriú.

- **Turner Vinery** - Thacaigh an Roinn Athnuachana le Fiontar Pobail Theach Tait ina n-aighneacht rathúil faoi Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta Pobail 2022 a d'éascaigh suirbhé ar choinníoll a ullmhú ar an bhfostruchtúr brící atá ann faoi láthair, straitéis chaomhnaithe ghaolmhar agus doiciméadacht tairisceana chun an fostruchtúr brící a athchóiriú.





Feabhsúcháin ar an Réimse Poiblí ag an bPlás Úrghlas, Páirc Mhuire

### Athchóirithe

Tá an caiteachas Athnuachana thart ar €1 milliún i rith 2022 ar stoc tithíochta a athchóiriú i gceantair athnuachana agus ar chorrholúntais a thabhairt ar ais do chaighdeáin réamhligin ar bhealach comhlíontach, tráthúil agus costéifeachtach.

### Naisc

Samhlaíonn an LRFIP feabhsuithe ar nascacht chuig agus ó lár na cathrach, laistigh de cheantair Athnuachana, chuig agus óna gceantair chónagaracha agus go lár na cathrach. In 2022, rinneadh obair chun roinnt tionscadal nascachta a chur chun cinn, lena n-áirítear:

#### Maigh Rois

- Forbairt dearaidh leanúnach ar nasc idir Seanbhóthar na Creatalaí agus
- Forbairt dearaidh leanúnach ar nasc idir Bóthar Mhaoilis agus forbairt nua Pháirc Dhál gCais;

#### Southill

- Forbairt dearaidh leanúnach ar nascacht rotharbhealaigh agus cosáin feabhsaithe ar Bhóthar Childers agus timpeall an limistéir LEDP/Maldron Hotel/Aldi

### Bainistíocht Comhshaoil

Lean Athnuachan ar aghaidh ag infheistiú (thart ar €507k) i dtionscadail bheaga chaipitil agus chomhshaoil ar fud na gceithre phobal trí thionscnaimh shábháilteachta phobail, glanadh sráide, gearradh féir, tírdhreachú, glantacháin agus athailínithe cosáin.

### Soláthar CCTV Pobail

Lean an clár Athnuachana ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag infheistiú i sábháilteacht an phobail agus ag laghdú na dtionchair iompair fhrithshóisialta.

Mar chuid den idirchaidreamh leanúnach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) le linn 2022, d'ullmhaigh foireann Athnuachana ar fhoireann ceaptha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagra ar iniúchadh an DPC. Áirítear leis seo Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí do CCTV pobail a fheidhmíonn i dTuaisceart agus i nDeisceart na Cathrach.

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí ar na ceamaraí CCTV pobail i mí an Mhárta, fuarthas freagraí trí shuirbhé ar líne MyPoint, ríomhphoist agus cruinnithe líonra pobail. Thacaigh na tráchtanna a rinneadh thar 157 freagróir i sé cheist go mór le ceamaraí CCTV an Chomhphobail i gceantair phoiblí.

Fuarthas Údarú Choimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chuig an líonra CCTV a chlúdaíonn na limistéir Athnuachana.

# TITHÍOCHT









# TITHÍOCHT

Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta freagrach as tionscadail tithíochta a sholáthar, a mhaoiniú agus a roghnú faoi chlár 'Tithíocht do Chách' an Rialtais a oibríonn chun dlús a chur leis an soláthar tithíochta chun dul i ngleic le heaspa dídine. Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta agus na páirtithe leasmhara lena n-oibríonn siad tiomanta do cháilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine agus do phobail, bíodh siad seanbhunaithe nó nuachruthaithe.

Tá na haonaid seo a leanas sa Stiúrthóireacht Tithíochta:

1. Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta.
2. Cothabháil agus Tógáil Údaráis Áitiúil.
3. Stratéis agus Tógáil Tithíochta Neamh-Údaráis Áitiúil.
4. Cóiríocht don Lucht Siúil

## TITHÍOCHT DO CHÁCH

Is plean tithíochta an Rialtais go 2030 é 'Tithíocht do Chách' a seoladh ar an 2 Meán Fómhair 2021. Is plean ilbhliantúil, ilbhiliún euro é, a chuirfidh feabhas ar chóras tithíochta na hÉireann agus a sholáthróidh níos mó tithe de gach cineál do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu. Tá ceithre bhealach ag an bpolasaí chun tithíocht a bhaint amach do chách:

1. Tacú le húnéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú;
2. Deireadh a chur leis an easpa dídine, soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta;
3. Soláthar tithíochta nua a mhéadú;
4. Aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus ar úsáid éifeachtúil a bhaint as stoc atá ann.

Tá gníomhartha atá le déanamh ag ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí Stáit agus eile sna conairí. Tacaíonn gníomhartha leis na conairí le gníomhartha chun córas tithíochta inbhuanaithe a chumasú.

Spríoc Luimnigh faoi 'Tithíocht do Chách' I Luimneach, is é 2,693 teach nua an spríoc seachadta do 2022-2026. Sin dhá oiread na sprice faoin gclár 'Éire a Atógáil' idir 2018-2021 agus 1,365 teach. Is é tógáil na príomhshruthanna seachadta chun 2,693 teach nua a sholáthar le 40% le soláthar ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) agus 60% ag Comhairle Contae agus Contae Luimnigh. Tá spríoc an Rialtais do Luimneach do gach bliain ó 2022 go 2026 le feiceáil sa thábla thíos.

Cineál Seachadta	2022	2023	2024	2025	2026
Tógáil Nua	9000	9100	9300	10000	10200
Éadálacha	200	200	200	200	200
Léasú Fadtéarmach	1300	1200	800	200	0
Morgáiste go Cíos	1000	1000	1000	1000	1000
Léasú gearrthéarmach	200	200	200	200	200
RLS	120	130	130	140	140
<b>Spriocanna Luimnigh Iomlán 2693</b>	<b>565</b>	<b>502</b>	<b>513</b>	<b>551</b>	<b>562</b>

Ag deireadh 2022, tá os cionn 216 tionscadal tógála ceadaithe agus ag fanacht le tús a chur leis an láithreán ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus 172 aonad ar an láthair chun tithe a sholáthar trí na sruthanna seachadta Léasaithe, Ceannaigh agus Tógála:

Tógáil-Nua	Ceannaigh	Léas
<ul style="list-style-type: none"> <li>Tógáil agus Lándéanta SHIP</li> <li>Athghiniúint</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Éadálacha SHIP</li> <li>Éadálacha Ceannaigh agus Athnuachana</li> <li>Éadálacha Athnuachana</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Deisiú agus Léasú</li> <li>Morgáiste go Cíos</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Tógáil agus Lándéanta CAS</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Éadálacha CAS</li> <li>Éadálacha CALF AHB</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhaontuithe Infhaighteachta agus Íocaíochta</li> <li>Léasú fadtéarmach (léasanna tarrollta ó 2020 toisc nach bhfuil aon sprioc ag Luimneach ó 2022-2026)</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Tógáil agus Lándéanta AHB CALF</li> <li>Cuid V</li> </ul>		

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TITHÍOCHTA

### Measúnuithe Tithíochta

Is é líon iomlán na n-iarratasóirí ar thithíocht shóisialta a ceadaíodh ar liosta feithimh tithíochta sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ná 5,821 amhail an 31/12/2022. Áirítear leis seo iarratasóirí a bhfuil cóiríocht ÍCT agus SCC faighte acu agus tionóntaí de chuid na Comhairle/na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a ceadaíodh le haghaidh aistrithe.

Is é 2,239 teaghlach an Glanriachtanas Tithíochta Sóisialta seachas tionóntaí ÍCT agus SCC agus tionóntaí Comhairle/AHB atá ceadaithe le haghaidh aistrithe.

Achoimre ar an Measúnú ar Thithíocht Shóisialta  
Chuir an Fhoireann Measúnaithe an Measúnú Bliantúil ar Riachtanas Tithíochta i gcrích go rathúil, arb é atá ann teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí ceadaithe tithíochta chun a fháil amach an bhfuil suim acu fós i dtacaíocht tithíochta sóisialta agus chun a fháil amach an bhfuil siad fós incháilithe.

Is riachtanas reachtúil é seo atá le cur i gcrích ar bhonn bliantúil mar atá curtha in iúl ag an Roinn Tithíochta, Comhshaoil agus Oidhreachta.

### Leithdháiltí Tithíochta

Bhí leithdháileadh na tithíochta sóisialta fós láidir in 2022 agus leithdháileadh 250 aonad ó stoc tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar iarratasóirí rathúla agus rinneadh 236 ainmniúchán tithíochta sóisialta eile do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

### Foireann Leasa Tithíochta

In 2022, rinne an Fhoireann Leasa Tithíochta a seirbhís a chuíchóiriú tríd an bhfoirm Atreoraithe Leasa Tithíochta a fhorbairt agus a chur ar bhonn foirmiúil. Scaipeadh an fhoirm agus tá sí ar fáil do ghníomhaireachtaí inmheánacha agus seachtracha a bhfuil baint acu le teaghlach agus le daoine aonair a bhfuil riachtanais bhreise acu agus a d'fhéadfadh leochaileachtaí ar leith a bheith i gceist.

Oibríonn an Fhoireann Leasa Tithíochta i gcomhar le gach roinn i dTithíocht, go háirithe Cothú Pobail, Leithdháiltí agus Measúnuithe. Déanann an Fhoireann Leasa Tithíochta idirchaidreamh le

sainseirbhísí ar nós Tusla, Seirbhísí Míchumais, Seirbhísí Leanaí agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun roghanna a fhiosrú agus chun caighdeán na cóiríochta a bhfuil teaghlach agus daoine aonair leochaileacha ina gcónaí iontu a fheabhsú.

Tá thart ar 239 atreorú foirmiúil déanta chuig an bhFoireann Leasa Tithíochta ó scaipeadh an fhoirm i mí Aibreáin.

### Easpa Dídine

Tá easpa dídine ag an leibhéal is airde i stair Stát na hÉireann faoi láthair. Go háitiúil, tá leibhéal na ndaoine gan dídean nach bhfacthas riamh cheana ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le feiceáil le cúig bliana anuas.

Tá líon na gcásanna do dhaoine gan dídean ag deireadh mhí na Nollag mar seo a leanas: Daoine Aonair-153 duine aonair, agus Teaghlach 71 teaghlach (92 duine fásta agus 125 leanbh). Leanann Foireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean Luimnigh ar aghaidh ag feidhmiú foirne ildisciplíní, le foireann chliniciúil oibríochtúil ó FSS, Foireann Tacaíochta ó Earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Seirbhísí Leasa ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus Bainisteoirí Cóiríochta/Cáis ón Údarás Áitiúil. I dtimpeallacht na ndaoine gan dídean atá ag athrú, tá cosc ar Easpa Dídine chomh tábhachtach le soláthar na seirbhíse cóiríochta. Maidir leis sin, tá sé ríthábhachtach teagmháil a dhéanamh leo siúd atá i mbaol a bheith gan dídean. Chuir feidhmiú céimneach na Mol Teaghlach, an tSeirbhís Aimsitheora Áite, roghanna maireachtála comhroinnte, seirbhísí for-rochtana sráide agus Tús Áite do Thithíocht leis na roghanna seirbhíse atá ar fáil agus lenár gcumas freagairt do cheist na heaspa dídine sa Réigiún.

Forbraíodh an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean mar thoradh díreach ar ghníomhartha a d'éascair as Straitéis Náisiúnta an Rialtais do Dhaoine gan Dídean. Mar chuid de Sheirbhísí Tacaíochta Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tá an fhoireann dírithe ar a chinntiú go gcuirtear gach seirbhís ar fáil do dhaoine gan dídean ar an gcaighdeán is airde agus ar bhealach comhordaithe agus comhtháite. Ligeann sé seo raon leathan tacaíochtaí a chur i bhfeidhm, ní hamháin díon a chur os a gcionn ach gnéithe den chúram sláinte atá



riachtanach do riachtanais daoine gan dídean a chur ar fáil trí fhoireann ildisciplíneach. Nuair a chuirtear i láthair iad don Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, déantar measúnú iomlán ar úsáideoirí seirbhíse chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar a riachtanais eacnamaíocha, sláinte agus chóiríochta go léir de réir an Bheartais do Dhaoine gan Dídean.

In 2022, leanadh de na seirbhísí seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá i mbaol easpa dídine nó atá gan dídean i réigiún Luimnigh:

### Tús Áite don Tithíocht

Díríonn Tús Áite don Tithíocht ar dhaoine a raibh easpa dídine fadtéarmach acu agus a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus/nó andúile acu faoi láthair. Mar thoradh ar Thús Áite don Tithíocht, go dtí seo, bunaíodh 39 tionóntacht ó mhí Feabhra 2018, áit chónaithe a chur ar fáil do dhaoine in aonaid tithíochta bhuana, chobhsaí agus tacaíthe do dhaoine aonair gan dídean.

Tá deireadh tagtha leis an mbunphíolóta ó 2018-2021 agus tá Tús Áite don Tithíocht ina chuid lárnach den phlean 'Tithíocht do Chách'.

### Aimsitheoir Áite Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tá dhá ról Aimsitheora Áite ÍCT comhtháite anois san Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean. Tacaíonn na ról seo le cliant atá gan dídean chun réadmhaoine a aimsiú sa mhargadh cíosa príobháideach, a dtacaítear leo trí ÍCT. Tá an tSeirbhís Aimsitheora Áite ar cheann de na príomhfhreagraí ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le heaspa dídine a chosc, toisc go dtéann sí i dteagmháil le tionóntaí ÍCT agus le tiarnaí talún a d'fhéadfadh a bheith páirteach i bhFógra Fágála (NTQ) in iarracht dúnadh tionóntachta a sheachaint.

### Moil Teaghlaigh

Bhí Suaimhneas agus Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú le linn 2022 ag freastal ar theaghlaigh.

### Cothú Tionóntachta

Faigheann cliant rochtain ar an tacaíocht seo trí sholáthraithe seirbhíse éagsúla i Luimneach. Soláthraíonn Seirbhísí Cothaithe Tionóntachta

príomhfhreagairt maidir le tionóntachtaí a chosc ó dheireadh a chur leis agus tacaíocht a chur ar fáil do chliant chun a gcóiríocht a chothabháil.

### For-rochtain Sráide

Chonaic an fhoireann For-rochtana Sráide méadú ar líon na ndaoine a fuair rochtain ar an tseirbhís seo le linn 2022, tá gach cliant i dteagmháil lena chinntiú go gcuirtear tacaíocht réidh ar fáil.

### An tAonad Cothaithe Pobail

Cuireann Aonad Cothaithe Pobail na Comhairle seirbhís riachtanach ar fáil a thacaíonn le tionóntaí agus cónaitheoirí a n-eastát agus le cóiríocht na Comhairle i gcoitinne. I measc phríomhchuspóirí an Aonaid tá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar thionóntaí ionchasacha, ionductú tionóntachta cuimsitheach d'áititheoirí nua, cuairteanna leantacha ar thionóntaí den sórt sin chun cabhrú leo leapachas isteach ina dtithe agus ina bpobail nua, comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí stáit ábhartha eile amhail an Garda Síochána, FSS, Tusla srl., agus naisc níos dlúithe a chruthú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Tá trí príomhshnáithe san Aonad: (i) Tacaíochtaí Eastáit (ii) Tacaíocht Tionóntaí Aonair agus (iii) Forfheidhmiú Tionóntachta/Iompar Fritshóisialta.

#### (i) Tacaíochtaí Eastáit

Is é príomhaidhm an chlár seo ná tacaíochtaí a sholáthar chun caighdeán maireachtála a fheabhsú agus spiorad pobail a fhorbairt laistigh d'eastáit na Comhairle. Chun na críche sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn áitritheoirí atá ann cheana féin agus spreagann sé grúpaí nua den sórt sin a bhunú, ag tacú le cur i bhfeidhm na bpríomhghníomhaíochtaí a shaináithin siad chun a n-eastáit a fheabhsú. Athraíonn an tacaíocht a chuirtear ar fáil ó chúnamh chun mionoibreacha infreastruchtúir a sholáthar, mar shampla fálú, ballaí, comharthaíocht etc. go bearta níos boige ar nós oiliúint scileanna coiste, cur le laethanta glantacháin, imeachtaí do leanaí srl.

Le linn 2022, bunaíodh Cumann Cónaitheoirí Radharc na Páirce, Cumann Cónaitheoirí Bhaile Uí Neachtain Beag agus Cumainn Áitritheoirí Radharc na Faiche. Athghníomhaíodh Cumann Áitritheoirí Tait agus Cumann Áitritheoirí na Rátha Báine i ndiaidh na paindéime.

Tá ainmchláir charraigeacha aolchloiche curtha ar fáil ag an Aonad Cothaithe Pobail d'eastáit i mBaile Uí Neachtain Beag, Ardán Radharc na Páirce, Hassetts Cross agus The Limeyard, Pailís Chaonraí. D'oibrigh an tAonad seo i gcomhar le cónaitheoirí eastát Ardán Radharc na Páirce chun glantachán, plandáil bolgán agus péinteáil de na ballaí pobail a dhéanamh. Tá go leor oibre déanta ag baill Chumann Áitritheoirí Sparr Thuamhan in 2022, ina measc glantachán i bPáirc an Chanónaigh Uí Bhraoin agus ceapacha nua bláthanna agus toir a chur.



Plandáil Bláthanna agus Bolgán Chumann Áitritheoirí Sparr Thuamhan



Glantachán an Chanónaigh Uí Bhraoin le hÁitritheoirí



Glanadh suas le Cumann Áitritheoirí Ardán Radharc na Páirce

### **(ii) Tacaíocht do Thionóntaí Aonair**

Cuireann an tAonad seirbhís ar fáil, le tacaíocht ón Oifig Leasa Tithíochta, ina bhfuil diantacaíocht do thionóntaí a d'fhéadfaí a aithint mar thionóntaí leochaileacha nó a dteastaíonn cabhair den sórt sin uathu ar chúiseanna ar bith eile. Ina theannta sin, tá monatóireacht á déanamh ar thionóntachtaí aonair a bhféadfadh aird ar leith a bheith ag teastáil uathu chun cosc a chur ar fhadhbanna a tharlaíonn. Cuirtear oiliúint Ionduchtúcháin Tionóntachta ar fáil do gach tionónta nuacheaptha. I measc rudaí eile, mínítear go soiléir téarmaí na gComhaontuithe Ligin, a shínítear, ionas go dtuigtear go soiléir oibleagáidí na dtionóntaí agus, go deimhin, na Comhairle. Ba é líon na gcruinnithe oiliúna sin a reáchtáladh in 2022 ná 215. Rinne Oifig Chothaithe Pobail breis agus 2,300 cuairt/cigireacht i rith na bliana, agus áiríodh leis an bhfigiúr sin cuairteanna ar thionóntaí nuacheaptha chun tacaíocht a thairiscint. Ghlac an Chomhairle Straitéis nua maidir le hIompar Frithshóisialta an 28 Samhain 2022. Baineann an polasaí seo go príomha le tithíocht shóisialta a sholáthraíonn agus a bhainistíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

### **(iii) Forfheidhmiú Tionóntachta/Iompar Frithshóisialta**

Déileáil an tAonad le níos mó ná 550 gearán gach bliain, agus baineann thart ar leath díobh sin le hiompar frithshóisialta. Is é beartas na Comhairle ná freagra a thabhairt ar na saincheisteanna seo go tapa agus go daingean agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána nuair is gá. Úsáideann an Chomhairle na huirlisí reachtacha uile atá ar fáil di chun iarracht a dhéanamh déileáil le hiompar

frithshóisialta. Ceann de na huirlisí is éifeachtaí ná Orduithe Eisiata a lorg i gcoinne daoine aonair a chuireann bac orthu ó eastáit shonraithe ar feadh tréimhsí suas le trí bliana. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar cheann de na húdaráis áitiúla is réamhghníomhaí sa tír maidir le húsáid an bhirt seo. Sa tréimhse 2013-2022, fuarthas 24 ordú den sórt sin. Déanann an tAonad seiceálacha foirmiúla Gardaí ar thionóntaí nua ionchasacha. Tugadh faoi thart ar 900 athbhreithniú foirmiúil dá leithéid i rith na bliana.

### **Scéim Cheannaigh Tionóntaí (Incriminteach)**

Tá 35 iarratas faighte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoin Scéim Cheannaigh Tionóntaí (Incriminteach) 2016. Astu sin, measadh go raibh 23 díobh incháilithe chun dul ar aghaidh chuig litir thairisceana. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí cúig réadmhaoín díolta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoin Scéim Cheannaigh Tionóntaí (Incriminteach) 2016.

### **Iasachtaí Tithíochta**

Is scéim morgáiste le tacaíocht rialtais í Iasacht Tí na nÚdaráis Áitiúil (LAHL) atá ar fáil ar fud na tíre ó gach údarás áitiúil. Tairgeann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh morgáistí ceannaitheoirí céaduaire agus larratasóirí Tús Úr de 90% LTV suas go dtí uasluch réadmhaoine de €250,000 i Luimneach. Leithdháileadh €4,840,000.00 le haghaidh ceaduithe nua iasachta in 2022. Féadfar an tarraingt anuas iasachta iarbhír a bheith ar siúl in 2022 nó in 2023. Tá iasachtaí a ceadaíodh in 2022 fós bailí ar feadh sé mhí tar éis a gceadaithe.

Tá 125 iarratas faighte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Scéim Iasachta Baile na nÚdaráis Áitiúil. Ceadaíodh 32 iarratas ar iasacht ar luach iomlán de €4,640,600.00 de na cúig cinn seo leis an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí, áit ar ceadaíodh maoiniú do thionóntaí chun an réadmhaoín a cheannach, bhí siad ar cíós ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá 14 iasacht fhaofa tarraingthe anuas ag na hiarratasóirí, ar luach iomlán de €1,885,995.50 áirítear leo seo iasachtaí Tí Rebuilding Ireland agus iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil araon. Tá 18 dtairiscint iasachta fós bailí agus is féidir iad a tharraingt anuas.



## DEONTAIS TITHÍOCHTA

### Oiriúnú, Cúnamh Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Tugadh 827 deontas oiriúnaithe tithíochta chun críche faoi na scéimeanna deontais um Oiriúnú Tithíochta, Áiseanna Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta in 2022. Ba é an caiteachas iomlán ar scéimeanna deontais ná €4,378,589.40.

Eanáir-Nollaig 2022		Iomlán
Deontais um Chúnamh Soghluaisteachta	Líon Ceadaithe	104
	Caiteachas MAG	€625,542.43
	Líon Íochta	128
Deontais Oiriúnaithe Tithíochta	Líon Ceadaithe	281
	Caiteachas HAG	€1,704,459.98
	Líon Íochta	187
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	Líon Ceadaithe	457
	Caiteachas HOP	€2,048,586.99
	Líon Íochta	512
Sa bhliain go dtí seo. Uimh. Iomlán Ceadaithe	842	
Sa bhliain go dtí seo. Airgead Iomlán Íochta	€4,378,589.40	
Sa bhliain go dtí seo. Uimh. Iomlán Íochta	827	

Chomh maith le deontais phríobháideacha, cuireadh oibreacha oiriúnaithe i gcrích do 71 réadmhaoín eile de chuid an údaráis áitiúil ag caiteachas iomlán de €796,835.23. Cuireann an scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPG) maoiniú ar fáil le haghaidh síntí agus oiriúnuithe ar an stoc tithíochta sóisialta atá ann cheana féin do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas amhail ráillí grab, rampaí rochtana do dhaoine faoi mhíchumas, seomraí fliucha, seomraí leapa thíos staighre srl. Cuireann an scéim síntí ar fáil freisin i gcásanna plódaithe.

### Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Ba é líon na réadmhaoine san earnáil phríobháideach ar cíos ná 718 faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) agus tacaíodh le 519 tionóntacht eile faoin SCC san Earnáil Tithíochta Deonaí ag deireadh na bliana.

Ón 11 Meitheamh, tugadh Tionóntachtaí Ré Neamhtheoranta isteach sa dlí. Soláthraíonn an t-athrú seo níos mó slándála tionachta do thionóntaí. Ciallaíonn sé, tar éis sé mhí ina chónaí i dtionóntacht, go mbeidh sé de cheart ag an tionónta fanacht sa réadmhaoín ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Tá sé seo faoi réir ag an tionónta seasamh lena n-oibleagáidí cíosa agus ceart an tiarna talún deireadh a chur leis an tionóntacht de réir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (RTA).

## Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (ÍCT)

Bhí 2,248 tionóntacht ghníomhach ÍCT i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag deireadh mhí na Nollag, 2022.

Cuireann HAP ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cúnamh tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu san earnáil phríobháideach ar cíos a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta. Bhunaigh an tAonad ÍCT 268 tionóntacht ÍCT in 2022.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Leagtar amach sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil do 2019-2024 freastal ar 105 teaghlach den Lucht Siúil thar a shaolré. Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Áitiúil don Lucht Siúil (LTACC) Ionadaithe Poiblí, Ionadaithe don Lucht Siúil agus Oifigigh na Comhairle a thagann le chéile ceithre huair sa bhliain de ghnáth. Cé gur cuireadh na cruinnithe sin siar in 2021 mar gheall ar Covid-19, bhí cruinniú den LTACC ann i mí Dheireadh Fómhair 2022 i bhfianaise bhunú an Aonaid nua um Chóiríocht don Lucht Siúil (TAU) in éineacht le baill foirne nua ghaolmhara. Ceann de spriocanna an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil is ea 105 tairiscint cóiríochta a dhéanamh thar shaolré an phlean. Ó 2019 go Meitheamh 2022, rinneadh 107 tairiscint cóiríochta, agus glacadh le 73 díobh sin le 34 diúltú.

In 2022, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas:

- Chuir siad scéimeanna píolótacha iasachta carbhán i gcrích do thrí theaghlach a bheidh freagrach anois as a gcostais deisithe agus cothabhála féin as seo amach;
- Reáchtáil siad cruinnithe le teaghlaigh aonair i láithreán stad Bhóthar Childers agus tá pleananna leagan amach an láithreáin curtha chun cinn acu ina dhiaidh sin ar glacadh go dearfach leo;
- Lean siad ar aghaidh ag tabhairt faoi mheasúnuithe oibre sóisialta d'iarratasóirí tithíochta aonair;
- Chuir siad tairiscint isteach chun bána iomarcacha ar chúl láithreán stad na Pábhála Fada a scartáil. Cuirfear tús le hoibreacha den sórt sin i Ráithe 1 2023 faoi réir ceadú maoinithe agus laghdóidh siad lorg foriomlán an láithreáin go mór;
- Chuir siad tairiscint isteach chun conraitheoir deisiúcháin agus cothabhála a sholáthar go dtí deireadh na bliana 2024;

- Chríochnaigh siad iniúchtaí dóiteáin ar gach láithreán stad den Cheantar Cathrach;
- Chríochnaigh siad measúnuithe sóisialta agus innealtóireachta ar na seallai atá ann cheana féin laistigh de láithreán stad Radharc an Chnoic i Ráth Caola. Tá iarratas ar mhaoiniú anois leis an Roinn le haghaidh seallai nua agus méadaithe mar aon le hoibreacha feabhsaithe ar bhonneagar an láithreáin;
- Chuir siad éadail agus athchóiriú aonaid ar leith i gCathair Luimnigh i gcrích;
- Fuair siad 779 iarratas nua ar shaincheisteanna cothabhála ó Chóiríocht Shonrach don Lucht Siúil sa Cheantar Cathrach trí Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Sugar CRM. Críochnaíodh agus dúnadh 626 san iomlán sa tréimhse chéanna. Tá an fhoireann theicniúil sa TAU ag déileáil leis na cásanna eile nó tá siad dúnta mar gheall ar chineál gan bhunús maidir le roinnt iarratas.

Leanfaidh an TAU ag obair le teaghlaigh den Lucht Siúil, le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus le ceanneagraíochtaí an Lucht Siúil chun feabhas a chur ar an gcóiríocht do Theaghlaigh den Lucht Siúil ina limistéar riaracháin.

## TÓGÁIL AGUS COTHABHÁIL TITHÍOCHTA ÚA

Tá an fhoireann tiomanta don chlár tógála a sheachadadh ar thailte faoi úinéireacht údaráis áitiúil agus athchóiriú agus cothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta sóisialta.

Tá aonaid nua tógála an Údaráis Áitiúil maoinithe ag an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta (SHIP) agus tá siad tógtha ar thalamh faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil.

Ainm	Líon na nAonad
Béal Átha Síomóin/Bóthar Greenhills	17
Gough Place	17



Béal Átha Síomóin/Greenhills 1



Béal Átha Síomóin/Greenhills 2



Gough Place 1



Gough Place 2

Ainm an Tionscadail	Uimhir na nAonad	Tionscada Stádas
82, 84, 86 Bóthar de hÍde	1	Moladh
1 agus 2B Cill Fhionáin	0	Moladh
1 agus 2 St Mary's, Eas Géitine	0	Moladh
Bóthar Bhaile Choimín	19	Céim 1 Faomhaithe
Brugh na Deise, An Bhrú, Co. Luimnigh	17	Céim 1 Faomhaithe
52 Bóthar Nua	6	Céim 1 Approved
Sráid Mhichíl, Luimneach	9	Céim 1 Approved
Ardán Colbert, Mainistir na Féile	4	Céim 2 Faomhaithe
Sycamore Crescent, An Caisleán Nua (ag obair ar chéim 2)	21	Céim 2 Faomhaithe
Church Glen, Baile an Londraigh	9	Céim 2 Faomhaithe
Radharc Cillín, Cill Fhionáin	10	Céim 2 Faomhaithe
Cnoc Uí Choileáin	4	Céim 2 Faomhaithe
O'Connor Park, Ardach	10	Céim 2 Faomhaithe
An Chluain Mhór, Suíomh Áth Dara Thuaidh	13	Céim 2 Faomhaithe
Béal an Átha	11	Céim 2 Faomhaithe
Béal an Átha	8	Céim 2 Faomhaithe
Tobar Phádraig (Suíomh na Bearna Coill 2)	24	Céim 2 Faomhaithe
An Chluain Mhór, Suíomh Áth Dara Theas	18	Céim 2 Faomhaithe
Sycamore Crescent, An Caisleán Nua	10	Céim 2 Faomhaithe
Station Close, Cnoc Loinge	12	Ar an láthair
Céide Radharc an Ghleanna, An tOspidéal	20	Ar an láthair
Sráid an Chláir, Cathair Luimnigh	7	Ar an láthair
Cluain Maicín, Cathair Luimnigh	43	Ar an láthair



## Athnuachan ar an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta (SHIP)

Is sruth seachadta tithíochta é Athnuachan SHIP, arb ionann é agus tógáil atá 100% maoinithe ag an státchiste ar réadmhaoine fholamh thréigthe. Is féidir gur réadmhaoine thréigthe iad seo a fuarthas, laistigh d'úinéireacht an Údaráis Áitiúil cheana féin nó réadmhaoine thréigthe atá dílsithe faoi fháil éigeantach. Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athnuachan SHIP a bhainistiú agus a sheachadadh faoin Aonad Tógála agus Cothabhála LA. In 2022, rinneadh iarratas chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar 31 aonad faoi Athnuachan SHIP. Ceadaíodh an t-iarratas ar €5,398,709. I Ráithe 4 2022 cuireadh tús le hobair ar na haonaid thréigthe seo a thabhairt ar ais ina stoc tithíochta.

## VOIDS 2022

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athchóiriú ar 51 aonad faoin scéim seo in 2022. Críochnaíodh na haonaid seo trí úsáid a bhaint as meascán d'fhoirne agus conraitheoirí saothair díreacha ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil agus ar scála na n-oibreacha a bhí ag teastáil ar an aonad. Cuireadh aonaid ar ais chuig stoc lena ligean le linn ráithe a trí agus a ceathair de 2022. Tarraingíodh anuas maoiniú de luach €561,000.00 nuair a críochnaíodh na haonaid sa cheathrú ráithe de 2022. In 2022, bhunaigh an Coiste Polasaí Straitéiseach um Thithíocht agus Forbairt Shóisialta Grúpa Oibre ar Thithe Folmha.

Tháinig an Grúpa Oibre seo le chéile ceithre huair in 2022 agus fuair siad cur i láthair amhail;

- Próiseas fillte, cigireachta agus athchóirithe réadmhaoine ó eochair go heochair agus na sruthanna maoinithe éagsúla
- Leithdháileadh agus Cothú
- Tionscnamh Dearóilithe, Folúntais agus Athúsáide
- Ciste Croí Cónaithe (Bailte)

Tá tuarascáil á hullmhú ar mholtaí an Ghrúpa Oibre agus cuirfeadh faoi bhráid an Choiste Polasaí Straitéisigh um Fhorbairt Theaghlaigh agus Shóisialta í in 2023.

## Scéim Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh 2022

Cuireadh tús leis an obair chun 51 aonad tithíochta áitithe a iarfeistiú ar fud na gceithre cheantar bardais in 2022. Bainfidh na haonaid rátáil BER B2 ar a laghad amach nuair a bheidh siad críochnaithe. Fuair an scéim seo cúnamh deontais ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar chuid de Chlár Oibriúcháin an AE agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus bhí na costais eile de €2.1 milliún le maoiniú ó acmhainní dílse na Comhairle féin.



Iarfheistiú Fuinnimh 2022 – Lána an Tí Scoile, Luimneach

## Ciste Tithíochta Inacmhainne (AHF roimhe seo SSF - Ciste na Láithreán Seirbhísithe)

Tá an Ciste Tithíochta Inacmhainne (AHF) tagtha in áit scéim SSF Chiste na Láithreán Seirbhísithe anois, a leanfaidh de chúnamh a thabhairt d'údarás áitiúla scéimeanna tithíochta inacmhainne a fhorbairt.

Tá sé léirithe anois ag foireann tithíochta inacmhainne tiomnaithe de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, go mbeidh ar gach tionscadal de chuid an Chiste Láithreán Seirbhísithe leas a bhaint as an leibhéal níos airde fóirdheontais atá ar fáil faoi scéim an Chiste Tithíochta Inacmhainne le bheith ina dtionscadail inmharthana.

Tá Oibreacha Cumasúcháin, athbheithnithe inmharthanachta, agus dearadh réamhphleanála ag dul chun cinn ar gach ceann de na suíomhanna:

- Toppins Field - Athbheithniú inmharthanachta críochnaithe, foireann Deartha Comhtháite ceaptha, iarratas AHF á ullmhú
- Guinness Lands - Athbheithniú inmharthanachta

ar siúl, Foireann deartha á soláthar, Pacáiste comhaontaithe forbartha ar siúl le LDA

- Clonmacken Lands - Athbhreithniú inmharthanachta ar siúl
- Sonny's Corner - Athbhreithniú inmharthanachta críochnaithe, Foireann deartha á soláthar agus iarratas AHF á ullmhú
- Curragower Lands - Athbhreithniú inmharthanachta críochnaithe, Foireann deartha ceaptha, faomhadh deontais AHF faighte, - Cuid 8 dearadh réamhpleanála ar siúl

### Cothabháil Freagartha

Fuair Cothabháil Tithíochta 14,585 iarratas nua ar chothabháil trí Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Sugar CRM. Dúnadh 15,405 iarratas ar an iomlán sa tréimhse chéanna.

Cuireadh na hoibreacha cothabhála freagartha a rinneadh le linn 2022 i gcrích i gcomhréir le treoirlínte FSS agus Sláinte agus Sábháilteachta. Chuir Seirbhísí do Chustaiméirí ról rithabhachtach ar fáil maidir leis seo chun comhairle a chur ar thionóntaí faoi seo roimh ré.

I gcomparáid le blianta roimhe sin, tháinig méadú beag ar líon na n-iarratas cothabhála tithíochta a fuarthas i rith na bliana.

Cé gur eisíodh é in 2020, tá tionchar dearfach fós ag Lámhleabhar na dTionóntaí maidir le soiléireacht bhreise do thionóntaí seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chothabháil freagartha.

## STRAITÉIS AGUS TÓGÁIL TITHÍOCHTA NEAMH-ÚÁ

Tá an fhoireann tiomanta do na nithe seo a leanas a sheachadadh:

- Straitéisí agus Polasaithe Tithíochta a Cheapadh
- Clár tógála le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Forbróirí Príobháideacha
- Clár Sealbhaithe
- Clár Léasa

### Clár Tógála le Forbróirí Príobháideacha

Tá talamh faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh atá oiriúnach chun tithíocht nua a thógáil teoranta. Cuireann an Straitéis Tithíochta agus an Measúnú ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta (HNDA) bonn eolais faoi bheartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028, agus tá ról lárnach aige maidir le beartais tithíochta náisiúnta agus réigiúnacha a aistriú chuig an leibhéal áitiúil.

Tar éis an fheachtais Fhoirgníocht lándéanta a seoladh in 2019, beidh Foirgníocht lándéanta ag leanúint ar aghaidh mar phríomh-mheicníocht seachadta sa chlár tithíochta. Is éard atá i gceist leis an bhfeachtas Foirgníochta lándéanta ná ceadanna pleanála beo a fháil a bhfuil stop curtha leo, go háirithe mar gheall ar chúrsaí airgeadais, agus a chur ag feidhmiú arís. In áiteanna ina bhfuil riachtanas tithíochta againn, déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh conradh leis an bhforbróir chun na réadmhaoine a cheannach ar phraghas lena n-áirítear brabús tógálaí. Forbraíodh Creat nua chun meascán tionachta cuí a chinntiú i dtithe lándéanta mórscaála i gcomhar le Comhaltaí Tofa agus ionadaithe earnála ag leibhéal SPC. Is é an meascán Creat deiridh de thithe lándéanta ar scála mór sa todhchaí a ailíniú le 50% inacmhainne (lena n-áirítear costas-cíos), 30% sóisialta-cíos agus 20% tionacht príobháideach + príobháideach coigeartaithe méide. Ceadaiódh an polasaí seo ag an gComhairle lomlán i mí na Nollag 2020.

### Suíomh píblíne do Thithíocht Shóisialta

Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh riachtanas an Stáit maidir le tithíocht phoiblí agus an sprioc do Luimneach go mbeadh 2,693 teach nua ann faoi 2026 faoi 'Tithíocht do Chách'.

Tá an Chomhairle dírithe ar sheachadadh tógála nua a mhéadú go suntasach agus bogadh ar shiúl ó sheachadadh trí léasú fadtéarmach agus éadálacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar mhargadh na gceannaitheoirí céaduaire.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH), d'fhoilsigh an Chomhairle a Plean Gníomhaíochta deiridh um Sheachadadh Tithíochta i mí Lúnasa ina leagtar amach píblíne láidir seachadta ó 2022 go 2026 chun a chinntiú go sroicheann gach lonnaíocht den Chathair agus den Chontae a sprioc shannta.

Faoi 2026, táimid muiníneach go mbainfear amach ár sprioc seachadta maidir le tithíocht shóisialta de 2,693 teach. Tá tús áite á thabhairt go gníomhach ag an gComhairle do líon méadaitheach éadálacha inar seirbheáladh NTQanna bailí. Ina theannta sin, tá foráil á déanamh ag gach scéim nua faoi stiúir na Comhairle go ndearfar 15% de chaighdeán an Dearaidh Uilíoch ionas gur féidir leis freastal ar riachtanais an réimse is leithne tionóntachtaí is féidir (daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta srl).

### Scéim Nua Cheannaigh Incrimintigh Tógála

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scéim nua a phíolótú ar an Scéim Incriminteach Tógála Nua, 100% maoinithe ag an stát a thug deis do dhaoine teach tosaithe nua a cheannach ar phraghas lascainithe.

Is rogha ceannaigh í an Scéim Cheannaigh Incrimintigh chun freastal ar riachtanais na ndaoine sin a dteastaíonn tacaíocht fhadtéarmach tithíochta uathu. Tacaíonn an scéim le tionóntaí ar ioncam íseal atá ann cheana féin agus cabhraíonn sí le tionóntaí ionchasacha údarais áitiúil tús a chur leis an mbealach chuig úinéireacht tí.

Tá an Scéim Cheannaigh Incrimintigh dírithe ar theaghlaigh atá ag obair agus atá i gcóiríocht phríobháideach ar cíos faoi láthair, a d'fhéadfadh a bheith ar Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), ar an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) nó ar léasú sóisialta. Sa chás go n-eisíonn tiarnaí talún líon méadaitheach fógra bailí maidir le fágáil agus iad ag fágáil an mhargaidh, cuireann an Scéim rogha inbhuanaithe ar fáil do theach tógála nua ar an gcéad lá mar chineál tionachta príobháideach.

Is féidir teach tógála nua a cheannach ag lascaine 40% - 60% ón bpraghas tógála iomlán, ag brath ar bhanda ioncaim an iarratasóra. Cuireann an t-údarás tithíochta muirear laghdaithe ar an réadmaoin atá combhionann leis an lascaine a thugtar don cheannaitheoir. Ba iad an dá láthair inar cuireadh an scéim ar bhonn píolótach in 2022 ná forbairtí nua tithíochta ar Redgate Road, Cathair Luimnigh agus Woodfield Manor, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh. In 2022, ceannaíodh ceithre theach nua faoin Scéim nua Cheannaigh Incrimintigh (IPS) i gcathair Luimnigh ag Redgate Close. Rinneadh dul chun cinn ar shé theach nua le ceannach faoin scéim i Woodfield Manor, An Caisleán Nua.

Bhí ríméad ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh gradam a bhuachan don Scéim Incriminteach Tógála Nua faoin gcatagóir Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe ag an 19ú searmanas bliantúil de na Gradaim Sármhaitheasa i Rialtas Áitiúil de chuid Chambers Ireland 2022 in Óstán an Crowne Plaza, Baile Átha Cliath ar an 24 Samhain.

Taispeánann na Gradaim Sármhaitheasa i Rialtas Áitiúil dea-chleachtas sa rialtas áitiúil agus aithníonn siad na scileanna, an obair chrua, an nuálaíocht agus an díograis laistigh den rialtas áitiúil.

### Tithe Lándéanta Réamhcheannaigh le haghaidh Tithíocht Inacmhainne agus Tionacht Mheasctha

Seoladh trí fheachtas Tithíochta Inacmhainne in 2022, ag lorg tógálaithe tí agus forbróirí tithíochta i gcathair agus i gcontae Luimnigh chun machnamh a dhéanamh ar thithe nó árasáin nár tógadh le cead pleanála a thairiscint do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi shocrú lándéanta réamhcheannaigh. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag iarraidh socruithe réamhcheannaigh a dhéanamh chun tithe lándéanta a fháil i gceantair ina bhfuil an gá, go háirithe le tithíocht inacmhainne, níos géire. Tá an glao seo dírithe ar dheiseanna réamhcheannaigh do 10 n-áit chónaithe ar a laghad agus uasmhéid de 150 teach cónaithe in aon scéim amháin.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag iarraidh teacht ar chomhaontú maidir le réamhcheannach réadmhaoine lándéanta neamhthógtha 'lasmuigh den phlean' sna ceantair seo a leanas:



- Cathair Luimnigh (gach ceantar lena n-áirítear bruachbhailte)
- An Caisleán Nua
- Mainistir na Féile
- Cill Mocheallóg
- Caisleán Uí Chonaill

Cuireadh an deis réamhcheannaigh seo i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do sheachadadh luathaithe tithíochta go ginearálta, agus go príomha, chun tithe inacmhainne a sholáthar d'iarratasóirí incháilithe arna n-ainmniú ag an údarás áitiúil i gceantair inar aithníodh riachtanas suntasach inacmhainne. Táthar ag súil, ag brath ar chúinsí agus ar thograí, go ndéanfaidh údarás áitiúla comhaontú réamhcheannaigh do líon ceadaithe tithe, le híocaíocht nuair a bheidh siad críochnaithe. Chomh maith leis sin, foráiltear leis an gcomhaontú réamhcheannaigh do dhíol díreach tithe ag an bhforbróir le ceannaitheoirí incháilithe arna ainmniú ag an údarás áitiúil. Breithneofar socrúithe comhfhiontair lena n-áirítear Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB).

### Comhpháirtíochtaí leis an Earnáil AHB chun Costas ar Cíos agus Laghdú Príobháideach a sheachadadh

Chomh maith le soláthar spriocdhírthe na n-aonad tithíochta sóisialta faoi 2026 faoi 'Tithíocht do Chách', is príomhchuspóir eile é soláthar leathnaithe tithe nua agus inacmhainne. Tá clár oibre uailmhianach á leagan amach ag an Stiúrthóireacht Tithíochta chun soláthar tithe príobháideacha nua a mhéadú agus go háirithe tithe inacmhainne nua do theaghlach tosaithe agus do phríomhoibrithe ar shuíomhanna oiriúnacha atá faoina úinéireacht sa chathair. Fógraíodh trí shuíomh faoi úinéireacht na Comhairle i gcathair Luimnigh i mí na Samhna 2020 maidir le ríomhthairiscintí ag lorg rannpháirtíocht AHB maidir le tionacht mheasctha a sheachadadh. D'fhaomh an Chomhairle pleanáil Chuid 8 Cúinne na gCainteoirí i mí na Samhna 2022. Is éard a bheidh i gceist leis an scéim ná foirgnimh árasáin cúig stór a thógáil ina mbeidh 36 árasán a chuimsíonn 11 árasán le leaba amháin agus 25 árasán le dhá leaba.

Cuireadh iarratas pleanála isteach i mí na Nollag don suíomh ar an mBóthar Nua, Sparr Thuamhan, a chuimseodh forbairt chónaithe de 46 árasán ina bhfuil an méid seo a leanas: 1 bhloc árasán ceithre stór ina bhfuil 23 árasán 1 leaba, 14 árasán 2 leaba agus seomra pobail agus 1 bhloc árasán trí stór ina bhfuil 9 n-árasán 2 leaba.

Cuireadh iarratas pleanála isteach i mí na Nollag don suíomh ar an mBóthar Nua, Sparr Thuamhan, a chuimseodh forbairt chónaithe de 46 árasán ina bhfuil an méid seo a leanas: 1 bhloc árasán ceithre stór ina bhfuil 23 árasán 1 leaba, 14 árasán 2 leaba agus seomra pobail agus 1 bhloc árasán trí stór ina bhfuil 9 n-árasán 2 leaba.

### Scéim Phríobháideach um Choigeartú Méide ag Geata Mhungairit

Tá polasaí forbartha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh inar féidir le daoine os cionn 55 bliana d'aois a bhfuil a dteach féin acu, agus a bhfuil a n-áitreabh rómhór dá gcuid riachtanas, iarraidh ar an gComhairle a dteach a cheannach mar mhalairt ar thionóntacht ar feadh an tsaol i Scéim na nDaoine Scothaosta bhainistithe. Tá an scéim um 'choigeartú méide' go hiomlán deonach agus i gcomhpháirtíocht le Clann Housing. Bhí an chéad phíolóta ag Geata Mhungairit, Cathair Luimnigh comhdhéanta d'ocht dteach baile dhá leaba le gairdíní móra cúil agus páirceáil chúirtealáiste tosaigh. D'éirigh leis an gclár píolótach agus leathnaíodh é go dtí scéim nua de 23 árasán dhá leaba in 2022.

Is soláthraí tithíochta aoisbháil tiomanta é Clann Housing, atá tiomanta do thithíocht ardchaighdeán a chur ar fáil, a chuireann ar chumas daoine dul in aois, tithe agus pobail rathúla a chruthú.

Cuireadh an scéim príobháideach um choigeartú méide ag Geata Mhungairit ar an ngearrliosta sna Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbhá i mí Dheireadh Fómhair faoin gcatagóir Gradam Tithíochta Aoisbhá. Is é príomhaidhm na ngradam ná aitheantas agus luach saothair a thabhairt do ghnóthachtáil i dtionscnaimh aoisbháil ar fud na hÉireann.

### Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna)

Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn agus a bhainistíonn tithíocht ar ardchaighdeán ar chíosanna inacmhainne do theaghlach ar liostaí feithimh tithíochta an Údarás Áitiúil. Samplaí de AHBanna atá lonnaithe i Luimneach: Arlington Novas Ireland Ltd, Mid-West Simon Association, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Cumann Tithíochta Áth an tSléibhe, Cumann Tithíochta Dhrom Collachair, Focus Ireland, Glin Voluntary

Housing Association, Cluid agus Peter McVerry Trust. Oibríonn AHBanna go dlúth le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun a spriocanna tithíochta faoi Thithíocht do Chách a bhaint amach. Cuireann an **Scéim Cúnaimh Caipitil** maoiniú ar fáil do AHBanna chun tithíocht a sholáthar do ghrúpaí tosaíochta Daoine Scothaosta, Daoine gan Dídean agus Daoine faoi Mhíchumas trí iasacht suas le 100%. Níl na hiasachtaí seo inaisíoctha, ar choinníoll go leantar den chóiríocht a ligean le catagóirí incháilithe daoine agus go gcoinnítear i gceart í.

Is áis í an **Scéim Saoráide Léasaithe Airleacain Chaipitil** atá ar fáil chun cabhrú le AHBanna rochtain a fháil ar mhaoiniú iasachta príobháideach nó na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (HFA) chun aonaid a cheannach agus a thógáil a chuirfear ar fáil ansin le haghaidh tithíocht shóisialta faoin tionscnamh léasaithe.

Faoin **Scéim Morgáiste go Cíos (MTR)** is féidir le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu iarratas a dhéanamh le bheith ina dtionónta tithíocht sóisialta de chuid AHB. Díoltar an réadmhaoin leis an AHB, a léasaíonn an réadmhaoin ar ais do na hiasachtaithe.

Tá ról maoirseachta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus go dtí seo tá 53 Comhlacht Tithíochta Ceadaithe atá ag feidhmiú i Luimneach tar éis clárú leis an gCód Rialaithe Deonach (VRC). De réir an iniúchta áitíochta AHB is déanaí don bhliain 2021, tá 1,899 teach i Luimneach faoi úinéireacht, léasú agus bainistiú ag AHBanna le chéile, agus tá aonaid nua ag méadú go leanúnach gach bliain trí na scéimeanna thuasluaite. Rialaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh AHBanna agus cabhraíonn siad le leithdháileadh réadmhaoine.

## Éadálacha

Is meicníocht éifeachtach seachadta tithíochta é Ceannachán Tithíochta i gcónaí. Ag cuimhneamh ar cheannaitheoirí céaduaire, ar an ngá atá le seilbh fholamh agus boilsciú ar phraghsanna tithe, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag díriú ar thithe atá folamh ar feadh tréimhsí fada agus i gceantair ina measann an margadh príobháideach nach féidir athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin den sórt sin chun athghníomhachtú. Tháinig méadú ar fhógraí éirí as in 2022 agus bhí cead tarmligthe ag an gComhairle ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

chun tithe a cheannach ina raibh an tionónta i mbaol easpa dídine. Is féidir le AHBanna rochtain a fháil fós ar mhaoiniú le haghaidh éadálacha faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) agus faoi shruthanna na Saoráide Léasaithe Airleacain Chaipitil (CALF) ach tá teorainn leis an sprioc náisiúnta foriomlán faoi 'Tithíocht do Chách'.

## Léasú

Faoi 'Tithíocht do Chách' tugadh faoi na sruthanna léasaithe seo a leanas in 2022.

## Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Tá an scéim dírithe ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin. Ní mór do réadmhaoine a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus ní mór d'úinéirí réadmhaoine agus conraitheoirí atá fostaithe faoin scéim a léiriú go bhfuil siad comhlíontach ó thaobh cánach de trí dheimhniú imréitigh cánach a sholáthar ach iad a iarraidh.

Teastóidh leibhéal íseal infheistíochta ó na haonaid idéalacha atá dírithe ar an RLS chun iad a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach le ligean ar cíos. Níor cheart go mbeadh costas deisiúcháin chaipitíúil ar aonad aonair níos mó ná €60,000 (CBL san áireamh). Ní mór do gach léas díreach a bheith ar feadh tréimhse idir 5-25 bliana. Ní bheidh aon téarmaí níos giorra incháilithe. Déanfar costas na ndeisiúcháin a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa comhaontaithe go dtí go n-aisíocfar luach na n-oibreacha.

Leathnaíodh an scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS) a chuir deireadh leis an riachtanas nach mbeadh úinéir réadmhaoine in ann maoiniú a chuir ar fáil a nó rochtain a fháil ar mhaoiniú chun réadmhaoin fholamh a thabhairt i gcomhréir le Rialacháin na dTithe (Caighdeán do Thithe ar Cíos), 2019.

Bhain an modhnú seo le catagóirí áirithe réadmhaoine folmha amháin. Is iad sin ná:

- réadmhaoine tráchtála folmha;
- aonaid fholmha a bhaineann le réadmhaoin tráchtála (e.g. os cionn siopa);
- iarfhoirgnimh institiúideacha fholmha agus
- forbairtí neamhchríochnaithe atá folamh ar feadh tréimhse shuntasach ama. Tá an leathnú seo ar bhonn píolótach. Bhí ar an údarás áitiúil nó ar DHLGH cead a thabhairt, nuair ba chúig, ar an nó roimh an 31 Nollaig. Cuireadh síneadh leis an tréimhse píolótach go dtí an 17 Meitheamh 2023.





## Comhaontuithe Cíos Gearrthéarmacha (Cineál RAS)

Úsáidtear Comhaontuithe Cíos Gearrthéarmacha (cineál RAS) chun infhaighteacht maoinne faoi úinéireacht phríobháideach a chinntiú chun críocha tacaíochta tithíochta sóisialta. Ba é sprioc an Chomhaontaithe Cíos Ghearrthearmaigh do 2022 ná 21. Tá an socrú i bhfoirm sraith conarthaí idir úinéir réadmhaoine, údarás tithíochta agus tionónta. Is iondúil go mbíonn na socrúithe ann ar feadh tréimhsí suas le 10 mbliana, ach is féidir leo a bheith ar feadh ré na tionóntachta reatha amháin. Tá na socrúithe struchtúrtha ionas gur féidir leis an údarás tithíochta tionóntaí a leithdháileadh ar an réadmhaoine fad is atá dualgas ar úinéir na réadmhaoine a bheith ina t(h)iarna talún ar an tionónta atá ainmnithe ag an údarás tithíochta.

## Morgáiste go Cíos

Is scéim rialtais í an scéim Morgáiste chun Cíos (MTR), a chabhraíonn le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Ligeann sé d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu aistriú óna dteach a bheith acu chun a dteach a ligean ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Is rogha tithíochta sóisialta í an scéim MTR nach bhfuil ar fáil ach amháin má tá ceann amháin incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus mura bhfuil an morgáiste inbhuanaithe. Chun cáiliú don scéim, ní mór d'úinéir na réadmhaoine páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARP) a n-iasachtóra, próiseas ina gcaithfidh an t-iasachtóir agus an t-úinéir páirt a ghlacadh chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí airgeadais a réiteach.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach a ghéilleadh go deonach dá n-iasachtóir morgáiste a dhíolann láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíos é ansin don teaghlach. Rachaidh na fáiltais ó dhíol na réadmhaoine leis an gcumann tithíochta i dtreo an fhiachais mhorgáiste agus déanann an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir maidir le haon íocaíochtaí atá fágtha, más ann dóibh. D'fhéadfaí an teach a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlach.

## Taighde agus Foirmiú Beartais

Seoladh Straitéis Náisiúnta Nua Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027 (NHSDP) an 14 Eanáir 2022 agus leagtar amach go soiléir fis an Rialtais maidir le soláthar tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas sna cúig bliana amach romhainn.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh bailchríoch ar an bPlean Straitéise Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas go luath in 2022. Is í an fhís atá ag Plean Straitéise Míchumais Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ná rochtain a éascú, do dhaoine faoi mhíchumas, ar an raon cuí tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara, a sheachadtar ar bhealach comhtháite agus marthanach, a chuireann comhionannas deiseanna, rogha aonair agus maireachtáil neamhspleách chun cinn.

Tá gach scéim nua de chuid na Comhairle ag dearadh 15% d'aonaid iomlána go caighdeán an Dearaidh Uilíoch, ar caighdeán sásúil do chathaoireacha rothaí é. 1.8m ciorcail casadh do chathaoireacha rothaí sa chistin, ina gcónaí, seomra folctha, seomraí leapa agus halla. Tá achar urláir +12m<sup>2</sup> os cionn íoschaighdeán achar urláir.

Tionóladh cruinnithe ráithiúla den Ghrúpa Straitéise Tithíochta agus Míchumais in 2022 le príomhsholáthróirí seirbhíse (FSS, Acquired Brain Injury Ireland, Enable Ireland, Brothers of Charity agus príomhsholáthróirí seirbhíse eile).

Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta: Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi chomhairliúchán ag leibhéal gach Ceantair Bhardasaigh chun Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta a chur le chéile do Luimneach. Thacaigh an DHLGH leis an bPlean seo i mí Lúnasa agus leagtar amach ann an sprioc seachadta tithíochta do gach lonnaíocht sa Chathair agus sa Chontae a theastaíonn faoi Tithíocht do Chách. Leagtar béim sa phlean ar na lonnaíochtaí sin ina bhfuil gá le Ceannach agus Athnuachan agus Deisiú agus Léasú mar gheall ar dhúshláin bhonneagair agus ina bhfuil an t-éileamh á chomhlíonadh faoi láthair le scéimeanna nua tógála atá ceadaithe agus ar bun. Tá gealltanas ann athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean seo gach bliain chun a chinntiú go bhfuil gach baile agus sráidbhaile i Luimneach, chomh maith leis an gCathair, ag comhlíonadh a sprice.

# IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT









# IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT

Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaisteachta i seachadadh an bhonneagair iompair do Chathair agus do Chontae Luimnigh. Tá an Stiúrthóireacht i gceannas ar bhonneagar iompair ardchaighdeán a fhorbairt do Luimneach, cothabháil laethúil an ghréasáin bóithre agus forbairt roghanna taistil inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin tá ról mór aici i maolú ar an athrú aeráide. Tá an Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaisteachta freagrach as beartas agus straitéis agus tacaíonn sí agus riarann sí an Coiste um Bheartas Straitéiseach Taistil agus Iompair (CPS). Tá an príomhról ag an Stiúrthóireacht maidir le tosaíocht agus maoiniú a thabhairt do gach mórthionscadal forbartha fisiciúla agus bonneagair a bhaineann le bóithre agus scéimeanna Taistil inbhuanaithe. Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir (MWNDRDO), atá freagrach as mórthionscadail bhonneagair a sheachadadh lena n-áirítear Scéim Bóthair an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach agus Bóthar Fhainge-Luimneach (seachbhóthar Áth Dara san áireamh) agus le gairid, tionscadail shuntasacha glasbhealaigh. Oibríonn an Stiúrthóireacht go dlúth freisin le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus leis an Roinn Iompair (DoT) maidir le mórthionscadail bhóthair agus tionscadail taistil ghníomhaigh a sheachadadh agus d'oibrigh sí go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair le linn 2022 maidir le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne (LSMATS) a thabhairt chun críche. Bainistíonn an MWNDRDO Glasbhealaí Luimnigh thar ceann BIÉ.

## STRAITÉIS TAISTIL AGUS IOMPAIR

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne (LSMATS) i mí na Nollag 2022. Leagtar amach sa Straitéis an creat chun an córas iompair a sheachadadh atá ag teastáil chun forbairt Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne a chur chun cinn mar mhól forbartha agus athghiniúna cultúrtha agus sóisialta,

mar chroílár eacnamaíoch don Iarthar Láir, mar aonad cathrach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aontaithe, mar áit inar féidir le daoine de gach aois taisteal go caoithiúil agus go sábháilte agus áit a mheallann daoine, poist agus gníomhaíocht ó gach cearn d'Éirinn agus níos faide i gcéin.

### Seachtain na Rothar 2022

Deis a bhí i Seachtain na Rothar 2022 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) an rothaíocht a cheiliúradh agus a chur chun cinn mar mhodh inbhuanaithe iompair agus mar ghníomhaíocht spráíúil fóillíochta. Reáchtáladh sceideal seachtaine d'imeachtaí rothaíochta saor in aisce ón 14 go dtí an 22 Bealtaine ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh.

Cuireadh tús le Seachtain na Rothar ar an 14 Bealtaine le Babhta Rothaíochta Teaghlaigh feadh Ghlasbhealach Luimnigh. Bhí meicneoir rothar i láthair ag carrchlós Ghlasbhealach Ráth Caola chun seiceálacha agus deisiúcháin rothar saor in aisce a chur ar fáil roimh an mBabhta Rothaíochta.

Bhí Clinicí Rothar ar siúl timpeall Luimnigh i rith na seachtaine. Bhí Meicnic Rothar i láthair in áiteanna éagsúla lena n-áirítear People's Park, Páirc Mhungairit, Páirc Ché Artúir, agus Páirc Chomharsanachta Chaladh an Treoigh, áit ar deineadh níos mó seiceálacha agus deisiúcháin rothar saor in aisce.

Bhí deis ag grúpaí pobail, scoileanna agus ionaid oibre cur isteach ar thacaíocht mhaoinithe chun imeachtaí a bhaineann le rothair a reáchtáil ar fud na cathrach agus an chontae. Fuarthas 24 iarratas ar mhaoiniú agus i measc na n-imeachtaí bhí ceardlanna deisiúcháin rothar saor in aisce, babhtaí rothaíochta eagraithe agus cur chun cinn sábháilteachta.

Bhí príomhimeacht Sheachtain na Rothar ar siúl ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an 22 Bealtaine. Thug mórshiúl de bheagnach céad rothaí aghaidh ar shráideanna Luimnigh chun deireadh a chur le Seachtain rathúil eile na Rothar. D'fhág na rothaithe Páirc Ché Arthur ar bhealach

lúb 4km Trí Dhroichead a chuaigh thart ar Chaisleán Luimnigh, Thomond Bridge, Thrá Mhic Fhlanncha, Thrá Uí Cheallacháin agus Dhroichead na Sionainne. Chomh maith leis an bparáid rothar, bhain na sluaite taitneamh as tráthnóna siamsaíochta sa pháirc le ceol, péintéirí aghaidhe agus seó puipéad.



Méara Cathrach agus Contae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler i gceannas ar Pharáid na Rothar Teaghlaigh i gCathair Luimnigh



Turas Rothaíochta, Loch Goir

Bóthar Dáileacháin ó Chuanach go Cnoc an Lisín Cuireadh deireadh leis an obair thógála ar Bhóthar Dáileacháin ó Chuanach go Cnoc an Lisín i Márta 2022 mar gheall ar an bpríomhchonraitheoir Roadbridge ag dul isteach sa ghlacadóireacht. Leanadh leis an dul chun cinn ar an tionscadal nuair a críochnaíodh conradh oibreacha Éigeandála Bhóthar na Creatalaí agus an conradh fálúcháin in 2022. Tá Conradh Dhroichead Bhaile Uí Dhroighneáin agus Conradh Trunk Watermain ar siúl faoi láthair.



Droichead Bhaile Uí Dhroighneáin á thógáil

## TAISTEAL GNÍOMHACH

### Bóthar an Mhuilinn An Corbhaile

Chuaigh an tionscadal seo ar aghaidh chuig Dearadh Mionsonraithe i mbliana agus déanfar é a thairscint le haghaidh Tógála i Ráithe 1 2023. Tá idirbheartaíocht deiridh talún ar siúl faoi láthair agus cuireadh tús le réamhchonradh leagtha crann i mí Eanáir 2023.

### OL go hÁth an Choite (Glasbhealach Chathair Luimnigh)



Fótamontáis de dhroichead nua atá beartaithe ar an nGlasbhealach i gcomharsanacht Plassey Mills

Bhí Comhairliúchán Poiblí Neamhrechtúil ag an tionscadal seo i mí Lúnasa. Tháinig go leor tograí maidir le hathrú dearaidh as an bpróiseas comhairliúcháin seo atá á measúnú faoi láthair lena n-ionchorprú sa dearadh. Nuair a bheidh an Próiseas Deartha seo curtha i gcrích, cuirfeadh an tionscadal faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena fhaomhadh. Táthar ag súil leis sin i Ráithe 2 2023.



### Sráid Wickham go Sráid an Chláir

Tá próiseas Roghnúcháin Roghanna curtha i gcrích don tionscadal seo agus cuirfear tús anois le Céim Chomhairliúcháin Phoiblí Neamhreachtúil. Táthar ag súil go gcríochnófar Comhairliúchán Poiblí Reachtúil (Pleanáil Chuid 8) i Ráithe 2 2023, agus go dtógfar é i Ráithe 3 2023.

### Timpeallán Ros Mór agus Nasc Taistil Ghníomhaigh

Ceadáíodh pleanáil chuid 8 don tionscadal seo i Ráithe 4 2022. Tá sé seo i ndearadh mionsonraithe anois, agus táthar ag súil le tógáil i Ráithe 2 2023.

### An Limistéar Cathrach – Cosáin Rothaíochta agus Glasbhealaí Athnuachana Sócmhainní

Críochnaíodh oibreacha ar Ghlasbhealach Bhruach na Canálach, ar chosáin Rothaíochta Kennedy Park agus ar chosán Rothaíochta an R526 go Tobar Phádraig.



Glasbhealach leathnaithe ó Loc an Treoigh go Sráid Liaile ar Bhruach na Canálach

### Ceantar Cathrach – Cosáin Nua

Tá Cosáin nua curtha ar fáil ag Bóthar na Páirce, Ard Scoil Mhuire, Bóthar na Scoile Lios na Graí agus Scoil Náisiúnta Lios na Graí, ó Shéipéal go Scoil Bhaile an Bhrúnaigh, Scoil Náisiúnta Chaisleán Uí Chonaill, Timpeallán Bhéal an Chaoith, Drom Baine, Plásóg Gharraí Eoin, Condell Road agus Scoil Spioraid Naomh.



Nasc Cosáin Nua ag Timpeallán Bhéal an Chaoith

### Limistéar Cathrach – Athnuachan Sócmhainní (cosáin)

Feabhsaíodh cosáin ag Ardán Bengal, Ascaill Uí Choileáin, Bóthar Avondale, Fearann Seoin, Eastáit Éireannacha, Kennedy Park, An tSráid Nua, Gairdíní Bhailtín na Rós agus Sráid Wolfe Tone.

### Scéimeanna Um Ghéarú Acomhal/Trasrianta Coisithe ar chostas íseal

Críochnaíodh scéimeanna géaraithe acomhal agus Trasrianta Coisithe ar chostas íseal ag Scoil Náisiúnta Lios na Graí, Caisleán Uí Chonaill, Bóthar Bhaile an Róistigh, Cnoc Belmont, Cé Artúir agus ag Páirc an Choláiste An Corrbhaile.



Cosáin nua agus trasrian coisithe ag nascadh Ard Scoil Mhuire le hIonad Siopadóireachta an Chorbhaile





Nasc Tréscailteachta Nua ag an Músaem Hunt

### Bearta Tréscailteachta ar Chostas Íseal

Cuireadh bearta tréscailteachta ar chostas íseal i gcrích ag an Músaem Hunt agus ó Monaleen Heights go Cill Mhuire.

### Tionscadail atá á bhForbairt

Tá comhairleoirí ceaptha chun tionscadail a fhorbairt ag Scoil Áine Naofa go dtí an Glasbhealach agus Droichead Christopher Lynch, Ráth Caola, Áiseanna Coisithe Dhroichead Iarnróid na Réabóige, agus Bearta Taistil Ghníomhaigh do Condell Road.


### Bealaí Sábháilte chun na Scoile

I rith 2022, rinneadh dul chun cinn ar oibreacha ar sheachadadh an chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile ag ocht scoil i Luimneach, mar chuid den chéad bhabhta den chlár. Cuimsíonn na scoileanna An Mhodh Scoil Ascaill Uí Chonaill, Gaelscoil Sáirséal Bóthar Shíol Bhroin, Laurel Hill Coláiste FCI Cnoc Na Labhras, Limerick School Project National School, Ascaill Uí Chonaill, Scoil Íde, an Corrbhaile, St. Munchin's College an Corrbhaile, Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Tuar an Daill, Scoil Náisiúnta Naomh Neasáin, Mungret.

I mí Mheán Fómhair, seoladh an chéad Sráid Scoile i Luimneach go hoifigiúil mar chuid den Chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Tá 'Sráid na Scoile' curtha i bhfeidhm ar Roden Street, in aice leis an Mhodhscoil, agus tá sé deartha chun trácht feithiclí a bhaint den cheantar díreach taobh amuigh de gheataí na scoile ag na hamanna rithábhachtacha fágála agus bailithe. Cuireann Sráid na Scoile timpeallacht i bhfad níos sábháilte ar fáil do pháistí a bhíonn ag rothaíocht, ag siúl nó ag rothú go dtí an Mhodhscoil.



School Street An Mhodh Scoil



Crios na Scoile Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Tuar an Daill

Fógraíodh scoileanna Bhabhta 2 i mí na Nollag 2022 agus ina measc tá Scoil Náisiúnta Chathair Chinn Lis, Scoil Chuimsitheach an Chorráin S.J., Tuar an Daill, Hazelwood College Drom Collachair, Scoil Náisiúnta Lios na Graí, agus Scoil Phádraig Naofa Cailíní Bóthar Bhaile Átha Cliath. Leanfar leis an obair go dtí 2023 chun pleananna a fhorbairt agus feabhsúcháin shábháilteachta a sheachadadh trí bhonneagar uasghráidithe agus breise lasmuigh de na scoileanna sin.

### R510 Quinn's Cross go Ráithín

Cuid 8 Pleanáil Ceadaithe i mí Mheán Fómhair. Ag dul ar aghaidh ag Dearadh Mionsonraithe le Tógáil beartaithe do 2023.

### TUS go Cathair

Cuid 8 Pleanáil Ceadaithe i mí na Nollag. Ag dul chun cinn le dearadh mionsonraithe agus tógáil in 2023.

### Scéim Athnuachana Shráidbhaile Thobar Phádraig Céim 2

Dearadh agus Soláthar Mionsonraithe curtha i gcrích le Conraitheoir ceaptha i mí na Nollag. Tógáil beartaithe go luath in 2023.

### Plassey Road / Plassey Park Road

Lean Dearadh Mionsonraithe ar aghaidh le Tairiscint le haghaidh Tógála beartaithe go luath in 2023.

### Bóthar Ceangail Chaladh an Treoigh

Tuarascáil Roghanna tugtha chun críche leis an Rogha is Fearr chun dul ar aghaidh chuig Pleanáil go luath in 2023.

### Síneadh Ghlasbhealaigh Chaladh an Treoigh (Holland Road)

Maoiniú ceadaithe agus Dearadh le Dul Chun Cinn in 2023.

### Bóthar na Mainistreach Duibhe, Áth Dara

Maoiniú ceadaithe agus lean Dearadh ar aghaidh in 2022.

### Síneadh Ghlasbhealaigh Mhainistir na Féile

Measúnú Roghanna forbartha in 2022 agus tá an Tuarascáil ar Roghanna le tabhairt chun críche go luath in 2023..

### Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola

Tugadh faoi mhionthionscadail tógála chosáin in Áth Dara, Ráth Caola, Eas Géitine, An Cheapach, An Bhánóg, agus Craobh Chomhartha.

Tionscadail Trasrianta Choisithe curtha i gcrích in Áth Dara agus i mBaile an Gharraí.

### Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua

Tógadh cosáin nua i gCeantar Bardasach an Chaisleáin Nua ag an gCnocán/Bóthar Buí, St. Ita's Rd Mainistir na Féile, Ardach, Cnoc Uí Choileáin, Áth an tSléibhe, Drom Collachair, Tuar na Fola agus An Gleann.

### Bóthar an Athar Ruiséil Céim 1

Tugadh cead pleanála do Chéim 1 Bóthar an Athar Ruiséil a rachaidh ar aghaidh go dtí an tógáil in 2023.



Bóthar an Athar Ruiséil Céim 1

### An Cuarbhóthar Theas

Tá scéim an Cuarbhóthair Theas sa phróiseas pleanála faoi láthair agus táthar ag súil le cinneadh go luath in 2023. Tá scéimeanna eile i arthar an Cheantair Chathrach lena n-áirítear Bóthar an Athar Ruiséil Céim 2, timpeallán Naomh Pól go Béal an Chaoith agus Dooradoyle Road ag céim roghanna nó réamhdheartha.



An Cuarbhóthar Theas ag Achomal Fennessy's




An Cuarbhóthar Theas ag Droichead Bhéal Átha na Cora

## Taisteal Inbhuanaithe

Tá cosán rothar/coisithe comhroinnte trí Eastát an Bhagóidigh a nascann Béal Átha na Cora le Ros Bhriain ag an gcéim roghnaithe roghanna.

## Bóthar de hÍde

Tá alt 38 críochnaithe le haghaidh lánaí rothar leithscartha ar an dá thaobh de Bhóthar de hÍde, uasghrádú ar roinnt acomhal agus feabhas a chur ar áiseanna do choisithe. Ceapadh agus tosaíodh conraitheoir i mí na Nollag.



Bóthar Childers ag féachaint i dtreo Timpeallán Chill Mocheallóg

## Bóthar Childers (Greenpark go Timpeallán Bhóthar Bhaile an Róistigh)

Críochnaíodh Cuid 38 do raon rothaíochta dhá bhealach go dtí an taobh ó thuaidh de Bhóthar Childers. Chomh maith leis sin, áirítear leis an tionscadal áiseanna feabhsaithe do choisithe agus géarú acomhail. Dearadh mionsonraithe ar bun agus tairiscint tógála Ráithe 1 2023.



Trasghearradh tipiciúil ar Bhóthar de hÍde

## Bóthar Childers (Timpeallán Bhaile an Róistigh go Timpeallán Chill Mocheallóg)

Críochnaíodh tógáil na saoráide rothaíochta leithscartha dhá bhealach idir an dá thimpeallán. 800m de raon rothar leithscartha dhá bhealach. 120m de raon rothar dhá bhealach amach ón mbóthar agus feabhsúcháin do choisithe.



An chuid tipiciúil de raon rothaíochta dhá bhealach ar Bhóthar Childers

## Ascaill Brookville

Críochnaíodh Cuid 38 le haghaidh raon rothaíochta dhá bhealach go dtí an taobh ó dheas d'Ascaill Brookville. Chomh maith leis sin, áirítear leis an tionscadal áiseanna feabhsaithe do choisithe agus géarú acomhail. Tairiscint tógála críochnaithe agus conraitheoir le tosú go déanach i mí Eanáir 2023.

## Bóthar Bhaile an Róistigh

Tairiscint críochnaithe chun innealtóirí comhairleacha a fhostú, measúnú tairisceana ar bun agus ceapachán dlíte go déanach i mí Eanáir 2023.

## Páirceáil Rothar

Suiteáladh trí bhuncar rothar ag Barrow House, Foirgneamh OL, Sráid an tSáirséalaigh, agus The Engine, Sráid Shisil d'fhostaithe agus do mhic léinn sna foirgnimh in aice láimhe.



Páirceáil Rothar ar an tsráid ar Shráid an tSáirséalaigh.



Ar fud na gceantar Cathrach agus Bardasach, suiteáladh 199 seastán rothar ina iomlán.



Buncar Rothar ar Shráid Shisil

### Ceantar na Ceapaí Móire/Chill Mocheallóg

Droichead Gheotún agus na Mílaoise: Tá comhairleoirí ceaptha do Dhroichead Gheotún, Cill Mocheallóg agus Droichead na Mílaoise i gCathair Chinn Lis.

Réimse Poiblí na Ceapaí Móire agus Dhúin: Tá comhairleoirí ceaptha le pleananna a fhorbairt don réimse poiblí sa Cheapach Mhór agus i nDún araan.

Tionscadail Eile:

Suíomh	Achar Iomlán an Chosáin
Marian Terrace An Gallbhaile	780 sqm
Baile Hiobaird	1170 sqm
An Brú	1780 sqm
Cnoc Loinge	880 sqm
Eiltiún	1450 sqm
Sycamore Drive An Brú	250 sqm
Eastát Chnoc Cais Cill Mocheallóg	185 sqm
Rochtain ar Chill Mocheallóg ó Pháirc Riverside	160 sqm
L1133 An Cheapach Mhór	910 sqm
L1135 Pailís Ghréine	400 sqm
L5048 An tSeanphailís	320 sqm
SN Pháirc na Seamróg	80 sqm
R506 An Cheapach Mhór	112 sqm
Pailís Ghréine – Páirc Cannon Lee	400 sqm



Scoil Náisiúnta an Choinicéir



R506 An Cheapach Mhór



L1133 An Cheapach Mhór

## OIFIG AN IARTHAIR LÁIR UM DHEARADH BÓITHRE NÁISIÚNTA

### MÓRSCÉIMEANNA BÓITHRE

#### **Bóthar Fhainge go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh)**

Tá an bóthar beartaithe seo 35km ar fhad, agus nuair a bheidh sé críochnaithe nascaidh sé croíchalafoirt Fhainge leis an ngréasán mótarbhealaigh gar do Chathair Luimnigh. Tá an bóthar comhdhéanta de thógáil thart ar 15.6km de dhébhealach ó Fhaing go Ráth Caola (le thart ar 1.9km de bhóthar carrbhealaigh aonair idir Baile na Cloiche agus Eas Géitine) chomh maith le tógáil thart ar 17.5km de mhótarbhealach ó Ráth Caola go dtí an gréasán mótarbhealaigh atá ann cheana féin ag Áit Tí Flainn. Cuirfidh an mótarbhealach atá beartaithe seachbhóthar de shráidbhaile Áth Dara ar fáil freisin.

Cheadaigh an Bord Pleanála an scéim le mionathruithe ar an 30 Lúnasa. Cuireadh trí iarratas ar leith ar athbheithniú breithiúnach maidir leis an gcinneadh isteach chuig an Ard-Chúirt ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Bord Pleanála agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina n-aghaidh, ach ar an drochuair cuirfidh siad moill ar sheachadadh na scéime.

#### **Tionscadal N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach**

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus an Roinn Iompair ag forbairt Thionscadal an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach.

Tá tionscadal an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach ag céim an Dearaidh agus an Mheasúnaithe Timpeallachta.


#### **Bonneagar Nua agus Feabhsaithe**

Soláthróidh tionscadal an N/M20 80 ciliméadar de bhóthar débhealaigh nua agus feabhsaithe idir Cathair Chorcaí agus Tobar Phádraig a sholáthróidh seachbhealaí de bhailte Mhala, Chill na Mallach agus na Rátha agus úsáidfidh sé idir 30% agus 40% de shócmhainn bóthair an N20 atá ann cheana féin arís. Tosaíonn an rogha bótharbhunaithe is fearr ón débhealach N20 atá ann cheana idir Cathair Chorcaí agus an Bhlarna agus ansin leanann sé ar aghaidh ar líne ag athúsáid an N20 atá ann cheana féin go dtí Mainistir na Móna. Ansin téann an rogha as líne ar seach-chonair soir ó Mhala, Tigh Nua an Dá Phota agus Cill na Mallach. Téann an rogha ar líne ag athúsáid an N20 atá ann cheana féin ó thuaidh ó Chill na Mallach, agus ansin téann sé as líne ar seach-chonair siar ó Bhealach Átha, an Ráth agus an Bhánóg. Téann an rogha ar líne ansin ag athúsáid sheachbhóthar an N20 Cromadh atá ann cheana féin agus ansin ceanglaíonn sé leis an mótarbhealach M20 atá ann cheana féin ag Áit Tí Flainn in aice le Tobar Phádraig.

Fógraíodh an réiteach iompair is fearr ag mórthaispeántas poiblí i mí an Mhárta. Tionóladh seisiún faisnéise d'ionadaithe tofa, eisíodh litreacha chuig úinéirí réadmhaoine ar an rogha ab fhearr, agus cuireadh ardán taispeána poiblí ar líne ar fáil.

Ó fógraíodh an réiteach iompair is fearr, tá foireann tionscadail an N/M20 tar éis céim an Mheasúnaithe Dearaidh agus Timpeallachta den tionscadal a chur chun cinn. Áiríodh leis sin ailíniú débhealach an N/M20 a fhorbairt laistigh den rogha tosaíochta 500m ar leithead a foilsíodh, tabhairt faoi shuirbhéanna éiceolaíochta, imscrúduithe geoiteicniúla, suirbhéanna geoifisiceacha seandálaíochta, suirbhéanna tráchta, mar aon le comhairliúchán leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear úinéirí réadmhaoine, gnólachtaí agus grúpaí pobail feadh an limistéir staidéir.





N/M20 Corcaigh go Luimneach - Réiteach Iompair is Fearr



N/M20 Corcaigh go Luimneach Imscrúdú Láithreáin agus Suirbhéireacht Geofisiceach Seandálaíochta



N/M20 Corcaigh go Luimneach Imscrúdú Láithreáin agus Suirbhéireacht Geofisiceach Seandálaíochta


### Scéim Bóthair N21 Mhainistir na Féile agus Scéim N21 Bóthar an Chaisleáin Nua

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhairle le BIÉ, le planáil Scéim Bóthair N21 Mhainistir na Féile agus Scéim Bóithre an N21 an Chaisleáin Nua a chur chun cinn. Cuireadh tús le céim Deartha agus Meastóireachta Comhshaoil na scéime (Céim 3) go luath in 2022. Is éard a bhí i gceist leis seo ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an scéim, lena n-áirítear dearadh an bhóthair, an talamh a bhí ag teastáil a aithint, dearadh acomhail, rannpháirtíocht úinéirí talún agus páirtithe leasmhara agus measúnú tionchair timpeallachta a ullmhú. Chun eolas a chur ar fáil faoin bpróiseas deartha, lean foireann an



Scéim Bóthair N21 Mhainistir na Féile - Rogha Bhealaigh is Fearr





Scéim Bóthair N21 Mhainistir na Féile - Rogha Bhealaigh is Fearr

tionscadail ar aghaidh tabhairt faoi raon suirbhéanna innealtóireachta agus comhshaoil ar láithreáin.

## Oibreacha Feabhsúcháin Bóthair / Ath-ailínithe

### Scéim Feabhsúcháin Chrois

#### N20 Uí Ruairc

Tá acomhal nua faoi rialú timpealláin le tógáil a fhágann gur gá athruithe a dhéanamh ar leagan amach an acomhail atá ann cheana féin agus ar thógáil bealaí nua an N20 chuig an acomhal agus athrú a dhéanamh ar chur chuige reatha an R518 chuig an acomhal ag Crois N20 Uí Ruairc. Dheimhnigh an Bord Pleanála an t-ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO) chun an talamh atá riachtanach don fhorbairt bóthair a fháil i mí Aibreáin 2021. Mar sin féin, tar éis d'úinéir talún iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an scéim i mí Iúil 2021, tá bac ar oibriú/cur i bhfeidhm an CPO, ar feitheamh éisteacht ardchúirte, atá ag cur moill ar sheachadadh na scéime. Tá an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach á chonspóid ag an mBord Pleanála agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

#### N24 Scéim Feabhsúcháin Chrosbhóthair Beary's Cross

Chuir an Chomhairle tús le tógáil acomhal nua faoi rialú timpealláin ar an N24 ag Beary's Cross. Cuimsíonn scéim na n-oibreacha bóthair:

- acomhal rialaithe timpealláin nua
- athrú ar leagan amach an acomhail atá ann cheana
- cur chuige nua bóthair réigiúnaigh R513 a thógáil ar an mbealach go dtí an acomhal
- athrú ar chur chuige an N24 atá ann cheana go dtí an acomhal



Oibreacha tógála ag Scéim Feabhsúcháin an N24 Beary's Cross

- oibreacha cóiríochta agus oibreacha láithreáin gaolmhara

Cuireadh tús leis an tógáil i mí Lúnasa agus táthar ag súil le tréimhse tógála 12 mhí.

#### N21 Scéim Sábháilteachta Ward's Cross

Tá Ward's Cross suite thart ar chiliméadar soir ó Mhainistir na Féile ag acomhal leis an mbóthar áitiúil L7091 agus príomhbhóthar an N21. Is éard atá sa scéim ná oibreacha bóthair ar scála beag; carrbhealach an N21 atá ann cheana a leathnú ó thuaidh den charrbhealach atá ann cheana féin chun lána cas ar dheis a sholáthar ag acomhal Ward's Cross N21/L7091. Cuireadh tús leis an obair thógála i mí Mheán Fómhair agus críochnaíodh iad i mí na Samhna.



N21 Scéim Sábháilteachta Ward's Cross

**N69 Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta****Mhungairit agus Boland's Cross**

Tá an scéim sábháilteachta bóthair seo suite feadh an N69 agus an ceantar máguaird idir acomhal Boland's Cross (N69/L1403) agus acomhal Moore's Road agus an N69 (N69/L1438).

Cuimsíonn an scéim athailíniú Boland's Cross, feabhsúcháin acomhal ag Crosaire Mhungairit, leagan amach tráchta modhnaithe agus athailíniú bóithre i gcomharsanacht Chrosaire Mhungairit, soláthar áiseanna do choisithe agus rothaithe agus oibreacha pábháile. Rinne an Chomhairle cur i láthair do na Comhaltaí Tofa i mí Dheireadh Fómhair agus reáchtáladh seisiún eolais poiblí ina dhiaidh sin ina raibh líníochtaí den scéim bheartaithe ar fáil lena n-íniúchadh. Tá an dearadh á thabhairt chun críche tar éis aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ón seisiún faisnéise poiblí agus cuirfear tús le próiseas pleanála Chuid 8 go luath in 2023.

**Iníúchtaí Sábháilteachta Bóithre**

Lean an MWNRDO ar aghaidh ag tabhairt faoi iniúchtaí sábháilteachta ar bhóithre thar ceann údaráis áitiúla sa réigiún le linn 2022. Déantar an t-íniúchadh sábháilteachta ar bhóithre chun saincheisteanna sábháilteachta féideartha a aithint laistigh de dhearadh nó tógáil scéime de réir mar a d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar úsáideoirí bóithre.

**Oibreacha Athshlánúcháin Pábhála****N69 Hegarty's Cross go hEas Géitine Céim 1**

Tá an scéim thart ar 3.2km ar fhad agus déantar foráil ann d'atógáil bóithre, feabhsúcháin draenála, surfáil pábhála, comharthaíocht tráchta, marcanna bóthair agus oibreacha gaolmhara. Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an láthair i mí na Bealtaine agus críochnaíodh iad i mí Iúil.

**Scéim Feabhsúcháin Pábháile an N21 idir Cróch agus Cúil Bhaile Sheáin**

Tá an scéim thart ar 2 km ar fhad agus déantar foráil maidir le muilleoireacht a dhéanamh ar phábháil atá ann cheana féin, surfáil pábhála, draenáil, marcálacha bóthair agus oibreacha gaolmhara. Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an láthair i mí na Mheithimh 2022 agus críochnaíodh iad i mí Iúil.

**Tionscadail Ghlasbhealaigh**

Tá ceithre scéim glasbhealaigh ag an MWNRDO faoi láthair atá sna luathchéimeanna forbartha. Tá sonraí na dtionscadal seo leagtha amach thíos;

**Glasbhealach Ráth Caola go Luimneach**

Tá an scéim seo ag iarraidh glasbhealach reatha Luimnigh a leathnú ó Ráth Caola go dtí an ceantar máguaird i gcathair Luimnigh. Ceapadh soláthraithe seirbhísí teicniúla i mí na Bealtaine chun tuarascáil measúnaithe straitéisigh (SAR) a sheachadadh i gcomhréir le Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail Chéim O agus tá an coimisiún seo curtha i gcrích. Faoi réir cheadú BIÉ, cuirfear tús le comórtas tairisceana chun soláthraithe seirbhísí teicniúla nua a cheapadh chun an tionscadal a chur chun cinn suas go dtí Céim 4.

**Glasbhealach ó Chorcaigh go Luimneach**

Tá an tionscadal seo á chur ar fáil mar chuid den réiteach iompair do Bhóthar an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach atá á chur chun cinn ag an MWNRDO faoi láthair. Tá Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh Chéim O (SAR) curtha i gcrích ag soláthraithe seirbhísí teicniúla. Tá roinnt 'conairí ailínithe coincheapa' aitheanta ag na soláthraithe seirbhísí teicniúla sa SAR agus déanfar iad seo a fhorbairt tuilleadh i gCéim 1 mar chuid den tuarascáil féidearthachta, faoi réir cheadaithe BIÉ.

**Glasbhealach ó Luimneach go dtí An Chathair**

Ceapadh na soláthraithe seirbhíse teicniúla do Scéim Bóthair an N24 ón gCathair go Gabhal Luimnigh chun Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh Chéim 0 (SAR) a chur i gcrích don scéim glasbhealaigh seo agus chuir siad an coimisiún sin i gcrích in 2022. D'aithin an SAR roinnt 'conairí coincheapa' chomh maith le pointí spéise laistigh den limistéar staidéir ainmnithe. Cuireadh dréachtchóip den tuarascáil seo faoi bhráid BIÉ agus faoi réir a gceadaithe; rachaidh an tionscadal ar aghaidh go dtí an chéad Chéim eile.

**Glasbhealach OL go Montpellier**

Tar éis próiseas tairisceana, ceapadh soláthraithe seirbhíse teicniúla Atkins i mí Mheán Fómhair chun an scéim seo a sheachadadh ó Chéim 0 - Céim 4. Tá an tionscadal i gcéimeanna luatha na forbartha.

**Tionscadail MWNRDO eile sa Réigiún****N67/N85 Scéim Bhóthair ar Bhóthar Faoisimh Laistigh Inis Díomáin (Blake's Corner)**

Déanann an scéim bóthair seo soláthar do bhóthar faoisimh laistigh in Inis Díomáin, lena n-áirítear trasnú abhann nua An Eidhneach thart ar 80m suas an abhainn ón gcrosaire atá ann cheana féin. Ritheann an bealach iomlán ó phointe atá suite thart ar 170m soir ó dheas ó Blake's Corner ar an N85 go dtí pointe atá suite thart ar 180m siar ó Blake's Corner ar an N67, trí Bogbere Street.

Dheimhnigh an Bord Pleanála an t-ordú ceannaigh éigeantaigh chun an talamh a fháil a bhí riachtanach chun an scéim a thógáil ar an 20 Meán Fómhair. Ina dhiaidh sin, rinne úinéir talún a raibh tionchar ag an scéim air iarratas ar athbhreithniú breithiúnach maidir leis an gcinneadh a thaisceadh san Ard-Chúirt. Tá Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir ag cabhrú le Comhairle Chontae an Chláir na himeachtaí seo a chosaint.

**Scéim Feabhsúcháin Bóithre Rochtana an N19 Aerfort na Sionainne**

In 2022, lean Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir ar aghaidh ag cabhrú le Comhairle Chontae an Chláir le dul chun cinn na gcéimeanna pleanála agus deartha do Bhóthar Rochtana an N19 Aerfort na Sionainne. Cuirfidh an scéim feabhsúcháin bhóthair d'ardchaighdeán ar fáil ar phríomhbhóthar

náisiúnta an N19 idir timpeallán Dhroim Gaibhle agus timpeallán Rinn an Chnoic Bheithigh ar an mbealach chuig Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne. Tá an scéim atá beartaithe thart ar 2.2 km ar fhad.

Cuireadh tús le céim Deartha agus Meastóireachta Comhshaoil na scéime (Céim 3) i Mí Feabhra. Is éard atá i gceist leis sin ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an scéim, lena n-áirítear dearadh na gcomhpháirteanna bóthair agus taistil ghníomhaigh, an talamh a theastaíonn a aithint, dearadh acomhail agus tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta a ullmhú. Chun eolas a chur ar fáil faoin bpróiseas deartha, lean foireann an tionscadail ar aghaidh tabhairt faoi raon suirbhéanna innealtóireachta agus comhshaoil ar láithreáin.

**Tionscadal Acomhail an N24 ón gCathair go Luimneach**

Lean Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir ar aghaidh ag cabhrú le Comhairle Chontae Thiobraid Árann le dul chun cinn na gcéimeanna pleanála agus deartha do thionscadal an N24 ó Chathair go Luimneach le linn 2022. Tá an chuid den N24 atá á chur chun cinn sa tionscadal seo suite idir mótarbhealach an M8, ó thuaidh ón gCathair, Co. Thiobraid Árann siar ó Brooks Bridgem Co. Luimnigh. Is í Comhairle Chontae Thiobraid Árann príomhúdarás na scéime. Cuireadh an réiteach iompair ab fhearr don scéim faoi bhráid ionadaithe tofa Thiobraid Árann agus Luimnigh i mí na Bealtaine agus cuireadh ar taispeáint go poiblí é ina dhiaidh sin.

Cuireadh tús leis an gcéim Deartha agus Meastóireachta Comhshaoil den scéim (Céim 3) i mí Lúnasa. Is éard atá i gceist leis sin ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an scéim, lena n-áirítear dearadh na gcomhpháirteanna bóthair agus taistil ghníomhaigh, an talamh a theastaíonn a aithint, dearadh acomhail agus tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta a ullmhú. Chun eolas a chur faoin bpróiseas deartha, lean an fhoireann tionscadail ar aghaidh ag tabhairt faoi raon suirbhéanna ar láithreáin innealtóireachta agus comhshaoil chomh maith le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus úinéirí talún.



### **Oibreacha Athshlánúcháin Pábhála**

Le linn 2022, chabhraigh Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir le Comhairle Chontae Thiobraid Árann nuair a críochnaíodh Scéim Pábháile an N62 ón gCill Nua go Durlas Theas. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná athdhromchlú agus neartú pábhála, lena n-áirítear oibreacha coimhdeacha gaolmhara, ar chuid thart ar 4 km den N62.

### **Struchtúir**

Tá ról ag Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir freisin maidir le cothabháil agus atógáil struchtúr/droichead bóithre náisiúnta i réigiún na Mumhan a sholáthar/ a shocrú/ a eagrú ionas go bhfanfaidh siad feidhmiúil, sábháilte agus inghlactha ó thaobh amhairc de.

Seo a leanas dhá cheann de na príomhscéimeanna ar tugadh fúthu in 2022:

### **Cobhsú Ballaí Canála Chathair Uí Mhóráin**

Mar chuid de chobhsú agus atógáil bhallaí canála Chathair Uí Mhóráin lasmuigh de Thrá Lí, bhí ancairí talún, grútáil, atógáil balla saoirseachta, atógáil limistéir de gheataí loic, sprae a chur i bhfeidhm ar choincréitiú agus athdhromchlú.

### **Tollán na Ceachan**

Saothar suntasach eile ab ea ancaire carraige, aistriú carraige agus cobhsú carraige a shuiteáil ag Tollán na Ceachan idir Neidín i gContae Chiarraí agus an Gleann Garbh i gContae Chorcaí. Méadaíodh airde an tolláin freisin.



Balláí Canála Chathair Uí Mhóráin - Ancairí talún suiteáilte, ag fanacht le grútáil agus bailchríoch saoirseachta

## BÓITHRE, TRÁCHT AGUS GLANADH

Bainistíonn an Rannóg Trácht agus Glantacháin Bóithre an chuid is mó d'fheabhsuithe bóthair Luimnigh thar réimse leathan seirbhísí.

Déantar an príomhlimistéar caiteachais a sheachadadh ag leibhéal an Cheantair agus tugtar an Rannóg Cothabhála Bóithre air. Áirítear leis seo Cothabháil Ghinearálta, Cothabháil Sábháilteachta, Atógáil Bóithre, Athdhomchla ar bhóithre chomh maith le paisteáil ó lá go lá agus cothabháil draenála do thart ar 4,000km de ghréasán bóithre poiblí an chontae agus na cathrach.

Cuirtear feabhsúcháin ar fáil trí cheithre Oifig an Cheantair Bhardasaigh agus tríd an bhFoireann Seirbhísí Lárnacha atá lonnaithe i Halla an Chontae. Bainistimid Dúnadh Bóithre, Ceadúnais Oscailte Bóithre, Soilsiú Poiblí, Sábháilteacht ar Bhóithre, Bainistíocht Trácht agus Struchtúir (Droichid agus Bacainní Tuairteála). Cuireann sé acmhainní ar fáil freisin chun scéimeanna cosanta ar Thuilte, bearta arna maoiniú ag CLÁR, scéimeanna Taistil Ghníomhaigh agus scéimeanna Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a sheachadadh.

Bainistíonn an fhoireann Bainistíochta Flít agus Clós Innealra Flít agus Innealra na Comhairle chomh maith le hacmhainní suntasacha a chur ar fáil chun an clár Oibreacha Bóthair a éascú, le bunáiteanna sa Chaisleán Nua agus i Luimneach. Tá ról lárnach acu freisin i bhfeidhmiú an Phlean Cothabhála Geimhridh. Déanann an Fhoireann Árachais maoirseacht ar bhainistíocht a bhaineann le hÁrachas agus le Dlíteanas Poiblí thar ceann príomhréimsí oibríochtúla an Údaráis.

Bainistíonn an Rannóg Trácht trácht agus páirceáil sa Chathair agus cuireann sí tacaíocht ar fáil d'fhorbairtí, d'imeachtaí agus do bhonneagar nua. Cuireann Maoir Thrácht agus Maoir Scoile bainistíocht riachtanach sráide ar fáil.

Mar thoradh ar an athstruchtúrú i mí Iúil, rinneadh an rannóg Glantacháin Chathrach a chumasc leis an Rannóg Trácht. Tá an Rannóg Glantacháin freagrach as glanadh sráide, boscaí bruscair agus scuabadh bóithre.

Chuir an Roinn os cionn €41.5m de chaiteachas ar fáil in 2022 ar thionscadail a bhaineann le Bóithre.

Catagóir Caiteachais	€Milliún
<b>Caiteachas Neamh-Lárnach ar Bhóithre Poiblí 2022</b>	
MD Seachadadh Taisteal Gníomhach 2022	€9.50
MD Seachadadh Athrú Aeráide, OPW, CLAR, TVR, ORIS, GMA srl.	€2.75
<b>Caiteachas Fo-iomlán neamh-lárnach ar Bhóithre Poiblí 2022</b>	<b>€12.3</b>
<b>Príomhchaiteachas ar Bhóithre Poiblí 2022 (cúnamh deontais go príomha)</b>	
Feabhsú Athchóirithe (lena n-áirítear Iarbhóithre Náisiúnta & Acmhainní Dílse)	€12.6
Cothabháil Ghinearálta 4000 km de bhóithre (Paisteáil, Deisiú bóithre, draenáil srl.)	€5.8
Soilsiú Poiblí (O&M) -23,000 Soilse	€2.9
Cothabháil Athchóirithe - 4048km (Cóiriú dromchla na mBóithre)	€2.9
Deontas Sonrach Draenála (Draenáil a bhaineann le bóithre)	€0.9
Athshlánú Droichid	€0.8
Cothabháil Gheimhridh - suas le 800km in aghaidh na hócáide	€0.6
Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta -	€0.5
Scéim Rannpháirtíochta Pobail*(Caiteachas Iomlán) *Go príomha chun freastal ar Bhóithre Treasacha Áitiúla (CIS)	€0.80
Glanadh Sráide - Ceantar Cathrach	€0.5
<b>Caiteachas Fo-iomlán ar Bhóithre Poiblí 2022</b>	<b>€28.27</b>
<b>Bóithre Neamhphoiblí</b>	
Deontas na Scéime Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) 2022	€0.93
<b>Caiteachas Iomlán 2022</b>	<b>€41.45</b>

## Bearta Taistil Ghníomhaigh 2022 (Ceantar Máguaird na Cathrach agus an Chontae)

Ag eascairt as an gcaiteachas suntasach breise a leithdháileadh ar Luimneach in 2021, seachadadh tuilleadh tionscadal Taistil Ghníomhaigh ar luach os cionn €12m trí na foirne Innealtóireachta Ceantair a cuireadh i gcrích ar fud na Cathrach agus an Chontae.

## CLÁR NA MBÓITHRE NEAMH-NÁISIÚNTA 2022 Feabhsú Athchóirithe (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha) Caiteachas €12.6M

De ghnáth, tugtar Feabhsú Athchóirithe ar an gcatagóir caiteachais bhliantúil is suntasaí sa roinn seo.

Is éard atá i gceist le hoibreacha feabhsúcháin athchóirithe ná na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach chun bóithre poiblí a neartú ar dtús agus ansin athdhromchla a chur ar bhóithre poiblí nó iad a athshéalú.

Tá modhanna éagsúla ann a úsáidtear lena n-áirítear

- Forleagan Cloiche Brúite (I gcás ina bhfuil an struchtúr atá ann cheana lag)
- Forleagan Cloiche Athchúrsáilte (Ag baint úsáide as an gcloch atá ann cheana féin chun an bóthar a athchruthú)\*
- Forleagan Macadam (Feabhsúcháin Struchtúracha de ghnáth ar mhórbhóithre)

\* Tá béim níos mó á leagan ar iompar ábhair a laghdú nuair is féidir é sin a sheachaint. Déantar athchúrsáil ar struchtúir bhóithre cloiche atá ann cheana féin nuair a thugann measúnuithe innealtóireachta údar lena leithéid de chur chuige. Tá an cur chuige seo ag teacht le beartais ísealcharbóin agus glasa.

In 2022, caitheadh €12.6M (lena n-áirítear €0.5m ar iarbhóithre Náisiúnta) ar scéimeanna Feabhsúcháin Athchóirithe ar fud an Chontae ag feabhsú os cionn 80km (2%) den ghréasán bóithre. Forálann sé seo do thimthriall cóireála 1 in 50 bliain.

## Cothabháil Athchóirithe (Bóithre Áitiúla & Réigiúnacha) – Caiteachas €2.9M

Ar a dtugtar Cóiriú Dromchla níos coitianta, baintear úsáid as oibreacha cothabhála athchóirithe chun saol bóthair a leathnú, struchtúr an bhóthair a chosaint ó dhul isteach taise agus cúrsa marthanach a sholáthar do thrácht. I ndáiríre, i dtús an ghalair is fusa é a leigheas.

Cuireann na scéimeanna seo an luach agus an fad saoil is fearr ar fáil nuair a choinnítear an draenáil bóthair agus fála cois bóthair\crainn go maith. Tá ról agus freagracht na n-úinéirí talún ina leith seo rithábhachtach agus is mór againn a gcomhoibriú.

In 2022, caitheadh €2.9M ar 117 km de Scéimeanna Cothabhála Athchóirithe ag feabhsú 3% den Líonra. Ráta cothabhála an Líonra de 1 i 34 bliain.

## Mionbhóithre Príobháideacha Scéim Rannpháirtíochta Pobail 2022 (Bóithre Poiblí) Deontas na Roinne Iompair – Caiteachas €713,900

In 2022, chríochnaíomar 23 scéim de chostas €34,600 ar an meán. Tá an scéim seo dírithe ar mhaoiniú a dhéanamh ar uasghrádú agus athdhromchlú a dhéanamh ar bhóithre nach ndéanfaí a luaithe faoin gclár bliantúil bunaithe ar thosaíocht reatha.

## Mionbhóithre Príobháideacha Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) Deontas ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe (DCRD) do Bhóithre Príobháideacha – Caiteachas €0.93M

Mar thoradh ar mhaoiniú in 2022 chríochnaíomar 27 scéim ar chostas €34,400 ar an meán faoin gclár seo le cúnaimh deontais ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.



### **Caiteachas Athshlánúcháin Droichead de €790,000**

Is é cuspóir an chláir seo na droichid bhóthair atá ann cheana a dheisiú. Déantar oibreacha a bhainistiú trínár Rannóg Seirbhísí Lárnacha. Ag brath ar chostais, ar mhéid na ndeisiúchán agus ar an maoiniú atá ar fáil, is iondúil go ndeisiimid ceithre nó ocht ndroichead in aghaidh na bliana.

### **Bainistíocht Flít agus Clós Innealra**

Leanaimid orainn ag infheistiú inár ngléasra agus inár n-innealra. Tacaíonn an fhoireann Bainistíochta Flít leis na rannóga oibríochtúla go léir sa Chomhairle le cuid shuntasach a bhaineann le Bóithre, Trácht agus Glanadh.

Chuireamar dhá dhlúthscuabadóir bhóthair ar fáil in 2022 chun cabhrú le cothabháil an Bhonneagair Taistil Ghníomhaigh mhéadaithe (Lánaí Rothaíochta, Cosáin Rothaíochta, Glasbhealaí, Siúlóidí Conláiste srl.)

## CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA

### Bóithre

#### Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2022 trí Dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

I measc na gclár caiteachais bóithre bhí:

- Oibreacha cóirithe dromchla ar 27 ciliméadar de ghréasán bóithre a rinneadh ar chostas €708,000
- Rinneadh oibreacha Atógála Bóithre ar 15 chiliméadar de ród ar chostas €2.11m
- Tugadh faoi ocht Scéim Feabhsúcháin Draenála ar fiú €200,000 iad san iomlán
- Cothabháil gheimhridh an N21, N20 agus an N69 (maoinithe ag BIÉ) agus Bóithre Réigiúnacha (maoinithe ag an Roinn Iompair)

#### Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Cuireadh sé Scéim Rannpháirtíochta Pobail i gcrích ar chostas €336,000 sa Choill Mhór, sa Chorrgráig, Lios Chúil na Beithe, Muireagán Thuaidh, Coill Fhéinne agus Cill Eichín.

#### Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Cuireadh sé Scéim Feabhsúcháin Áitiúla i gcrích i rith na bliana ar chostas €420,603 ag Muireagán Theas, Durlas, Cnoc Fírinne, Baile na Carraige, Ceathrú an Chaisleáin agus Baile an Mhuilinn.

#### Cuas na Mara Faing

Tógadh Lintéar nua faoin mBóthar Náisiúnta N69 le titim go dtí an tSionainn mar aon le doirteadh nua os cionn talún feadh Marine Cove Road, Faing, le linn 2022. Maoiníodh an costas foriomlán, €570,000 trí mheascán de mhaoiniú Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus Bhoneagar Iompair Éireann (BIÉ). Rinneadh an tionscadal seo mar gheall ar eachtra tuile nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i mí na Samhna 2017 nuair a bhuail uisce aghaidh aille agus formhuirearaíodh é ar Marine Cove Road le tuilte fairsinge ar Marine Cove Road, an N69 agus an Músaem Bád Air agus Muirí.



Doirtbhealach Nua á thógáil Marine Cove Faing

#### Mionoibreacha um Mhaolú Tuilte OOP

Tógadh príomhphíobán nua Stoirme 225mm le ceannbhalla agus píobán sceite go sruth áitiúil ag Ballyshonick, Pailís Chaonraí le maoiniú €41,310 ón OOP. Cuirfidh an príomhphíobán stoirme nua seo cosc ar thuilte amach anseo ar bhóithre poiblí agus ar thithe príobháideacha.

#### Taisteal Gníomhach

Bhain cúig Bhaile agus Sráidbhaile ar fud Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola tairbhe as €1.15m d'infheistíocht i mbearta Taistil Ghníomhaigh. Le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá raon feabhsuithe curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do Choisithe.

**Nasc agus Uasghrádú Coisithe Áth Dara**  
Cosáin a uasghrádú, soilsíú poiblí a leathnú agus Trasrian Coisithe neamhrialaithe a uasghrádú feadh an bhealaigh siúil mórílimh ó Lár an tSráidbhaile as a dtagann River Bank Walk. Fálú ar shiúlóid bhruach na habhann a uasghrádú.

**Uasghrádú ar Bhealach Coisithe na Bánóige**  
Uasghrádú a dhéanamh ar Chosáin Eastáit Tithíochta agus nasc chuig Lár an tSráidbhaile

#### Sráidbhaile na Ceapáí

Trasrian Coisithe Nua ag an Scoil Náisiúnta. Ceangal cosáin idir an Scoil Náisiúnta agus an Eaglais, Soilsíú Poiblí, Cúluithe Teorann agus draenáil ghaolmhar

### Sráidbhaile Chraobh Chomhartha go dtí an Pháirc CLG

Ceangail na réadmhaoine atá ann cheana laistigh den teorainn luais go dtí an Pháirc CLG le Cosán, draenáil agus Soilsiú Poiblí nua

### R518 Baile na gCailleach go Coill tSeáin

R518 Baile na gCailleach go Coill tSeáin. Cosán agus draenáil atá ann cheana a uasghrádú agus Soilsiú Poiblí a sholáthar



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhaile na gCailleach- Coill tSeáin Ráth Caola

### Maoiniú Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Tógadh Carrchlós nua lasmuigh den tsráid go luath in 2022 le maoiniú €100,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Mar thoradh ar fhorbairt an charrchlóis tá 18 spás páirceála lasmuigh den tsráid. Cinnteoidh soláthar na páirceála malartacha seo lasmuigh den tsráid inmharthanacht an bhaile mar ionad trádála amach anseo.

### Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer


Le maoiniú €198,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, rinneadh oibreacha athdhromchlú agus tírdhreachú ar Riverside Walk ó Mhuileann Chromadh i dtreo Islandmore/Aithnid ar sheanbhealach an N20 in aice leis an Máigh. I measc na n-oibreacha freisin bhí ceangal feabhsaithe le hEastát Chois Sruthain le rampa rochtana agus Soilsiú Poiblí nua. Téann an siúlbealach thar an N20 siar agus an

Mháigh ar an taobh thoir agus tá sé suite ar an taobh theas de bhaile Chromadh. Ó tógadh Seachbhóthar Chromadh i lár na 1990idí, bhí an siúlbealach seo ag dul thar fóir le fásra agus le leithead laghdaithe. Le maoiniú ORIS, tá íosmhéid dromchla macadam nua 2m ar leithead curtha ar fáil feadh an chosáin ar fad. Tá roinnt binsí páirce suite go straitéiseach ar an taobh thuaidh, áit a bhfuil radharcanna ar an Máigh.

Is éard a bhí sa rochtain atá ag Coisithe ar Chois Sruthain faoi láthair ná ardaitheoir díreach ingearach 5m ardaithe ón tsiúlóid go dtí an t-eastát tithíochta. Tá rampa agus ráille láimhe nua curtha ina áit anois. Mar gheall ar an difríocht ar airde ón siúlbealach go dtí limistéar spáis oscailte an Eastáit, clúdaíonn an rampa atá ag teastáil achar 60m.



Rampa agus Siúlbealach Chromadh



Rampa agus Siúlbealach Chromadh





Taisteal Gníomhach Bhaile an Gharraí



Taisteal Gníomhach Chromadh



Taisteal Gníomhach Chromadh

## CEANTAR BARDASACH NA CEAPAÍ MÓIRE- CHILL MOCHEALLÓG

In 2022, d'éirigh le hinfheistíocht, lena n-áirítear deontais bhreise, de níos mó ná €20m (le níos mó ná €18m ar scéim na n-oibreacha Bóithre) urraithe ag an gceantar Bardasach i rith na bliana le haghaidh oibreacha a bhaineann le hOiriúnú Aeráide, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Mionoibreacha Draenála, Scéimeanna Feabhsúcháin Pobail (CIS), Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (LIS), Scéimeanna Feabhsúcháin Áineasa Lasmuigh (ORIS) agus Geo-Aip BIÉ.

D'éirigh go han-mhaith leis an gCeapach Mhór-Cill Mocheallóg maoiniú a fháil ceadaithe ar fud an Cheantair Bhardasaigh in 2022,

Cineál deontais	Méid
Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte (An Brú, Baile Hiobaird)	€745,229.00
Ceaduithe CLAR (Baile Mháirtín, CLG an Ghleanna Rua, Cill Tíle, CLG Úlla, Cill Fhionáin) Beart 1	€ 164,011.25
Oiriúnú Aeráide (6 scéim)	€400,000.00
Mionoibreacha OOP (Tober Naí, Buirisín, An Spidéal, An Portán Ard)	€166,500.00
ORIS (Páirc Cois Abhann, Uasghrádú Mapboard, Siúlóidí Lúb Moore Abbey, Siúlbealach Loch Goir (Slí na Sláinte)	€305,848.00
Scéim Rannpháirtíochta Pobail (13 Scéim)	€294,000.00
Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (7 Scéim)	€235,000.00
Geo-Aip Bhonneagar Iompair Éireann	€83,000.00
Clár Forbartha Tuaithe LEADER 10 dtionscadal (I gcomhpháirtíocht le Forbairt Bhealach Eabhra - faofa ag LCDC)	€305,169.57
SICAP (lena n-áirítear €28,208 Leithdháileadh na hÚcráine)	€511,531.00
Ciste Gníomhaíochtaí Pobail - 46 Tionscadal	€78,547.30

Maoiniú Deontais do na hEalaíona agus Cultúr leithdháilte ar an réigiún in 2021	
An tAcht Ealaíon (idir 3 fhaighteoir)	€1,356
Deontais Féile agus Imeachtaí (Seó na Ceapaí Móire, Féile Siúlóide Bhealach Eabhra agus Féile Ealaíon Fuaime Hearsay)	€34,000
Éire Ildánach Luimnigh (Amharclann Friar's Gate agus CCE Bhealach Eabhra)	€5,400

## An Stiúrtóireacht um Oibríochtaí Seirbhíse - Bóithre

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2022 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Chomh maith leis an maoiniú breise a fuarthas i rith na bliana, áiríodh ar chláir chaiteachais bóithre le linn 2022:

Ceantar na Ceapaí Móire Chill Mocheallóg Scéim na nOibreacha Bóthair 2022	
Catagóir Oibre	€
Feabhsú Athchóirithe (RI) - Atógáil Bóithre	3,282,278
Cothabháil Athchóirithe (RM) - Cóiriú Dromchla	564,703
Cothabháil Athchóirithe Forlíontach (SRM - Cóiriú Dromchla)	442,750
Deontas Draenála	200000
Cothabháil Ghinearálta (GM)/Acmhainní féin	1,282,401
Sábháilteacht Chothabhála Ghinearálta (GMS)	74,000
Paisteáil Tarra (TP)	558285
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal (LCSI)	130,000
Leithdháileadh Bardasach Ginearálta (GMA)	295,000
Athshlánú Droichid	180575
Deontas do Bhearta Taistil Inbhuanaithe (Taisteal Gníomhach)	1,712,911
Leithdháileadh Bardasach an Chiste Forbartha	70,000
M20 Luimneach go Corcaigh	6,000,000
N20 Crois Uí Ruairc	300,000
N24 Beary's Cross	3,000,000
N24 Brooks Bridge	25,000
<b>Caiteachas Iomlán Sainithe MD</b>	<b>€18,117,903</b>

### Seo a leanas samplaí de thionscadail oibre Bhóthar Caipitil ar tugadh fúthu i gCeantar na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg in 2022:

- Leithdháileadh Ginearálta Bardasach Oibreacha Caipitil lena n-áirítear:
  - Carrchlós Ionad Pobail Chnoc Áine
  - Athsholáthair Chosán Ghort an Fhraoigh, Cill Mocheallóg
  - Eastát Hillview Grove, An Dún
- Taisteal Gníomhach agus tionscadail Baile agus Sráidbhaile ag Baile Hiobaird, ag an mBrú, Cnoc Loinge, ag an gCoinicéar agus an tSeanphailís
- Scéim Feabhsúcháin Áineasa Lasmuigh lena n-áirítear
  - Páirc Cois Abhann Chill Mocheallóg
  - Slí na Sláinte An Brú
- CLÁR
  - Seirbhís Réamhscoile agus Iarscoile Chúil Fhraoigh** (ceadaithe 2021) ceadaithe do mhaoiniú deontais de €35,100 (90%) faoi **Bheart 1 Tacaíocht do Scoileanna/Bearta Sábháilteachta Pobail** in 2021. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná cuid nua de chosán poiblí a shuiteáil, ceithre sholas poiblí, in áit dhá gheata atá ann cheana agus suiteáil dhá. Chomhartha Rabhaidh Dhigiteach. Chuir Cúil Fhraoigh €3,900 leis an togra.



## An Stiúrthóireacht um Oibríochtaí Seirbhíse – Tithíocht

### Cothabháil Tithíochta

- Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg freagrach as cothabháil 802 teach laistigh den Cheantar, arb ionann é agus 14% de stoc tithíochta iomlán na Comhairle.
- Bhí buiséad réamhligin €98,661 ag an gCeantar do mhionoibreacha ar réadmhaoin fholamh sular ligeadh ar cíós é in 2022 agus caitheadh €308,840 ar iarratais chothabhála freagartha ó thionóntaí reatha.
- Fuair an criú 1,469 iarratas seirbhíse in 2022.

## Deontais Tithíochta

### Deontais do Tithíochtaí Príobháideacha

Maidir leis na deontais leanúnacha oiriúnaithe Tithíochta atá ar fáil d'úinéirí tí príobháideacha, íocadh 24 Dheontas um Chúnamh Soghluaisteachta, arbh ionann iad agus €119,340 san iomlán, eisíodh 16 Oiriúnú Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas arbh fhiú €159,081.12 san iomlán iad agus eisíodh 69 Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta arbh fhiú €295,977.23 san iomlán iad.

## Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ceadáíodh naoi nDeontas do Dhuine faoi Mhíchumas do thionóntaí Údaráis Áitiúil arbh fhiú €68,763.98 san iomlán iad

## Caipiteal Tithíochta

### Tógáil SHIP

- 12 in Station Close Cnoc Loinge
- 20 i gCéide Radharc an Ghleanna An tOspidéal

### Tithe Lándéanta

- Teach lándéanta Chill Mocheallóg - 33 aonad - leithdháilte ar thionóntaí
- Tithíocht do dhaoine aosta Chnoc Loinge - 5 aonad - á dtógáil

### Scéimeanna CALF le AHBanna

- Dromsally Woods, An Cheapach Mhór (Focus Ireland) - 5 aonad

### Údarás Áitiúil (LA) Cuid V

- Ceol na hAbhainn, Cathair Chinn Lis - 4 aonad

### Ceannachán CAS

- Lios Gách, Dún - 4 aonad
- Tread na Rí, Cill Fhionáin - 1 aonad
- Garanbawn Court, Maigh Rua - 1 aonad
- An Phríomhshráid, Úlla - 1 aonad
- Na Daracha, Maigh Rua - 1 aonad

### MTR Príobháideach

- Baile Thomáis Cill Mocheallóg - 1 aonad
- Sheares Avenue, Cill Mocheallóg - 1 aonad
- An Phailís Bheag, An Cheapach Mhór - 1 aonad

### Deisiú agus léasú LA

- Príomhshráid Cathair Chinn Lis - 1 aonad.

## Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh

Thionóil Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg 11 Cruinniú Ceantair, Cruinniú Bliantúil amháin, agus cruinniú Pleanála Buiséid amháin in 2022. Tionóladh cúig cheardlann agus ceithre chruinniú JPC freisin. Seachadadh dhá Sheisiún Faisnéise do na Comhaltaí Tofa agus tionóladh Fáiltiú Ceantair Bhardasaigh amháin. Rinneadh beirt Toscaireachtaí leis na Comhaltaí Tofa in 2022.

## Réimse Poiblí an Bhrú

Eisíodh plean Réimse Poiblí an Bhrú ag Cruinniú Cheantar Bardasach i mí Feabhra.

## Loch Goir

In 2022, d'éirigh le grúpa stiúrtha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do Loch Goir dul chun cinn suntasach a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Clúdach náisiúnta mar gheall ar fhionnachtain na healaíne meigilití
- Tionscadal siúlbealaigh a chur chun cinn
- Dul chun cinn déanta maidir le folachán éanbhreathnóireachta agus tionscnaimh chomhshaoil
- Seirbhísí nua do chuariteoirí forbartha
- Dílseacht agus meas branda méadaithe do Loch Goir
- Comhoibriú le pobail áitiúla
- Dhá ghradam náisiúnta
- Béim ar eispéiris chultúrtha ar mhaithe leis an réigiún. Thug 29,529 cuairteoir cuairt ar Ionad Cuairteoirí Loch Goir in 2022, 52,293 feithicil ar thaobh an Locha agus 14,904 go Liagchiorcal na Gráinsí.


## Cásanna Sugar CRM

Cásanna Cruthaithe			Cásanna Dúnta		
Cásanna iomlána 2022	3478		Cásanna iomlána 2022	3556	
Ionadaithe	773	22.23%	Ionadaithe	629	17.69%
Poiblí	2705	77.77%	Poiblí	2927	82.31%

Roinn	Cásanna Iomlána	Cásanna Poiblí	Comhairleoirí	TD/Seanadóirí
Cothabháil Bóithre	1253	954	101	198
Cothabháil Tithíochta	1423	1354	10	59
Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta	498	116	38	337
Soilsiú Poiblí	542	362	22	22
An Roinn Tréidliachta	251	249	1	1
Glanadh Sráide	14	14	0	0



2022 Oibreacha Taistil Ghníomhaigh Bhaile Hiobaird



2022 Oibreacha Scéime Sábháilteachta ar Chostas Íseal Bhaile Chill Mocheallóg



2022 ORIS Feabhsúcháin ar Shiúlbhealach SHLÍ NA SLÁINTE





Oiriúnú seomra folctha - Deontas um Chúnamh Soghluaisteachta



Deontas Cúnamh Shoghluaisteachta Chathair Staighre



Deontas Tithíochta d'fhuinneoga nua do Dhaoine Scothaosta



## CEANTAR BARDASACH BHÓITHRE AN CHAISLEÁIN NUA, TRÁCHT AGUS GLANADH

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2022 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin. Tá 24% de bhóithre an chontae á gcothabháil ag criú bóithre an Chaisleáin Nua.

I measc na gclár caiteachais bóithre le linn 2022 bhí:

- Cóiriú dromchla bóthair 35km de bhóthar ar luach €808,143
- Oibreacha atógála bóithre ar luach €2,501,078
- Forleagan bóthair ag Sráidbhaile Bhéal Átha Grean, Sráidbhaile Ardach agus Páirc Assumpta An Caisleán Nua.
- Oibreacha athshlánaithe droichid ag Cnoc Uí Choileáin agus Teampall an Ghleanntáin
- Oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal ag an nGleann
- Oibreacha uasghrádaithe cosáin ag an nGleann, Ardach, Drom Collachair, Mainistir na Féile, Cnoc Uí Choileáin agus an Caisleán Nua
- Críochnaíodh mórfeabhsuithe draenála ag Mainistir na Féile, líne an Bhrú, agus R522 ar luach €200,000
- Cothabháil an Gheimhridh
- Bearta ginearálta cothabhála agus sábháilteachta bóithre
- Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla - 10 scéim curtha i gcrích ar luach €150,558
- Scéimeanna rannpháirtíochta pobail - 2 scéim curtha i gcrích ar luach €137,000

B'ionann an caiteachas iomlán ar thionscadail a bhain le bóithre lena n-áirítear an méid thuas ar fud an Cheantair in 2022 agus €6,500,000.

### Rannóg Tógála agus Cothabhála Tithíochta na nÚdarás Áitiúil

Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua freagrach as cothabháil 665 teach laistigh den Cheantar, arb ionann é agus 12% de stoc tithíochta foriomlán na Comhairle. Bhí buiséad réamhligin €81,280 ag an gCeantar do mhionoibreacha ar réadmhaoin

fholaigh sular ligeadh ar cíos é in 2022 agus caitheadh €326,966.22 ar iarratais chothabhála freagartha ó thionóntaí reatha. Fuair an criú 1,427 iarratas seirbhíse in 2022.

### Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta - Scéimeanna Deontas Tithíochta

Ceadaíodh ceithre iarratas is fiche faoi na Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2022 ar chostas €237,335.97.

Ceadaíodh trí iarratas is fiche faoi na Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta ar chostas €109,241.93

Ceadaíodh céad is a deich n-iarratas faoin gCúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta ar chostas €505,020.25.

Chomh maith leis sin, bhí oibreacha curtha i gcrích ar ocht réadmhaoin de chuid na Comhairle laistigh den Cheantar do dhaoine faoi mhíchumas ar chostas €65,035.81

### Seirbhísí Corparáideacha, Rialaithe agus Do Chustaiméirí

Bhí 20 cruinniú ag Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua le linn 2022.

### Oifig Mótarchánach an Chaisleáin Nua

Bhí 13,234 gnáth-idirbheart san iomlán ag an Rannóg Mótarchánach sa Chaisleán Nua le linn 2022.

### Seirbhísí Corparáideacha, Rialaithe agus Do Chustaiméirí

Leanadh leis an tionscnamh seirbhísí do chustaiméirí agus le húsáid an chórais Sugar CRM le linn 2022. Logáil foireann oifige an Chaisleáin Nua logáil gach ceist agus iarratas seirbhíse a fuarthas san oifig isteach ar an gcóras seo.

Faoi Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na dTionscadal Speisialta, cheadaigh Comhairleoirí Cheantar an Chaisleáin Nua maoiniú do 18 dtionscadal laistigh den Cheantar.

## Seirbhísí Uisce

Is é Uisce Éireann an eagraíocht atá freagrach go foriomlán as cúrsaí uisce agus fuíolluisce ar fud na hÉireann. Feidhmíonn criú na seirbhísí uisce sa Chaisleán Nua mar ghníomhaire d'Uisce Éireann agus oibríonn agus cothaíonn siad líon mór scéimeanna uisce ar fud an Chontae thar a gceann.

## Bóithre, Trácht agus Glanadh –Clós Innealra

Tá ról lárnach fós ag Clós an Innealra ag iosta Bhóthar an Chaisleáin Nua agus Bóthar na Páirce i gcláir oibreacha bóthair na Comhairle. Oibrítear na cláir Cothabhála Geimhrídh ó na hiostaí ag Ascaill Atlas, Dún Mhic Cionaoith, Cian Ard agus Cill Mocheallóg. Déantar gach biotúman a úsáidtear sa chontae a dháileadh trí iostaí an Cheantair Bhardasaigh agus déanann an Clós Innealra cothabháil ar fheithiclí na Comhairle. Leanadh le huasghrádú fhlít feithiclí na Comhairle le linn 2022.

## Tionscadail Cheantar an Chaisleáin Nua

### • Clár Taistil Gníomhaigh An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Bhain an Caisleán Nua, Mainistir na Féile, an Gleann, Ardach, Cnoc Uí Choileáin, Drom Collachair agus Áth an tSléibhe tairbhe as maoiniú faoin scéim seo in 2022 agus bhí na tionscadail á bpróiseáil ag Roinn Bóithre an Chaisleáin Nua.

Chomh maith leis sin, suiteáladh trasrian coisithe nua amháin ag

- Sráid an Easpaig, An Caisleán Nua.
- Suiteáladh dhá chrosaire coisithe nua ag an bPríomhshráid, Sráidbhaile Ardach agus an Nasc Glasbhealaigh chuig Sráidbhaile Ardach.
- Suiteáladh cosáin nua sa Chaisleán Nua, ceann idir bóthar Monagea agus Scoil Náisiúnta na meánscoile agus an ceann eile idir sráidbhaile an Ghleanna agus eastát Chill Fhearghasa.
- In Ardach, suiteáladh cosán nua a nascann carrchlós Ghlasbhealach Luimnigh le lár an tsráidbhaile agus an R521. Rinneadh uasghrádú ar chosáin freisin in Áth an tSléibhe, Cnoc Uí Choileáin, Drom Collachair.

- Nascann an Glasbhealach le lár bhaile an Chaisleáin Nua tríd an nGlasbhealach.

### Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach an Chaisleáin Nua

- Tá mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh le críochnú in earrach na bliana 2023.
- Beidh an méid seo a leanas san áis seo:
- Raon lúthchleasaíochta atá de Chaighdeán Lúthchleasaíochta Domhanda Idirnáisiúnta:
- Tuilsoilse don raon agus cosán siúil lán lasta ar imlíne an raoin
- Spóirt allamuigh amhail caitheamh meáchain, caitheamh na teisce, caitheamh na oirde, caitheamh na sleá, léim fhada, léim ard agus léim chuaille



Mol Lúthchleasaíochta an Chaisleáin Nua



# PLEANÁIL, COMHSHAOL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE





# COMHFHORBAIRT ÁITE AGUS RÉIMSE POIBLÍ

## COMHFHORBAIRT ÁITE AGUS RÉIMSE POIBLÍ

Bunaíodh an Roinn Comhforbartha Áite agus Réimse Poiblí (PMPR) in 2021 mar fhreagairt ar an tuiscint mhéadaithe ar an tábhacht a bhaineann le spás poiblí ar ardchaighdeán.

Is cur chuige ilghnéitheach í comhforbairt áite maidir le planáil, dearadh, seachadadh agus bainistiú limistéar cathrach agus lár an bhaile. Tá sé i gceist aige spásanna agus foirgnimh phoiblí ar ardchaighdeán a chruthú a chuireann inbhuanaitheacht fhisiciúil, eacnamaíoch agus chomhshaoil, cuimsiú sóisialta chomh maith le féiniúlacht agus ómós áite níos fearr chun cinn.

Tagraíonn réimse poiblí do gach limistéar a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, amhail sráideanna, lánai, páirceanna, droichid agus spásanna oscailte. Áirítear le hobair reatha an PMPR tionscadail ardphróifíle amhail Tionscadal Athnuachana Shráid Uí Chonaill, clár an Chiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (URDF) agus scéimeanna faoisimh tuilte. I measc na dtionscadal tá oibreacha caipitil ar scála mór agus idirghabhálacha uirbeacha ar scála beag.

I gcomhréir le cuspóirí na roinne, bhí PMPR freagrach as tionscadail an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) in 2022. I measc na dtionscadal tá Clár World Class, an Clár Future Proofing Place (lena n-áirítear Céim 2 Shráid Uí Chonaill agus Tionscadal Laneways) agus na Tionscadail Léirsitheora Tithíochta ag 58 Sráid Uí Chonaill agus 33/34 Sráid Thomáis, rud a chomhlánaíonn tionscadail atá ar siúl cheana féin sa roinn.

Cuireadh tús le Céim 2 den Nascshráid i Mungairit in 2022. Is tionscadal tábhachtach é seo chun forbairt Mháistirphlean iomlán Mhungairit a éascú, lena n-áirítear rochtain a sholáthar ar thalamh tithíochta suntasach agus meánscoil nua atá á tógáil ó mhí Mheán Fómhair.

Ceapadh Comhghlacadóirí agus Comhbhainisteoirí ar Roadbridge Limited ar an 11 Márta, rud a d'fhág gur cuireadh deireadh leis an obair thógála ar Bhóthar Dáileacháin Ó Cuanach Chnoc an Lisín. Thug PMPR aghaidh ar oibreacha éigeandála a d'eascair as deireadh a chur leis an gconradh, lena n-áirítear obair ar Bhóthar na Creatalaí. Tar éis oscailt rathúil Ghlasbhealach Luimnigh in 2021, rinneadh tuilleadh oibreacha chun feabhas a chur ar an tionscadal, lena n-áirítear uasbhealaí agus íosbhealaí a sholáthar ag láithreacha tábhachtacha chun deireadh a chur le pointí trasnaithe eallaigh. Cuireadh obair dheartha chun cinn freisin do mhol glabhealaigh nua sa Chaisleán Nua chun eispéireas na gcuariteoirí a fheabhsú. D'oscail Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Daniel Butler, Clós Súgartha leathnaithe Chaladh an Treoigh go hoifigiúil in 2022. Cuireann an áis seo le Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh a chuireann nascacht fheabhsaithe ar fáil do Pháirc Chaladh an Treoigh sa limistéar fáis seo den chathair. Cuireadh tús le Tógáil Mhol Lúthchleasaíochta an Chaisleáin Nua in 2022 agus críochnófar é go luath in 2023.

Bhí PMPR freagrach as Tionscadal Wayfinding and Orientation Luimnigh in 2022. Leathnaíodh an tionscadal seo chun "díchuibhriú" a dhéanamh ar chomharthaíocht atá imithe i léig agus tranglam sráide ó lár na cathrach.

I gcomhar le tionscadail mheántéarmacha agus fhadtéarmacha rinneadh roinnt tionscadal turgnamhach in 2022 chun coincheapa uirbeacha a thástáil. Ina measc bhí foraois uirbeach shoghluaiste a shuiteáil ag Sráid Chaitríona, Droichead an tSáirséalaigh agus Cé Eoghanáin, a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Áineasa agus Athraithe Aeráide. Cuireadh suiteáil Ealaíne Uirbigh i gcrích ag Cé Uí Eoghanáin, ag an ealaíontóir uirbeach múrphictiúr Spáinneach Digo Diego a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, ar aghaidh fhoirgneamh Champas Cathrach Ollscoil Luimnigh (OL). Rinneadh an tionscadal seo i gcomhar le OL.



Tá an roinn le leathnú in 2023, ag tógáil ar láidreachtaí na foirne ildisciplíneacha reatha.

## Réimse Poiblí agus Sráideanna

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
Plean Réimse Poiblí Áth Dara	Ar siúl faoi láthair
Tionscadal Athbheochana Shráid Uí Chonaill Céim 1	Tógáil
Nascshráid Mhungairit LIHAF	Tógáil
Plean Bainistíochta Tráchta Mhainistir na Féile	Dearadh Mionsonraithe
Straitéis Réimse Poiblí Chathair Luimnigh	Ar siúl faoi láthair
Oibreacha Athnuachana Bhaile Múrtha Oileán an Rí	Ar siúl faoi láthair
Múrphictiúr Champas Chathair OL (i gcomhar le hOllscoil Luimnigh)	Críochnaithe
Tionscadal Crann an Mhéara - Foraois Shoghluaiste (Sráid Chaitriona, Droichead an tSáirséalaigh, Cé Uí Eoghanáin, Plás Stáisiúin Cholbaird agus Ospidéal Ollscoile Luimnigh) i gcomhar le Roinn na bPáirceanna	Críochnaithe
Tionscadal Wayfinding and Orientation (lena n-áirítear Tionscadal Díchuibhrithe)	Ar siúl faoi láthair
URDF - World Class Waterfront (lena n-áirítear droichid do choisithe agus oibreacha bonneagair cois uisce)	Ar siúl faoi láthair
Uasghrádú Sráideanna URDF (lena n-áirítear Sráid Uí Chonaill Céim 2)	Bunú
URDF - Laneway Solutions	Bunú
URDF - Ceannbhrat Shráid an Chrúisigh	Bunú
URDF - Mol Bia	Bunú
URDF - Meanwhile Use - Suíomh in aice le Caisleán Luimnigh	Ar siúl faoi láthair
URDF - Meanwhile Use - Cé Uí Eoghanáin Céim 2	Ar siúl faoi láthair
An Chéad Phlean do Lár Bhaile Mhainistir na Féile	Ar siúl faoi láthair
Toll Cottages, Oileán an Rí - Tionscadal Ealaíne Uirbeach (i gcomhar le Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh (LSAD))	Ar siúl faoi láthair
Treoir Dearaidh Aghaidhe Siopa	Bunú
Staidéar Féidearthachta Snámha Abhann	Bunú

## Tionscadail um Chosaint Tuilte

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
Scéim Faoisimh Tuilte Oileán an Rí	Réamhthairiscint
Scéim Faoisimh Tuilte Chaisleán Uí Chonaill	Céim 1
Scéim Faoisimh Tuilte Áth an tSléibhe	Céim 1 (Réamhoibreacha curtha i gcrích)
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair Luimnigh agus a Purláin	Céim 1
Scéim Faoisimh Tuilte Áth Dara	Céim 1



## Áiseanna Spóirt

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach an Chaisleáin Nua	Tógáil
Oibreacha Faoisimh Tuilte Linn Snámha Eas Géitinne agus Uasghrádú Fuinnimh In-athnuaite	Dearadh Mionsonraithe

## Tionscadail Oidhreacht Housing

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
Caomhnú Eaglaise Chill Fhionáin	Críochnaithe
Caomhnú Eaglaise Bhaile Nua	Críochnaithe
Foirgneamh Chuan na Canálach	Críochnaithe
Ballaí Chathair Luimnigh (An Bóthar Nua go Seansráid an Chláir)	Críochnaithe

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
Clós Súgartha Chaladh an Treoigh	Críochnaithe

Ainm an Tionscadail	Céim ag deireadh 2022
URDF - Tionscadal Léirsitheora Tithíochta - 58 Sráid Uí Chonaill	Cuid 8 Iarratas Pleanála Curtha Isteach
URDF - Tionscadal Léirsitheora Tithíochta - 33/34 Sráid Thomáis	Cuid 8 Iarratas Pleanála Curtha Isteach



Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Chaladh an Treoigh



Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Chaladh an Treoigh





Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Chaladh an Treoigh



Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Chaladh an Treoigh



Fóram Scéimeanna Faoisimh Tuilte na nÚdarás Áitiúil ar siúl i Luimneach



Regeneron Great Limerick Run 2022 - Sráid Uí Chonail





Creatphlean Ceantair Ché Artúir





Scéim Faoisimh Tuilte Áth an tSléibhe - Ardoibreacha



Radharc ón aer ar Chlós Súgartha Chaladh an Treoigh



Radharc ón Aer ar Bhóthar Dáileacháin Ó Cuanach Chnoc an Lisín Márta 2022



Radharc ón aer ar Bhóthar Dáileacháin Ó Cuanach Chnoc an Lisín



Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach Chnoc an Lisín - Oibreacha Éigeandála Bhóthar na Creatalaí





Tionscadail Mullard Ealaíne Poiblí Ché Uí Eoghanáin



Tionscadail Mullard Ealaíne Poiblí Ché Uí Eoghanáin



Scéim Faoisimh Tuilte Luimnigh - Oibreacha Fiosraithe Talún



Múrphictiúr Ché Uí Eoghanáin D go C Ealaíontóir Digo Diego le Kersten Mehl, Uachtarán Ollscoil Luimnigh, Catherine O'Halloran, Draw Out agus Nuala Gallagher, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.





Radharc ón aer ar Mhúrphictiúr leis an Ealaíontóir Digo Diego ag Cé Uí Eoghanáin



Nascshráid Mhungairit - Amharc ó Thuaidh



Nascshráid Mhungairit - Amharc ó Thuaidh go Geata Mhungairit





Uasbhealach an Ghlasbhealaigh



Tionscadal Wayfinding and Orientation - Léirshamhlú Comharthaíochta Tairsí



Uasbhealach an Ghlasbhealaigh Luimnigh






Tionscadal Wayfinding and Orientation - Léirshamhlú Comharthaíochta




Scóip Thionscadal World Class Waterfront





Radharc ón aer ar 58 Sráid Uí Chonaill



Múnla sceitse de 58 Sráid Uí Chonaill





Radharc ón aer ar 33 agus 34 Sráid Thomáis



Múnla sceitse de 33 agus 34 Sráid Thomáis



Sceitse d'Amharc na Sráide ar 33 agus 34 Sráid Thomáis



Ag baint taitnimh as an gCeol ag an bhForais Soghluaiste Shráid Chaitríona






Tionscadal Crann an Mhéara - Foraois Soghluaiste Shráid Chaitriona



Tionscadal Crann an Mhéara - Foraois Soghluaiste Dhroichead an tSairséalaigh



Taibheoir Sráide Tionscadal Crann an Mhéara - Foraois Soghluaiste Dhroichead an tSairséalaigh



An chuid chomhdhlúite de Bhalla na Cathrach sa Bhaile Gaelach





Oibreacha Réimse Poiblí Sráid Uí Chonail



Oibreacha Réimse Poiblí Sráid Thomáis





Radharc Taobh amuigh d'Fhoirgneamh Chuan na Canálach



Radharc Taobh istigh ar Struchtúr Dín Fhoirgneamh Chuan na Canálach

## FORBAIRT PLEANÁLA

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála a fhaightear ar fud an chontae.

Fuarthas os cionn 1,370 iarratas sa bhliain go dtí an 24 Nollaig. Chuimsigh iarratais ar thithíocht tuaithe 70% d'iarratais chónaithe. B'ionann diúltú agus 9% de chinntí, léiriú ar athruithe sa reachtaíocht agus ar na hathruithe polasaí i bPlean Forbartha nua Luimnigh.

Chomh maith leis sin, rinne an Rannóg Pleanála measúnú agus tuairisciú ar cheithre Fhorbairt Tithíochta Straitéiseacha/Forbairt Cónaithe Mórscála agus trí Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh.

Ceadaiódh roinnt iarratas suntasach pleanála in 2022. Tá sampla de na forbairtí seo sa tábla thíos.

Uimhir Thagartha Pleanála	Cur síos ar an bhForbairt
21/1740	<b>Córas Sláinte Bon Secours CLG</b> Cuirfidh an fhorbairt bheartaithe ospidéal le 79 leaba ar fáil, le háiseanna d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha agus seomraí cóireála araon. Is ó Bhóthar na Grúdan soir ó dheas a bheidh an príomhbhealach isteach agus amach chuig an suíomh.
22/190	<b>Eli Lilly (Kinsale) Limited</b> Tógáil Campas Déantúsaíochta Bithchógaisíochta le hachar urláir iomlán de thart ar 47,384 méadar cearnach ag Baile Choimín, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta an IDA, An Ráithín, Co. Luimnigh.
22/462	<b>Johnson &amp; Johnson Vision Care Ireland Unlimited Company</b> Forbairt ar shíneadh ar an bhFoircneamh Déantúsaíochta atá ann cheana, le gléasra, trealamh agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara.
21/1400	<b>Osprey Construction Ltd.</b> Forbairt chónaithe a chuimsíonn 96 aonad cónaithe, (16 Teach leathscoite, 6 Teach sraithe, 2 aonad scoite mar aon le 2. Bhloc árasán 5 stór thar íoslach, comhdhéanta de 72 árasán agus páirceáil íoslaigh). An Baile Nua, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh.
21/1222	<b>Voyage Property Limited</b> Forbairt do theach altranais ar shuíomh c.1.3ha, sa chuid thoir theas d'iar-Ráschúrsa na Páirce Glaise, Bóthar an Duga, Luimneach.
22/796	<b>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b> Síneadh 803m2, dhá stór ar an ospidéal atá ann cheana, ina bhfuil 14 Uimh. seomraí leapa le háiseanna en-suite, bunáiteanna foirne, leithris, seomraí tacaíochta agus spás plandaí, nasc le sráid an ospidéal atá ann cheana féin agus modhnuithe inmheánacha gaolmhara, agus gach obair láithreáin eile a bhaineann leis.
22/803	<b>Analog Devices International</b> Cead pleanála deich mbliana do shíneadh ar fhoircneamh Líne Píolótach T&F C1 chun T&F agus 1ú Imscaradh Tionscail/Úsáid Déantúsaíochta a sholáthar san fhoircneamh C2 Fanfare atá beartaithe ag Páirc Ghnó Tionscail na Ráithín, An Ráithín, Co. Luimnigh.
22/808	<b>Howmedica International S. De R.L</b> Athruithe ar an gCead Pleanála a deonaíodh roimhe seo 21/1637 (chun síneadh 550 méadar cearnach a thógáil ar an Iarthuaisceart den tsaoráid táirgthe atá ann cheana féin, chun an áis ceaintín, na limistéir chistine agus stórála atá ann cheana féin agus na hoibreacha seachtracha go léir a bhaineann léi a athlonnú

## Ranniocaíochtaí Forbartha

B'ionann an t-airgead a fuarthas go deireadh mhí na Samhna de réir Scéimeanna Ranniocaíochta Forbartha agus €3,631,571.71. Is ionann an t-airgead a fuarthas agus méadú 59% i gcomparáid le Samhain 2021.

## Pleanáil Ar Líne

Is tairseach ar líne í Pleanáil Ar Líne a d'fhorbair an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) trínar féidir iarratais phleanála a dhéanamh agus coinneofar iarratasóirí cothrom le dáta ar dhul chun cinn a n-iarratais. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chuid den dara sruth den rolladh amach agus beidh sí ar fáil le húsáid ar an 15 Nollaig.

## Oidhreacht Ailtireachta

Cuireann an Oifig Caomhnaithe comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le cosaint ár n-oidhreacht ailtireachta go himheánach, agus do bhaill den phobal agus do ghrúpaí pobail araon. I measc na bpríomhoibre eile tá athbhreithniú a dhéanamh ar thograí forbartha, scéimeanna deontais a riaradh, oibriú ar fheachtais feasachta poiblí tras-rannacha agus, in 2022, ionchur a dhéanamh i bpróiseas an Phlean Forbartha. Le linn na bliana, bhí roinnt rannpháirtíochtaí dearfacha ann le húinéirí réadmhaoine maidir le freagairt ghéarchéim dídeanaithe na hÚcráine.

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht roinnt scéimeanna deontais ar fáil chun cabhrú le húinéirí réadmhaoine a struchtúir chosanta, a bhfoirgnimh i limistéir chaomhantais ailtireachta agus séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú.

## Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha

Faoin mbeart seo, a bhí dírithe ar chúnamh a thabhairt do thionscadail diansaothair ar scála beag, tugadh tacaíocht do 21 úinéir réadmhaoine. Cé gur tháinig laghdú de cheann amháin ar an mblaiin roimhe sin, bhí dámhachtainí arbh fhiú €208,800 san iomlán iad (méadú os cionn €56,565 ar 2021), ó íosmhéid €2,500 go huasmhéid €15,000.

## Scéim na Struchtúr Stairiúil

As cúig thionscadal ar bronnadh airgead orthu faoin mbeart seo, a bhí dírithe ar oibreacha diansaothair ar mhórscála, tháinig trí cinn acu chun críche. Bronnadh €132,996 san iomlán, chuidigh na tionscadail le Cloch an Chonartha ar Thrá Mhic Fhlanncha, raon tithe móra in aice le Cathair Fhlainn, agus siopa tábhachtach i gCill Fhionáin.



Obair idir lámha, atá á déanamh ag ceardaithe ó Nolan Conservation, ar Chloch an Chonartha agus ar an gceantar máguaird



Oibreacha críochnaithe ar Chloch an Chonartha



## Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Maoiníonn an tionscnamh seo le déanaí, atá dírithe ar láithreáin atá clúdaithe ag Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna, staidéir agus oibreacha araon. Leithdháileadh maoiniú de luach iomlán €25,000 ar cheann de na suíomhanna is stairiúla agus is tábhachtaí sa chathair, Ardeaglais Mhuire, chun Plean Caomhnaithe a ullmhú chun cabhrú leis na páirtithe leasmhara tábhacht a bhfoirgnimh a shainiú. Is meicníocht bhunúsach é seo chun idirghabhálacha agus oibreacha a phleanáil don fhoirgneamh is sine i Luimneach amach anseo, atá in úsáid go leanúnach ó tógadh é os cionn 800 bliain ó shin.

## Tionscnamh Cumhachtaithe na Seirbhíse Poiblí

Tá an beart nua seo faoin Bauhaus Eorpach Nua [Álainn | Inbhuanaithe | Le Chéile] dírithe ar chabhrú le seirbhísigh poiblí bealaí nuálacha a fhiosrú trínar féidir a gcuid tacar scileanna a thabhairt chun cinn ar shaincheisteanna ar bhealaí ceannródaíocha. Cuireadh ciste €6,000 ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar shuíomh seandálaíochta agus chun iniúchadh a dhéanamh ar thograí chun é a athrú ionas gur féidir é a úsáid ar bhealach éagsúil ach oiriúnach chun todhchaí dhearfach a sholáthar don suíomh agus chun cur lena shuíomh.

## Forfheidhmiú Pleanála

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as forbairt neamhúdaraithe a rialáil, agus leagtar amach sa tábla thíos an ghníomhaíocht forfheidhmithe a rinneadh go dtí deireadh mhí na Samhna.

Gearáin a Fuarthas	439
Litreacha Rabhaidh Eisithe	272
Fógraí Forfheidhmiúcháin Eisithe	151
Ionchúisimh a Tionscnaíodh	31

## Ceadúnú

In 2022, d'eisigh an Chomhairle 31 Ceadúnas Táblaí agus Cathaoirligh agus 17 gceadúnas tógála. Eisíodh 50 ceadúnas Corthrídála freisin.

Eisíodh trí cheadúnas d'imeachtaí mórscála in 2022 – Féile Lá Fhéile Pádraig, Riverfest agus ceolchoirmeacha Ed Sheeran.

## COMHSHAOL, ÁINEAS AGUS ATHRÚ AERÁIDE STRAITÉIS AN CHOMHSHAOL

Tá údarais áitiúla in Éirinn freagrach as raon leathan feidhmeanna comhshaoil lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, caomhnú ár n-oidhreacht nádúrtha, rialáil comhshaoil agus ceadúnú agus soláthar agus cothabháil páirceanna agus spásanna oscailte.

## Bithéagsúlacht

Leanann an Rannóg Comhshaoil ar aghaidh ag tabhairt faoi shraith tionscnamh agus tionscadal chun tacú le feabhas a chur ar bithéagsúlacht sa chontae.

- **Comhdháil Idirnáisiúnta: Conas is féidir le hÚdarais Áitiúla Aghaidh a Thabhairt ar an Éigeandáil Bithéagsúlachta**

D'óstáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh comhdháil mhór idirnáisiúnta agus dhírigh sí ar an gcaoi ar féidir le húdarais áitiúla cabhrú le dul i ngleic leis an Éigeandáil Bithéagsúlachta atá i ndán d'Éirinn. D'fhreastail os cionn 200 toscaire ar an gcomhdháil thar dhá lá.

Chualathas ag an gcomhdháil ó shaineolaithe éagsúla faoin gcaoi ar tháinig meath mór ar an mbithéagsúlacht in Éirinn le blianta beaga anuas agus mar thoradh air sin tá beagnach an ceathrú cuid de na speicis ar fad i mbaol a ndíothaithe.

Bhí cás-staidéir don Eoraip inar cuireadh i láthair iad, inar léiríodh samplaí de na háiteanna ina raibh gníomhaíochtaí comhbheartaithe ag údarais áitiúla agus a bhí ag obair go minic i gcomhar le pobail áitiúla, in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bithéagsúlachta chun timpeallacht mhaireachtála níos éagsúla agus níos sláintiúla a chruthú.

Leag na toscairí béim ar an ngá atá ann d'údarais áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí eile tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta ar bhealach níos tromchúisí, agus spriocanna bithéagsúlachta a ionchorprú i ngach gné dá gcuid oibre.

D'eagraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an chomhdháil i gcomhpháirtíocht leis an

Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta agus bhí sí le bheith ar siúl in 2020 nuair a ainmníodh Luimneach mar chathair Dhuilleog Ghlas na hEorpa.

Labhair an tAire Stáit sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an tUasal Malcolm Noonan, TD, leis an gcomhdháil inar leagadh béim ar an ról thar a bheith tábhachtach atá ag údarais áitiúla maidir le beartais agus gníomhartha a mhúnlú ag an leibhéal áitiúil.

